




Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2018

An sainordú atá aige a chur i gcrích

Tugadh sainordú do GNBS chun déileáil leis na sócmhainní faoina sheilbh go tapa réidh go mbainfaidh GNBS amach an sochar airgeadais is fearr don Stát Éireannach

DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN DÍ-GHIARÁIL 2010 – 2018



Luach na Punainne Iasachtaí ag Deireadh Bliana

Giniúint Charnach Airgid Tirim

Éabhlóid GNBS

Aibreán 2009 – Aibreán 2019

2009

Fógraítear den chéad uair ar an 7 Aibreán 2009 go bhfuil an Rialtas tar éis cinneadh a dhéanamh GNBS a chur i mbun i bhfógra a thug an tAire Airgeadais den tráth sin nach mhaireann go deo, an tUas. Brian Lenihan TD.



Tar éis do reachtaíocht GNBS a bheith achtaithe i mí na Samhna 2009, bunaíodh GNBS go foirmeálta i mí na Nollag 2009. Ceapadh an tUas. Fran ina Chathaoirleach ar Bhord GNBS agus ceapadh an tUas. Brendan McDonagh mar an POF.

2010



Déanann Coimisiún an AE scéim GNBS a fhaomhadh go hoifigiúil i mí Feabhra 2010.

€71bn

Tagann GNBS i seilbh ar bhreis is €71 billiún de shócmhainní iasachtaí ón gcúig institiúid rannpháirteacha (tagann sé i seilbh ar €3 billiún d'iasachtaí breise in 2011).

2011

€30.2bn

Tá an chéad íocaíocht den €30.2 billiún de bhannaí sinsearacha arna ráthaithe ag an rialtas slánaithe – €1.25 billiún slánaithe.



500


Nearthaíonn an méid a théann na féichiúnaithe i mbun gníomhaíochta agus tá athbheithniúchán foirmeálta déanta ar bhreis is 500 plean gnó féichiúnaí in 2011.

2012

Cuireann GNBS feithicil sainchuspóireach – NARPS – i mbun chun dlús a chur leis an soláthar tithíochta sóisialta.

75%

Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na Lotaí Thuaidh agus Limistéar Dhugaí na Canálach Móire de Dhughthailte Bhaile Átha Cliath a shannadh mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) – tá leas de 75% ag GNBS sa limistéar infhorbartha.



2013

25%

Éiríonn le GNBS an chéad mhór-gharspíoc atá aige a bhaint amach agus 25% carnacha dá bhannaí sinsearacha slánaithe aige.

Déantar CÉRB a leachtú agus GNBS a bheith sannta mar an cheannaitheoir cúil i ndáil le haon sócmhainní nach bhfuil díolta.



Mar fhreagra don éileamh margadh feabhsaithe, críochnaíonn GNBS a chéad mhórdhíolachán punainne ráthaithe le réadmhaoin Éireannach (Tionscadal Aspen).

2014

Tá an Bord Pleanála tar éis Scéim Phleanála SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a fhaomhadh agus cuireann GNBS leis an obair ullmhúcháin atá á dhéanamh aige i ndáil leis na 15 suíomh ina bhfuil leas á choimeád aige.



4,500 aonad

Tá aonad um sholáthar aonad cónaithe tiomnaithe bunaithe chun cur leis an sochar do GNBS a faightear ó iasachtaí atá ráthaithe le láithreáin forbraíochta - is é an chéad sprioc a bhí ag GNBS ná maoiniú a chur ar fáil le haghaidh soláthar de 4,500 aonad faoi dheireadh 2016.

2015

20,000

De réir mar a éiríonn le láithreáin chónaitheacha a bheith inmharthana chun forbraíochta, síntear amach an clár soláthair chónaithe go déanach in 2015 chun éascú leis an soláthar de 20,000 aonad nua in Éirinn faoi 2020.



Críochnaíonn GNBS an idirbheart is mó a rinne sé riamh i dtéarmaí fáiltais ón díolacháin, nuair a díoladh an punann iasachtaí "Project Jewel", a bhí ráthaithe le hIonad Baile Dhún Droma chomh maith le sócmhainní díolacháin eile.

2016

Éiríonn le GNBS an sprioc a bhí aige maidir le slánú carnach de bhannaí sinsearacha de 80% faoi dheireadh 2016 a shárú - faoi dheireadh 2016, tá slánú carnach de 91% d'fhiachais shinsearacha bainte amach.



4,600+ aonad

Sáraíonn GNBS an sprioc a bhí aige maidir leis an maoiniúchán um sholáthar cónaitheach faoi dheireadh 2016 - 4,650 aonaid soláthraithe.

Sa Tuarascáil seo

Litir chuig an Aire Airgeadais	2
--------------------------------	---

Réamhrá	3
Príomhchuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS	4
Príomhtháscairí Airgeadais 2018	5
Príomh-bhuaicphointí Gnó	6
Ráiteas an Chathaoirligh	8
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	10

Gníomhaíocht Díghiarála	12
Diúscairtí agus Giniúint Airgid Tirim	13
Díolacháin Sócmhainní agus Iasachtaí	14
Idirbheartaithe Suntasacha a Rinne GNBS in 2018	16

An Soláthar Cónaitheach	17
Dul Chun Cinn maidir leis an Soláthar Cónaitheach	18
Modhanna Soláthair	20
Suímh Chónaitheacha Díolta	21
Cás-Staidéar ar Thionscadal	22
Samplaí de Thionscadail Chónaitheacha	24

SDZ Dhughthailte Bhaile Átha Cliath	27
An Dul Chun Cinn Go Dtí Seo	28
Tionscadal GNBS Beo	29
SDZ an Poill Bhig Thiar	32

Rannchuidiú Sóisialta agus Geilleagrach	33
Réiteach Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe	34
Tithíocht Shóisialta	34
Rannchuidiú Geilleagrach Níos Leithne	38

Athbheithniú Airgeadais	39
--------------------------------	-----------

Eagrúchán agus Rialachas GNBS	44
Struchtúr Eagrúcháin	44
Comhaltaí an Bhoird	46
An Bord agus Coistí an Bhoird	49
Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí an GNBS	52
An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016	58
Nochtadh agus Freagracht	59
Bainistíocht Riosca	60

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	61
Gluaís Téarmaí	159

2017

100%

I mí Dheireadh Fómhair, baineann GNBS amach an cuspóir tráchtála is príomhúla atá aige nuair a éiríonn leis 100% dá gcuid fiachas sinsearach a shlánú, agus a dhéanamh réidh leis an dliteanas teagmhasach don Stát Éireannach dá bharr.

€40bn

I mí Dheireadh Fómhair, sáraíonn an méid carnach d'airgead tirim atá ginte ón lá tionscnaimh thar €40 billiún.

2018

€529m

Cuireann GNBS tús leis an bpróiseas chun a gcuid fofhiachas de €1.6 billiún a shlánú - tá €529m slánaithe in 2018.



Tá an olldíolachán iasachtaí deireanach ag GNBS - Tionscadal na Laoi - tugtha chun críche.

2019

Baintear amach garspíoc ollmhór i ndáil le SDZ Dhughthailte Bhaile Átha Cliath - aistrítear na suímh go léir ar aghaidh thar an gcéim pleanála agus tá an tógáil ar bun nó críochnaithe sna tioncadail uile GNBS-bhainteacha.



Faoi dheireadh mhí Aibreáin, tá 10,000 aonad cónaithe tar éis a bheith soláthraithe ó bhí 2014 ann trí mhaoiniúchán ó GNBS de réir an chláir um sholáthar cónaitheach dá chuid.



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní National Asset Management Agency

10 Bealtaine 2019

An tUas. Paschal Donohoe T.D.

An tAire Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Tá sé d'urraim againn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní a chur faoi bhráid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Is mise, le meas,

Frank Daly
Cathaoirleach

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Réamhrá

Príomhchuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS	4
Príomhtháscairí Airgeadais 2018	5
Príomh-bhuaicphointí Gnó	6
Ráiteas an Chathaoirligh	8
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	10

Réamhrá

Gríomhaíocht
Dighláráil

Soláthar Réadmhaoine
Cónaithe

SDZ Dhughaile
Bhaile Átha Cliath

Rannchuidiú Sóisialta
agus Geilleagrach

Athbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais



Príomhchuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS

Ag tiomáint an bunathrú ar aghaidh lenár gcuspóirí straitéiseacha

1

Is é príomhchuspóir tráchtála an Bhoird a chuid oibleagáidí uile atá fágtha maidir le fiachas agus cothromas a chomhlíonadh agus, faoi réir coinníollacha an mhargaidh atá i réim, an barrachas is mó agus is féidir baint amach a ghiniúint faoin am a chríochnaíonn sé a cuid oibre. Tá sé mar aidhm aige a gealltanais uile a bhaint amach lena chuid acmhainní féin.

2

D'fhonn a chuspóir tráchtála príomhúil a bhaint amach (mar atá leagtha amach ag 1 thuas), déanfaidh GNBS sócmhainní a bhainistiú go dian agus infheisteoidh sé iontu ionas go gcuirfidh sé barr feabhais ar an acmhainneacht agus an luach diúscartha maidir leis an táirgeadh ioncaim. Trína ghníomhaíocht diúscartha, leanfaidh sé le hidirbhearta a ghiniúint a bhfuil sé mar aidhm acu an fheidhmíocht láidir atá feicthe i margadh maoine na hÉireann le blianta beaga anuas a choimeád.

3

Éascóidh GNBS an seachadadh de chóiríocht oifige Grád A sna SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath; rannchuideoidh sé le, ní hamháin i dtéarmaí maoinithe tionscadail, más gá, ach freisin maidir le comhleanúnachas, treoir agus tiomáint a thabhairt don phróiseas seachadta.

4

Tá sé d'aidhm ag GNBS an réadúchán 20,000 aonad cónaithe nua a éascú, de réir na hinmharthanachta ó thaobh tráchtála de, i gceantar Bhaile Átha Cliath go príomhúil, sa tréimhse suas go dtí deireadh 2020 agus, trí dhianbhainistiú sócmhainne a dhéanamh ar láithreáin chónaithe, tá sé d'aidhm líon na láithreáin atá réidh le bheith forbartha a uasmhéadú.

5

Faoi réir príomhachta an tsainorduithe tráchtála atá leagtha amach dó in Alt 10, agus lena gcomhlíonann sé go minic, feicfidh GNBS chun rannchuidiú sóisialta agus eacnamaíoch dearfach a dhéanamh ar fud raon leathan dá chuid gníomhaíochtaí.

Príomhtháscairí Airgeadais 2018

Feidhmíocht láidir leanúnach maidir leis an mbrabúsacht

Léirítear leis an nginiúint d'airgead tirim agus de bhrabús in 2018 méaduithe suntasacha ar fhigiúirí 2017. É sin d'ainneoin an laghdú atá tagtha ar phunann iasachta GNBS, agus léirítear leis, go páirteach, an obair luachfheabhsaithe a bhí déanta leis an bpunann sna blianta roimhe seo.

Tá sé ar chumas an Bhoird, mar gheall ar an fheidhmíocht láidir leanúnach atá déanta maidir leis an mbrabúsacht, an barrachas críochnaitheach formheasta dó a athleasú €3.5 billiún suas go dtí **€4 billiún**.



BRABÚS 2018

€795m

2017: €481 milliún



GINIÚINT AIRGID TIRIM IN 2018

€3.27bn

2017: €2.56 billiún



FÁLTAIS DIÚSCARTHA 2018

€3.14bn

2017: €2.43 billiún



FUASCAILTÍ BANNAÍ FO-ORDAITHE 2018

€529m

2017: Nialas

Príomh-bhuaicphointí Gnó 2018

Ag baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha

STAID AN TSOLÁTHAIR CHÓNAITHIGH AG DHEIREADH MHÍ AN MHÁRTA 2019



9,759

Ó 2014, thug GNBS maoiniú chun 9,759 aonad cónaithe nua in Éirinn a thógáil ar shuímh chónaithe, lena n-urraítear a punann iasachta.



3,000

Tá 3,000 aonad breise á dtógáil nó tá maoiniú faofa dóibh chun iad a thógáil i bhforbraíochtaí cónaitheacha gníomhacha atá faoi rialú féichiúnaithe agus glacadóirí an GNBS.



4,300

Tá talamh forbraíochta cónaithe dá bhfuil cead pleanála tugtha do 4,300 aonad breise mar urrús ag GNBS.



3,700

Táthar tar éis breis is 3,700 aonad cónaithe a sholáthar ar láithreáin a bhí tugtha do GNBS mar urrús roimhe seo agus dá raibh maoiniú tugtha ag GNBS le haghaidh cead pleanála, oibreacha éascaithe, costais dlí nó costais sealbháochta.




13,400

Is mó ná 13,400 an líon iomlán d'aonaid chónaithe atá éascaithe nó soláthraithe ag GNBS, ar bhonn díreach agus indíreach araon.


SDZ DHUGHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH STÁDAS AG DHEIREADH AN MHÁRTA 2019

**4.2m tr. cr.**

Táthar tar éis teacht chun aontas maidir le straitéisí le haghaidh 100% de na láithreáin in SDZ Dhughailte Bhaile Átha Cliath ina raibh leas ag GNBS ag an tús, agus táthar i mbun na straitéisí sin a chur i bhfeidhm. Nuair a thabharfar chun críche é, soláthrófar 4.2m tr. cr de spás tráchtála agus timpeall ar 2,200 aonad cónaithe ar fail leis na láithreáin seo.

**1.14m tr. cr.**

Go dtí seo, tá GNBS tar éis forbairt 1.14m tr. cr de spás tráchtála a éascú (oifigí Grád A den chuid is mó) agus 190 árasán.

**1.46m tr. cr.**

Táthar i mbun oibreacháin tógála a dhéanamh sna láithreáin eile a bhfuil leas fós ag GNBS iontu agus tá sé beartaithe go gcuirfear 1.46m tr. cr agus 416 aonad cónaithe i gcrích ar bhonn céimithe le linn 2019, 2020 agus 2021.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA STÁDAS AG DEIREADH-MHÁRTA 2019

**2,544**

Tá GNBS tar éis 2,544 aonaid chónaithe réadmhaoine a sholáthar don Tithíocht Shóisialta, agus bailte curtha ar fáil aige dá bharr, a bhfuil géarghá dóibh, le haghaidh na mílte de theaghlaigh.

**7,050**

San iomlán, tá 7,050 teach agus árasán curtha ar fáil ag an GNBS chun críocha tithíochta sóisialta óna phunann daingnithe. Tá na húdaráis áitiúla tar éis a dhearbhu go bhfuil éileamh ann ar 2,729 de na haonaid réadmhaoine seo.

**€350m**

Tá €350m infheistithe nó geallta ag GNBS mar chuid dá chlár um thithíocht shóisialta. Táthar tar éis na cistí seo a úsáid chun aonaid réadmhaoine agus eastáit a réiteach nó a chríochnú agus chun tithe agus árasáin a cheannach le bheith úsáidte mar thithíocht shóisialta chomh maith.

RANNCHUIDIÚ GEILLEAGRACH NÍOS LEITHNE

Eastáit Tithíocht Neamhchríochnaithe

Tá réiteach bainte amach, nó straitéis gníomhach réitithe socraithe, le haghaidh gach aon cheann de na 335 eastát tithíochta neamhchríochnaithe dá raibh GNBS neamhchosanta in 2010. Rinneadh roinnt de na heastáit sin a fheabhsú mar chuid de chlár tithíochta sóisialta GNBS.

Idirbhearta a Éascú

Tá sé ina ghné thábhachtach don obair a dhéanann GNBS idirbhearta i margadh réadmhaoine na hÉireann a éascú chun críocha sóisialta agus eacnamaíochta, lena n-áirítear aonaid réadmhaoine atá oiriúnach do chríocha oideachasúla, do chríocha pobail agus do chríocha sláintiúla a shainiú. Tá GNBS ag leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth in éineacht le gníomhaireachtaí stáit agus le ranna rialtais chun na críocha sin a réadú.

Ráiteas an Chathaoirligh

Frank Daly

Táimse i mbun machnamh a dhéanamh ar an oiread sin dul chun cinn atá déanta againn le deich mbliana anuas, go háirithe nuair a smaoinítear ar cé chomh huafásach mór is a bhí an dúshlán a bhí le tabhairt againn nuair a bunaíodh GNBS



Is é seo an ráiteas deireanach dom a thabhairt i mo cháilíocht mar Chathaoirleach ar GNBS toisc gurb í (2019 an deichiú bliain dom, agus an bhliain dheireanach dom leis, a bheith sa Ghníomhaireacht. Táimse i mbun machnamh a dhéanamh, agus mé ag breathnú siar ar na torthaí fiordhearfacha atá bainte amach againn don bhliain 2018, ar an oiread sin dul chun cinn atá déanta againn le deich mbliana anuas, go háirithe nuair a smaoinítear ar cé chomh huafásach mór is a bhí an dúshlán a bhí le tabhairt againn nuair a bunaíodh GNBS.

Ba é an tAire Airgeadais (mar a bhí sé ag an am), an tUas. Brian Lenihan TD, nach mhaireann go deo, a fógraíodh den chéad uair i mí Aibreáin 2009 go raibh sé beartaithe go mbunófar GNBS nuair a fógraíodh Cáinainéis Bhreise an Rialtais. Faoin am sin, bhí Éire i bpríacal airgeadais agus eacnamaíochta uafásach dona, den chuid is mó de thoradh iasachtaíthe iomarcaigh agus, i roinnt mhaith cásanna, neamhstuama, a rinne na bainc Éireannacha. Ba le haghaidh sócmhainní réadmhaoin a rinneadh roinnt mhaith den iasachtú sin. Agus na bainc ag streachailt chun a gcuid gnáthghnó a dhéanamh mar gheall ar an ualach de shócmhainní iasachta bearnaithe a bhí orthu, iarradh ar GNBS glacadh le seilbheoireacht an chuid is mó dá bpunanna iasachta réadmhaoin-bhainteach agus bainistíocht a dhéanamh orthu, ar mhaithe leis an oiread is gur féidir de a athshlánú do cháiníocóirí na hÉireann. Tugadh téarmaí tagartha tráchtála soiléir dúinn - go mbainfear amach an sochar airgeadais is fearr gur féidir don Stát. Sa dá bhliain a tháinig ina dhiaidh sin, tháinig GNBS i seilbh ar iasachtaí bearnaithe a raibh parfhíachas de €74 billiún i gceist leo. Agus ina gcúiteamh sin, d'íocamar as €32 billiún de chomaoín leis na bainc, 95% de sin a bhí mar fhiachas sinsearach ráthaithe ag an rialtas agus dliteanas teagmhasach do cháiníocóirí dá bharr. Chun an tsuim sin a íocadh a thaispeáint i gcomhthéacs, is ionann an t-ioncam cánach a fhuair an Stáitchiste in 2009 agus €33 billiún.

Deich mbliana níos deireanaí is mór an pléisiúr dom suntas a dhéanamh de gur mór an t-athrú atá tagtha ar an scéal. Shlánaíomar an chuid dheireanach de na fiacha sinsearach a ráthaithe ag an rialtas in 2017 agus táthar in ann, a bhfuil leis an fheidhmíocht láidir atá bainte amach againn go leanúnach athbhreithniú a dhéanamh ar an fharasbarr deireanach atá formheasta dúinn, agus é a uasleasú thar €4 billiún.

Sular bhféidir aon chuidroinnt den fharasbarr seo a aistriú chuig an Stáitchiste, ní mór don GNBS comhlíonadh leis na hoibligeáidí um fhiachais atá aige agus atá fós ag seasamh amach. In 2018, d'aisíocamar timpeall ar thrían dár bhfofhiachais lena gcuimsíodh, san iomlán, €1.6 billiún i mbannaí ar eisíodh iad ar dtús mar pháirtíocaíocht as na hiasachtaí arna theacht i seilbh orthu. Tá sé beartaithe againn go n-aisíocfar an €1.1 billiún den fhothíachas seo atá fós ag seasamh amach faoin gcéad dáta glao ar 1 Márta 2020 nó roimhe sin. Ina dhiaidh sin, íocfaimid €56m lenár infheisteoirí príobháideacha - is éard a gcuimsítear leis sin ná an infheistíocht tosaigh a rinneadh siad, agus díbhinn deiridh leis. Is éard atá beartaithe againn ag an am seo ná go n-aistreofar €2 billiún den fharasbarr críochnúil leis an Stáitchiste in 2020 agus go n-íocfar an €2 bhilliún sa bhreis air sin níos deireanaí in 2021.

Ní bheadh sé i gceart, mar sin féin, a chur ina leith nach bhfuil aird dírithe againn ach amháin ar airgead tirim a ghiniúint agus nach bhfuil cúram glactha againn roimh an tionchar sóisialta agus eacnamaíochta níos leithne a bhíonn ag na gníomhaíochtaí a dhéanaimid. Ní mar sin atá sé. Táimid tar éis a fháil amach, go deimhin, go rabhtas in ann cur chuige dhá-bheann a ghlacadh le haghaidh cuid de na tionscnaimh, is é sin a rá iarracht a dhéanamh na cuspóirí tráchtála a bhaint amach, ach anuas air sin go gcuirfear leis an soláthar titheochta

agus tráchtála, rud a chuireann a lán sochair shóisialta agus eacnamaíochta soiléire i gcrích. Is mar sin a bhí an scéal i gcás an chláir sholáthaoir tithíochta dár gcuid agus i gcás an chláir SDZ Dhughailte Bhaile Átha Cliath.

Faoin am seo tá roinnt garspriocanna suntasacha bainte amach againn i gcás an dá cheann de na tionscnaimh seo. Maidir leis an soláthar cónaitheach, bhaineamar amach an garsprioc suntasach de 10,000 aonad le déanaí i ndáil le maoiniú a bheith curtha leis an tógáil tithe in Éirinn. Ceist de thábhacht rímhór is ea an soláthar tithíochta fós agus táimid ag déanamh gach iarracht chun an soláthar den oiread aonad cónaithe is gur féidir sin a éascú, ag brath ar an inmharthanacht ó thaobh tráchtála de.

Bhaineamar garsprioc thábhachtach eile amach le déanaí leis an SDZ Dhughailte Bhaile Átha Cliath - tá na suímh go léir sna ceantair dugáil ina bhfuil leas againn críochnaithe faoin am seo nó i mbun tógála. Is fianaise iad na foirgnimh agus an iliomad craenacha atá le feiceáil faoi láthair i spéirlíne Cheantar Dugáil Bhaile Átha Cliath ar an obair atá déanta ag GNBS sa cheantar. Leis an soláthar seo, táthar ag dul i ngleic leis an easpa de spás oifige Ghrád A atá le fáil sa phríomhchathair, rud atá ríthábhachtach chun an infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. In 2014, nuair a rinne an Bord Pleanála Scéim SDZ Dhughailte Bhaile Átha Cliath a fhaomhadh, bhí leas 75% ag GNBS sna tailte forbraíochta. Cuireadh dualgas ollmhór orainn dá bharr sin an fhorbairt sa cheantar straitéiseach seo de Bhaile Átha Cliath a éascú, a chomhordánáidí agus, idir an dá linn, táimid tar éis obair go dlúth i gcomhar a chéile le páirtithe leasmhara eile agus le geallsealbhoirí eile chun é sin a chur i gcrích. Nuair a thabharfar chun críche é, déanfar breis is 4 mhilliún troigh chearnach de spás tráchtála agus timpeall ar 2,200 aonad cónaithe ar fail leis na láithreacha seo a bhí tréigthe go dtí seo.

Maidir le roinnt mhaith tionscadal i gCeantar Dugáil Bhaile Átha Cliath, bhíomar in ann caipiteal príobháideach a aimsiú chun infheistiú le tógáil oifige agus árasáin nua. Fágann sé sin go gcuirtear teorannú leis an neamhchosaint a bhíonn ann roimh an riosca forbraíochta agus go ndéantar cinnte de, ag an am céanna, go soláthraítear na tionscadail chomh gasta is gur féidir. I roinnt gcásanna, coimeádaímid leasa mionlaigh sna tionscadail, lena gcuirtear sinn ar ár gcumas a bheith in ann leas a bhaint amach as na brabúis todhchaíoch ón fhorbraíocht. Sa bhealach sin, feidhmítear cuspóirí tráchtála GNBS ar aon dul leis na cuspóirí leathana eacnamaíochta agus sóisialta a mbaintear amach trí spás oifige agus cónaithe a bheith soláthraithe.

Ó mo thaobh féin de, tá bród ar leith orm faoin méid atá bainte amach againn ó thaobh sholáthair tithíochta sóisialta de. Ar dtús, bhí an iliomad deacrachtaí os ár gcomhar amach agus sinn ag déanamh iarracht tithíocht shóisialta a sholáthar ó phunann ráthaithe GNBS mar gheall ar an easpa de mhaoiniú caipitil san earnáil chun aonaid tithíochta a cheannach. Chuireamar feithicil speisialta i mbun – NARPS – in 2012 chun freagra dhíreach a thabhairt do na deacrachtaí seo. Rinne NARPS, i bpáirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil agus an Gníomhaireacht Tithíochta, modh inmharthana agus tráchtála a fhorbairt chun tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar láithreach do húdaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta a bhfuil teorainn leis an gcaipiteal atá acu. Chomh maith leis sin, mhaoínigh GNBS oibreacha críochnaithe agus athchóirithe le haghaidh aonaid réadmhaíne oiriúnach de réir mar a bhí gá leis.

Go dtí seo, tá GNBS agus NARPS tar éis soláthar de bhreis is 2,500 aonad a éascú don tithíocht sóisialta, agus tithíocht a

chur ar fáil dá bharr do bhreis is 8,000 duine. Sampla cruthanta is ea an tionscnamh tithíochta sóisialta dár gcuid d'eintiteas tráthála dála GNBS a bheith ag feidhmiú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí rialtais eile chun cuspóir shóisialta comónta a bhaint amach.

Ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh GNBS ann i gcónaí. Faoin am seo, táthar ag druidim isteach le deireadh an tréimhse saoil atá beartaithe dó ach fós tá a lán oibre atá le déanamh más rud é go bhfuiltear chun an farasbarr de €4 billiún atá formheasta a bhaint amach don Státchiste. Tá sé beartaithe againn go mbeidh an obair seo againne críochnaithe a beag nó a mór faoi 2021. Mar sin féin, tá an fhéidearthacht fós ann go mbeidh líon beag d'iasachtaí a bheidh fós ag seasamh amach mar gheall ar dlíthíocht atá fós ag leanúint ar aghaidh agus nach bhfuil smacht againn uirthi. Anuas air sin uile, tá roinnt sócmhainní ann go bhféadfar nach mbeifear in ann an luach is fearr a bhaint amach dóibh tríd an ndíúscairt ghearrthéarma agus táimid tar éis dul i mbun comhairle leis an Aire chun deimhniú go mbeidh an Stát in ann an uasluach a bhaint amach astu.

Sa ráiteas a thug mé sa chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid GNBS in 2010, luaigh mé go mbíonn formhór na heagraíochtaí beag nuair a chuirtear tús leo, agus go thagann fás fúthu de réir a chéile ionas go n-éiríonn leo a bheith mór le himeacht thréimhse fhada ama; nuair a cuireadh GNBS ar bhun, de mhalairt air sin, bhí punann ollmhór aige agus is éard a bhí de chuspóir aige ná dul i laghad go deas réidh. Ag an am sin, chuir mé in iúl gurbh thomhas lárnach a bheadh againn chun conas ar éirigh linn a mheas ná go gcrapfar an clár comhardaithe againn - a bhí níos mó ná €30 billiún ag an am - agus ar a laghad an caiteachas go léir a thabhaíodh chun teacht i seilbh ar na hiasachtaí, ar an gcaipiteal a shlánú, chomh maith leis an caiteachas reatha atá de dhíth chun cur leis an luach atá acu agus an costas atá i gceist chun an gnólacht a sheoladh. Is mór an chúis áthais i dom a rá, sa ráiteas deireanach seo dom a thabhairt i dTuarascáil Bhliantúil go bhfuil na cuspóirí sin go léir gar le bheith bainte amach agus go bhfuil an tairbhe bhreise againn, nach raibh dóchúil ar bith i luathbhlianta GNBS, go mbeifear in ann farasbarr nach beag é a thabhairt ar ais don Státchiste.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé buíochas dáiríre, agus aitheantas leis, a ghabháil le mo chomhghleacaithe, iadsan atá fós ar Bhord GNBS agus iadsan nach bhfuil ann go deo araon, agus leis an POF, Brendan McDonagh chomh maith. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bheirt chomhghleacaithe agam a bhí ar an mBord roimhe seo, Willie Soffe agus Brian McEnery, a thug a dhara tréimhse oifige ar an mBord chun críche, an bheirt acu, i mí na Nollag 2018. Le linn na naoi mbliana dóibh a bheith ina gcomhaltaí de chuid an Bhoird, thug Willie agus Brian rannchuid ollmhór leis an méid atá bainte amach ag GNBS. Anuas air sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an fhoireann go léir atá sa GNBS, a bhfuiltear tar éis a bheith in ann na héachtanna atá bainte amach againn san eagraíocht ar leith seo mar gheall orthu agus an saineolas agus an tiomantas díongbháilte atá acu.



FRANK DALY
An Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Brendan McDonagh

Is éard a gcuimsítear leis an mbrabús a atá réadaithe in 2018 ná toradh de bhlianta fada d'obair mhall, fhoighneach agus dhlúth inar nglacadh leis an mbainistíocht sócmhainne agus leis an obair dlíthiúil



Is cúis phléisiúir dom sraith de thorthaí láidre a thuairisciú le haghaidh GNBS don bhliain airgeadais 2018. Is ionann an brabús tar éis cánach agus €795m, méadú suntasach ar an mbrabús de €481m in 2017. Ghineamar €3.3 billiún d'fháltais airgid tirim in 2018 ó phunann atá laghdaithe go maith – tá luach tugtha anonn ó leabhar iasachta GNBS níos lú ná 10% dá bhuaicluach faoin am seo. Is í an chúis phríomúil gur ardaíodh luach an bhrabúis ná an fheidhmíocht a bhí againn ag gineadh torthaí maithe ó dhiúscairtí sócmhainne agus ón athmhaoiniú iasachta le linn na bliana.

Is éard a gcuimsítear leis an mbrabús a réadaítear in 2018 ná toradh de bhlianta fada d'obair mhall, fhoighneach agus dhlúth inar nglacadh leis an mbainistíocht sócmhainne agus leis an obair dlíthiúil atá déanta chun urraíocht a chun lenár n-iasachtaí. In a lán cásanna, bhí gá ann sócmhainní lochtaithe a réiteach agus infheistíocht a chur leo ar mhaithe le gnóthachain fhadtréimhseacha a ghiniúint.

Léirítear leis an obair atá déanta againn in SDZ Dhughthailte Bhaile Átha Cliath na buntáistí a bhíonn i gceist leis an gcur chuige foighneach seo. Rinne an Bord plean gnó foriomlán a fhorghnó do SDZ na nDughthailte i mí Mheán Fómhair 2014 agus, de réir an phlean seo, dréachtaíodh straitéisí ar leith le haghaidh gach aon cheann de na láithreáin ina raibh leas againn ann. Chuir GNBS na láithreáin ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas forbraíochta i gcomhar lena glacadóirí atá aige, ag brath ar an straitéis i gceist a bhí molta: an indéantacht, an dearadh, an pleanáil, oibreacha cumasúcháin, réamh-lígean agus an tógáil. I roinnt mhaith cásanna bhí fadhbanna dlíthiúla agus fadhbanna leis an teideal le bheith réitithe sula bhféadfaí tús a chur leis an tionscadal. Bhí sé riachtanach go ndearnadh rannpháirtíocht ghníomhach, dlúth agus mionsonraithe, le raon de gheallsealbhoirí leasmhara, lena n-áirítear údaráis pleanála, infheistíoirí, forbróirí agus araile. Mar shampla, san ardú suntasach a tháinig ar Project Waterfront in 2018, tá na blianta fada d'obair ullmhúcháin agus pleanála a le brath a rinneadh chun deimhniú go raibh an láithreán réidh don tógáil faoin am ar cuireadh ar an margadh é. Sa bhealach céanna, gnóthaíodh brabúis i roinnt mhaith tionscadail eile sa cheantar Dugaí ar díoladh iad in 2018.

Bliain mhaith do mhargadh na talún forbraíochta ab ea 2018 inar taifeadadh an líon is mó de dhíolacháin talún ón am a tharla an tobchliúchadh sa mhargadh tithe agus talún. De réir anailís a rinneadh sa tionscal, rinneadh timpeall ar €1.4 billiún de dhíolacháin talún forbraíochta a hidirbheartú, i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach den chuid is mó, beagnach dhá oiread an méid don bhliain 2017. Cruthaíodh deiseanna do roinnt dár bhféichiúnaithe agus glacadóirí chun talamh a dhíol ar phraghsanna maithe mar gheall ar bhuacacht an mhargaidh, lena n-éascaíodh dóibh roinnt dá gcuid fiachas a ghlacadh as agus, i roinnt cásanna eile, a gcuid fiachas go léir a ghlacadh. Anuas air sin, cuireadh roinnt d'fhéichiúnaithe GNBS ar a gcumas a gcuid parphiachas iomlán a athmhaoiniú nó a aisíoc le GNBS de bharr na méaduithe a bhí tagtha ar luachanna réadmhaoinne mar gheall ar an margadh. Bhí sé suntasach gur ó fhuascailtí fiachas a gineadh 30% de na fáltais GNBS a tháinig ó diúscairtí in 2018.

Gné shuntasach eile den ghníomhaireacht in 2018 ná gur cuireadh deireadh le cuid mhaith dár neamhchosaint roimh an mhargadh cónaitheach sa RA. Faoi dheireadh 2018, bhí laghdú curtha leis an neamhchosaint a bhí againn san RA síos go dtí timpeall €30m (luach díola de shócmhainní cónaitheacha sa RA lena raibh ár gcuid iasachtaí ráthaithe). Nuair a bunaíodh GNBS, rinneadh €12 billiún - gurb ionann agus 38% den phunann iasachtaí a bhí ag GNBS ag tús báire - a ráthú le sócmhainní atá lonnaithe sa RA (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann). Idir seo agus siúd, tá breis is €16 billiún ginte againn i bhfáltais diúscartha ó dhíolachán sócmhainní agus iasachtaí sa RA; bhí 96% den tsuim seo ginte faoi dheireadh 2016. Murab ionann is mar atá sa mhargadh Éireannach, tá an acmhainneacht ann i margadh na RA díolacháin sócmhainní a mhaolú le linn luathbhlianta GNBS nuair a bhíomar faoi bhrú dul chun cinn a bhaint amach maidir le cuid dár gcuid fiachas sinsearach a shlánú. Idir 2010 agus 2013, b'ionann díolacháin sócmhainní sa RA agus beagnach 75% de dhiúscairtí iomlán GNBS agus, i ndáiríre, cuireadh ar ár gcumas muid dá bharr sin a bheith in ann an sprioc a bhaint amach ceathrú dár gcuid fiachas sinsearach a shlánú faoi dheireadh 2013.

Tá an chuid is mó dár leabhar fiachas ráthaithe le sócmhainní lena bhfuilimid in ann a bheith ag súil le luach breise a ghineadh. Go háirithe, tá roinnt mhaith de na hiasachtaí seo atá ráthaithe le láithreáin a bhfuil an acmhainneacht acu, ní amháin chun cur leis an riar tithíochta agus oifige, ach lena bhféadfadh méadú a chur leis an méid fiachas a bhfuilimid in ann a shlánú. Mar atá luaite ag an gCathaoirleach ina ráiteas, d'éirigh linn soláthar spáis oifige agus chónaithe nua a chur ar aghaidh i SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Ní amháin go bhfuil sé sin tar éis a bheith de chabhair chun athnuachan a dhéanamh sa cheantar agus infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go Baile Átha Cliath, chomh maith leis sin tá sochar breise gnóthaithe acu do cháiníocóirí.

Tá an ganntanas tithíochta atá fós ann in Éireann ar an ábhar is mó i mbéal na ndaoine le roinnt mhaith blianta anuas agus bíonn GNBS luaite ó am go chéile mar réiteach leis an fhadhb. Mar sin féin, chomh fada is gur féidir linn, agus go ndéanaimid fiú, cuid mhaith a chur leis an maoiniúchán le haghaidh an tsoláthair tithíochta, is minic a rómheastar an leibhéal d'acmhainneacht atá againn maidir leis an gcumas sin. Ní féidir leis an GNBS an tithíocht a sholáthar ach amháin de réir na sríanta atá curtha leis an sainordú tráchtála, agus de réir rialacha an AE maidir le Státchabhair. Fágann sé sin gurbh éigean don chistiú um an fhorbraíocht chónaithe a bheith i dtéarmaí tráchtála nuair a dhéanaimid a leithéid d'fhorbraíocht a fhaomhadh, agus gurbh éigean go mbeidh brabús le bheith bainte amach ón tionscadal i gceist.

É sin ráite, tá maoiniú curtha leis an soláthar de bhreis is 10,000 teach agus árasán nua in Éirinn againn ó bhí 2014 ann. Anua air sin, amhail dheireadh mhí an Mhárta 2019, bhí timpeall 3,000 aonad ann ar fud 50 láithreán éagsúla i mbun tógála nó lena raibh maoiniúchán faofa dóibh. Táthar tar éis cead pleanála a fháil le haghaidh 4,300 aonad sa bhreis ar sin agus tá breis is 3,600 aonad eile dá bhfuiltear tar éis iarratais phleanála a chur isteach nó dá bhfuiltear i mbun iarratas pleanála a ullmhú dóibh. Tá na haonaid sin á soláthar ar láithreáin atá ráthaithe le GNBS sna limistéir uirbeacha príomhacha go háirithe, is é sin a rá sna háiteanna ina bhfuil an t-éileamh is mó ann.

Próiseas mall atá i gceist leis an soláthar de thithíocht nua. Tá cás-staidéar ar "an gcás is fearr" d'fhorbraíocht chónaithe tipiciúil áirithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Sa chás-staidéar seo, léirítear na céimeanna atá i gceist chomh maith leis an méid ama a bhíonn de dhíth chun forbraíocht tithíochta a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála, an dearadh, céim na tógála, an margaíocht go dtí go ndíoltar an t-aonad. Tá an pointe seo léirithe chomh maith sna fhíric go raibh timpeall ar 2,500 teach a sholáthraigh féichiúnaithe iad in 2018 ach a bhí ar na bacáin ó bhí 2014 ann. Léirítear leis na deacrachtaí atá ann go mbíonn ceisteanna áitiúla dála ganntanas den phleanáil, de sheirbhísí agus d'infreastruchtúr leordhóthain, nó sríanta tráchtála dála an inmharthanacht agus an riar, i gceist leis an soláthar de thithíocht nua. Ní fágann an ganntanas tithe atá ann in Éireann go bhfuil sé inmharthana d'fhorbróirí gach aon tionscadal tógála tithe a dhéanamh nó go bhfuil ceannaitheoirí toilteanacha ann i gcónaí chun tithe a cheannach ar an toirt.

Láithreán amháin a bhfuil an acmhainneacht ann chun cur go mór leis an soláthar de thithíocht ar an mórskála i mBaile Átha Cliath lárnach sna blianta beaga atá amach romhainn is ea SDZ an Poill Bhig Thiar ar an Rinn. Tá an acmhainneacht sa SDZ chun timpeall 3,500 aonad cónaithe a chur ar fáil chomh maith le spás tráchtála agus pobail. D'fhaomh an Bord Pleanála (ABP) an Scéim Phleanála SDZ go foirmeálta san Aibreán in 2019. Tá úrrús ag GNBS thar cuid mhór talún laistigh den SDZ agus, agus é beartaithe go faomhfar é le haghaidh ABP, tá obair dlúth déanta againn leis an glacadóir, leis an fhoireann deartha agus le geallsealbhóirí príomhúla chun straitéis soláthair tráchtála a ullmhú don láithreán. Faoi am seo, táimid ag déanamh measúnacht ar conas is fearr an straitéis seachadta a chur i gcrích d'fhonn deimhniú go seachadfar tithíochta chomh luath is atá indéanta.

Beidh an chuid is mó d'obair GNBS sna dá bhliain atá amach romhainn caite ag cur ár straitéis le haghaidh SDZ Poll Beag Thiar i bhfeidhm, ag leanúint ar aghaidh ag soláthar tithíochta nua agus ag tabhairt an clár SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath chun críche. Beimid ag iarraidh a oiread luach is gur féidir a réadú ó na hiasachtaí atá ag seasamh amach sa phunann againn, agus é mar chuspóir againn leis an sochar is mó in-féideartha a bhaint amach don Státchiste sna bliana atá amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord, baill choistí an Bhoird, an fhoireann Feidhmiúcháin, an fhoireann a shanntar don GNBS agus dóibh siúd go léir laistigh den NTMA níos leithne a bhfuil a lán déanta acu chun cur leis an fheidhmíocht as cuimse láidir a bhí ag GNBS in 2018. Táimid ag súil go mór lenár obair a bheith tugtha chun críche sna blianta beaga atá amach romhainn ionas go mbainfear amach toradh fioscach fiordhearfach do na cáiníocóirí trí bhrabús de €4 billiún ar a laghad a bheith bainte amach againn agus, níos ginearálta, i dtéarmaí an rannchuidiú a bheidh tugtha againn i dtéarmaí sóisialta agus eacnamaíochta.



BRENDAN McDONAGH
Príomhfheidhmeannach

Gníomhaíocht Dhíghiarála

Diúscairtí agus Giniúint Airgid Tírim	13
Díolacháin Sócmhainní agus Iasachtaí	14
Idirbheartaithe Suntasacha a Rinne GNBS in 2018	16



Aisghabháil ó iasachtaí ráthaithe le réadmhaoin a uasmhéadú

Taobh thiar den ghníomhaíocht GNBS chun díghiaráil a bhaint amach, tá an cuspóir sin ann go n-uasméadófar an sochar a bhaintear amach ó iasachtaí ráthaithe le réadmhaoin tríd na bunsócmhainní agus, nuair is cuí, na hiasachtaí, a dhlúthbhainistiú agus a dhiúscairt ar bhonn céimithe.

Ag an gcéim seo i saolré GNBS, tá an punann d'iasachtaí atá fós ag seasamh amach ráthaithe, den chuid is mó, le sócmhainní, lena bhfuiltear ag cur cláir sholáthair chónaithe chun feidhme agus clár Dugthailte SDZ Bhaile Átha Cliath, leis. Tá líon suntasach de shócmhainní de luach íseal sa phunann ráthaithe a mbeidh dian-bhainistiú ag teastáil uathu chun a luach a uasmhéadú. Ní mbainfear amach an farasbarr atá formheasta do GNBS de €4 billiún ach amháin má dhéantar bainisteoireacht éifeachtach ar na hiasachtaí agus na sócmhainní seo.


Amhail deireadh an Mhárta 2019, bhí 215 nasc féichiúnaí a bhí fós faoi bhainisteoireacht GNBS. Thug 131 díobhsan siúd tacaíocht do straitéisí staonta agus bhí 84 faoi réir forfheidhmithe.

DIÚSCAIRTÍ AGUS GINIÚINT AIRGID TIRIM


Is beart ríthábhachtach í an ghiniúint airgid tirim maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an GNBS chun a chuspóirí luaite a bhaint amach. Le linn 2018, ghin GNBS €3.3 billiún in airgead tirim agus bhain amach €3.1 ó dhíolachán iasachtaí, maoine agus sócmhainní eile. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí €43.97 billiún carnach in airgead tirim ginte ag GNBS, go príomha trí dhíolachán sócmhainne agus iasachtaí. Bhí méadú tagtha ar an fhigiúr seo suas go €44.3 billiún faoi dheireadh mhí an Mhárta 2019.

Cuireadh ar ár gcumas sa GNBS a bheith in ann an aisíocaíocht luath de €30.2 billiún i bhfiacha ráthaithe ag an rialtas i Deireadh Fómhair 2017 mar gheall ar airgead tirim a ghineadh trí chlár diúscairthe GNBS, rud a d'fhág gur scríosadh dliteanas teagmhasach suntasach a bhí ann do Stát na hÉireann.

Giniúint Airgid Tirim €m



Diúscairtí Fáltais €m



DÍOLACHÁIN SÓCMHAINNÍ AGUS IASACHTAÍ

I ngach ceann dá príomhmhargáí, ba é cur chuige an GNBS ná sócmhainní a scaoileadh lena ndíol ar bhealach céimnithe agus ordúil atá comhsheasmhach le leibhéal an éilimh, le hinfhaighteacht creidmheasa agus le cumas ionsaithe de gach margadh.

Díolacháin Sócmhainní agus Iasachta de réir Suímh



Sa tréimhse idir 2010 agus 2013, bhí sócmhainní atá lonnaithe sa Bhreatain i gceist i mbeagnach 75% de dhiúscairtí uile an GNBS, ach níorbh ionann na sócmhainní a bhí lonnaithe in Éirinn agus ach 16% de na diúscairtí le linn na tréimhse sin. Tháinig laghduithe suntasacha agus neamhleachtacht sa mhargadh in Éirinn le linn na tréimhse sin. Mheas GNBS go mbeadh sé ag sárú na cheangaltais tráchtála reachtúla a bhí curtha air an sochar a bhainfidh sé amach don Stát a uasmhéadú más rud é go raibh tús curtha aige le clár ollmhór de dhiúscairtí ina leithéid de gcoinníollacha margaidh deacra. Ina áit sin, díriodh ar bhainistíocht sócmhainní chun luach diúscairtí sócmhainní na hÉireann a fheabhsú, go háirithe trí oibriú le féichiúnaithe agus glacadóirí chun tionscadail neamhchríochnaithe a chur i gcrích, chun forbairtí tráchtála agus cónaithe inmharthana a mhaoiniú agus chun cead pleanála a fheabhsú agus chun constaicí eile ar fhorbairt a bhaint.

Ó lár na bliana 2013, le dálaí feabhsaithe i margadh na hÉireann ligeadh d'fhéichiúnaithe agus glacadóirí an GNBS i bhfad níos mó sócmhainní a dhíol ar bhonn céimneach i margadh ina bhfuil na praghsanna tar éis dul i méid agus ina bhfuil feabhas suntasach tar éis teacht ar an leachtacht.

In 2018, rinne GNBS réidh le beagnach gach aon cheann dá sócmhainní a bhí lonnaithe lasmuigh d'Éirinn a dhíghiaráil; amhail deireadh 2018, bhí luach na punainne de shócmhainní cónaitheach nach raibh lonnaithe in Éirinn agus níos lú ná €70m agus bhí 97% de phunann GNBS a bhí fós ag seasamh amach ráthaithe le sócmhainní suite in Éirinn.

Is ionann na hiasachtaí agus na sócmhainní a bhí díolta faoi dheireadh 2018 agus €37.76 billiún. Tá anailís ar dhiúscairtí de réir áite ó 2010 go dtí deireadh 2018 léirithe sa chairt.

Diúscairtí de réir earnála ón tráth tionscanta:



Díolacháin Sócmhainní agus Iasachta de réir Earnála

Tá briseadh síos diúscairtí de réir earnála don bhliain 2018 taispeánta anseo. Áirítear le díolacháin d'aonaid réadmhaíne cónaithe, de thalamh agus de láithreáin forbraíochta breis is 60% den ghníomhaíocht diúscairta in 2018. Léirítear leis seo próifíl na sócmhainní atá fós ag seasamh amach lena ráthaítear punann iasachtaí GNBS.

Díolacháin Sócmhainní agus Iasachta de réir Cineál Idirbhirt

Ó bhí 2013 ann, ghlac an GNBS leas as an spéis mhéadaithe atá ag infheisteoirí i sócmhainní tráchtála Éireannacha trí phunanna iasachta agus sócmhainní maoinne a chruthú d'fhonn iad a dhíol. Rinneadh an ghníomhaíocht diúscairta seo a chéimniú chun sreabhadh rialta a chinntiú a d'fhéadfadh cabhrú leis an móiminteam dearfach a choinneáil i margadh na hÉireann agus chun an toradh le GNBS a uasmhéadú.

In 2018, ba trí dhiúscairtí sócmhainní a gineadh 62% den ioncam diúscairta agus bhí a lán den ghníomhaíocht diúscairta dírithe ar dhíolachán sócmhainní réadmhaíne ar leith seachas ar dhíolacháin de phunanna ina n-íomláine.

Ar aon dul leis an méid d'iasachtaí atá i bpunann GNBS, atá ag dul i laghad, chríochnaigh GNBS an díolachán iasachtaí suntasach, atá ceaptha le bheith an ceann deireanach dá leithéid, in 2018. Ar an iomlán, níor chuimsíodh le díolacháin iasachtaí ach 7% den ioncam diúscairta in 2018.

Tá sé suntasach go raibh leibhéal ard, a bheag nó a mhór, d'fhuascailtí iasachtaí ann in 2018; áiríodh leo siúd breis is 30% den ioncam diúscairta iomlán a gineadh le linn na bliana. Leis seo, léirítear an fhírce go bhfuil roinnt féichiúnaithe de chuid GNBS tar éis a bheith curtha ar a gcumas a gcuid iasachtaí a athmhaoiniú agus parluach iomlán a gcuid fiachas a aisíoc le GNBS mar gheall ar na méaduithe atá tar éis teacht ar luacha réadmhaíne.

An Cistiú de réir Earnála


Ar aon dul lena a gcuid cuspóirí straitéiseacha, réamhíocann GNBS maoiniúchán lena gcuid féichiúnaithe agus glacadóirí i gcásanna inar féidir a thaispeáint go ndéanfar leis a leithéid de mhaoiniú luach na sócmhainní lena ráthaítear punann iasachtaí GNBS a fheabhsú.

Go bunúsach cuireann GNBS caiteachas caipitiúil ar fáil do phleanáil, do dhearadh agus do thógáil tionscadal nua cónaitheach agus tráchtála araon, faoi réir inmharthanacht ó thaobh tráchtála de. Maoiníonn GNBS oibreacha bonneagair freisin, de réir mar is gá, chun na forbairtí seo a éascú. Chomh maith leis sin, bíonn GNBS ag infheistiú i sócmhainní ar mhaithe le feabhas a chur leis an acmhainneacht atá acu chun ioncam a tháirgeadh agus chun iad a aistriú le bheith níos mealltach do cheannaitheoirí ionchasacha. Áirítear le hinfheistíocht dá dála sin maoiniú a réamhíocair le hathchóiriú bunriachtanach dála oibreacha sábháilteachta ar dhóiteáin.


Tá sé beartaithe ag GNBS go bhfaomhfar maoiniú breise le haghaidh tionscadal cónaitheach, ar bhonn tráchtála, sa tréimhse suas go dtí 2020/2021. Tá an maoiniú seo go léir faighte ó acmhainní GNBS gan brath ar mhaoiniú ón Státchiste.

Tá an miondealú ar chaiteachas caipitil de réir earnála ón tráth tionscanta léirithe sa chairt. Tá €3.3 billiún ar an iomlán íochta go dtí seo i gcaiteachas caipitil do thionscadail nua agus reatha. Áirítear leis an caiteachas caipitiúil maidir leis an earnáil talaimh agus forbraíochta na suimeanna a réamhíocair mar chuid de chlár sholáthair GNBS le haghaidh na forbraíochta cónaithe agus le haghaidh Cheantar Dhugaí Bhaile Átha Cliath.


Diúscairtí de réir earnála – 2018:




Diúscairtí de réir cineál idirbhearta – 2018:



Caiteachas caipitil de réir earnála ón tráth tionscanta:



Idirbhearta Suntasacha a Rinne GNBS in 2018



Díolachán Iasachtaí um Thionscadal na Laoi

Díolachán iasachta aon naisc agus parfhíachas de €300 m i gceist. Bhí na hiasachtaí ráthaithe, go príomhúil, le sócmhainní miondíola a bhí lonnaithe i gCorcaigh agus ar cheannaigh Deutsche Bank iad. Tugadh an díolachán chun críche i R4 2018.



Cé Uí Bheoláin

DUGAÍ CHANÁIL LAIGHEAN,
BAILE ÁTHA CLIATH 2

Forbairt tráchtála agus chónaithe atá ina shainchomhartha tíre atá suite i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. Táthar i mbun oibre tógála faoi láthair agus táthar ag súil leis a bheith tugtha chun críche de réir céimeanna le linn 2019 agus 2020. Cheannaigh Google an fhorbraíodh i R2 2018.



Dublin Landings

CÉ AN PHOIRT THUATH, BAILE ÁTHA CLIATH 1

Dhá cheap oifigí ligthe amach ar cíós roimh ré (Uimh. 1 agus Uimh. 2) i bhforbraíodh suntasach nua i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. Díoladh na ceapa in idirbhearta ar leith le hinfheisteoirí idirnáisiúnta le linn 2018.



Project Waterfront

CÉ AN PHOIRT THUATH,
BAILE ÁTHA CLIATH 1

Láithreán forbraíochta réidh-le-tógáil os comhair abhainn na Life agus atá 4.6 acra i méid. Tá cead pleanála bainte amach don láithreán le haghaidh 420 árasán agus 300,000 tr. cr. de spás tráchtála agus rinne forbróir réadmhaoine atá bunaithe in Éirinn é a cheannach i R4 2018.



Ceap Cathrach 3

SRÁID AN MHÉARA,
BAILE ÁTHA CLIATH 1

Láithreán 5.9 acra suite i ÁR 5.9 acra suite i nDugaí Thuaidh Bhaile Átha Cliath a bhfuil cead pleanála aige le haghaidh forbartha tráchtála agus forbartha cónaithe araon. Cheannaigh cuideachta infheistíochta réadmhaoine idirnáisiúnta an láithreán seo atá réidh-le-tógáil i R4 2018.



Ionad Siopadóireachta Bhaile Shéarlais

FIONNGHLAS, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH

Ionad siopadóireachta seanbhunaithe a bhfuil áiseanna fóillíochta aige agus tá suite i dTuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliatha. Rinne GNBS an chéim dheireanach den fhorbraíocht seo a chistiú in 2011, rud a chuidigh le haimsiú tionóntaí agus le breis fostaíochta a chur ar fáil. Cheannaigh infheisteoirí réadmhaoine Éireannacha an t-ionad i R4 2018. Áiríodh láithreán taobh leis a bhfuil cead pleanála aige le haghaidh forbraíochta cónaithe agus miondíola leis an díolachán.

Soláthar Réadmhaoine Cónaithe

Dul Chun Cinn maidir leis an Soláthar Cónaitheach	18
Modhanna Soláthair	20
Suímh Chónaitheacha Díolta	21
Cás-Staidéar ar Thionscadal	22
Samplaí de Thionscail Chónaitheacha	24

Réamhrá

Gríomhaíocht
DíghlaráilSoláthar Réadmhaoine
CónaitheSDZ Dhughaille
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GeilleagrachAthbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais



Soláthar Réadmhaoine Cónaithe

Amhail deireadh mhí an Mhárta 2019, bhí na hiasachtaí atá fós ag GNBS urraithe le thart ar 1,150 heicteár de thalamh forbraíochta cónaithe in Éirinn atá faoi smacht a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí.

Éilíonn Alt 10 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní go ndéanfaidh GNBS an toradh airgeadais is fearr a fháil don Stát, plé go dlúsúil leis na sócmhainní a fhaigheann sí, agus luach na sócmhainní sin a chosaint nó cur leis ar shlí eile. I gcásanna ina bhfuil sé inmharthana ó thaobh na tráchtála de na suímh a fhorbairt, baintear amach an toradh airgeadais is fearr don GNBS, de ghnáth, trí chistiú a dhéanamh d'fhorbairt an tsuímh. In 2015, leag Bord GNBS cuspoir síos go gcisteofar, nó go n-éascófar ar bhealach éigin eile, soláthar de

suas go dtí 20,000 aonad cónaithe nua in Éirinn faoi 2020, ag brath ar an inmharthanacht ó thaobh tráchtála de.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór ag féachaint leis an soláthar cónaithe a uasmhéadú ar láithreáin atá faoi smacht fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí GNBS: tá sé de chumas timpeall ar 26,600 aonad a sholáthar ó láithreáin atá tugtha chun críche nó á dtógáil nó a bhfuil pleanáil tugtha, curtha isteach nó ar tí bheith curtha isteach ina leith. Ní chuimsíonn na méideanna seo suímh atá díolta, a bhfuil conradh chun díolacháin aontaithe nó atá ar díol ar an margadh.

Dul Chun Cinn maidir leis an Soláthar Cónaitheach: 2014 go deireadh Mhárta 2019

Aonaid	Éire ina iomlán
✓ Curtha i gcrích (thar 104 forbairt) ó thús 2014	9,759
✓ Á dtógáil/maoiniú ceadaithe i gcomhair tógála (thar 50 suíomh)	2,969
✓ Cead pleanála tugtha	4,341
✓ Iarratais phleanála curtha isteach	681
✓ Iarratas pleanála á ullmhú	2,988
✓ Faomhadh faighte chun pleanáil a fháil/Tógáil á Déanamh	5,852
Móriomlán	26,590


12,000 aonad

Tá láithreáin a bhfuil cumas soláthair de bheagnach 12,000+ aonad eile acu ag céimeanna réamhphleanála nó féidearthachta. Áirítear leis an fhigiúr seo céimeanna déanacha na láithreáin sin atá á dtógáil roimhe seo, nó nach bhfuil inmharthana ar bhonn tráchtála ag praghsanna díolacháin reatha nó a bhfuil riachtanais bhonneagair shonracha acu (e.g. bóithre, uisce nó séarachas) a gcaithfidh údaráis áitiúla agus comhlachtaí Stáit eile dul i ngleic leo sular féidir iarratas pleanála a chur isteach.

3,722 aonad

Tá 3,722 aonad cónaithe breise tógtha go dtí seo ar shuíomhanna a dhíol feichiúnaithe agus glacadóirí GNBS, agus bhain cuid mhaith díobh leas as maoiniú GNBS maidir le pleanáil. Fágann sé sin gurb mó ná **13,481** an líon iomlán d'aonaid chónaithe atá soláthraithe ag GNBS, ar bhonn díreach agus indéach araon.

Briseadh síos de réir láithriú na haonaid chónaithe arna maoiniú iad trí GNBS amhail dheireadh Mhárta 2019



A	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	1,253
B	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	2,695
C	Comhairle Contae Fhine Gall	1,578
D	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1,551
Iomlán Bhaile Átha Cliath		7,077

Réamhrá

Onomhíocht
DighiaráilSoláthar Réadmhaoinne
CónaitheSDZ Dhughaile
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GeilleagrachAthbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais

MODHANNA SOLÁTHAIR

Maoiniú
Díreach

Cuirtear cistiú forbartha cónaithe ar fáil d'fhéichiúnaithe agus do ghlacadóirí ar bhonn tráchtála, rud atá go huile is go hiomlán ar aon dul leis na hoibligeáidí tráchtála a chuirtear ar GNBS de réir Alt 10 d'Acht GNBS chun luach a sócmhainní a uasmhéadú.

Téann GNBS i mbun oibre le féichiúnaithe reatha atá toilteanach comhoibriú le GNBS agus a bhfuil teist roimhe seo acu a bheith inniúil ar bhealach go bhfuil siad in ann tiomantas a thabhairt go mbainfear amach spriocanna atá inchreidte i dtionscadail atá inmharthana ó thaobh tráchtála de.

Cuireann GNBS maoiniú ar fáil do ghlacadóirí d'iarraicht an toradh ar shócmhainní atá faoina smacht a uasmhéadú.

Comhaontuithe
Ceanúnais

De mhalairt ar an maoiniúchán le forbraíocht chónaithe a chur ar fáil do ghlacadóirí, tá comhaontas déanta ag GNBS, i gcásanna áirithe go ndólfar glacadóirí láithreáin áirithe faoi cheadúnas.

De réir an chomhaontais cheadúnais, déantar comhaontas ceadúnais idir an tairgeoir rathúil (an ceadúnaí) agus an glacadóir. Íocann an ceadúnaí as earlais as an suíomh roimh ré agus ansin bíonn sé freagrach as cistiú forbraíochta a fáil. Roinntear na fáiltais ó dhíolacháin na tithe nua-thógáilte idir an ceadúnaí agus an glacadóir arna ceadadh ag GNBS é.

Soláthraíodh aonaid nua den chéad uair de thoradh a leithéid de shocrúcháin in 2015. Go dtí seo, tá dhá scéim ann atá tugtha chun críche agus a bhfuiltear tar éis iad a athmhaoiniú. Tá seacht scéim ann atá i mbun tógála faoi láthair, ceann amháin a bhfuil réidh do thús a bheith curtha leis an tógáil ann, ceann eile atá ag an gcéim phleanála agus ceithre cinn eile atá ar na bacáin.

Fiontair
Infheistíochta

Mar chuid de na socrúcháin idirbheartaíochta le féichiúnaithe áirithe, is féidir le GNBS dul isteach i bhfiontair infheistíochta le cláir iontaofa, dea-chaipitlithe chun láithreáin a fhorbairt.

Le linn 2018, chuaigh GNBS isteach i bhfiontraíocht infheistíochta nua in éineacht le Cairn Homes. Baineann sé seo le tailte atá zónáilte faoi choinne úsáide cónaithe i mBaile Ghrífin, Baile Átha Cliath 13, a fhorbairt. Tá an acmhainneacht ag na tailte chun 90 teach, 56 aonad árasán dhá urlár agus 327 árasán a thógáil air ar bhonn céimeach.

SUÍMH CHÓNAITHEACHA DÍOLTA


Acmhainn le 66,000 aonad | breis is 10,000 aonad críochnaithe nó á dtógáil

D'fhéach GNBS i gcónaí lena chinntiú go bhfuil soláthar dóthanach talamh forbraíochta ar fáil d'fhorbróirí príobháideacha sa mhargadh. Ó 2011 amach, tá féichiúnaithe agus glacadóirí GNBS tar éis láithreáin a dhíol ag a bhfuil an cumas timpeall ar 66,000 aonad cónaithe a sholáthar.

Tá sé measta go bhfuil 3,722 aonad curtha i gcrích go dtí seo ar na láithreáin sin agus go bhfuil 6,829 aonad sa bhreis ar sin á dtógáil faoi láthair. Léiríonn iomlán an 10,551 aonad atá soláthraithe nó atá á dtógáil ar na láithreáin sin 16% d'achmhainn soláthraithe na láithreán seo.

Tugtar faoi deara go bhféadfadh go bhfuil cosc ar fhorbairt roinnt de na láithreáin faoi láthair mar gheall ar shrian amháin nó níos mó a bhaineann le hinmharthanacht tráchtála, bonneagar nó cead pleanála oiriúnach a bheith acu.

Acmhainneacht Soláthair de Shuímh Chónaitheacha Díolta



Cás-Staidéar ar Thionscadal

Tionscadal cónaitheach arna maoiniú ag GNBS a sholáthar

Amlíne pleanála, infheistíochta agus forbartha

Samhain 2006/
Márta 2014



Pleanáil

Deonaíodh maoiniúchán don fhorbraíocht de thithíocht ag Réileán den chéad uair in 2006 agus rinneadh síneadh leis an pleanáil a fhaomhadh i Márta 2014. Fuarthas cead pleanála le haghaidh 107 aonad thar thrí chéim.



Lúnasa 2016

Meastar an fhorbraíocht a bheith inmharthana ó thaobh tráchtála de agus déanann GNBS an maoiniúchán a fhaomhadh ag brath ar srianadh céimithe, lena dteorannaítear an líon aonad gur féidir a thógáil go dtí go mbainfear amach na spriocanna díolacháin.

Nollaig 2016



Tús curtha leis an tógáil

Tugtar an chéad íostarraingt de chistí chun críche agus cuirtear tús leis an gcéad sraith de 13 aonad de chuid Chéim 3.



Márta 2017



Dul chun cinn leis na díolacháin

De bharr an dul chun cinn ó thaobh tógála de, tá 8 aonad sa bhreis curtha ar tairiscint le díol.

Meitheamh 2016



An Cistiú

Anois, agus Céim 1 tugtha chun críche agus Céim 2 i mbun tógála, faigheann GNBS tairiscint maoiniúcháin ón fhorbróir le haghaidh thógáil de Chéim 3 - 36 teach.

Meán Fómhair 2016



Céim na nDíolachán Seolta

Cuirtear 13 aonad ar seol díreach as na pleananna roimh thús a bheith curtha leis na hoibreacha.

Feabhra 2017

Tá na spriocanna phasála bainte amach lena gceadaítear tús a chur le haonaid bhreise.



Céim 3, Réileán, Ros Cam, Co. na Gaillimhe

Tá forbraíocht tithíochta Réileán lonnaithe ar shuíomh i Ros Cam, Co. na Gaillimhe. Lonnaithe taobh le forbraíochtaí tithíochta seanbhunaithe, tá sé gar do meascadh maith de sharáidí sóisialta, miondíoltóireachta agus tráchtála chomh maith. Tá an láithreán faoi sheilbh forbróir cónaitheach a bhfuil taithí aige agus tá sé ráthaithe le GNBS.

Ba thar trí chéim ar leith a rinneadh an cistiúchán GNBS don láithreán a bheith forbartha a fhaomhadh. Sa staidéar cáis seo tá amlíne le haghaidh Chéim 3 ón chéim phleanála go deireadh leagtha amach. Ós rud é nár cuireadh aon mhoill ar an bpróiseas ag an gCéim seo, is éard atá léirithe sa chás-staidéar ná staidéar ar chás is fearr i dtéarmaí an t-amú de sholáthar tithíochta ar láithreán tipiciúil.

Nollaig 2017

Díoladh 6 aonad agus bailchríoch i mbun a bheith curtha le 7 aonad sa bhreis ar sin le bheith soláthraithe do cheannaitheoirí.



Iúil 2018

Tá 21 aonad díolta le ceannaitheoirí agus táthar ag cur bailchríoch le 8 aonad conraithe sa bhreis air sin. Tá 5 aonad réidh le tús a bheith curtha leo chomh luath is atá na conarthaí sínithe.

Bealtaine 2017

Tugtar na chéad aonaid chun críche ó thaobh structúrtha de. Cuirtear tús le hoibreacha meicniúla, leictreacha agus siúinéireachta.

Meán Fómhair 2017



Aonaid soláthraithe/ margaíocht déanta chun díolacháin

3 aonad críochnaithe curtha ar fáil le díol. Tá teach taispeántais faoi troscáin agus críochnaithe agus tá an forbairt curtha ar seol ar an margadh go foirmeálta.



Feabhra 2018



Na haonaid dheireanacha curtha suas le díol

Rinneadh margaíocht leis na 9 n-aonad dheireanacha a bheith curtha le díol.



Nollaig 2018



Céim 3 Críochnaithe agus na hAonaid in Úsáid

31 as 36 soláthraithe agus ceannaitheoirí ina gcónaí iontu agus an críochnúlacht i mbun a bheith curtha le 4 aonad conraithe. Táthar tar éis teacht chun aontas díolacháin maidir le haon aonad amháin eile atá fós fágtha faoin bpointe seo.

Samplaí ar thionscadail chónaithe atá tugtha chun críche

Céim I, Geata an Easpaig

Cill Tiarnáin, Baile Átha Cliath 18



Creston

Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11



San Éamann

Leamhcán, Baile Átha Cliath 20

Willow Glen

Bóthar Ghleann na Muc, Carraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 18



Parkside

Baile Ghrifín, Baile Átha Cliath 13

Cloch Mhic Fhaolaís

Tobar an Iarla, Co. Chorcaí

Samplaí de thionscadail chónaithe atá á dtógail

Amhail Márta 2019, bhí tús curtha le hoibreacha tógála i 47 dtionscadal chónaitheacha arna mhaoinigh GNBS iad. Tá formhór díobh suite i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i lárionaid uirbeacha eile dála Chorcaí agus na Gaillimhe.

Beallairmín

An Chéim, Baile Átha Cliath 18



Páirc Rathborne agus Páirc na Canálach Ríoga

Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15



Dún Ríoga

Dún Seachlainn, Co. na Mí



Cearnóg Choill na hAbhann

Baile an Phóirtéaraigh, Baile Átha Cliath 15

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

An Dul Chun Cinn Go Dtí Seo	28
Tionscadal GNBS Beo	29
SDZ an Poill Bhig Thiar	32




SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Tá an ceantar lena gcuimsítear na Lotaí Thuaidh agus Dugaí na Canálach Móire de Dhugthailte Bhaile Átha Cliath mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) i mí na Nollag 2012 agus rinne an Bord Pleanála scéim pleanála SDZ na nDugthailte a fhaomhadh i mí na Bealtaine 2014. Leis an plean SDZ a fhaomhadh, rinneadh ceantar na nDugthailte a roinnt i 20 bloc forbraíochta 22 heicteár de thalamh forbartha agus tógadh dhá droichead coisithe chun dhá bhruach na Life a nascadh.

Ag tús báire bhí leas ag GNBS i 15 cinn de na 20 ceap DSZ, is ionann sin agus 75% den limistéar infhorbartha. D'fhorbair GNBS straitéisí mionsonraithe le haghaidh gach aon cheann de na 15 ceap atá lonnaithe i 16.74 heicteár laistigh de cheantar na nDugaí Tuaidh agus na nDunaí Dheas.

Tá foireann thiomnaithe Dhugthailte SDZ GNBS, in éineacht le glacadóirí GNBS agus comhpháirtithe GNBS, tar éis dlúthobair a dhéanamh le Comhairle Chathair Átha Cliath mar Ghníomhaireacht Forbartha chun cuspóirí na Scéime Pleanála SDZ a bhaint amach.

Tá acmhainneacht le 4.2m tr. cr. de spás tráchtála agus 2,183 aonad cónaithe le bheith soláthraithe nuair a dhéanfar forbairt iomlán ar na 15 láithreán uile ina raibh leas ag GNBS an chéad lá riamh thar shaolré scéim SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá éagsúlacht ag baint le rannpháirtíocht GNBS ó láithreán go láithreán.



Tionscadal GNBS Beo



5 Cé Hanover - Ciste na nDuganna Theas

Méid

Tráchtála = **205,000 tr. cr.** de spás oifige.

Staid na Tógála

Tógadh an foirgneamh oifigí tráchtála chun críche praiticiúla i mí na Bealtaine 2018.

Díolachán/Ligean

Táthar tar éis cuidroinnt den cheap oifigí (38%) a ligean amach ar cíós le Aptic ó mhí Iúil 2018, agus léas comhaontaithe le haghaidh na trí urlár atá fágtha in éineacht le Docusign i Márta 2019.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá scairshealbhu mionlaigh ag an GNBS sa chiste seo, le bainistíocht caipitil Oaktree mar scairshealbhuí tromlaigh. Tá an ciste struchtúrtha mar ICAV (Gléas Éireannach Comhbhainistíochta Sócmhainní) agus tá sé údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann.



Cé na Cathrach - Ciste Forbartha Cathrach

Méid

Tráchtála = **130,000 tr. cr.** de spás oifige thar ocht leibhéal.

Staid na Tógála

Tógadh an fhorbraíocht chun críche i mí Mheán Fómhair 2018.

Díolachán/Ligean

In 2016, réamh-ligeadh an fhoirgneamh le Grant Thornton le léas 25 bliana. Díoladh an maoin trí struchtúr maoinithe ar aghaidh le Irish Life Investment Managers.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus Oaktree an scairsheilbhéir thromlaigh. Cheannaíodh an láithreán leis an gciste, atá struchtúrtha mar ICAV, in 2013.



Duga na Príomhchathrach - KW Irish Real Estate Fund VIII

Méid

Tráchtála = **409,000 tr. cr.** de spás oifige agus miondíola.

Cónaithe = **190** árasán.

Staid na Tógála

Tugadh an scéim iomlán chun críche ar bhonn praiticiúil faoi mhí an Mhárta 2019.

Díolachán/Ligean

Tá foirgneamh amháin díolta le JP Morgan agus tá dhá fhoirgneamh réamhligthe le hIndeed. Cuireadh tús leis na haonaid chónaitheacha a ligean amach ar cíós i mí Eanáir 2019.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus is é Kennedy Wilson an scairsheilbhéir thromlaigh. Tá an ciste struchtúrtha mar ICAV.

Réamhrá

Oníomhaíocht
DighlártaSoláthar Réadmhaoin
CónaitheSDZ Dhugthaite
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GelleagrachAnbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais



Dublin Landings - Oxley Holdings Limited

Méid

Tráchtála = **719,000 tr. cr.** de spás oifige agus miondíola.
Cónaithe = **298** árasán.

Staid na Tógála

Tá an tógáil críochnaithe in dhá cheann de na bloic oifige. Tá oibreacha tógála ar bun freisin ar na trí fhoirgneamh oifige eile agus ar an dá bhloc cónaithe agus tá sé beartaithe go mbeidh gach rud críochnaithe faoi R3 2020.

Díolachán/Ligean

Fuair Oxley Holdings Ltd leas léasachta fada ó GNBS in 2014 leis an gceart chun luach an láithreáin a fhorbairt, a bhainistiú agus a réadú.

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) tar éis D1 Dublin Landings, foirgneamh éadan le huisce, a thógáil ar léas, agus tá WeWork tar éis D2 Dublin Landings a thógáil ar léas. Díoladh an dá cheap le linn 2018.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Is ag GNBS atá an leas ruilse go fóill agus gheobhaidh sé sruth ioncaim slán chomh maith le céatadán d'aon fháltais díolacháin sa todhchaí.



Cé Uí Bheoláin

Méid

Tráchtála = **330,500 tr. cr.** de spás tráchtála.
Cónaithe = **46** árasán agus spás eile sa bhreis air sin.

Staid na Tógála

Rinneadh oibreacha suntasacha scartála, caomhnuithe agus cumasúcháin ar dtús. Tá tógáil ar bun agus táthar ag súil lena chríochnú ar bhonn céimiúil suas go dtí R1 2020.

Díolachán/Ligean

Díoladh an láithreán iomlán le Google trí réamhdhíol agus comhaontú forbraíochta in 2018.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá an forbraíocht seo faoi smacht glacadóra arna ceapadh ag GNBS é.



76 Cé Sir John Rogerson - Ciste na nDugthailte Theas

Méid

Tráchtála = **137,000 tr. cr.** de spás oifige.
Cónaithe = **72** árasán.

Staid na Tógála

Cuireadh tús leis an tógáil luath in 2018 agus táthar ag súil leis a bheith tugtha chun críche i R1 2020.

Díolachán/Ligean

Táthar tar éis gníomhairí a cheapadh leis agus tá siadsan gníomhach ag dul i mbun margaíocht a dhéanamh ar an spás tráchtála agus cónaitheach.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus Oaktree an scairsheilbheoir thromlaigh. Tá an ciste struchtúrtha mar ICAV.



Bloc 10a - TIO Duganna Thuaidh D.A.C.

Méid

Tráchtála = **270,000 tr. cr.** de spás oifige.

Staid na Tógála

Cuireadh tús leis an tógáil i mí Eanáir 2018. Táthar ag súil leis a bheith críochnaithe i R2, 2020.

Díolachán/Ligean

Táthar tar éis gníomhairí a cheapadh leis agus tá siadsan gníomhach ag dul i mbun margaíocht a dhéanamh ar na hoifigí chun áititheoirí ionchais a chur ar an eolas fúthu.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá leas mhionlaigh ag GNBS san eintiteas seo le Caipitil Oaktree Managment mar scairshealbhoir tromlaigh in TIO Duganna Thuaidh D.A.C.



Foirgneamh Exo

Méid

Tráchtála = **foirgneamh 17 urlár** lena gcuimsítear **215,000 tr. cr.** de spás oifige.

Staid na Tógála

Cuireadh tús leis an tógáil i mí Eanáir 2018. Is é an spriocdháta le críochnú ná R2 2020.

Díolachán/Ligean

Tá an foirgneamh díolta i struchtúr maoinithe ar aghaidh le CIO (Tristan Capital Partners/SW3).

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá an fhorbraíocht agus an straitéis ligin faoi smacht glacadóra ar cheapadh GNBS é.



10 - 12 Cé Hanover - KW Irish Real Estate Fund XIII

Méid

Tráchtála = **87,000 tr. cr.** de spás oifige.

Stádas

Cuireadh tús leis an tógáil i R1 2019 agus táthar ag súil leis a bheith tugtha chun críche i R1 2021.

Díolachán/Ligean

Cuireadh tús an margaíocht áititheora i R1 2019.

An Ról a Bhí ag GNBS Ann

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus is é Kennedy Wilson an scairsheilbh thromlaigh.

SDZ an Phoill Bhig Thiar

D'fhaomh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Scéim Pleanála An Phoill Bhig Thiar SDZ i mí Dheireadh Fómhair 2017, agus d'fhógair an Bord Pleanála go rabhtas tar éis glacadh leis an Scéim Pleanála sin go foirmiúil i mí Aibreáin 2019.

Roimh don Scéim Pleanála SDZ a bheith glactha, oibrigh NAMA in éineacht leis an nglacadóir ceaptha agus an fhoireann deartha go dian chun ullmhú don straitéis seachadta tráchtála le haghaidh an láithreáin agus chuaigh siad i mbun dlúthchomhairle leis na geallsealbhóirí. Faoin am seo, tá NAMA ag déanamh measúnacht ar conas is fearr an straitéis seachadta a chur i gcrích d'fhonn deimhniú go solátrófar an tithíocht chomh luath is atá indéanta.

Cuimsítear tailte ar an taobh thiar de Dhughthailte Theas Bhaile Átha Cliath le SDZ an Phoill Bhig. Tá acmhainneacht ag na láithreáin a ndearnadh iad a urrú le GNBS laistigh den Limistéar SDZ suas le 3,500 aonad cónaithe (lena n-áirítear 10% den tithíocht shóisialta agus 15% den tithíocht shóisialta inacmhainne) a chur ar fáil agus timpeall ar 1m tr. cr. d'fhorbairt tráchtála a sholáthar chomh maith le suímh scoile agus spás poiblí.

Cabhróidh forbairt an Phoill Bhig Thiar go mór leis na riachtanais chónaitheacha a bhaineann le cathair atá ag fás mar is ceann de na cúpla féidearthacht forbartha móra atá lonnaithe i lár Chathair Bhaile Átha Cliath é.



- Zón Tionscail & Calafóirt
- Pobal/Oideachas
- Tithíocht Ilchineálach
- Páirceanna & An táineas

- Tráchtáil
- Ilchineálach
Tráchtála, Tionscadail Chruthaitheacha,
Tionsclaíoch (lena n-áirítear
calafort-gaolmhar) Gníomhaíochtaí
- Infreastruchtúr Forbartha/
Spás Oscailte

Rannchuidiú Sóisialta agus Geilleagrach

Réiteach Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe	34
Tithíocht Shóisialta	34
Rannchuidiú Geilleagrach Níos Leithne	38



Rannchuidiú Sóisialta agus Geilleagrach

I gcomhthéacs a sainorduithe uileghabhálaigh tráchtála, féachann GNBS lena punann in Éirinn a bhainistiú ar bhealach a chomhlánaíonn na cuspóirí atá ag comhlachtaí poiblí eile, lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus údaráis áitiúla. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe sa réimse tithíochta sóisialta agus i réiteach na n-eastát tithíochta nach raibh críochnaithe.

RÉITEACH EASTÁT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Le 8 mbliana anuas, tá GNBS tar éis maoiniúchán a airleacan le haghaidh oibreacha réitigh ar eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe ina bhfuil leas aige mar iasachtóir urraithe. In 2010, bhí risíocht ag NAMA ar **335 eastát tithíochta neamhchríochnaithe**. Faoi dheireadh 2018 bhí an figiúr sin laghdaithe síos go dtí trí cinn agus faoi dheireadh mhí an Mhárta 2019, bhí laghdú sa bhreis air sin tagtha ar an risíocht atá ag GNBS, ionas nach bhfuil ann ach **dhá eastát tithíochta neamhchríochnaithe**.

Táthar tar éis aontas a dhéanamh maidir le straitéisí réitigh agus tá a leithéid d'aontais socraithe don dhá eastát tithíochta atá fós ann. Sa dul chun cinn seo, léirítear an tionchar atá ag an maoiniú d'fheichiúnaithe agus do ghlacadóirí a ligeann dóibh tabhairt faoi oibreacha deisiúcháin agus críochnaithe ar fhorbraíochtaí neamhchríochnaithe lena n-áirítear eastáit iomlána i roinnt cásanna. I gcásanna áirithe, táthar tar éis eastáit tithíochta neamhchríochnaithe a chur ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta tar éis dóibh a bheith feabhsaithe ag GNBS.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Ó bhí 2012, táthar tar éis 2,544 ionad réadmhaoine a sheachadadh le haghaidh tithíocht shóisialta in Éirinn, le cúnamh ó GNBS, agus bailte curtha ar fáil le haghaidh 8,000 duine ar a laghad.

Modh suntasach soláthair atá ann is ea an fheithicil shainchuspóireach atá ag GNBS, NARPS, lena bhfuil breis is 1,370 aonad réadmhaoine cónaithe soláthraithe go dtí seo. Áirítear leis na modhanna eile de sholáthar tithíochta sóisialta díolacháin agus léasanna díreacha a dhéanann féichiúnaithe agus glacadóirí le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHB), agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta.

Aonaid Réadmhaoine atá Oiriúnach a Aithint

Tá GNBS tar éis obair go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RTPPRÁ) agus leis an nGníomhaireacht do Thithe ag féachaint leis an stoc cónaithe atá i seilbh a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí a mheaitseáil le riachtanais nan-údarás áitiúil i leith tithíocht shóisialta. Maidir leis seo, tá 7,050 aonad réadmhaoine cónaithe aitheanta ag GNBS óna phunann urraithe mar réadmhaoin oiriúnach féideartha do thithíocht shóisialta.

Luíonn an fhreagracht maidir le hoiriúnacht réadmhaoine chun críocha tithíocht shóisialta a chinneadh le húdaráis áitiúla agus leis an nGníomhaireacht do Thithe. Rud tábhachtach nach mór smaoineamh air is ea an gá atá le meascán iomchuí tionachtaí tithíochta a sholáthar agus deighilt tithíochta míchuí laistigh d'fhorbairtí aonair agus limistéir chónaithe níos leithne a sheachaint. Go dtí seo, táthar tar éis éileamh a dheimhniú maidir le 2,729 aonad.

Ag Éascú le hAonaid a bheith Críochnaithe agus Soláthraithe

I gcásanna ina bhfuil na haonaid réadmhaoine atá sainnithnithe neamhchríochnaithe agus oibreacha feabhsúcháin de dhíth orthu, tiomnaíonn GNBS maoiniúchán a chur leo, ag brath ar an inmharthanacht ó thaobh tráchtála de. Ansin éascaíonn GNBS seachadadh aonad trí dhíol díreach chuig údaráis áitiúla nó le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ag a féichiúnaí nó a glacadóir, nó trí cheannach agus léas ar ais trí NARPS. Is ag luach margaidh a ríomhtar ar bhonn neamhspleách a dhéantar na díolacháin uile a idirbheart.

Go dtí seo, is ionann caiteachas GNBS ar thithíocht shóisialta (trí íocaíochtaí tarraingthe agus geallta) agus timpeall ar €350m. Áiríonn sé seo na costais a thabhaigh NARPS agus aonaid chónaithe a gceannach agus caiteachas caipitiúil arna thabhu ag GNBS ar aonaid tithíochta agus eastáit a chríochnú.

Gníomhaíocht in 2018

Bhí an béim curtha ar an chuid is mó de na tionscadail chonraithe a raibh gá leasúchán a chur leo agus oibreacha críochnaithe a bheith tugtha chun críche le linn 2018. Críochnaíodh 110 áitreabh le linn na bliana agus aistríodh ar aghaidh iad chuig comhlachtaí tithíochta ceadaithe, réidh le haghaidh áitíochta láithreach. Leo siúd, cuimsítear 66 aonad ar tháinig NARPS i seilbh orthu, agus na cuid eile díoladh iad go díreach le hAHBanna, le húdaráis áitiúla nó leis an nGníomhaireacht Tithíochta.

Táthar i mbun clár tithíochta sóisialta GNBS a thabhairt chun críche anois agus táthar ag leanúint ar aghaidh le GNBS a bheith curtha ar aghaidh chun deiridh. Tá roinnt tionscadal ann dá bhfuiltear fós i mbun idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith agus leanfar ar aghaidh le níos mó aonad a sholáthar, bíodh gur ar leibhéal níos ísle ná mar a rinneadh roimhe seo.

Láithreáin a sholáthar

Chomh maith leis na haonaid atá curtha ar fáil, tá láithreáin chónaitheacha a bhfuil cead pleanála faighte dóibh le haghaidh 159 aonad san iomlán díolta le linn na bliana. Is le AHBanna agus le húdaráis áitiúla araon a bhfuil díolachán déanta.

Déantar conarthaí a mhalartú agus aontaíodh téarmaí le húdaráis áitiúla agus/nó le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun roinnt suímh cónaithe breise a dhíol agus cead pleanála a fhaíl le haghaidh timpeall ar 250 aonad réadmhaoine.


NARPS

Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (NARPS) Bunaíodh (NARPS) in Iúil 2012 chun deifir a chur leis an soláthar tithíochta sóisialta ag am a raibh a oiread sin bacainn i mbealach an tseachadta gasta éifeachtúil san earnáil, agus ina measc sin easpa den chistiú caipitil.

Tá comhpháirtíochtaí láidre le roinnt CTCanna agus forbartha ag NARPS agus tá forbairtí áirithe seachadta de réir na tionóntachta seo, agus tá dámhachtainí bainte amach sna réimsí feabhais agus comhoibrithe ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus an Institiúid Chairte um Thithíocht.

Conas a oibríonn samhail NARPS

Sula gceannaíonn NARPS na haonaid, aimsíonn GNBS na hoibreacha athchóirithe agus críochnaithe atá de dhíth



Le linn an phróisis seachadta, téann an NARPS i mbun teagmháil ghníomhach leis na geallsealbhóirí seo a leanas:

- Téann an **Gníomhaireacht Tithíochta** i mbun comhairle leis na húdaráis áitiúla maidir leis an riachtanais tithíochta atá acu chun deimhniú go bhfuil éileamh sa cheantar atá faoi chaibidil. Chomh maith leis sin ainmníonn an Gníomhaireacht Tithíochta CTCanna, nuair is cuí, trí phróiseas léirithe spéise.
- Deimhníonn **An tÚdarás Áitiúil** an éileamh atá ann ar aonaid tithíochta sóisialta ag féachaint do phobail inbhuanaithe agus meascán oiriúnach de thionachtaí tithíochta. Déanann sé meastóireacht ar an sás seachadta

oiriúnach (i.e. léas díreach nó CTC do léas) agus téann sé i mbun comhairle leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le léasaí molta. Chomh maith leis sin cuireann sé na doiciméid mhaoiniúcháin léasa i bhfeidhm.

- Déanann an **Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CTC)** na tionóntaí a ainmniú agus déanann sé bainisteoireacht ar na haonaid réadmhaoine le linn théarma an léasa, agus cíós á íoc aige uair sa ráithe le NARPS. Roimh do na haonaid a bheith seachadta, téann an CTC i mbun comhairle ghníomhach le NARPS chun deimhniú go bhfreastalaítear ar riachtanais na dtionóntaí agus go bhfuil gach aon aonad réadmhaoine críochnaithe go hard chaighdeán.

Samplaí de cheannacháin NARPS atá déanta le déanaí

Downview | Baile an Easpaig, Co Chorcaí

29 árasán atá ligthe ar léas le Co-Operative Housing Ireland (Dúnadh an chéim dheireanach de 6 aonad in 2018)



Aylmer Heath | An Caisleán Nua, Co. Bhaile Átha Cliath

5 theach ligthe ar léas le Túath Housing



Ascaill Creston | Fionnghlas, Baile Átha Cliath II

18 theach ligthe ar léas le Respond




The Boroughs | Dúglas, Co. Chorcaí

65 teach agus árasán ligthe ar léas le Túath Housing (dúnadh na 17 aonad dheireanacha in 2018)

Soláthar Tithíochta Sóisialta

2,544

Táthar tar éis 2,544 ionad réadmhaoinne a sheachadadh le haghaidh tithíocht shóisialta a sheachadadh le cúnamh ó GNBS



RANNHUIDIÚ GEILLEAGRACH NÍOS LEITHNE

Is cuid thábhachtach d'obair an GNBS ná idirbhearta a bhfuil tairbhí leathana sóisialta agus eacnamaíochta acu a éascú i margadh maoinne na hÉireann. Áirítear leis seo, an chéad rogha ar a thabhairt do chomhlachtaí poiblí chun aonaid réadmhaoinne a cheannach le haghaidh úsáide poiblí (ar luach díola iomlán) agus, chomh maith leis sin, a bheith ag obair go dlúth i gcomhar leis an IDA chun an infheistíocht dhíreach sheachtrach in Éirinn a mhealladh agus a neartú.

Idirbhearta Sibhialta a Éascú



Rinneadh na hidirbhearta seo a leanas a rinneadh le húdaráis áitiúla a éascú le GNBS le linn 2018:

- Díolachán de láithreán (0.5 acra) in aice le Sráid an Uisce Mhóir sa Longfort Comhairle Contae an Longfoirt tugtha chun críche.
- Rinneadh díolachán de láithreán 3.5 acra i gCill, Co. Chill Dara ag a bhfuil láncead pleanála le haghaidh 25 aonad réadmhaoinne cónaithe a thabhairt chun críche.

Soláthar Scoileanna a Éascú



Táthar ag plé go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le láithreáin scoile fhéideartha i gceantair ard-éilimh. Shainaithiníonn GNBS láithreáin feiliúnacha agus éascaíonn sé idirbheartaíocht idir a féichiúnaithe/ glacadóirí agus an Roinn. Tugadh díolachán na gceithre láithreán scoile seo a leanas chun críche in 2018:

- Láithreán i mBaile na Móna, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath (14 acra) le haghaidh meánscoil nua.
- Láithreán i gCoill Maryborough, Dúglas, Co. Chorcaí (22 acra) le haghaidh meánscoil nua.
- Láithreáin in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 (8.6 acra) le haghaidh bunscoil nua.
- Láithreáin in mBaile Pheileid, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15 (1.57 acra) le haghaidh bunscoil nua.

Idirbhearta Tráchtála a Éascú



Tá GNBS ag leanúint ar aghaidh ag éascú an infheistíocht dhíreach eachtrach, go príomhúil trí spás oifige Ghrád A a chur ar fáil i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. I measc na hidirbhearta atá déanta le déanta le gnólachtaí ilnáisiúntacha áirítear:

- Réamhdhíol spáis oifige i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath le **Google** le haghaidh a cheanncheathrú Éireannach.
- Díolachán le **JP Morgan** agus ligean amach ar cíós le **Indeed** de spás oifige nua ag Duga an Chaipitil.
- Díolachán le **hIntel** de 36 acra de thalamh i Léim an Bhradáin atá taobh le monarcha na gnólachta atá ann roimhe seo.

AN RANNPHÁIRTEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Braitheann a lán eagraíochtaí idirnáisiúnta agus stáit cheannasacha eile gur dearfach atá an dul chun cinn atá déanta ag GNBS. Is minic a dhéanann GNBS ionadaíthe thar ceann cuideachtaí eachracha um bhainistíocht sócmhainní faoi úinéireacht stáit (AMCanna) a óstáil chun iad a chur ar an eolas faoi conas a bunaíodh GNBS agus faoi conas a riartar é, agus chun eolas a mhalartú.

I mí Mheán Fómhair 2018, d'óstáil GNBS toscairí ó Chorporáid Bainistíocht Sócmhainní na Cóiré (KAMCO). Bunaíodh KAMCO in 1962 agus cuireann sé roinnt mhaith feidhmeanna i gcrích thar ceann na Cóiré Theas, lena n-áirítear ceannachán agus réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha agus an t-athstruchtúrú corparáideach chomh maith leis an bainistiú agus an fhorbraíocht réadmhaoinne.

Le linn na cuairte, shínigh Cathaoirleach GNBS, Frank Daly, agus Leas-Uachtarán Feidhmeannach KAMCO, Kyung-Yul Lee, meabhrán tuisceana neamhcheangailteach a bhfuil sé d'aidhm aige an comhoibriú, an t-aistriú eolais agus saíneolais a bhaineann le bainistiú sócmhainní anásta agus le forbairt agus bainistiú réadmhaoinne a chur chun cinn.



Athbhreithniú Airgeadais

Réamhrá

Gríomhaíocht
Dighiarála

Soláthar Réadmhaoine
Cónaithe

SDZ Dhughaille
Bhaile Átha Cliath

Rannchuidiú Sóisialta
agus Gelleagrach

Athbhreithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBs

Rialachas

Ráitis Airgeadais



Athbhreithniú Airgeadais

	2018 €m	2017 €m	Ón mBunú go deireadh 2018 €m
Buaicphointí Airgeadais 2018			
Giniúint Airgid Tirim			
Iomlán an airgid tirim a gineadh	3,271	2,560	43,970
Fáltais dhiúscartha	3,137	2,431	37,763
Ioncam neamhdhiúscartha	134*	129	6,207
Bannaí Sinsearacha & Fofhiacha			
Bannaí sinsearacha fuascailte	-	2,590	30,190
Urrúis fófhiacha athshealbhaíthe	529	-	529
Brabúsacht			
Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe a thomhaistear ar FVTPL **	605	n\	a
Brabús don bhliain roimh cháin	904	544	
Muirear cánach	(109)	(63)	
Brabús don bhliain tar éis cánach	795	481	
Staid Airgeadais ag deireadh bliana			
Airgead agus coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha	3,186	1,254	
Luach iasachtaí féichiúnaí tugtha anonn	1,925	3,194	

* Áirítear ioncam neamhdhiúscartha ó iasachtaí de €120m agus dáileacháin ó infheistíochtaí cothromais de €14m.

** Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais.

FIACHAS FUASCAILTE

Mar chuid den chéad cheannachán d'iasacháí ó na hinstiitúidí rannpháirteacha, d'eisigh GNBS €30.2 billiún d'fhiacha sinsearach ráthaithe ag an rialtas agus €1.6 billiún d'fhofhiachas síoraí ar ráta comhlúthach. Léiríonn na bannaí sinsearacha dliteanas teagmhasach do Stát na hÉireann mar go bhfuil siad á ráthú ag an Rialtas roimh dóibh a bheith slánaithe ina n-iomláine in 2017. Is é an chéad dáta glao don fhofhiachas an 1 Márta 2020. Mar chuid den cheacht seo den bhainistíocht um dhliteanas, d'athcheannaigh GNBS fobhannaí lena mbaineann luach ainmniúil de €529m ar chomaoin iomlán de €571m in 2018.

GNÉITHE RÍTHÁBHACHTACHA I NDÁIL LE FEIDHMÍOCHT GNBS DON BHLIAIN 2018

Ráiteas ioncaim – Grúpa GNBS	2018 €m	2017 €m
Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe a thomhaistear ar FVTPL	605	-
Ioncam ón ús agus ó tháillí, agus ioncam eile	76	272
Glanbhrabús ar dhiúscairt agus ar athmaoiniú iasachtaí	179	64
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoinne	134	2
Ioncam Farasbairr	-	270
Costais Eile (Costais Úis, Mhalartaigh Eachtraigh & Ionstraimí airgeadais díorthaigh)	(15)	(10)
Costais riaracháin	(75)	(67)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	904	531
Creidmheas bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	-	13
Brabús don bhliain roimh cháin	904	544
Muirear cánach	(109)	(63)
Brabús don bhliain	795	481

ATHRUITHE CUNTASAÍOCHTA PRÍOMHTHÁBHACHTA

Ar aon dul leis na riachtanas tuairiscithe airgeadais atá aige, rinne GNBS IFRS 9 a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2018. D'fhág sé sin go raibh athrú sa mhodh cuntasaíochta le haghaidh fhormhór de na hiasachtaí féichiúnaí ón gcostas amúchta go dtí cur chuige tomhais chóirluacha. De réir IFRS 9, tá gluaisreachtaí ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí anois ina ngné phríomhúil sa Ráiteas Ioncaim agus ní bhíonn aon ábharthacht ag an ioncam farasbairr ná ag an lagú go deo. Mar chuid den chéad forfheidhmiú d'IFRS 9, tá GNBS tar éis a thuairisciú coigeartú aistrithe gur méadú dearfach é sa bhrabús coinnithe de €169m roimh an gcáin amhail an 1 Eanáir 2018.

GLANGHNÓTHACHAIN AR LUACH CÓIR AR IASACHTAÍ FEÍCHIÚNAITHE A THOMHAISTEAR AR FVTPL

	2018 €m	2017 €m
Glanghnóthachain ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaithe a thomhaistear ar FVTPL	605	n/a

Tá an luach cóir ina phríomhghné bhreithe i ráitis airgeadais GNBS agus is mar chuid de na hathbheithnithe Luacha Cóir a dhéantar an phróiseas breithe. Úsáidtear modheolaíocht luacha láithrigh sna hathbheithnithe seo chun luach cóir na n-iasachtaí féichiúnaí a mheas. Tá neartú luacha ar luach cóir de €605m tuairiscithe ag GNBS (2017: N/B). Léirítear leis an toradh dearfach seo roinnt mhaith ábhar dála an dul chun cinn i dtreo amlínte saothrú airgid agus an méadú d'urrús comhthaobhach lena ráthaítear iasachtaí féichiúnaí; tá an t-ábhar sin de thoradh, ar bhealach ar aon nós, gníomhaíochtaí GNBS a chuireann leis an luach a tháinig chun sochar chomh maith le gluaisreachtaí láidre sa bhunmhargadh.

Bhí na hathbheithnithe um an Luach Cóir bunaithe ar mheasúnú aonair mionsonraithe ar na sreafaí airgid don todhchaí maidir le gach nasc féichiúnaí le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara. Léiríonn na measúnuithe seo na hionchais sa todhchaí is fearr atá ag GNBS ar gach nasc féichiúnaí. Áirítear leo sreafaí airgid measta a eascraíonn as diúscairt comhthaobhachta réadmhaoinne, díolacháin iasachtaí agus ioncam neamhdhiúscairthe (fearacht ioncaim ó chíos).

GLANBHRABÚS ARNA GINEADH Ó DHHIÚSCAIRT AGUS ATHMAOINIÚ IASACHTAÍ AGUS SÓCMHAINNÍ READMHAOINE

	2018 €m	2017 €m
Glanbhrabús ar dhiúscairt agus ar athmaoiniú iasachtaí	179	64
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoinne	134	2
Brabús iomlán	313	66

Déantar brabús nó cailteanas ar dhiúscairt agus athmaoiniú a thomhas mar an difríocht idir an chomaoin a faightear (tar éis costas díolachán) agus luach tugtha anonn iasachtaí ábhartha de chuid GNBS. Le linn na tréimhse seo, dhíol GNBS sócmhainní réadmhaoin trádála áirithe. Déantar na brabúis seo a thomhas mar an difríocht atá ann idir na sochair ó dhíolacháin agus luach anonn na réadmhaoin. Arís, tá cur i gcrích ghníomhaíochtaí luacha bhreise le brath sa toradh deimhneach seo.

Is ionann **an t-ioncam ón ús agus ó tháillí, agus ioncam eile** agus €76m. Is éard a gcuimsítear leis sin ná ioncam úis de €9m, ioncam táillí de €27m agus ioncam eile de €40m.

B'ionann na **speansais riaracháin** a bhí ann in 2018 agus €75m (2017: €67m). Is ionann oiread na gcostas agus 2.3% d'airgead tirim faighte don bhliain 2018.

AN GHINIÚINT AIRGID TIRIM A DHÉANANN GNBS Ó IASACHTAÍ FÉICHIÚNAÍ

	2018 €m	2017 €m	Ón tráth tionscanta go deireadh 2018 €m
Diúscairtí comhthaobhachta bunúsaí	2,800	1,777	33,076
Diúscairtí iasachtaí	471	783	10,894
Fáltais Iomlán	3,271	2,560	43,970

B'ionann na fáltais diúscairtí agus neamhdhiúscairtí in 2018 agus €3.3 billiún (2017: €2.6 billiún), lenar áiríodh diúscairtí comhthaobhachta réadmhaoin de €2.8 billiún (2017: €1.8 billiún) agus idirbhearta díolachán iasachtaí de €0.5 billiún (2017: €0.8 billiún). Táthar ag súil le laghdú ar luach fháltais diúscairtí in 2019 de réir an laghdaithe ar chlár comhardaithe GNBS agus aibiú phróiseas díghiarála GNBS.

PUNANN IASACHTAÍ


Tháinig GNBS i seilbh ar iasachtaí ó na hinstitiúidí rannpháirteacha ar comaoin €31.8 billiún. Is é an luach fála seo an méid a d'aithin GNBS ar dtús ar a ráiteas ar staid an airgeadais amhail luach tugtha anonn na n-iasachtaí sin. Tá sé fós riachtanach ó thaobh an dlí d'fhéichiúnaithe parluach na hiasachta a íoc de réir na gcomhaontuithe iasachta bunaidh leis na hinstitiúidí rannpháirteacha. B'ionann luach tugtha anonn na n-iasachtaí de chuid GNBS ag deireadh 2018 agus €1.9 billiún (2017: €3.2 billiún).

Tugtar achoimre thíos ar na gluaiseachtaí in iasachtaí agus in infháltais le linn na bliana:


Gluaiseacht i luach tugtha anonn iasachtaí féichiúnaí 2018	€m
Luach anonn iasachtaí agus infháltas faoin IAS 39 roimh bhearnaithe	4,600
Foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais de réir IAS 39	(1,406)
Coigeartú idirtréimhse tar éis don IFRS 9 a bheith curtha i bhfeidhm den chéad uair	169
Iarmhéid leasuithe na n-iasachtaí féichiúnaithe amhail an 1 Eanáir 2018 nuair a cuireadh IFRS 9 i bhfeidhm	3,363
Fáltais ar iasachtaí féichiúnaithe	(2,764)
Réamhíocaíochtaí d'iasachtaithe	500
Gluaiseachtaí eile ar iasachtaí féichiúnaithe	41
Brabús ar dhiúscairt agus athmhaoiniú iasachtaí féichiúnaí	180
Gnóthachain ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaithe	605
Iasachtaí féichiúnaithe amhail an 31 Nollaig 2018	1,925

Tá chomhchruinniú phunann iasachtaí faighte GNBS atá fágtha, de réir earnála agus tíreolaíochta, bunaithe ar an urrús bunúsach léirithe thíos:

Punann atá ag Seasamh Amach 31 Nollaig 2018



Punann fágtha de réir suímh amhail 31 Nollaig 2018



TAGARMHARC AN RÁTA FÁLTAIS

In 2014, d'fhorhmeas an Bord tagarmharc sprice de 20% maidir le toradh aonáin ar infheistíocht (EROI). Ba é an toradh réamh-mheasta ag deireadh 2018 agus 37%.

Ríomhtar tagarmharc an Toraidh Aonáin ar Infheistíocht (EROI) bunaithe ar chomparáid idir staid bharrachais deiridh GNBS a réamh-mheastar, agus infheistíocht tosaigh GNBS, arna coigeartú ionas nach n-áireofaí an €5.6 billiún de Chabhair Stáit arbh éigean do GNBS a íoc leis na hinstiúidí rannpháirteacha mar chuid de phraghas fála na hiasachta.

Is é an ráta fáltais a bhí beartaithe don phunann iasachtaí inseilbhith ag GNBS ag an tráth a bunaíodh an eagraíocht ná 5%. Tar éis dó éirí leis maidir leis an clár bainistithe sócmhainne agus díghiarála agus toimhde déanta go mbeidh maoiniú todhchaíoch ann le haghaidh an tsoláthair chónaithe, is ionann an ráta toraidh inmheánach atá formheasta don phunann, cé is moite de chostais, suas go dtí dheireadh shaolré GNBS agus timpeall ar 12.8%.


Eagraíocht an GNBS

Foireann diongbháilte ag a bhfuil raon de scileanna agus de thaithí éagsúil

Struchtúr Eagrúcháin

ACMHAINNÍ FOIRNE

B'ionann líon na gcomhaltaí foirne de chuid GBCN a bhí sannta do GNBS ag deireadh 2018 agus 238. Áirítear leis sin 18 fostaí a d'imigh le linn an chéad leath de 2019 mar chuid de Chlár Iomarcaíochta Deonaí 2018. Amhail deireadh 2018, ba é an briseadh síos de réir inscne ná 53% fireann agus 47% baineann.



Trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), d'earcaigh GNBS comhaltaí foirne a bhfuil éagsúlacht scileanna agus taithí acu ó dhisciplíní na baincfeireachta, an airgeadais, an dlí, na réadmhaoine (suirbhéirí cainníochta, innealtóirí), na dócmhainneachta agus na pleanála, i measc disciplíní eile. Tá cúig rannán in GNBS.

BAINISTÍOCHT AGUS ATHGHABHÁIL SÓCMHAINNÍ

Cuireadh an Rannán um Bainistiú Sócmhainní agus Aisghabháil Sócmhainní i mbun in 2018 nuair a rinneadh an Rannán um Aisghabháil Sócmhainní agus an Rannán um Bainistiú Sócmhainní a chumasc.

Tá an rannán freagrach as an méid a aisghabháiltear as iasachtaí ráthaithe leis an réadmhaoin a uasmhéadú, trí dhlúthbhainistíocht agus trí dhíghiaráil cheimiúil. Bíonn sé ag obair in éineacht le féichiúnaithe, le glacadóirí agus le páirtithe comhfhiointair ionas go ndéanfar sócmhainní ráthaithe a shainaithint, a fhorbairt agus a bhainistiú nuair is féidir cur leis an luach agus an sreabhadh airgid tothchaíoch a fheabhsú, agus dá bhrí sin go dtabharfar tacaíocht chun cuspóirí leathana GNBS a bheith bainte amach. Éilíonn sé sin go ndéantar dlúthbhainisteoireacht laethúil, agus cur chuige nuálaíoch réiteach-bhunaithe lena bhfeidhmítear raon éagsúil de mhodhanna réitigh.

Tá an rannán freagrach as maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar na talún forbartha suntasaí atá i seilbh GNBS agus cleachtóirí dócmhainneachta, lena n-áirítear, an t-achar fairsing i gcrios forbartha straitéisí SDZ Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath SDZ Poll Beag Thiar (an suíomh "IGB") chomh maith le tionscadail forbartha straitéisí eile. Mar chuid de seo, déanann an rannán bainistíocht ar an scairshealbhú mionlach atá ag GNBS i meáin infheistíochta áirithe i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath.

Anuas air sin, is faoin rannán um Bainistiú Sócmhainní agus Aisghabháil Sócmhainní atá an soláthar tithíochta ó aonaid réadmhaoine urraithe le GNBS agus bainisteoireacht NARPS.

AN SOLÁTHAR CÓNAITHEACH

I mí Dheireadh Fómhair 2015, d'fhógair GNBS go mbeadh sé ag déanamh iarracht an soláthar de suas go dtí 20,000 aonad cónaithe nua ar láithreáin urraithe le GNBS a éascú, ag brath ar an inmharthanacht ó thaobh tráchtála de. Cuireadh an rannán um Sholáthar Cónaitheach i mbun chun an clár um sholáthar cónaitheach a bhainistiú, a raibh aige mar chuspóir dheiridh, go n-uasméadófar an toradh airgeadais ó shuíomh chónaitheacha urraithe leis an GNBS.

Tá an rannán um Sholáthar Cónaitheach freagrach as dlúthbhainisteoireacht a dhéanamh ar láithreáin chónaithe lena n-urraítear iasachtaí GNBS chun an soláthar d'aonaid chónaithe nua a réadú agus chun an slánú fiachas a uasmhéadú, mar phríomhdhualgas.

Feidhmíonn an rannán go dlúth i gcomhar le féichiúnaithe agus le glacadóirí, i mbreis is 70 nascadh féichiúnaí, maidir le gach aon ghné den phróiseas soláthair chónaithe, ó na céimeanna pleanála suas go dtí go ndéantar measúnú ar in inmharthanacht ó thaobh

tráchtála de thionscadail fhorbraíochta cónaithe chomh maith le maoiniúchán na tógála d'aonaid tithíochta agus árasán.

AN STRAITÉIS AGUS AN CHUMARSÁID

Tá an rannán Straitéise agus Cumarsáide freagrach as monatóireacht agus measúnacht leanúnach a dhéanamh ar straitéis GNBS ionas go ndeimhnítear go leanfar leo a bheith oiriúnach chun críche an toradh airgeadais is fearr a bhaint amach do GNBS agus do na cáiniocóirí araon.

Tá an fhreagracht fhoriomlán ar an rannán as an ngníomhaireacht chumarsáide agus as an gcaidreamh gníomhach um ghnóthaí poiblí. Mar chuid de sin, tá sé i gceist an caidreamh gníomhach a dhéanann GNBS leis na meáin agus caidreamh gníomhach le comhaltaí de chuid an Oireachtais chomh maith le coistí de chuid an Oireachtais. Chomh maith leis sin, déanann an rannán bainistíocht ar an rannpháirtíocht ghníomhach níos leithne a dhéanann GNBS, lena n-áirítear foilseacháin GNBS a ullmhú chomh maith le freagraí GNBS do raon fairsing d'fhiosruithe ó dhaoine den phobal a chomhordanáidiú.

DLÍ

Cuireann an rannán Dlí comhalta neamhspleách ar fáil don Bhord, don POF agus do rannáin ghnó eile de chuid GNBS ar raon fairsing de cheisteanna dlíthiúla a mbíonn tionchar acu ar an nGríomhaireacht agus a chuid oibriúcháin. Tá an-saibheas de shaintaithí le fáil sa rannán de bhrí an bhuíon lárnach de ghairmithe dlí agus de fhoireann tacaíochta atá acu, lena gcuimsítear an iliomad réimsí dlí, agus ina measc siúd an dlí réadmhaoine tráchtála, an dlí baincfeireachta, an dlí um an dócmhainneacht, an dlíthíocht.

Tacaíonn an rannán Dlí le GNBS chun a n-oibleagáidí rialála agus comhlíonta a bhaint amach, lena n-áirítear freagracht as soláthar in GNBS agus cinnteacht go bhfuiltear ag baint amach an luach is fearr ar airgead nuair a roghnaítear soláthraithe seirbhíse. In 2018, síneadh amach an rannán Dlí go gcuimseofar leis foireann a bhíonn ag plé leis an Saoráil Faisnéise (SF) agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

AN POF

Tá freagracht dhíreach ag rannán an POF as bainisteoireacht a dhéanamh ar na riachtanais airgeadais agus oibriúcháin atá ar an eagraíocht. Tugann an rannán seo ceannaireacht airgeadais agus feidhmíonn sé mar sainpháirtí gnó don eagraíocht iomlán.

Anuas air sin, cuimsítear le rannán an POB raon fairsing d'fheidhmeanna gnó a bhfuil dualgas oibriúcháin agus straitéiseacha ag baint leo. Áirítear leis na réimsí de dhualgas seo an t-airgeadais, an t-iniúchadh & an riosca, córais, oibriúcháin, an cáin agus feidhmeanna um an athrú corparáideach.

Rialachas

Comhaltaí an Bhoird



An tUasal Frank Daly
An Cathaoirleach



FAD SEIRBHÍSE

Ceaptha an 22 Nollaig 2009 ar théarma cúig bliana agus athcheaptha an 22 Nollaig 2014 ar théarma cúig bliana eile.



An tUasal Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannach



Cuireadh tús le ról Conor O'Kelly mar chomhalta de chuid an Bhoird de bhrí oifige an 22 Nollaig 2009 tar éis dá cheapacháin mar Phríomhfheidhmeannach GNBS.



An tUasal Oliver Ellingham



Ceaptha an 10 Aibreán 2013 ar théarma cúig bliana athcheaptha le haghaidh téarma cúig bliana an 10 Aibreán 2018.



Mari Hurley Uasal



Ceaptha an 8 Aibreán 2014 ar théarma cúig bliana athcheaptha le haghaidh téarma cúig bliana an 8 Aibreán 2019.

BEATHAISNÉIS

Ceapadh Frank Daly mar Chathaoirleach ar Bhord GNBS an 22 Nollaig 2009 nuair a cuireadh an Ghníomhaireacht i mbun. Roimhe sin, bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Leasa an Phobail sa Bhanc Angla-Éireannachó mí na Nollag 2008 ar aghaidh. D'éirigh sé as an bpost sin nuair a ceapadh é ina Chathaoirleach ar GNBS. Scoir Frank Daly as a phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2008, tar éis dó feidhmiú mar Chathaoirleach ón mbliain 2002 agus mar Choimisinéir ón mbliain 1996. Chuaigh sé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim in 1963. I mí an Mhárta 2008, ceapadh Frank Daly ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Chánachas, a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar éifeachtúlacht chóras cánachais na hÉireann.

Tá Céim Baitsiléara Tráchtála ag an Uas. Daly agus diplóma i Stair na hEalaíne Eorpaí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, chomh maith le diplóma i nDlí an Phobail Eorpaigh ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. In 2010, bronnadh céim oinigh Dhochtúir Dlíthe ar an Uas. Daly in Ollscoil Luimnigh.

Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca in GBCN idir 2002 agus 2009 agus ba Rialtóir Airgeadais GBCN é idir 1998 agus 2002.

Sa bhliain 1994 chuaigh Brendan McDonagh isteach i GBCN ó Bhord Soláthair an Leictreachais, an fiontas cumhachta is mó in Éirinn, áit a mbíodh sé ag plé le réimsí éagsúla, amhail cuntasáíocht, iniúchadh inmheánach agus cistíocht.

Is cuntasóir cairte é Oliver Ellingham. Bhí sé ina iar-Cheannasaí um Airgeadas Corparáideach (an Eoraip) le BNP Paribas agus ina fheidhmeannach sinsearach le BNP Paribas UK. I láthair na huaire, tá sé i seilbh stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin i roinnt cuideachtaí agus is cathaoirleach agus úinéir Ellingham Limited é. Bhíodh ról bhainistíochta sinsearaí aige freisin le Charterhouse Bank (atá mar chuid de HSBC Group anois) agus le Robert Fleming (JP Morgan anois) agus bhí sé ina chomhalta de Bhord CÉRB idir mí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí Feabhra 2013.

Is í Mari Hurley an Príomhoifigeach Airgeadais in Premier Lotteries Ireland agus roimhe seo bhí sí ina Príomhoifigeach Airgeadais in Hostelworld Group plc. agus ina Stiúrthóir Airgeadais chomh maith ar an Sherry FitzGerald Group. Tá tréimhse caite ag Mari Hurley inar oibrigh sí le Bear Stearns Bank plc. chomh maith. Tá sí ina Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn tar éis di oiliúint agus cáiliúcht a fháil le Arthur Andersen. Bhain Mari Hurley Céim Bhaitsiléara Tráchtála amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Is Stiúrthóir í ar Ervia.

NA COISTÍ INA BHFUIL SÉ INA BHALL

- Comhalta de chuid an Choiste um Luach Saothair
- Comhalta de chuid an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta de chuid an Choiste Creidmheasa
- Comhalta de chuid an Choiste Comhairleach Pleanála
- Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca
- Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta
- Comhalta de chuid an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste um Luach Saothair
- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Comhalta de chuid an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin



Eileen Maher Uasal



Ceaptha an 3 Iúil 2018 ar théarma cúig bliana.

An tUasal
Brian McEnery

Ceaptha den chéad uair an 22 Nollaig 2009 ar théarma ceithre bliana agus athcheaptha an 22 Nollaig 2013 ar théarma cúig bliana.

Tháinig a théarma oifige le deireadh an 22 Nollaig 2018.

An tUasal
Conor O'Kelly

Cuireadh tús le ról Conor O'Kelly mar chomhalta Boird de bhí oifige an 5 Eanáir 2015 tar éis a cheapacháin mar Phríomhfheidhmeannach GBCN.

An tUasal
Willie Soffe

Ceaptha den chéad uair an 22 Nollaig 2009 ar théarma ceithre bliana agus athcheaptha an 22 Nollaig 2013 ar théarma cúig bliana.

Tháinig a théarma oifige le deireadh an 22 Nollaig 2018.

Tá 30 bliain de thaithí ag Eileen Maher ar a bheith ag obair i dtionscal na teileachumarsáide agus tá saintaithí aici sa tráchtáil, sa trasfhoirmiú, sa rialáil agus sa dlí. Is comhairleoir straitéiseach í a bhfuil a lán taithí aici ar thionscnaimh straitéiseacha lárnacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus a lán taithí ar a idirbheartaíocht le haghaidh comhfhiontair thráchtála, páirtíochtaí tráchtála agus fáltas tráchtála. Is comhalta é bean Maher de chuid Bhord Eirgrid chomh maith, agus de chuid an Choiste Chomhlíonta d'Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí sí ina Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha i Vodafone agus ina comhalta de chuid Bhord Feidhmeannach Vodafone Ireland.

Is saineolaí é Brian McEnery (FCCA) i réimse na dócmhainneachta agus na tarrthála corparáidí agus is Comhpháirtí, Airgeadas Corparáideach agus Ceannasaí Cúram Sláinte é le BDO, ag cleachtadh i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus ina chomhalta comhairle de, mar aon le bheith ina chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hAstráile agus an Nua-Shéalainne. In 2009/2010, bhí sé ina Uachtarán ar ACCA Éireann agus in 2016, toghadh an tUasal McEnery mar Uachtarán Domhanda ACCA don téarma 2016/2017. Tá sé ina chomhalta de chuid Chúirt Eadrána Londain agus ina Chathaoirleach ar Bhord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

D'fhág an tUas. McEnery Bord GNBS agus roinnt mhaith coistí de chuid Bhord GNBS leis i mí na Nollag 2018 tar éis dó an dara téarma oifige aige a shlánú.

Ceapadh Conor O'Kelly ina Phríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) i mí Eanáir 2015. Iar-Chathaoirleach Investec Holdings (Ireland) Ltd. is é. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar NCB Group agus sa bhliain 2003 rinne sé idirbheartaíocht rathúil agus ghlac sé ceannas ar cheannach thar barr amach na bainistíochta den ghnóilacht a fuair Investec PLC ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí loncaim Sheasta bhí 11 bhliain caite aige le Barclays Capital, áit a raibh poist bhainistíochta sinsearaí aige agus d'oibrigh sé i Londain, i dTóiceo agus i Nua-Eabhrac. Bhí an tUasal O'Kelly ina stiúrthóir tráth ar Stocmhálartán na hÉireann agus is iarbhall é de Bhord Fondúireachta Choláiste na Tríonóide. Céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é agus tá céim mháistreachta aige ó Ollscoil Senuh sa tSeapáin.

Tá breis agus 45 bliain caite ag Willie Soffe ag obair sa rialtas áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath. Le linn an ama sin, tá tréimhsí caite aige mar Bhainisteoir Cúnta Cathrach i mBardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anois) agus mar Bhainisteoir Contae i gComhairle Contae Fhine Gall. Ó scoir sé in 2004, thug Willie Soffe faoi roinnt tascanna seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún um Chánachas agus comhalta den ghrúpa stiúrtha um Athbheithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasaichta Cánach.

D'fhág an tUas. Soffe Bord GNBS agus roinnt mhaith coistí de chuid Bhord GNBS leis i mí na Nollag 2018 tar éis dó an dara téarma oifige aige a shlánú.

- Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta de chuid an Choiste Iníúcháireachta

Dualgais a bhí aige roimhe seo:

- Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta
- Comhalta de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta de chuid an Choiste um Luach Saothair

- Comhalta de chuid an Bhoid (de bhí oifige)
- Comhalta de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta de chuid an Choiste um Luach Saothair

Dualgais a bhí aige roimhe seo:

- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta de chuid an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

Comhaltaí an Bhoird Ar Lean



An tUasal Michael Wall



FAD SEIRBHÍSE

Ceaptha an 3 Iúil 2018 ar théarma cúig bliana.



An tUasal Aidan Williams



Ceaptha an 2 Aibreán 2019 le haghaidh théarma cúig bliana.

BEATHAISNÉIS

Abhcóide is ea Micheal Wall a dhéanann speisialtóireachta sa dlí pleanála, sa dlí comhshaoil agus sa dlí tógála. Is iarchomhalta é de choiste an Bhoird Phleanála agus d'oibrigh sé mar ailtire i ngnólacht phríobháideach agus sa bhainistíocht tionscadail chomh maith. Is Ánra é de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Tá Máistreacht sa Riarachán Gnó ag an Uas. Wall ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus céimeanna san ailtireacht, sa phleanáil agus sa dlí, leis. Is Cathaoirleach é ar an Irish Georgian Society, is comhalta boird é ar Amharclann na Mainistreach agus ar Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann aroon agus is stiúrthóir é chomh maith ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá breis is daichead bliain de thaithí ag Aidan Williams ar a bheith ag feidhmiú sna margai caipitil idirnáisiúnta, leis an mbainc éireacht infheistíochta, leis an mbainistíocht ciste agus leis an stocbhróicéireacht. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin is é, agus Cathaoirleach ar Unicredit Bank Ireland plc, agus tá sé tar éis a bheith ceaptha le déanaí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar Macquarie Capital Ireland D.A.C.

Tá dioplóma ag an Uas. Williams sa Treoireacht Chuideachta ón Institute of Directors i Londain, is Ánra Cairte é sa Chartered Institute for Securities & Investment agus roimhe seo ba Stocbhróicéir Cláraithe i Stocmhalartán na hÉireann é. Is comhalta é de chuid Institiúid na Stiúrthóirí na Éirinn é agus de chuid Chomhlachas Stiúrthóirí Cistí na hÉireann leis.

NA COISTÍ INA BHFUIL SÉ INA BHALL

- Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta de chuid an Choiste Creidmheasa
- Comhalta de chuid an Choiste um Luach Sathair
- Comhalta de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta de chuid an Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta de chuid an Choiste Iniúcháireachta

Ina gComhalta Lárnach



An Coiste Iniúcháireachta



An Coiste Creidmheasa



An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin



An Coiste Bainistíochta Riosca




An Coiste Comhairleach Pleanála



An Coiste um Luach Sathair

An Bord agus Coistí an Bhoird



De bhun Alt 19 den Acht um an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (an "tAcht"), bíonn Cathaoirleach agus suas le hochtar comhaltaí ar an mBord. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Cathaoirleach agus an seisear comhaltaí agus is comhaltaí Boird de bhrí oifige iad Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Príomhfheidhmeannach GBCN. Leagtar príomhfheidhmeanna an Bhoird amach in Alt 18 den Acht:

- a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha don GNBS a leagan.
- a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- gach beart réasúnach atá ar fáil dó a ghlacadh chun na spriocanna agus cuspóirí sin a bhaint amach.

Bíonn clár ábhar le formheas ag an mBord agus déileáilann sé leo le cúrsaí creidmheasa laistigh dá leibhéal údaráis tarmligthe.

Amhail Aibreán 2019, ochtar comhaltaí a bhí ar an mBord. Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird agus a gceapachán air leagtha amach ar leathanaigh 46 go 48.

Níl aon chomhalta ceaptha i dteideal fónamh ar feadh breis agus dhá théarma chomhleanúnacha. Cinneann an tAire leibhéal an luacha saothair do chomhaltaí ceaptha agus dá dteidlíocht d'aisíocaíocht as speansais. Ní fhaigheann na comhaltaí de bhrí oifige aon luach saothair breise as a gcomhaltacht ar an mBord.

Le linn 2018, tháinig an Bord le chéile 15 huaire ach tháinig sé choiste an Bhoird le chéile 66 uair. Leagtar amach sonraí láithreach na gcomhaltaí ag cruinnithe an Bhoird agus an choiste ar Leathanach 51.

De réir Alt 32 den Acht, bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúla: An Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Creidmheasa, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Coiste Bainistíochta Riosca. Bhunaigh an Bord trí choiste reachtúla freisin faoi Alt 33: an Coiste Comhairleach Pleanála, an CoisteLuach Saothair agus Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann, ar díscaoileadh an ceann deireanach díobh ina dhiaidh sin ar an 8 Meán Fómhair 2014 tar éis iasachtaí fhéichiúnaithe Thuaisceart Éireann a dhíol.

Tacaíonn an Rúnaí leis an mBord ina fheidhmeanna agus comhardaíonn sé chomh maith feidhmiú na gcoistí éagsúla Boid; tacaíonn Oifigeach GNBS ag a bhfuil an saineolas cuí le gach coiste agus feidhmíonn sé mar rúnaí ar an gcoiste.

SCEIDEAL NA GCÚRSAÍ COINNITHE

Faoi Alt 18 den Acht, tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil. Féadfaidh an Bord feidhmiú a fheidhmeanna a tharmligeann d'oifigeach GNBS. Tá Sceideal Cúrsaí Coinnithe agus Tarmligthe faofa ag an mBord mar chuid de tharmligeann foirmiúil, cuimsitheach fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhoird leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Mí Dheireadh Fómhair 2018 an uair is deireanaí a d'fhaomh an Bord é seo. Is féidir leis an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin roinnt fheidhmeanna a fhotharmligeann le comhalta den Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach faoina rialú agus mhaoirsiú foriomlán. Tá tarmligeann fheidhmeanna faofa ag an mBord chomh maith i mBeartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe agus Beartas Clár Comhardaithe.

BEARTAS ÚDARÁIS THARMLIGTHE AN BHOIRD

Tharmlig an Bord cinntí creidmheasa áirithe leis an gCoiste Creidmheasa agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin Shinsearach trína Bheartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe, atá faoi réir athbhreithniú rialta. Faoi mbeartas sin, tá leibhéil údaráis éagsúla leagtha síos ag an mBord chun tograí a fhaomhadh. Braitheann siad sin ar neamhchosaint airgeadais iomlán an fhéichiúnaí agus ar an bhfuil iarratas déanta ar chistí nua nó nach bhfuil. Faoi mBeartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe, féadfaidh údaráis ag leibhéil níos ísle a gcinntí a chur faoi bhráid údaráis níos airde má mheastar go bhfuil an dara tuairim inmhianaithe nó má bhíonn coimhlint tuairime ann.

MEASTÓIREACHT AR AN MBORD AGUS AR NA COISTÍ

Tugann an Bord agus gach coiste faoi mheasúnú féinmheasúnaithe go bliantúil i ndáil le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a chinnteoireachta. De réir Alt 4.6 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016, tugann an Bord faoi mheasúnú seachtrach timpeall ar uair gach tréimhse trí bliana. Thug an Bord faoi mheasúnú seachtrach in 2016 a rinne Institiúid an Riaracháin Phoiblí. Rinneadh measúnú seachtrach in 2018.

FREAGRACHT AN BHOIRD CHUN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & RÁITIS AIRGEADAIS A ULLMHÚ

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2018 a ullmhú agus tar éis athbhreithniú mionsonraithe agus aird chuif ar mholtaí an Choiste Iniúcháireachta¹, measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht agus ar sheasamh airgeadais GNBS ag deireadh na bliana 2018.

¹ Mar aon leis an gCoiste Iniúcháireachta, tá ról ag an gCoiste Bainistíochta Riosca in athbhreithniú an Ráitis um Rialú Inmheánach.

Tinreamh Chruinnithe an Bhoird agus Chruinnithe Choiste an Bhoird in 2018

	Bord	Iniúcháireachta	Creidmheasa	Airgeadais & Feidhmiúcháin	Bainistíocht Riosca	Comhairleach Pleanála	Luach Saothair
Frank Daly	15						4
Brendan McDonagh	15		19	6	6	6	
Conor O'Kelly	13				4	1 (iv)	3
Oliver Ellingham	15	10	4 (iii)		6		
Mari Hurley	15		18	6		4 (iv)	4
Eileen Maher	5 (i)	1 (ii)		1 (iii)	1 (iii)		
Michael Wall	6 (i)		5 (iii)			3 (v)	
Willie Soffe	15		19	6		6	
Brian McEnery	13	10			5		3
Comhaltaí Seachtracha:							
Jim Kelly		10					
Michael Wall						3 (v)	
Alice Charles						5	

Nótaí

- (i) ceaptha ar Bhord GNBS i mí Iúil 2018
- (ii) ceaptha ar an gCoiste i mí na Samhna 2018
- (ii) ceaptha ar an gCoiste i mí Mheán Fómhair 2018
- (ii) d'éirigh as an gCoiste i mí Mheán Fómhair 2018
- (v) d'fhreastail Michael Wall ar thrí chruinnithe ina cháilíocht mar comhalta seachtrach agus ar thrí cinn mar Chomhalta de chuid an Bhoird

Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí an GNBS

An Coiste Iniúcháireachta

OLIVER ELLINGHAM | Cathaoirleach



De bhun Alt 32 den Acht, bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta a fheidhmíonn faoi Théarmaí Tagartha faofa ag an mBord.

Ag seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta:

- Oliver Ellingham (an Cathaoirleach, Comhalta Boird) (ceaptha ina Chathaoirleach ar an gCoiste mí na Nollag 2018)
- Eileen Maher (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Aidan Williams (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Jim Kelly (Comhalta seachtach)

Is iaroifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí Ioncaim é Jim Kelly. Bhí sé ina chomhalta Boird d'Údaráis Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasáíochta na hÉireann agus bhí sé ina Rúnaí den Choimisiún um Chánachas 2008-2009.

D'éirigh an ball seo a leanas as an gCoiste in 2018:

- Brian McEnery (Iar-Chathaoirleach an Choiste, Comhalta de chuid an Bhoird) a d'éirigh as le linn Nollaig 2018, tráth a scoir sé ón mBord.

Tháinig an Coiste le chéile 10 n-uaire in 2018.

De réir Alt 32(2) den Acht, is gá go mbeadh seisear comhaltaí ar an gCoiste Iniúcháireachta, a bhfuil beirt díobh seachtach de GNBS agus gurb é an tAire a cheapann iad. Ceapann an Bord an ceathrar comhaltaí eile as a chuid comhaltaí.

Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an mBord ina fheaghrachtaí maoirseachta sna feidhmeanna seo a leanas:

- Caighdeán agus Sláine an phróisis tuairiscithe airgeadais
- Neamhspleáchas agus iomláine na bpróiseas iniúchta inmheánaigh agus sheachtach
- Éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh GNBS
- Na próisis atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann na soláthróirí seirbhísí iasachta a n-oibleagáidí conartha le GNBS
- Comhlíonadh GNBS i gcás riachtanais chuí dlí, rialála agus cánachais a chinntiú
- Socruithe do thuairisciú éagóracha ábhartha, d'fhostaithe GNBS chun imní a chur in iúl, go rúnda, maidir le héagóracha féideartha atá sa tuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile agus a chinntiú go gceadaíonn na socruithe sin d'fhiosrú agus gníomh leantach i gcomhréir agus atá neamhspleách.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste don bhliain 2018:

1. An tuairisciú airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus ar na Ráitis Airgeadais, mar aon le haon fhógraí foirmiúla eile a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad. Le linn an athbhreithnithe sin, díriodh go sonrach ar athruithe atá tagtha ar bheartais agus ar chleachtais chuntasáíochta, ar mhór-réimsí breithiúnais agus ar chomhlíonadh ceanglas dlíthiúil (lena n-áirítear aon riachtanais faoin Acht) agus riachtanais rialála eile.

Le linn 2018, dhírigh an Coiste méid suntasach ama ar mhaoirseacht a dhéanamh ar treoir a thabhairt do GNBS maidir le forfheidhmiú na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 (IFRS 9) a d'fhág gur tháinig roinnt mhaith athruithe ar an tuairisciú airgeadais a rinne GNBS. Rinne an Coiste breithneoireacht ar roghanna, tairiscintí agus cinntí faofa éagsúla a bhí ann chun deimhniú go ndearna GNBS an caighdeán cuntasáíochta nua a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil.

2. An t-iniúchadh seachtach

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC) an t-iniúcháir seachtach sainithe faoin Acht. Níor chuir an ARCC seirbhísí neamhiniúchta ar fáil le linn 2018. Leanadh le Mazars cúram a bheith aige mar Iniúcháir Reachtúil GNBS. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleannanna iniúchta seachtach roimh na hiniúchtaí reachtúla agus seachtacha araon. Chuaigh an Coiste i mbun comhairle leis na hiniúcháirí seachtacha agus reachtúla araon chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí a gcuid iniúchtaí ar na ráiteas airgeadais.

3. Iniúcháireacht Inmheánach

Le linn na bliana fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúcháir inmheánach. Áiríodh leo sin achoimrí ar phríomhthorthaí gach iniúchta sa tréimhse agus nuashonruithe ar an gclár oibre pleanáilte. Déanann an Coiste cinnte de ar bhonn leanúnach go raibh dóthain acmhainní ar fáil do na gníomhaíochtaí sin agus go raibh seasamh cuí acu laistigh de GNBS. Áiríodh leis seo comhaontú a bheith déanta ar an bplean iniúchta inmheánaigh bhliantúil. Deimhníonn an Coiste chomh maith an comhordú idir na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtacha.

4. Rialuithe Inmheánacha

Is cúram eile atá ag an gCoiste ná córas rialaithe inmheánaigh GNBS a mheasúnú, lena n-áirítear na nósanna imeachta ar glac GBCN leo ina feidhmíocht comhlíonta agus feidhmeanna rialaithe do GNBS. Tuairiscíodh torthaí an Choiste chuig an mBord.

5. An monatóireacht ar sholáthróirí seirbhíse

Faigheann an Coiste nuashonruithe rialta ón mBainistíocht agus ón iniúcháir inmheánach maidir le feidhmíocht soláthróirí seirbhíse GNBS, arna dtagarmharcáil in aghaidh spriocanna comhaontaithe.

Idirghníomhaíochtaí an Choiste

Tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach Airgeadais GNBS, don Cheannasaí Iniúcháireachta agus Riosca, d'fheidhmeannaigh shinsearach eile GNBS agus d'ionadaithe na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtacha de réir mar ba chuí freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú. Tháinig an Coiste le chéile as féin chomh maith leis an iniúcháir seachtach, leis an iniúcháir inmheánach, leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, leis an gCeannasaí Iniúcháireachta agus Riosca agus le Ceannasaí Comhlíonta GBCN. Tá rochtain dhíreach ag gach aon cheann díobh siúd, gan srianadh, ar an gCathaoirleach agus ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Oliver Ellingham
Cathaoirleach

An Coiste Creidmheasa

MARI HURLEY | Cathaoirleach



De bhun Alt 32 den Acht, d'ainneoin go bhfuil bunfhreagracht ar an mBord as riosca creidmheasa GNBS, bhunaigh an Bord Coiste Creidmheasa a fheidhmíonn faoina údarás tarmilgthe. De réir Alt 32(6) den Acht, feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir Théarmaí Tagartha faofa an Bhoird.

Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Creidmheasa:

- Mari Hurley (an Cathaoirleach, Comhalta Boid) (ceaptha ina Cathaoirleach ar an gCoiste mí na Nollag 2018)
- Oliver Ellingham (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Michael Wall (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Comhalta de chuid an Bhoird)
- Alan Stewart (Príomhoifigeach Dlí)
- Connor Owens (Ceannasaí Bainistíochta & Athghabhála Sócmhainní)
- Noelle Condon (Príomhoifigeach Airgeadais)
- John Collison (Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe)

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an gCoiste in 2018:

- Mary Birmingham (Iar-Cheannasaí Bainistíochta Sócmhainní) d'éirigh sí as i mí na Bealtaine 2018, mar gheall gur d'fhág sí an Gníomhaireacht
- Willie Soffe (Iar-Chathaoirleach an Choiste, Comhalta de chuid an Bhoird) a d'éirigh as le linn Nollaig 2018, tráth a scoir sé ón mBord

Tháinig an coiste le chéile 19 uair i rith 2018, de ghnáth ar bhonn coicisiúil nó a lú nó a mó minice ná sin, de réir mar ba ghá leis. Tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Creidmheasa maidir le comhairle a thabhairt don Bhord maidir le beartas creidmheasa GNBS agus a chinntiú go bhfuil cinnteoireacht creidmheasa i ndáil le féichiúnaithe comhsheasmhach le beartas an Bhoird.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as ceadú nó diúltú iarratais chreidmheasa laistigh dá leibhéal Údarás Tarmilgthe (faoi bhun an leibhéil údarás tarmilgthe atá ag teastáil do cheadú an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás ceadaithe creidmheasa a tharmilgeann an Bord chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus an Ceannasaí Bainistíochta & Athghabhála Sócmhainní/an Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe). Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach tomhaiste tráthúil d'fhonn tacú le cinnteoireacht éifeachtach a bhaineann le creidmheas i ndáil lena gcuid nasc féichiúnaithe.

De réir sainmhíniú leathan, ciallaíonn iarratas creidmheasa aon imeacht a athraíonn próifíl riosca bhunúsach na neamhchosanta nó an féichiúnaí go hábhartha. Áirítear leis, i measc nithe eile, athbheithniúcháin ar straitéisí féichiúnaí, iarratais ar chreidmheas breise lena n-áirítear tionscadail chaiteachais chaipitiúil, athstruchtúrú nó comhghéilleadh oibleagáidí iasachta, faomhadh díolachán sócmhainne, iarratais ar airgeadas díoltóra nó maoiniú le tionscadail chomhfhiointair, cinntí maidir le ráthaíocht pearsanta agus faomhadh um gníomh forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an ghlacadóireacht, an t-athshealbhú agus gníomhaíochtaí eile den dhála sin.

I measc phríomhfheagraictear an Choiste áirítear:

1. Measúnú a dhéanamh ar na hiarratais chreidmheasa a thagann faoi údarás tarmilgthe an Choiste, agus suntas a dhéanamh de gur féidir leis iad a fháomhadh/ a dhiúltú agus/nó a leasú de réir mar is cuí. Nuair a sháraíonn an leibhéal riosca atá ann an údarás atá ag an gCoiste, atreoraíear iarratas creidmheasa, agus moladh ón gCoiste Creidmheasa leis, chuig an bord le haghaidh breithe.
2. Measúnú a dhéanamh ar na beartais creidmheasa agus earnála atá molta le bheith curtha san áireamh/faofa ag an mBord.
3. Cinnteoireacht a dhéanamh maidir le eochairtháscairí feidhmíochta (KPlanna) agus monatóireacht a dhéanamh orthu, beartais agus straitéisí a bhunú lena féidir feidhmíocht na punainne iomláine a mheas agus a athshainmíneáir de réir mar

is gá ar bhonn tréimhsiúil, agus a gcuid aimsiúcháin a thuairisciú don Bhord.

Is mar seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Choiste don bhliain 2018:

1. A chinntiú go raibh na córais a bhí i bhfeidhm chun na hiarratais chreidmheasa a chuirtear faoi bhráid an Choiste a phróiseáil éifeachtach, éifeachtúil agus oiriúnach.
2. Athbheithniú ar straitéisí féichiúnaithe ceadaithe ag an GNBS agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Déanann an Coiste athbheithniú débhlantúil freisin ar straitéisí féichiúnaithe is fearr an GNBS (déantar na féichiúnaithe is fearr a shainmhíniú mar féichiúnaithe a bhfuil 50% d'fhiachas iomlán GNBS déanta d'fhiachas comhcheangailte na bhféichiúnaithe sin).
3. 11 larratas creidmheasa aonair a mheas, a mholadh agus a cheadú, ó chinntí bainistíochta sócmhainní go hábhair casta a bhain le gníomhartha straitéise féichiúnaithe amhail maoiniú leanúnach sócmhainní forbartha nó réiteach deiridh naisc. Rinne an Coiste athbheithniú ar 6 pháipéar chun iad a mholadh don Bhord. Ina theannta sin, rinne an Coiste maoirsiú ar 446 cinneadh creidmheasa aonair a rinneadh laistigh d'údarás tarmilgthe Phríomhfheidhmeannach agus Cheannasaí Bainistíochta & Athghabhála Sócmhainní/Sheachadadh Cónaithe GNBS.
4. Cinntí a dhéanamh maidir le comhaontuithe féichiúnaí, laguithe féichiúnaí, forfheidhmithe féichiúnaí agus straitéisí éalaithe, lena n-áirítear díolacháin iasachtaí.
5. Beartais chreidmheasa agus beartais earnála araon a fhorbairt agus a fheabhsú; agus comhshamhlú na faisnéise bainistíochta ata bainteach leis.
6. Athbheithniú ar an straitéis um Bainistíocht Sócmhainní agus athbheithnithe rialta ar an dul chun cinn ina gcuid tionscadal roghnaithe.
7. Athbheithniú rialta ar dhul chun cinn ar phleananna gnó a bhfuil tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch ann; go háirithe iadsan a bhaineann le Seachadadh Cónaithe agus le SDZ na nDugthailte.

Tá sé beartaithe gur bliain ghníomhach a bheidh ann in 2019 don Choiste Creidmheasa den athuair agus GNBS ag déanamh gach aon iarracht an luach is fearr a ghnóthú ón bpunann tríd an bhainistíocht ghníomhach ó féichiúnaithe agus glacadóirí a thacú maidir leis an mbun-urrús (cead planála a fháil, ag feabhsú lagai infreastruchtúrtha etc.) agus tá sé ag leanúint ar aghaidh lena obair díghiarála. Ag an bpointe seo ina clár díghiarála, agus moill ag teacht ar an méid gníomhaíochta atá ag tarlú maidir le díolacháin d'iasachtaí móra agus de phunanna móra, le díolachán mór iasachta agus gníomhaíocht díolacháin punainne ag laghdú, táthar ag súil go mbeidh líon i bhfad níos mó de chinntí creidmheasa réasúnta níos ísle ann chun spriocanna ginte airgid a shásamh. Ráitis Airgeadais

Tá an Coiste Creidmheasa ag leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcloítear le beartas an Bhoird maidir le forbairt suíomh cónaithe inmharthana ó thaobh na tráchtála de a mhaoiniú agus Dugthailte SDZ de réir mar a leantar le díghioráil ar bhonn tráthúil.

Déanann an Coiste Creidmheasa measúnú ar gach togra go dian, agus an sainordú tráchtála atá ag GNBS curtha san áireamh, chomh maith leis an cuspóir atá aige faoi Alt 10 na sochair a mbainfeamh amach don Stát a uasmhéadú, agus meastar na roghanna tráchtála éagsúla ina n-iomláine. Aithníonn an Coiste go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag na cinntí a dhéanann sé ar na sócmhainní agus ar na féichiúnaithe lena mbaineann, agus tá sé tiomanta do thacú le tionscadail a chuireann luach leis ar mhaithe le borradh a chur faoin ngníomhaíocht agus faoin fhostaíocht ach i gcónaí d'fhonn an toradh do cháiniocóirí na hÉireann a uasmhéadú.

Mari Hurley
Cathaoirleach

An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

EILEEN MAHER | Cathaoirleach



Tá beirt Chomhaltaí Boird neamhfheidhmeannacha, comhalta Boird de bhrí oifige amháin agus triúr feidhmeannach sinsearach GNBS ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin.

Tá na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin:

- Eileen Maher (Cathaoirleach, Comhalta boird) (ceaptha an 17 Meán Fómhair 2018)
- Mari Hurley (Comhalta de chuid an Bhoird)(d'éirigh as a ról mar Chathaoirleach an 16 Meán Fómhair 2018, fós ina Comhalta de chuid an Bhoird)
- Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Comhalta Boird de bhrí oifige)
- Noelle Condon (Príomhoifigeach Airgeadais)
- John Collison (Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe)
- Seán Ó Faoláin (Ceannasaí Straitéise agus Cumarsáide)

D'éirigh an ball seo a leanas as an gCoiste in 2018:

- Willie Soffe (Iar-Chomhalta de chuid an Bhoird) d'éirigh sé as i mí na Nollag 2018, tráth a scoir sé ón mBord

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2018.

Is é príomhfhreagracht an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus oibriúcháin GNBS agus ar a tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta, lena n-áirítear:

1. Gach tuairisciú airgeadais agus bainistíochta don Aire Airgeadais, don Oireachtas nó ar shlí eile (ach amháin i gcás ráitis bhliantúla airgeadais GNBS as a bhfuil an Coiste Iniúchóireachta freagrach).
2. Ullmhúchán na gcuntas bainistíochta.
3. Ullmhúchán na mbuiséad bliantúil agus réamhaisnéisí eile.
4. An t-athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar athraitheas in aghaidh buiséid agus fheidhmíocht na bliana roimhe.
5. Ollchaiteachas chaipitil a fhaomhadh.
6. An Bainistíocht ar an soláthar.
7. Maoirseacht ar sholáthraí seirbhísí (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeáda go sonrach do choistí eile de chuid an Bhoird).

Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin maoirseacht ar fhreagrachtaí an Fhoireann Feidhmiúcháin as beartais airgeadais, oibriúcháin agus buiséadaithe GNBS a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú agus as tuairisciú a dhéanamh orthu. Déanann sé moltaí don Bhord maidir le caiteachas agus riachtanais bhuiséid GNBS. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

Tá feidhm ag IFRS 9 "Ionstraimí Airgeadais" le haghaidh gach aon tréimhse chuntasaíochta a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh sin. Rinneadh an Coiste a bhreithmheas i rith na bliana maidir leis an tionchar atá ag IFRS 9 ar ráitis airgeadais GNBS agus ar a chuid gníomhaíochtaí feidhmiúcháin.

Fuair an Coiste nuashonrú freisin ar phríomhthionscadail oibríochtúla eile, lena n-áirítear an soláthar de sholáthraí seirbhíse feabhsaithe don fhoireann TF, an aistriú oifige atá beartaithe chun aistriú go dtí Dublin Landings, agus Clár Lárnach Creidmheasa (CCR).

In 2019, leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag fáil nuashonruithe ar príomhthionscadail oibríochtúla.

Eileen Maher
Cathaoirleach

An Coiste Bainistíochta Riosca

OLIVER ELLINGHAM | Cathaoirleach



Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhainistíocht rioscaí; rioscaí, dá dtarlóidís, a mbeadh caillteanais de thoradh orthu agus/nó teip ar GNBS a cuspóirí, arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach, a bhaint amach.

Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta Riosca:

- Oliver Ellingham (Cathaoirleach, Comhalta de chuid an Bhoird)
- Eileen Maher (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Aidan Williams (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GNBS agus Comhalta de bhrí oifige de chuid an Bhoird)
- Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta de bhrí oifige an Bhoird)
- Noelle Condon (Príomhoifigeach Airgeadais)
- Conor Owens (An Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní agus Aisghabhála Sócmhainní)

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an gCoiste in 2018:

- Brian McEnery (Comhalta de chuid an Bhoird) a d'éirigh as le linn Nollaig 2018, tráth a scoir sé ón mBord.
- Mary Birmingham (Iar-Cheannasaí Bainistíochta Sócmhainní) d'éirigh sí as i mí na Bealtaine 2018, mar gheall gur d'fhág sí an Ghníomhaireacht

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2018.

I measc phríomhfheagraictear an Choiste áirítear:

1. Athbhreithniú agus maoirseacht ar phleananna na Foirne Feidhmeannais maidir leis na Rioscaí Bunaigrid atá roimh GNBS a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú.
2. Maoirsiú ar chur i bhfeidhm agus ar athbhreithniú an chreata Bainistíochta um Riosca Fiontair agus sásaíonn an Coiste é féin go ndéantar bearta cuí i gcás go sainaithnítear aon imní shuntasach.
3. Cinntiú go soláthraíonn rialachas bainistíochta riosca agus múnla eagrúcháin GNBS leibhéil chuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Clúdaíonn na catagóirí riosca arna sainaithint i mBeartas Riosca Fiontair GNBS raon leathan rioscaí chun cuspóirí GNBS a bhaint amach.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste don bhliain 2018:

1. Rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú rialta ar chúig príomhriosca GNBS atá ina mbunús leis an Nochtadh um Rioscaí agus um Neamhchinnteachtaí sa tuarascáil Bhliantúil. Sainmhínítear Príomhrioscaí mar riosca, nó meascán de rioscaí, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar shamhail ghnó, ar leachtacht, ar fheidhmíocht, nó ar cháil GNBS. Is próiseas leanúnach é aithint agus measúnú na bpríomhrioscaí a fhreagraíonn ar athruithe ar straitéis, ar chuspóirí gnó agus ar an timpeallacht sheachtrach. Thug saineolaí ábhair faisnéisiú don Choiste Bainistíochta Riosca maidir le príomhrioscaí ar leith nó le gnéithe sonracha de na

rioscaí sin, nuair ba chuí, chun a chinntiú go ndéanfaí gach gné de na príomhrioscaí a mheas.

2. Cruthaíonn comhtháthú foinsí sonraí a bhaineann le riosca mar thuairisciú teagmhais, príomhtháscairí riosca agus torthaí iniúchta agus na ráitis uileghabhála Fonn Riosca caidreamh níos soiléire idir fonn (nó easpa foinn) na heagraíochta maidir le rioscaí áirithe a bhaineann le baint amach a cuspóirí straitéiseacha. Comhlánaíonn agus neartaíonn an anailís seo an creat lamháltais agus teorainneacha atá bunaithe ar phríomhrioscaí atá ann cheana féin atá tharmligthe ag an mBord chuig leibhéil éagsúla de bhainistíocht an GNBS.
3. Rinneadh monatóireacht ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe GNBS (agus rioscaí lena mbaineann) i rith 2018. Rinne an Coiste athbhreithniú rialta ar chomhpháirteanna éagsúla riosca an chlár comhardaithe, na modhanna trína dtomhaistear agus trína dtuairiscítear na rioscaí sin agus measadh straitéisí malartacha chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinne an Coiste moltaí chuig an mBord áit ar theastaigh athruithe ar bheartas, ar thomhas, ar teorainneacha riosca nó ar straitéis bainistíochta riosca chun riosca a mhaolú chuig leibhéal infhulaingthe agus aird chuí ar an gclár comhardaithe agus athruithe ar phunann iasachta, ar ráta úis bunúsacha GNBS agus ar a neamhchosaint ar athluacháil airgeadraí.
4. Rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú rialta ar Chláir Riosca Ranna, a nuashonraíodh go leanúnach le linn 2018, agus ar a n-áirítear rioscaí oibríochtúla bunúsacha i ngnó GNBS. Chuir gach aon rannán ar a laghad aon athbhreithniúcháin amháin ar an clár rioscaí i láthair le linn na bliana chun rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht a aithint, chomh maith le hathruithe atá tar éis teacht ar rioscaí a bhí ann roimhe. Lean an Coiste Bainistíochta Riosca ag déanamh athbhreithniú ar bhonn rialta ar chlár riosca na soláthróirí seirbhíse chun forbheathnú a fháil ar thionchar agus ar dhóchúlacht na rioscaí a bhainistíonn na haonáin seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach chuspóirí GNBS. Éilíonn an Coiste fianú rialaithe ráithiúil agus oiliúint i bhfeasacht riosca d'fhostaithe GNBS. Thacaigh Iniúchadh agus Riosca leis an gCoiste chuige sin, a chinntigh gur thuairiscigh agus go ndearna an Coiste breith ar na rioscaí ábhartha agus ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Ionchais do bhliain 2019

Beidh an bhéim ar rioscaí bunaigrid mar thosaíocht go fóill don Choiste Bainistíochta Riosca in 2019, a chinnteoidh go bhfanann na rioscaí sin faoi athbhreithniú seasta agus go gcuirfear aon nuashonruithe nó athruithe ar na rioscaí sin in iúl don Bhord ar bhonn tráthúil agus críochnúil.

Déanann An Iniúchadh agus Riosca (CFO) monatóireacht ar ráiteas Fonn Riosca nasctha le Rioscaí Bunaigrid agus tuairiscíonn siad orthu go rialta.

Oliver Ellingham
Cathaoirleach

An Coiste Comhairleach Pleanála

MICHAEL WALL | Cathaoirleach



Is é cuspóir an Choiste Chomhairligh Pleanála comhairle a thabhairt don Bhord ar chúrsaí pleanála agus talún agus ar chúrsaí lena mbaineann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar luacháil agus ar réadú shócmhainní GNBS agus, tríd sin, ar chomhlíonadh chuspóir agus fheidhmeanna GNBS, arna leagan amach in Ailt 10 agus 11 den Acht. Féadfaidh an Coiste moltaí a dhéanamh leis an mBord maidir le cuspóirí GNBS i ndáil le straitéisí, le treoirlínte agus le pleananna reachtúla faofa, lena n-áirítear SDZanna agus Pleananna Ceantair Áitiúla agus a dtionchar ar shócmhainní GNBS.

Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach Pleanála:

- Michael Wall (Cathaoirleach, Comhalta de chuid an Bhoird) (ceaptha Samhain 2018)
- Aidan Williams (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GNBS agus Comhalta de bhrí oifige de chuid an Bhoird)
- Conor Owens (An Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní agus Aisghabhála Sócmhainní)
- Alice Charles (Comhalta Seachtrach)
- Charlotte Sheridan (Comhalta seachtrach)

Tá an-taithí pleanála ag Alice Charles Uasal agus tá sí ina comhalta d'Institiúid Ríoga na bPleanálaithe Bailte agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann. Ailtire cáilithe agus cláraithe, agus pleanálaí baile ag a bhfuil breis is 27 mbliana de thaithí aici san earnáil phleanála, is í Charlotte Sheridan, ar ceapadh í ar an gCoiste i mí Aibreáin 2019.

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas an gCoiste in 2018:

- Mary Birmingham (Iar-Cheannasaí Bainistíochta Sócmhainní) d'éirigh sé as i mBealtaine 2018
- Mari Hurley (Comhalta Boird) d'éirigh as i Meán Fómhair 2018
- Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta de bhrí oifige de chuid an Bhoird) d'éirigh as i Meán Fómhair 2018
- Willie Soffe (Iar-Chathaoirleach agus Iar-Chomhalta de chuid an Bhoird) d'éirigh sé as i mí na Samhna 2018, tráth a scoir sé ón mBord

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire i rith 2018.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste don bhliain 2018:

Le linn 2018, lean an Coiste ag díriú ar shócmhainní GNBS suite gar do phríomhláithreacha ar féidir iad a fhorbairt, lena n-áirítear SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath, SDZ Poll Beag Thiar agus na príomhláithreacha forbartha d'aonaid chónaithe lena n-áirítear SDZ Chluain Buiríosa. Thug an Coiste comhairle maidir le straitéisí rannpháirtíochta seachtraí GNBS, go príomha le húdaráis phleanála, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, soláthraithe bonneagair cosúil le Uisce Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Chuir an Coiste comhairle ar fáil chomh maith do GNBS maidir le hathruithe reachtúla/treorach atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear reachtaíocht um Sheachadadh Straitéiseach

Tithíochta lena ndéantar iarratais pleanála im thithe cónaithe straitéiseacha go díreach leis an mBord pleanála; An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF), Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES), an Caighdeán Dearaidh le haghaidh Árasáin nua eisishe i mí an Mhárta 2018 agus na Treoirlínte le haghaidh na Forbartha Uirbí agus Airde Foirgneamh eisishe i mí na Nollag 2018.

Leanann an Coiste ag cur comhairle agus treoir ar fáil do rannpháirtíocht GNBS i roinnt tionscnaimh beartais lena n-áirítear, i measc nithe eile, caidreamh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe, le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta faofa chun aonaid chónaithe a chur ar fáil chun críocha sóisialta.

Soláthraíonn an Coiste maoirsiú ar fhorbairt léasaithe fadtéarmach d'áitribh chónaithe trí Sheirbhísí Náisiúnta Maoine Cónaithe Sócmhainne D.A.C. ('NARPS'), SPV de chuid GNBS a bunaíodh chun seachadadh tithíochta sóisialta a chur chun cinn. Ó bunaíodh GNBS, tugadh 2,544 aonad ar fáil do thithíocht shóisialta, trí dhíolacháin dhíreacha ag féichiúnaithe nó ag Glacadóirí an GNBS nó léasaithe fadtéarmacha trí NARPS, rud a sháraíonn na spriocanna atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le réitigh eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe. Tá GNBS ag leanúint ar aghaidh ag maoiniú pleananna réitigh suímh atá á ndéanamh ag féichiúnaithe/glacadóirí, agus béim ar leith ar chomhlíonadh sláinte agus sábháilteachta. De réir mar a dhíghóráil an GNBS, laghdaíodh a nochtadh sa réimse seo go mór agus, ó mhí an Mhárta 2019, ní raibh fágtha ach dhá eastát nach raibh réitithe go huile is go hiomlán, as iomlán tosaigh 335, cé go bhfuil pleananna réitigh i bhfeidhm ag na láithreán go léir.

Tugann an Coiste treoir freisin maidir le soláthar na sprice de 20,000 aonad cónaithe faoi dheireadh 2020 a éascú (ag glacadh le hinmharthanacht tráchtála). Rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2018 i dtéarmaí aonaid a soláthraíodh agus aonaid atá á dtógáil agus i dtéarmaí iarratais phleanála a fuarthas. Is é an rún a chinntiú go mbeisítear luach sócmhainní gearrtha GNBS d'fhonn aisghabháil a uasmhéadú do cháiniocóirí fad is chuirtear le soláthar áiteanna cónaithe nua.

Trína fheidhmeanna a chomhlíonadh, faigheann an Coiste an-chúnamh ó eolas agus ó thacaíocht Fhoireann Pleanála GNBS.

Michael Wall

Cathaoirleach

An Coiste um Luach Saothair

MARI HURLEY | Cathaoirleach



Bunaíodh an Coiste i mí an Mheithimh 2016, agus d'fhaomh an Bord Téarmaí Tagartha faofa i mí Mheán Fómhair 2016. Rinne an Bord na Téarmaí Tagartha a athbhreithniú i mí na Nollag 2017 agus i mí na Nollag 2018.

Ta na baill seo a leanas ar an gCoiste Luach Saothair:

- Mari Hurley (an Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Frank Daly (Cathaoirleach an Bhoird)
- Michael Wall (Comhalta de chuid an Bhoird)
- Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta Boird ex-officio)

D'éirigh an ball seo a leanas as an gCoiste in 2018:

- Brian McEnery (Comhalta de chuid an Bhoird) a d'éirigh as le linn Nollaig 2018, tráth a scoir sé ón mBord.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2018.

Gan dochar do ról GBCN mar fhostóir Oifigigh GNBS, tá Bord GBCN freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán GBCN agus aon scéim pá/coinneála agus iomarcaíochta a bhaineann le feidhmíocht d'oifigigh GBCN agus treoraíonn comhairle agus moltaí Choiste Luach Saothair GBCN é ina fhreagrachtaí.

Áirítear le príomhfheaghrachtaí an Choiste Luach Saothair:

1. Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le beartas luach saothair foriomlán GNBS.
2. Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le haon scéimeanna pá iomarcaíochta, coinneála agus/nó feidhmíochta d'Oifigigh GNBS agus ar íocaíochtaí bliantúla iomlána le déanamh faoi aon scéim den chineál sin.
3. Moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Fhoireann Feidhmeannach GNBS agus aon athruithe a dhéantar orthu agus aird, i measc nithe eile, ar bheartas rialtais agus ar riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 i ndáil leis an luach saothair sin.
4. Faisnéis iontaofa, cothrom le dáta a fháil maidir le luach saothair i gcomhlachtaí eile de scála agus castacht inchomparáide. Le cabhrú chun a dhualgais a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste comhairleoirí luach saothair a cheapadh agus tuairiscí, suirbhéanna nó faisnéis a choimisiúnn nó a cheannach a mheasann sé atá riachtanach ag costas GNBS ach laistigh de shrianta buiséid arna leagan ag an mBord.
5. Bheith freagrach go heisiach as na critéir roghnúcháin a bhunú, Téarmaí Tagartha a roghnú, a cheapadh agus a leagan amach i gcomhair aon sainchomhairleoirí luach saothair a chuireann comhairle ar an gCoiste.
6. Faireachán a dhéanamh ar phleanáil comharbais Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Fhoireann Feidhmeannach GNBS agus ar fhorbairt cheannairí reatha agus amach anseo na heagraíochta.

7. Athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir agus ar na socruithe luach saothair maidir le cúrsaí luach saothair d'oifigigh GNBS a aontaítear ó am go céile idir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus GBCN.

Freagracht as comhaontú le GBCN thar ceann GNBS téarmaí an chonartha (lena n-áirítear luach saothair) atá le baint le haon fhostaí aonair a tharmlig an Bord le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS gur ga dó, chuige seo, cloí le téarmaí an Bheartais Luach Saothair agus aon chinntí ábhartha eile a dhéanann Bord GNBS/Coiste Luach Saothair GNBS.

D'fhaomh agus d'athbhreithnigh an Coiste ábhair AD agus Luach Saothair i rith 2018.

Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

Mari Hurley
Cathaoirleach

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016

RIALACHAS

Tráth a tionscanta, ghlac GNBS leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("Cód 2009"), arna oiriúnú dá struchtúr rialachais ar leith agus do riachtanais reachtúla an Achta.

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód athbhreithnithe (an "Cód") i mí Lúnasa 2016 le dáta éifeachtach ón 1 Meán Fómhair 2016. Léiríonn an Cód athbhreithnithe athbhreithniú suntasach ar Chód 2009 chun forbairtí rialachais, tionscnaimh athchóirithe san earnáil phoiblí a thabhairt agus comhairliúcháin gheallsealbhoirí san áireamh.

Ní sháraíonn forálacha an Chóid riachtanais agus dualgaís reachtúla reatha arna gcur i bhfeidhm ag, i measc nithe eile, Achtanna na gCuideachtaí, reachtaíocht um Eitic, reachtaíocht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí reachtaíocht fostaíochta nó reachtaíocht chomhionannais nó forálacha reachtúla Acht GNBS, 2009. Leagtar amach in Acht GNBS creat mionsonraithe agus fairsing reachtúil ina bhforáiltear roinnt bearta rialachais comhionann le forálacha an Chóid, lena n-áirítear, i measc nithe eile, réiteach pleananna straitéiseacha, an creat do mhaoirsiú na Roinne Airgeadais, athbhreithnithe tréimhsiúla GNBS, dualgaís tuairiscithe agus chuntasaíochta, socruithe maidir le comhaltacht Boird agus ceapachán Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an córas chun foireann a chur ar fáil do GNBS.

RÁITEAS COMHLÍONTA

Chuir GNBS an Cód i bhfeidhm faoi réir líon teoranta mínithe (mar a bhfuil foráil ann i gcur chuige 'comhlíon nó mínigh' maidir le cur i bhfeidhm an Chóid) a raibh gach ceann acu fógartha agus aontaithe i scríbhinn leis an Roinn Airgeadais. I ngach cás, baineann na mínithe seo cuspóirí an Chóid amach trí bhearta malartacha reachtúla nó rialachais mar a thugtar achoimre orthu anseo:

- Cuireann an GNBS Ráiteas Bliantúil Alt 53 chuig an Aire faoi Acht an GNBS, ag leagan amach a chuid pleananna straitéiseacha.
- Éilíonn an Cód go ndéanfar tuarascáil bhliantúil rúnda a chur faoi bhráid an Aire i gcomhréir le ceanglais shonracha tuairiscithe san alt Riachtanais Ghnó agus Tuairiscithe den Chód. Baintear é seo amach trí thuarascáil chuimsitheach a bhfuil mionleasaithe déanta uirthi, chomh maith le tagairt do phointí sa tuarascáil bhliantúil.
- Tar éis próiseas soláthair phoiblí, déanann iniúchóirí inmheánacha GNBS athbhreithniú tréimhsiúil ar éifeachtacht an chreata bainistíochta riosca, in ionad an athbhreithnithe seachtraigh thréimhsiúil.
- Maidir le baill an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus déanfaidh an GNBS iarracht cloí leis an gCód, bíonn tosaíocht ag forálacha an Achta ar an gCód.
- Tosaíonn tosaíocht ar fhorálacha comhfhreagracha an Chóid ar an gcreat maoirseachta agus tuairiscithe reachtúla de chuid an GNBS faoin Acht.
- Maidir le Soláthar, féach an Ráiteas um Rialú Inmheánach le haghaidh sonraí mura miste.
- Tugann Alt 12 den Acht cumhacht don GNBS maoín a fháil nó a dhiúscairt, agus tosaíocht aige seo tosaíocht ar fhorálacha comhfhreagracha an Chóid maidir le talamh, foirgnimh nó sócmhainní ábhartha eile a fháil.

- Ní bhaineann an Cód Caiteachais Phoiblí go díreach le GNBS. D'fhonn na príonsabail mheasúnaithe airgeadais agus eacnamaíochta is fearr a chur i bhfeidhm sa Chód Caiteachais Phoiblí, úsáideann NAMA raon modhanna agus teicnící meastóireachta atá caighdeánach sa mhargadh.
- Ghlac an GNBS beartais maidir le taisteal gnó a chomhlíonann príonsabail eacnamaíochta agus éifeachtúlachta an Chóid. Ní sholáthraíonn an GNBS éilimh chothabhála dá hoifigigh ach oibríonn sé próiseas costais dearbhaithe chun aisíocaíochtaí costas taistil agus ní ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus fógraí oifige maidir le cothabháil á gcur i bhfeidhm dá bhrí sin. Cuirtear rátaí míleáiste na státseirbhíse faofa (atá leirithe i gCiorclán 07/2017) i bhfeidhm.
- Maidir le éagsúlú agus bunú fochuideachtaí agus éadálacha ó Chomhlachtaí Stáit, tá GNBS faoi rialú ag Ailt 11 agus 12 den Acht, a bhfuil tosaíocht acu ar fhorálacha comhfhreagracha an Chóid.
- Ní oibríonn an GNBS a scéim pinsin féin; dá bhrí sin níl feidhm ag na forálacha ábhartha sa chód maidir leis.
- Cuireann GNBS a bheartais inmheánacha féincheadaithe ag an mBord i bhfeidhm maidir le comhlíonadh cánach.
- Tá socruithe áirithe a bhaineann le ballraíocht an Bhoird agus le ceapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus an córas chun foireann a sholáthar don GNBS, curtha i bhfeidhm faoi réir ag Acht an GNBS, an tAcht GNBS, agus trí Choistí Feidhmiúcháin.
- Ní sholáthraíonn an GNBS seirbhísí don phobal i gcoitinne; mar sin níl aon chairt do chustaiméirí ag teastáil.

Mar chuid dá cur i bhfeidhm an Chóid, tá socruithe curtha i bhfeidhm ag an GNBS, nuair is gá, chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an leis an gCód. Déanann GNBS athbhreithniú ar a mbeartais agus ar a nósanna imeachta ar bhonn tréimhsiúil chun a chinntiú go gcomhlíontar Cód agus príonsabail an dea-rialachais chorparáidigh. Éireoidh leis an mBord glacadh leis an gCód ar bhonn céimiúil i gcomhréir le dea-chleachtais rialachais chorparáidigh.

Nochtadh agus Freagracht

RIACHTANAIS NOCHTA

Tá comhaltaí Boird GNBS faoi réir roinnt riachtanas maidir le nochtadh leasanna lena n-áirítear Ailt 30 agus 31 den Acht, Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Alt 5.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

Éilítear in Alt 30 den Acht ar chomhaltaí Boird nádúr aon leasa airgid nó aon leasa thairbhíúil eile atá acu in aon ábhar atá faoi bhreithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí a bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an t-ábhar faoi bhreithniú agus coisctear iad ó aon vótáil a fhéadfar a dhéanamh ar an ábhar sin.

Cuirtear comaoin in Alt 31 den Acht ar gach comhalta Boird de chuid GNBS agus ar gach Stiúrthóir ar aonáin ghrúpa GNBS fógra a thabhairt do GNBS go bliantúil ar gach leas incláraithe de réir an tsainmhíneithe a thugtar san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Tá na comhaltaí Boird, comhaltaí coistí arna mbunú faoi Ailt 32 agus 33 den Acht agus Stiúrthóirí aonáin ghrúpa GNBS ina stiúrthóirí sainithe de bhun an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001 ('Achtanna um Eitic') agus éilítear orthu cloí le hAlt 17 de na hAchtanna um Eitic i ndáil le nochtadh leasanna.

Éilítear ar Bhord agus ar Choiste GNBS chomh maith cloí le hAlt 5.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

COMHALTAÍ FOIRNE ATÁ SANNTA DO GNBS

Tá dualgais ar chomhaltaí foirne a shanntar do GNBS nochtadh a dhéanamh ar leasanna de bhun Alt 13 (b) d'Acht Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú), Alt 18 de na hAchtanna um Eitic agus Alt 42 den Acht.

Anuas air sin, tá comhaltaí foirne a shanntar do GNBS faoi réir Cód Cleachtais – Iompraíocht Oifigeach GNBS atá faofa ag an Aire Airgeadais faoi Alt 35 den Acht, ina leagtar amach a ndualgais i ndáil le nochtadh leasanna, rúndacht, cosaint sonraí, agus trádáil chos istigh.

Éilítear ar chomhaltaí foirne a shanntar do GNBS gealltanais a shíniú go gcoilfidh siad le forálacha an Chóid Cleachtais agus tá oiliúint chomhlíonta rialta éigeantach don fhoireann ar fad.

CUNTASACHT GNBS

I gcomhlíonadh a fheidhmeanna, is gá do Bhord GNBS cloí lena oibleagáidí faoin Acht agus tá sé faoi réir leibhéal ard cuntasachta poiblí.

1. Cuireann GNBS tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid an Aire Airgeadais ar a gníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo faisnéis ar a hiasachtaí, ar a socruithe maoinithe agus ar a hioncam agus ar a caiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithiúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
2. Cuireann GNBS cuntais bhliantúla isteach, i bhfoirm a ordáíonn an tAire Airgeadais, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna cuntais: liosta de gach urrús fiachais a eisíodh, liosta de gach airleacan a rinneadh ón bPríomh-Chiste nó a rinne GNBS agus a n-aonáin ghrúpa agus liosta de phunanna sócmhainní lena luacháil leabhair. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) iniúchadh ar chuntais GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

3. Mar aon lena gcuntais bhliantúla, éilítear ar GNBS, faoi Alt 53 den Acht, Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais, ina leagtar amach a cuid cuspóirí atá beartaithe do gach bliain, raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh, a cuid straitéisí agus beartas agus an úsáid acmhainní atá beartaithe aici. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
4. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach agus tugann siad fianaise, nuair a éilíonn an Coiste um Chuntais Phoiblí. Tagann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach os comhair coistí eile an Oireachtais freisin nuair a éilítear a leithéid orthu.
5. Féadfaidh an tAire Airgeadais a éileamh ar GNBS tuairisc a thabhairt dó ag am ar bith ar aon ábhar, lena n-áirítear feidhmíocht a cuid feidhmeanna nó eolas nó staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.
6. D'ullmhaigh GNBS cóid chleachtais de réir Alt 35 den Acht chun ábhair áirithe a rialú, lena n-áirítear iompar a cuid oifigeach, caighdeán seirbhísithe le haghaidh sócmhainní bainc a fuarthas, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an chaoi a gcuirfeadh GNBS leasanna tráchtála na mbanc neamh-rannpháirteach san áireamh. D'fhaomh an tAire Airgeadais na cóid chleachtais agus foilsíodh iad ar www.nama.ie/about-us/governance/codes-of-practice-and-conduct.
7. De réir Ailt 226 agus 227 den Acht, tar éis an 31 Nollaig 2012, b'éigean don Aire agus don ARCC ar leithligh méid an dula chun cinn a rinne GNBS maidir lena cuid cuspóirí foriomlána a chomhlíonadh a mheas. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar dhul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an ARCC athbhreithniú air gach trí bliana. Foilsíodh an chéad agus an dara Tuarascáil um Dhul chun Cinn de bhun Alt 226 i gcás GNBS ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Bealtaine 2014 agus i mí an Mheithimh 2018 faoi seach. Foilsíodh an chéad Athbhreithniú de bhun Alt 227 i gcás GNBS ón Aire i mí an Mheithimh 2014 agus, amhail Aibreán 2019, táthar i mbun an dara athbhreithniú dá leithéid a dhéanamh.

Réamhrá

Gníomhaíocht
DighlártaSoláthar Réadmhaoin
CónaitheSDZ Dhughaile
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GelleagrachAthbhreithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais

Bainistíocht Riosca

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Tá GNBS neamhchosanta ar réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil na Gníomhaireachta agus a cáil. Tá cur chuige comhtháite i mBeartas Bainistíochta Riosca GNBS atá faofa ag an mBord, lena chinntiú go sainaithnítear gach aicme ábhartha riosca ionas go n-ailínítear straitéis agus cur i bhfeidhm gnó chun an riosca le baint amach Plean Straitéiseach GNBS a íoslaghdu. Bunaítear na próisis chun riosca a shainaithint, a mheas, a luacháil, a thomhas, a thuairiscíú agus a mhaolú sa Chreat Bainistíochta Riosca. Shainaithin GNBS na rioscaí bunairgid agus neamhchinnteachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar bhaint amach a cuspóirí.

1. Riosca maicreacnamaíoch agus réadmhaoin

Riosca nach mbeifear in ann dualgais fiachais agus cothromaíais GNBS a bhaint amach ná ionchais an Aire Airgeadais maidir le farasbarr GNBS mar gheall ar shuaitheadh intíre nó idirnáisiúnta airgeadais nó maicreacnamaíoch. Más rud é go raibh cor chun donais i ngeilleagar na hÉireann agus i margadh tithe agus talún na hÉireann, féadfar gurbh lú ná mar atá réamh-mheasta na sreafaí airgid a réadaítear le sócmhainní GNBS.

2. Riosca caipitil dhaonna

Má fhágann comhaltaí foirne tábhachtacha le scileanna speisialta GNBS, méadaíonn sé riosca na Gníomhaireacht nach mbainfeadh sé amach a cuspóirí. Dá dteipfí ar chomhaltaí foirne tábhachtacha, a bhfuil an taithí agus saineolas riachtanach acu, a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil chaillfí eolas corparáideach, bheadh baic chumais ar sholáthar sócmhainní le díol agus/nó d'fhéadfadh luachanna réadaithe sócmhainne a bheith níos ísle.

3. Rioscaí SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Is é seo an riosca go dteipfeadh ar GNBS a phleananna do SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a sholáthar. B'fhéidir nach mbainfidh GNBS a cuspóirí amach, lena n-áirítear riachtanas reachtúil Acht GNBS chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát, má thagann rioscaí áirithe chun cinn ar nós moill ar chead pleanála a fháil, moill ar bhonneagair tacaíochta a sholáthar, agus iomaíocht mhargaidh.

4. Rioscaí Forbartha Cónaithe

Is é an riosca atá ann, má theipeann ar GNBS a sprioc chun soláthar 20,000 aonad cónaithe a mhaoiniú faoi dheireadh 2020, d'fhéadfaí drochthionchar suntasach a imirt ar chumas GNBS a chuspóirí a bhaint amach lena n-áirítear riachtanas reachtúil Acht GNBS chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát.

5. Riosca don cháil

Is é seo an riosca go bhféadfadh tuairim dhiúltach phoiblí, pholaitiúil nó thionscail drochthionchar a imirt ar chroí-ghníomhaíochtaí gnó GNBS, ar ionchais airgeadais agus an bonn a bhaint de chumas na Gníomhaireachta a cuspóirí a bhaint amach.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca monatóireacht rialta ar na rioscaí bunairgid agus tuairiscítear aon athruithe ar an bpróifíl riosca nó nuashonruithe suntasacha don Bhord ar bhonn tráthúil. Tugtar cuireadh do shaineolaithe ábhair cur i láthair a dhéanamh don Choiste Bainistíochta Riosca ar bhonn rialta lena chinntiú go ndéantar breith chuí ar gach gné de na rioscaí sin.

Tá próisis láidre riosca i bhfeidhm ag GNBS chun riosca a bhaineann lena gnó a bhainistiú chun an fhéidearthacht go dtarlódh caillteanas shuntasacha gan choinne a laghdú, agus chun tionchar na gcaillteanas gan choinne a laghdú. Cuirtear rioscaí a aithníonn an bhainistíocht in ord tosaíochta de réir dóchúlachta agus tionchair. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an stádas riosca agus ar mheasúnú na bainistíochta, lena n-áirítear pleananna gnímh rialaithe, go rialta. Tá dúshlán ar an mbainistíocht rioscaí nár cuireadh san áireamh cheana a aithint. Ceapadh straitéisí freagartha GNBS i leith gach riosca lena chinntiú go bhfeidhmíonn GNBS laistigh de lamháltas riosca trí riosca a sheachaint, an riosca a aistriú nuair is féidir, dóchúlacht agus/nó tionchar an riosca a laghdú nó glacadh leis an riosca faoi réir athbhreithniú leanúnach. Tugann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí don Bhord glacadh le beartais nua nó le hathruithe ar bheartais reatha, glacadh le straitéisí fálaithe chun riosca cláir chomhardaithe áirithe a bhainistiú agus paraiméadair do dhíghiaráil an chláir chomhardaithe trí fhuascailtí bannaí mar fhreagra ar thionchair agus ar chúinsí inmheánacha agus seachtracha atá ag athrú, mar shampla.

Tá laghdú suntasach tar éis teacht ar an leibhéal de neamhchinnteachta a bhaineann le clár comhardaithe NAMA de bharr an aistriú go hairgead tirim atá déanta go dtí seo le punann fiachais NAMA. Is riosca óna dteastaíonn aire go fóill í an tsamhail oibríochtúil agus an brath ar scileanna ríthábhachtacha a choinneáil. Tá próifíl riosca GNBS athraithe go leanúnach de réir mar a d'éirigh na croí-phróisis agus córais bunaithe agus leabaithe i gcroí na ngníomhaíochtaí eagraíochtúla oibríochtúla.

Ráitis Airgeadais

An Bord agus faisnéis eile	62
Tuarascáil an Bhoird	63
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	64
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	70
Ráiteas ioncaim comhdhlúite	72
Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh	73
Ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta	74
Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais	75
Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais	76
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	77
Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas	78
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	79
Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid	81
Nótaí le na ráitis airgeadais	82
Gluais na dtéarmaí	159

An Bord agus Faisnéis eile

BORD

Frank Daly (Cathaoirleach)

Brendan McDonagh¹ (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)

Conor O'Kelly¹

Oliver Ellingham

Mari Hurley

Brian McEnery (d'éirigh as 21 Nollaig 2018)

Eileen Maher (ceaptha 3 Iúil 2018)

Willie Soffe (d'éirigh as 21 Nollaig 2018)

Michael Wall (ceaptha 3 Iúil 2018)

Aidan Williams (ceaptha 2 Aibreán 2019)

OIFIG CHLÁRAITHE

Foirgneamh an Stáitchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

D02 XN96

BAINCÉIRÍ

Banc Ceannais na hÉireann

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 F7X3

Citibank

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 T8Y1

Bainc-Aontas Éireann cpt

Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 X342

INIÚCHÓIR

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

¹ Is baill ex-officio de Bhoird GBCN iad Príomhfheidhmeannaigh GBCN agus GNBS.

Tuarascáil an Bhoird

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an Gníomhaireacht' nó 'GNBS') a thuarascáil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um an GNBS i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018.

Tá na ráitis airgeadais leagtha amach ar leathanaigh 72 go 158.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá Bord GNBS freagrach as ráitis airgeadais an Ghrúpa ('an Ghrúpa') agus an Gníomhaireacht de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) mar a ghlac an tAontas Eorpach agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá sé mar dhualgas ag an mBord faoin tAcht fán nGníomhaireacht um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ('an tAcht') ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena cuid oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais freisin.

Tá an Bord den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom ar shócmhainní, dliteannais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag deireadh an bhliain airgeadais agus ar bhrabúis an bhliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Bhord faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ráiteas a thabhairt faoi cibé acu a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le caighdeán chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainathint, agus an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaí; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh.

Tá an Bhord freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais ('an tAire'), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Bhord freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa nochtadha do phríomhrioscaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an Ghrúpa a bhaint amach:

- Suaitheadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta
- Caillteanas ábhair de chaipiteal daonna
- Mainneachtain pleananna a sholáthar do Cheantar na nDugáí i nBaile Átha Cliath
- Mainneachtain pleananna Réadmhaoine Cónaithe a sholáthar
- Damáiste don cháil.

Tá na príomhrioscaí á n-athbhreithniú go leanúnach ag Coiste Bainistíochta Riosca GNBS agus déantar aon athrú a thuairisciú do Bhord GNBS ag an am céanna. I mí Aibreáin 2018, d'fhaomhaigh an Bord Ráiteas Éilimh ar Riosca do gach ceann de na Príomhrioscaí a shainíonn claonadh GNBS chun rioscaí áirithe a ghlacadh lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca praghas eile) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 26 go 28 leis na ráitis airgeadais.

LEASANNA NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Níl aon leas tairbhiúil (2017: neamhní) ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

INIÚCHÓIR

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchóir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird
24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS'). Tá an Bord agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de Ghrúpa an GNBS.

Baineann na torthaí a gcuirtear i láthair anseo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2018, le torthaí comparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe

Foráiltear san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (an 'tAcht') gur iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

- A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach.

Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlónfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach; Coiste Iniúcháireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Tá dhá choiste eile ag an mBord chomh maith: Coiste Comhairleach Pleanála agus an Coiste Luach Saothair. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá fhochoistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithnithe rialta. Tá cinní creidmheasa áirithe tarmilgthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach tríd an Beartas Creidmheasa Údarás Tarmilgthe atá a chuirtear faoi aithbhreithniú rialta. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá chlár comhardaithe agus dá bheartais státhchiste tarmilgthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Tá léirmheas agus breathnú de gnáth tuairiscí an Coiste Iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh), an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Creidmheasa, An Coiste Airgeadais agus Oibríúcháin, an Coiste Luach Saothair, an Ceannasaí Iniúcháir agus Riosca agus an Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach chun an Bhord san áireamh i monatóireacht éifeachtacht rialú inmheánach an Bhoird.

Ghlac an Bord chucu féin an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2009 (Cód 2009) a cuireadh in oiriúnt dá struchtúr rialacháin agus riachtanais reachtúil an tAcht. Rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an gCód 2009 a sheoladh i Lúnasa 2016 le dáta éifeachúil de 1 Meán Fómhair 2016. Chuir an Bord an Cód i bhfeidhm óna dháta éifeachúil, faoi réir uimhir míniúcháin teoranta (mar a fhoráiltear sa gcur chuige 'cloí nó mínigh' a glacadh leis sa Chód) a bhaineann amach, i ngach cás, cuspóirí an Chód tríd beart reachtúil agus rialachas malartach. Áit ar ghá, mar pháirt do cuir i bhfeidhm an Cód, tá socrúithe curtha in áit ag GBNS chun comhlónadh an Cód a chinntiú agus déanann sé athbhreithniú ar a pholasaithe agus a ghnáthamh ar bhun thréimhsiúl leanúnach le comhlónadh an Chód a chinntiú chomh maith le dea-chleachtas i rialachas corparáideach.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtracha agus an Beartas Frithchaloise a chur i bhfeidhm.

Déanann an Bord athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar Beartas Frithchaloise GNBS agus is i Nollaig 2018 is deireanaí a d'fhaomhaigh an Bord é. Faoin mbeartas seo ní mór an Coiste Iniúcháireachta a chur ar an eolas maidir le gach tuairisc a bhaineann le calaois nó calaois amhrasta. Tá Beartas ag GNBS freisin a bhaineann le "Éagóiritheoireacht" a Thuairisciú agus le Nochtadh Faisnéise a Chosaint, a d'fhaomhaigh an Bord i mí na Samhna 2018. Faoin mbeartas déantar prionsabail dea-rialachais chorparáidigh a chur chun cinn chomh maith trí nós imeachta a leagan amach chun inniú faoi éagóiritheoireacht fhéideartha, laistigh de mhíniú an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, a thuairiscí agus aghaidh a thabhairt air. Tá feidhm ag an mbeartas maidir le gach "oibrí" de chuid GNBS agus tá foráil ann do nochtadh faisnéise ábhartha, go hinmheánach trí bhainisteoir líne nó Ceannasaí Comhlíontachta nó go seachtrach trí "Duine Ainmnithe". Éilítear ansin ar an gCeannasaí Comhlíontachta agus an Duine Ainmnithe tuairisc a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta. Tá an Coiste Iniúcháireachta freagrach as úinéireacht an Bheartais um Éagóiritheoireacht a Thuairisciú agus Nochtadh a Chosaint sa mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna an GNBS, maoirseacht ar a fhorfheidhmiú ó thaobh na feidhmeanna sin de agus maoirseacht ar fhiosrúcháin, lena n-áirítear teagmháil leis an gCeannasaí Comhlíontachta GBCN lena chinntiú go ndéantar aon tuairisc a fhaightear a mheas agus a fhiosrú i gceart.

De réir Roinn 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 foilsíonn GNBS tuarascáil ar a suíomh gréasáin i Meitheamh gach bliain a bhaineann leis an méid nochtaithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon gníomh a glacadh mar fhreagra ar a léithead.

Tá Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach ag an GNBS atá, i gcomhar leis an bPriomhoifigeach Feidhmiúcháin, freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínithe agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá Cóid Chleachtais comhaontaithe leis an Aire Airgeadais (an tAire) de réir Alt 35 den Acht, lena n-áirítear inter alia Cóid ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS. Déanann an Bord athbhriethniú bhliantúil ar na Cóid Cleachtais cuirtear aon leasú faoi bhráid an Aire lena gceadú roimh foilsíúchán ar shuíomh ghreásáin GNBS.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear GBCN, an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir. Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas dea-fhorbartha um rialú inmheánach ag GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo;
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS leis an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir le hagaidh tuairiscíu teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe;
- Loirgeann agus faigheann an GNBS dearbhuithe ó GBCN, Link Asset Services agus Bainc-Aontas Éireann cpt go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais i ndáil foráil seirbhísí do GNBS.

Le linn na bliana airgeadais, lean GNBS ag áirithiú go raibh timpeallacht rialaithe iomchuí ann laistigh de ghrúpa GNBS chun na dlíthe cánach uile is infheidhme a chomhlíonadh. Ghlac na Coimisinéirí loncaim le hiarratas ó ghrúpa GNBS chun páirt a ghlacadh sa Chreat um Chomhlíonadh Comhoibritheach leis na Coimisinéirí loncaim le linn na bliana 2018. Leis an gcóras sin, cothófar caidreamh comhoibritheach leanúnach idir na Coimisinéirí loncaim agus grúpa GNBS agus, mar chuid den Chreat, tionóltar cruinniú bliantúil leis na Coimisinéirí loncaim.

Tar éis féin-athbhreithniú cuimsitheach, rinne GNBS nochtadh deonach, gan iarraidh do na Coimisinéirí loncaim i mí na Samhna 2018. San athbhreithniú sin, rinneadh breithniú ar chúrsaí CBL maidir le seirbhísí áirithe a fuair GNBS ó áiteanna thar lear agus bhain sé go príomha le cásanna inar aisíocadh na glanfháltais ó dhiúscairt sócmhainní le GNBS tar éis na costais ghaolmhara a íoc. Ba é GNBS féin a thionscain an t-athbhreithniú sin agus rinneadh é le cúnamh ó shaineolaithe cánach seachtracha. Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh €1.9m a íoc leis na Coimisinéirí loncaim agus bhain €0.6m de sin le hús agus pionóis. Ní raibh an nochtadh deonach gan iarraidh ábhartha ó thaobh cúrsaí airgeadais de i gcomhthéacs Cháin Chorporáide Ghrúpa GNBS ina iomláine, dar luach €113m sa bhliain 2018.

Rinneadh próisis rialaithe inmheánaigh GNBS a fheabhsú chun a áirithiú nach dtarlódh gearrrocaíocht den chineál sin arís sa todhchaí. Ghlac na Coimisinéirí loncaim go hiomlán leis an nochtadh deonach gan iarraidh agus tá deireadh leis anois. Fanann Bord Ghrúpa GNBS tiomanta do chomhlíonadh eiseamláireach leanúnach na ndlíthe cánach is infheidhme.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achte. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe, le cinntiú go bhfuil na rioscaí seo á bhfeidhmiú laistigh de theorainneacha faofa an Bhoird.

Tá Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithnítear agus ina rangáítear rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Déanann Ceann Rannáin athbhreithniú ar chlár rioscaí roinne ar bhun ráithiúil agus cuirtear fianuithe sínithe isteach go feidhm Iniúchta agus Riosca GBNS. Déanann feidhm Iniúchta agus Riosca agus Coiste Bainistíochta Riosca GBNS athbhreithniú ar na clár rioscaí seo.

Comhcheanglaítear na clár rioscaí roinne le clár riosca iomlán an slánaonad a chruthú a dhéanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhriethniú air ar bhun ráithiúil agus an Bord ar bhun leathbhliantúil. Éilítear ar an Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach, ar bhun ráithiúil, oibríochtaí rialuithe comhaontaithe ina roinne le riosca a bhainistiú agus a mhaolú a fhianú.

D'aithin an Coiste Bainistíochta Riosca cúig phríomhriosca a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an GNBS a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

- Suaitheadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta;
- Caillteanas ábhair de chaipiteal daonna;
- Teip ar pleanna Cheantar na nDugaí a sholáthar;
- Teip ar pleannanna Pleananna Réadmhaoin Cónaithe a sholáthar;
- Damáiste ar an gcáil.

Tá na Príomhrioscaí á n-athbhreithniú go leanúnach ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus déantar aon athruithe a thuairiscíú do Bhord an GNBS ag an am céanna. I mí Aibreáin 2018, d'fhaomhaigh Bord an GNBS Ráiteas Éilimh ar Riosca do gach ceann de na Príomhrioscaí a shainíonn claonadh GNBS chun rioscaí áirithe a ghlacadh lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Cuireann Link Asset Services agus Bainc-Aontas Éireann cpt clár rioscaí ar fáil gach ráithe ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe leis an GNBS.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ag na úinéirí gnó ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú lena tuairisciú airgeadais míosúil, ráithiúil agus bhliantúil agus d'ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite agus na gníomhaireachta a ionchorpraíonn na próisis agus na rialuithe uile a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo. Tá próiseas comhdhlúthúcháin atá go hiomlán uathoibríoch i bhfeidhm ag GNBS.

Cuireann an GNBS feabhsuithe go leanúnach i bhfeidhm ar a córais faisnéise bainistíochta d'fhonn tuairisciú feabhsaithe a éascú chuig an mBord, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach maidir lena feidhmíocht. Leanann an GNBS ag déanamh forbartha ar fhaisnéis bainistíochta chun tacaíocht a thabhairt don GNBS lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áirítear ina measc seo inter alia faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe/straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgid nua, faomhadh díuscairtí sócmhainní/iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaíne agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais sonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás i ndáil lena leithéid. Tá sé freagrach as beartais ábhartha um Aisghabháil Sócmhainní a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird, agus soláthraíonn sé ról maoirseachta maidir le mórchinntí creidmheasa déanta faoi leibhéal údarais tarmligthe an Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhFaisnéis Bainistíochta a ullmhaíonn ag baint leis Bainistiú agus Aisghabháil Sócmhainní agus Soláthar Tithíochta Cónaithe i ndáil le punann an GNBS lena chinnteoireacht a thacú.

Maidir leis an gCoiste Iniúcháireachta, trína fhreagrachtaí a chomhlíonadhmar a leagtar amach sna Téarmaí Tagartha, cuireann sé leis an bpróiseas Rialaithe Inmheánaigh freisin.

Soláthar

Tá Polasaí Soláthair agus doiciméad Treoir agus Ghnáthaimh Soláthair ("Doiciméid Soláthair GNBS" le chéile) curtha ar bun ag GNBS a dhéantar athbhreithniú orthu agus a chuirtear i láthair an Bhoird le formheas gach bliain. Comhlíontar riachtanais soláthair GNBS de réir na doiciméad thuasluaite a ionchorpraíonn dlíthe infheidhmithe.

Tá GNBS faoi réir Treoir AE 2014/24/EU atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin an AE (Conarthaí Údarais Phoiblí a Dhámhachtain) 2016 (na "Rialacháin"), maidir le soláthar earraí, oibriúcháin agus seirbhísí thar luach tairisí áirithe leagtha amach ag an AE². Nuair nach bhfuil feidhm le na Rialacháin - mar go bhduil luach an soláthar faoi tairisú an AE nó nuair atá sé lasmuigh den Rialacháin - tógann GNBS próiseas i gcúram atá deartha leis an luach airgead is fearr a bhaint amach de bhun a Dhoiciméid Soláthair.

Tá treoirilínte soláthair eisithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais i dtaca le soláthar earraí, oibre agus seirbhísí ag luachanna faoi tairisú an AE luaite roimhe thuas. Tá riachtanais comhlachtaí poiblí treoirilínte soláthair eisithe an Oifig um Sholáthar Rialtais a chur i bhfeidhm sa Chód.

I litir chuig an Roinn Airgeadais maidir le cuir i bhfeidhm an Chód, leag GBNS amach nach mbeartaíonn sé cloígh leis an sraith iomlán treoir soláthair náisiúnta leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais mar gheall ar na fáthanna leagtha amach thíos:

- Tá Doiciméid Soláthair GNBS comhseasmhach le príonsabail na treoir éagsúla leagtha síos ag an OSR, ach amáin i leith an chuid sin de Imlitir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 10/2014 ina néilítear go bhfógraítear gach soláthar thar €25,000 ar an suíomh gréasáin soláthar náisiúnta www.eTenders.gov.ie. Nuair a chuirtear san áireamh fo gníomhaíonn GBNS i dtimpeallacht tráchtála agus go gcaithfidh sé a iomaíochas tráchtála a chothbháil, ghlac GNBS próisis soláthair malartach a dhéanann iarracht luach ar airgead barrmhaith a chuir ar fáil agus ag an am chéanna ag cur fachtóirí eile san áireamh ina measc, éifeachtúlachtaí gnóthaithe ó phainéal curtha ar fáil ó sholáthraithe/comhairleoirí sheirbhíse a úsáid, rúndacht, coinbhleacht leasa agus amlínte ar sheachadadh seirbhísí. I gcásanna áirithe, faoi Dhoiciméid Soláthair GBNS, cinnítear go bhfuil sé oiriúnach maolú ceadaithe cuí a fháil ó sholáthar GBNS (i. gan próiseas tairisceana iomaíoch a reachtáil). Ní cheadaítear maolaithe ach i dálal teoranta atá mar bhonn agus mar thaca ag fáthanna dlísteana trachtála.

Ní hionann úsáid maolú faoi Dhoiciméid Soláthair GBNS agus neamhchomhlíonadh polasaí soláthar. Baineann reachtaíocht an AE le conarthaí atá thar tairseach an AE agus cheadaíonn Rialacháin Soláthar an AE 2016 maolú ó phróiseas iomaíoch tairisceana AE i gcúinsí iontach teoranta. Níor cheadaigh GNBS aon maolú ó phróiseas iomaíoch tairisceana AE le linn na bliana tuairiscithe.

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon mhaoluithe ar Dhoiciméid Soláthair GBNS a fhaomhadh. Tuairiscítear na maoluithe uile don Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin agus ansin do Bhoird GNBS sa chás go bhfuil an maolú níos mó ná €100,000.

² Is ionann an tairseach soláthair reatha de chuid an Aontais is ábhartha do GNBS agus €221,000 atá infheidhme maidir le formhór na n-earraí agus na seirbhísí a sholáthar. Tá tairseacha soláthair an Aontais faoi réir athbhreithnithe gach dhá bhliain agus déanfar an chéad athbhreithniú eile i mí Eanáir 2020. Bíonn córas difriúil i gceist i leith seirbhísí eile, amhail seirbhísí dlí neamhchonspóideacha ina bhfuil tairseach de €750,000 infheidhme - féach Nóta 1 thíos.

Tá sonraí na maoluithe leagtha amach i dtábla 1.1 agus i dtábla 1.2 anseo thíos. Le linn na bliana 2018, d'fhaomh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin maoluithe dar luach thart ar €8.6m in iomlán (ar cuireadh thart ar €7.4m de sin i leith seirbhísí dlí - féach na nótaí faoi tábla 1.1). B'ionann na maoluithe iomlána sa bhliain 2017 agus thart ar €4.6m, ar cuireadh thart ar €3.5m de sin i leith seirbhísí dlí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtuairiscíonn GNBS gach maolú beag beann ar an luach atá i gceist agus dá bhí sin, go n-áirítear maoluithe níos lú ná €25,000 (nach gá iad a thuairisciú de réir an Chóid) chun trédhearcacht iomlán a áirithiú ó thaobh caiteachais de.

Is í an phríomhchúis leis an méadú ar fhigiúr na maoluithe don bhliain 2018 ná go raibh gá níos mó le seirbhísí dlí a choinneáil le haghaidh cúrsaí conspóideacha dlíthíochta. Chomh maith leis sin, tháinig méadú suntasach ar na costais a bhaineann le hoibleagáidí rialála breise.

Tá na méideanna atá curtha i leith maoluithe bunaithe ar mheastacháin tráth a iarrtar an maolú agus a dhámhtar an conradh. Féadfaidh téarma a bheith i gceist le roinnt conarthaí a shíneann thar dheireadh na bliana airgeadais agus déanfar iad sin a thuairisciú sa bhliain a dhámhadh an conradh. Eisceacht amháin air sin ná sa chás go n-iarrtar méadú ar luach measta conartha faoi mhaolú, ansin is é beartas GNBS maolú breise a iarraidh agus an luach measta carnach leasaithe á thabhairt ar aird. Ansin, déantar an conradh a thaifeadadh mar mhaolú sa tréimhse cuntasáíochta sin chomh maith, agus a luach carnach leasaithe á thabhairt ar aird. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise an mhéid thuas, áiríonn GNBS ina dtuarascálacha ar mhaolú conarthaí lena mbaineann luach measta leasaithe, d'ainneoin an conradh bunaidh/méadú roimhe sin a bheith tuairiscithe sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Ar na cúiseanna leis na maoluithe atá sonraithe sna táblaí thíos tá: cineál an-leochaileach/an-rúnda an ábhair; saincheisteanna maidir le coinbhleachtaí leasa a bheith i gceist; eolas a bheith ag na soláthraithe seirbhíse ar an ábhar cheana féin, amhail an féichiúnaí/an tsócmhainn lena mbaineann agus go ndéanfaí costais ábhartha a choigilt; nó ar chúis práinne nó ar chúiseanna dlí leochaileacha.

Tábla 1.1 Maoluithe ó Sholáthar le haghaidh seirbhísí dlí - conspóideacha agus neamhchonspóideacha araon:

Catagóir	Líon na gConarthaí 2018	Luach measta na gconarthaí a dhámhadh sa bhliain 2018 €'000	Líon na gConarthaí 2017	Luach measta na gconarthaí a dhámhadh sa bhliain 2017 €'000
(A) Seirbhísí dlí conspóideacha/Seirbhísí dlí a bhaineann le dlíthíocht	10	6,655	17	1,861
(B) Seirbhísí dlí neamhchonspóideacha	12	734	25	1,618
Iomlán	22	7,389	42	3,479

Nóta 1: Catagóir (A) Eisiatar seirbhísí dlí conspóideacha/seirbhísí a bhaineann le dlíthíocht faoi na Rialacháin Soláthair. Tuairiscítear seirbhísí dlí neamhchonspóideacha trí chóras "éadrom" faoi na Rialacháin Soláthair sa chás gurb ionann luach aon chonartha amháin agus €750,000.

Nóta 2: Aithníonn GNBS mar mhaoluithe, aon cheapacháin a rinneadh ó phainéil dlí bhunaithe GNBS de thoradh ar phróiseas soláthair tosaigh lena ndaingnítear rátaí iomaíocha in aghaidh na huairé, ach nár cuireadh faoi réir dhara babhta tairisceana (nó miontairiscint) sa chás gur aithníodh raon áirithe seirbhísí. Is gnáthchleachtas GNBS é sin faoina chuid creatáil mar is féidir leis gnéithe táille seasta a ionchorprú, a mhéid is indéanta, chun a áirithiú go mbainfear amach an luach ar airgead is fearr is féidir. Tá líon mór de na maoluithe a luaitear i dtábla 1.1 sa chatagóir sin.

Tábla 1.2 Maoluithe ó Sholáthar d'Aonaid Ghnó GNBS (seachas na cinn Dlí):

Roinn GNBS	Líon na gConarthaí 2018	Luach measta na gconarthaí a dhámhadh sa bhliain 2018 €'000	Líon na gConarthaí 2017	Luach measta na gconarthaí a dhámhadh sa bhliain 2017 €'000
TF	3	400	3	270
Bainistíocht Sócmhainní & Aisghabháil Sócmhainní	6	578	10	552
Corparáideach	4	132	3	143
Seachadadh Cónaithe	1	52	2	138
Iomlán	14	1,162	18	1,103

Leanfaidh GNBS ag cloí lena Dhoiciméid Soláthair, a chreideann GNBS gur leor iad chun cuspóirí caiteachais phoiblí an Chóid a bhaint amach. Áirithíonn GNBS leibhéal ard trédhearcachta trína phróisis soláthair agus úsáideann sé e-tenders agus Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE) más infheidhme. Tháinig ceist amháin chun cinn a bhain go sonrach le húsáid e-tenders agus foilsíú chuig IOAE agus aithnítear é sin faoi "Saincheist maidir le Rialú Inmheánach" thíos.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Coráis agus Infreastruchtúr Teicneolaíocht Faisnéise

Leanann GNBS cur chuige struchtúrtha i tabhairt faoi tionscadail córais ghnó atá rialaithe ag mion-doiciméid solártha. Le linn 2018 rinneadh clár feabhais in áit athraithe shúntasach ar na croí córais. Sé sin Stór Iasachtaí GNBS, an Córas Bainistíocht Punann, an Córas Bainistíocht Doiciméad agus an Córas Bainistíocht Faisnéise. Tá smachtanna ag GNBS i leith rochtain teicneolaíocht faisnéise a fháil ar fhostaigh nua, athraithe i gceartanna rochtain ó athraithe foirne nó tar éis ball foirne éirí as a fhógrú. Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leathbhliantúil ar rochtain chuig córais agus sonraí agus tuairiscítear go Foireann Tacaíochta Córais Gnó GNBS é.

Chuir GNBS creatlach oiriúnach i bhfeidhm le cinntiú go gcloíonn sé leis an an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis Acht um Chosaint Sonraí 2018. Mar pháirt den creatlach seo tá córais agus smachtanna le fáil ar eolas a shrianadh. Nuair a thugann GNBS sárúithe sonraí a d'fhéadadh bheith ann nó úsáid eolas rúnda gan chead faoi deara, scrúdaítear iad go hiomlán agus déantar iad a thuairisciú do na húdaráis cuí nuair is gá.

Tuirisceáil Airgeadais agus Bainistíochta

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Soláthraíonn an GNBS measúnú rialta ar a hioncain agus costais iarbhrí go buiséid don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht freisin ar fhorbairt agus forfheidhmiú chórais an GNBS.

Cuireann an GNBS faisnéis airgeadais agus feidhmíochta i láthair do ghac cruinniú den Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Bhoird agus cuirtear faisnéis airgeadais agus feidhmíochta ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Aire Airgeadais freisin mar atá riachtanach faoin Acht.

Lena chois sin, soláthraíonn an GNBS faisnéis bhainistíochta don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach, don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus don Bhord i ndáil le feidhmíocht na bhféichiúnaithe agus na punainne iasachtaí.

Iníúchadh Inmheánach

Gníomhaíonn PricewaterhouseCoopers Ireland mar Iníúcháir Inmheánach GNBS. Tá feidhm iníúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iníúcháir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iníúcháireachta plean iníúcháireachta inmheánaí don bhliain 2018. De réir an phlean seo, tá roinnt iníúchtaí déanta ag an Iníúcháir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, Link Asset Services agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIníúcháir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iníúcháireachta.

Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iníúcháireachta nuashonruithe, ar bhonn rialta, ar stádas na saincheisteanna tugtha chun solais ag na hIníúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna úd.

Saincheist maidir le Rialú Inmheánach

- I mí na Samhna 2016 agus sa chéad ráithe den bhliain 2017, rinne GNBS ceithre chuireadh chun tairisceana a fhógairt ar láithreán gréasáin tairisceana poiblí an Rialtais, a nuashonraíodh le déanaí, www.e-tenders.gov.ie (e-tenders), agus ar láithreán gréasáin GNBS féin.
- Tar éis athruithe sa phearsanra a bhí ar fhoireann soláthair GNBS le linn na tréimhse sin, fuarthas ag deireadh mhí an Mhárta 2017 nach ndearnadh na ceithre chuireadh chun tairisceana sin, a foilsíodh ar e-tenders agus ar láithreán gréasáin GNBS, a fhoilsiú in IOAE in aon chor. Agus e-tenders á úsáid acu, chreid baill na foirne sin go mícheart go raibh siad tar éis na cuirí chun tairisceana a fhoilsiú ar IOAE bunaithe ar sheat scáileáin ar láithreán gréasáin e-tenders, ach níorbh ionann an cás.
- Tar éis dóibh an tsaincheist a chur in iúl don lucht bainistíochta sinsearaí, rinneadh measúnú láithreach ar an gcaoi ar tharla sé agus ar na hiarmhairtí a bhí i gceist do GNBS. Fuarthas leis an measúnú sin a rinne an lucht bainistíochta sinsearaí gurbh earráid dhaonna ba chúis leis an tsaincheist agus nach raibh iarmhairtí aici (go háirithe, nach raibh aon iarmhairtí airgeadais i gceist léi) agus níor chaill GNBS aon luach dá bharr; mar sin, ní raibh an tsaincheist sin ina heachtra ná ina teagmhas de réir bhrí an téarma sin chun críocha tuairiscithe teagmhais GNBS. Fuarthas chomh maith gur tharla sé toisc go raibh easpa eolais ag na daoine a bhí i gceist ar fhormaid nua an láithreáin ghréasáin e-tenders, a rabhthas tar éis é a nuashonrú le déanaí tráth a raibh na cuirí chun tairisceana á bhfoilsiú.
- Aithníodh bearta ceartaitheacha láithreach agus d'fhreastail an ball foirne atá freagrach as déileáil leis an láithreán gréasáin e-tenders ar chúrsa oiliúna breise maidir le e-tenders a úsáid thar dhá lá i mí Aibreáin 2017.
- Rinneadh fógraí dámhachtana do na ceithre chomórtas a fhoilsiú ar e-tenders agus ar láithreán gréasáin GNBS ina dhiaidh sin.
- D'fhógair GNBS ceithre chuireadh chun tairisceana eile ina dhiaidh sin, go déanach sa bhliain 2017 agus i dtús na bliana 2018, agus foilsíodh iad go léir ar e-tenders, ar láithreán gréasáin GNBS agus ar IOAE. Foilsíodh fógraí dámhachtana maidir leis na ceithre chomórtas uile ar na trí láithreán gréasáin sin chomh maith.
- Níor thabhaigh GNBS aon chailleanas airgeadais agus níor chaill siad aon luach sa bhliain 2017 ná sa bhliain 2018 de dheasca na saincheiste sin.
- I bhfianaise na gconclúidí ar tháinig an lucht bainistíochta sinsearaí orthu maidir leis an easpa iarmhairtí (iarmhairtí airgeadais go háirithe) de bharr na saincheiste ag an am, níor tugadh an cás chun suntais in iníúchadh inmheánach nó seachtrach GNBS agus níor taifeadadh é mar theagmhas toisc nach raibh sé ar aon dul leis an sainmhíniú ar an téarma sin chun críocha tuairiscithe.

- Thabhaigh GNBS caiteachas de thart ar €2.37M le linn na bliana 2017 agus caiteachas de thart ar €1.98M sa bhliain 2018, maidir le seirbhísí a d'eascair as trí cinn de na ceithre chomórtas a bhí i gceist. Ní dhearnadh aon cheapacháin sa bhliain 2017 ná sa bhliain 2018 ón gceathrú comórtas, agus níor tabhaíodh aon chaiteachas ar na seirbhísí sin mar thoradh.

Rinneadh comhairle dhlíthiúil sheachtrach a iarraidh i mí an Mhárta 2019 faoi cibé arbh ionann mainneachtain na ceithre chomórtas a fhoilsiú ar IOAE agus sárú ar na rialacha soláthair. Ba é sin an chéad uair a fuarthas sainchomhairle dlí sheachtrach faoin tsaincheist. Cé gur aithin na sainchomhairleoirí na conclúidí a bhain an lucht bainistíochta sinsearaí amach maidir le heaspa iarmhairtí ag an am agus gur aontaigh siad leo, chinn siad gur sárú riaracháin teicniúil, neamhábhartha ar na ceanglais soláthair a bhí i gceist. I bhfianaise na comhairle sin, meastar é a bheith iomchuí an cás sin a ardú mar shaincheist rialaithe inmheánaigh. Cuireadh Coiste Iniúchta GNBS agus lucht iniúchta inmheánaigh agus lucht iniúchta sheachtraigh GNBS ar an eolas go hiomlán faoin ábhar agus cuireadh conclúidí na sainchomhairleoirí seachtracha dlí in iúl dóibh chomh maith.

Monatóireacht Feidhmíocht Soláthraithe Seirbhíse

Tá próisis bunaithe ag an GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir, lena n-áirítear tuairiscí seirbhíse míosúla, athbhreithnithe seirbhíse rialta agus Coistí Stiúrtha a bhunú. Tá tuairiscí seirbhíse míosúil, athbhreithnithe seirbhíse rialta agus cruinnithe rialta coiste stiúrtha shaincheisteanna feidhmíochta agus oibriúcháin a athbhreithniú san áireamh.

Bunaíodh Coiste Seirbhíse GNBS/GBCN i 2014 agus casann an choiste le chéile nuair is gá le maoirseacht a dhéanamh ar seachadadh seirbhísí comhroinnte curtha ar fáil ag an GBCN go GNBS.

Tuairiscí Poiblí

Tá feidhm Straitéis agus Cumarsáid bunaithe ag GNBS a bhfuil bainistíocht cumarsáid seachtrach le páirtithe leasmhara agus leis an phreas mar fhreagracht aige, le cinntiú go n-iompraíonn an Gníomhaireacht chomh trédhearcach agus is féidir lastigh do pharaiméadar a dhualgais dlíthiúla.

Bunaíodh próisis le glacadh le, athbhreithniú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ceisteanna ginearálta an phobal, chomh maith le láimhseáil agus freagairt Ceistanna Pharlaiminteach, ceisteanna Oireachtais agus iarratias um Shaoráil Faisnéise. Tá freagracht iomlán ag Foireann Cumarsáide GNBS ar eolas a chur ar fáil do agus freagairt a thabhairt ar chesiteann an Coiste um Chuntais Phoiblí.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord i Márta 2019. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreithniú agus breithniú ar athraithe ón athbhreithniú dheirneach agus rioscaí suntasacha roimh GNBS agus a ábaltacht freagra a thabhairt ar na hathraithe i gnó agus an timpeallacht seachtrach;
- Athbhreithniú agus breithniú ar thuairiscí rialta an Coiste Iniúcháir agus an Coiste Bainistíochta Riosca ar an córas smacht inmheánach;
- Athbhreithniú agus breithniú ar éifeachtacht próiseas tuairiscí poiblí GNBS;
- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúcháir Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí;
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag iniúcháirí reachtúla fóchuideachtaí Grúpa GNBS, le linn a chuid oibre mar iniúcháir seachtrach;
- Athbhreithniú ar thuairiscí rialta an Iniúcháir Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheisteanna tugtha chun solais roimhe seo óna dtuarascálacha féin agus ábhair tugtha chun solais ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leanann an Coiste Iniúchta suas freisin le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna tugtha chun solais;
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ó GBCN, Link Asset Services agus Bainc-Aontas Éireann cpt i ndáil le feidhmiú a gcóras um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana;
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.



Frank Daly
Cathaoirleach

25 Aibreán 2019



Oliver Ellingham
Cathaoirleach, Coiste Iniúcháireachta



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA UM BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá ráitis airgeadais Grúpa agus Gníomhaireacht an Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 57 an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim comhdhlúite
- an ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta
- an ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais agus ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas agus an ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus an ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaoíochta.

Is é mo thuairim go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2018 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) mar a ghlacann an Aontas Eorpach leo agus faoi fhórlacha an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

BUNÚS LEIS AN TUAIRIM

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Tá mé neamhspleách ón gcomhlacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis an Cód Eitice arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI).

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

TUAIRISC AR EOLAS SEACHAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS, AGUS AR NITHE EILE

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscim trí eisceacht.

Íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Sa ráiteas ar rialú inmheánach nochtar gur íoc an Gníomhaireacht €1.9 milliún leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Samhna 2018 maidir le gearríocaíocht CBL ar sheirbhísí áirithe a fuarthas ó áiteanna thar lear. Mar chuid den íocaíocht sin, áiríodh €0.6 milliún maidir le hús agus pionóis.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach gur thug GNBS faoi phróiseas tairisceana iomaíoch maidir le ceithre chonradh a soláthraíodh sa bhliain 2017, ach nach ndearna sé iad a fhógairt in Iris Oifigiúil AE, de réir mar a éilítear i rialacha tairisceana AE. Rinneadh seirbhísí dar luach €4.35 mhilliún a sholáthar faoi na comórtais sa bhliain 2017 agus sa bhliain 2018. Cé gur aithníodh an próiseas soláthair neamhchomhlíontach i mí an Mhárta 2017, ní dhearnadh é a thaifeadadh i córas tuairiscithe teagmhais GNBS agus níor cuireadh in iúl do lucht iniúchta inmheánaigh ná lucht iniúchta sheachtraigh GNBS é. Ní dhearnadh na conarthaí a nochtadh mar sholáthair neamhchomhlíontacha i ráiteas ar rialú inmheánach na bliana 2017.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Bealtaine 2019

AGUISÍN A GHABHANN LE TUARASCÁIL AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

FREAGRACHTAÍ COMHALTAÍ BOIRD

Leagtar amach freagrachtaí comhaltaí Boird i dtuarascáil an Bhoird. Tá comhaltaí Boird freagrach as an méid seo a leanas

- the ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 54 an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta;
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrtóirí as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ceanglaítear orm faoi alt 57 an Achta iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiúinacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

EOLAS NACH MBAINNEAN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

TUAIRISCIÚ AR NITHE EILE

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chlof idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáiochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáiochta.

Ráiteas ioncaim comhdhlúite

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Grúpa €'000
Glanghnóthachain ar iasachtaí fhéichiúnaithe tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	4	605,204	-
Ioncam úis	5	8,524	248,316
Ioncam táille	7	27,137	3,044
Ioncam eile	8	40,034	21,698
(Caillteanais)/gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	9	(7,251)	57
Glanbhrabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí	10	179,390	63,632
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine	11	133,827	1,561
Ioncam farasbairr	12	-	269,842
Costas úis agus a chosúil	6	(6,076)	(3,280)
Glanioncam oibriúcháin		980,789	604,870
Costais riaracháin	13	(75,490)	(67,472)
Caillteanais airgeadra eachtrach	14	(1,776)	(6,293)
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú		903,523	531,105
Creidmheas bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	15	-	12,625
Brabús oibriúcháin tar éis bearnaithe		903,523	543,730
Creidmheas muirear	16	(108,931)	(62,916)
Brabús don bhliain airgeadais		794,592	480,814
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an mháthaireagraíocht		794,592	480,814

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Tá na torthaí ar fad ó oibríochtaí leanúnacha.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Grúpa €'000
Brabús don bhliain		794,592	480,814
Míreanna ar nó nár féidir a athrangú i ndiaidh brabúa nó caillteanas:			
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	17,40	-	(8,739)
Gluaiseacht i gcúlchiste i sócmhainní tomhaiste ag luach cóir tríd ioncam cuimsitheach eile	17,40	(2,149)	-
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	17,32	(91)	(1,014)
Speansais cuimsitheach eile don bhliain airgeadais glan ó cháin		(2,240)	(9,753)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		792,352	471,061
Ioncam cuimsitheach iomlán inchurtha i leith:			
Úinéirí an mháthaireagraíocht		792,352	471,061

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Tá na torthaí ar fad ó oibríochtaí leanúnacha.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Réamhrá

Gríomhaíocht
Dígharálta

Soláthar Réadmhaoinne
Cónaithe

SDZ Dhughaile
Bhaile Átha Cliath

Rannchuidiú Sóisialta
agus Gilleagrach

Athbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ioncaim na gníomhaireachta

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Gníomhaireacht €'000
Glanghnóthachain ar iasacht idirchuideachta tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	4	1,258	-
Ioncam úis	5	-	216,629
Ioncam eile	8	43,638	41,101
Ioncam iomlán		44,896	257,730
Costas úis agus a chosúil	6	(4)	(3)
Costais riaracháin	13	(43,981)	(41,404)
Iomlán na gcostas		(43,985)	(41,407)
Brabús don bhliain airgeadais		911	216,323

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Tá na torthaí ar fad ó oibríochtaí leanúnacha.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	31 Nollaig 2018 Grúpa €'000	31 Nollaig 2017 Grúpa €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	18	2,689,891	733,470
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	18	25,000	25,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	19	-	495,097
Bannaí rialtais	19	470,746	-
Méideanna dlíte ó Institiúidí Rannpháirteacha	20	-	20,151
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	7,726	18,437
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	24	-	3,193,505
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	22	1,925,462	-
Sócmhainní eile	33	20,752	282,339
Fardail – réadmhaoín trádála	25	229,747	277,357
Réadmhaoín, innealra agus trealamh	30	-	1,008
Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	31	54,539	65,709
Iomlán na sócmhainní		5,423,863	5,112,073
Dlíteanais			
Méideanna dlíte le hInstitiúidí Rannpháirteacha	20	-	10,686
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	3,253	4,375
Dlíteanais eile	35	30,543	14,201
Cáin iníoctha	36	6,119	363
Cáin iarchurtha	32	20,588	3,453
Iomlán na ndlíteanas		60,503	33,078
Gnáthscair agus cúlcistí			
Gnáthscair eile	39	1,064,000	1,593,000
Caillteanais choinnithe	41	4,246,435	3,430,830
Cúlchistí eile	40	1,925	4,165
Gnáthscair agus cúlcistí atá inchurtha i leith:			
– Úinéirí an Ghrúpa		5,312,360	5,027,995
– Leasanna neamh-urlámhais	41,42	51,000	51,000
Gnáthscair agus cúlcistí iomlána		5,363,360	5,078,995
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		5,423,863	5,112,073

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na gníomhaireachta ar an staid airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	31 Nollaig 2018 Gníomhaireacht €'000	31 Nollaig 2017 Gníomhaireacht €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	18	132	59
Iasacht idirchuideachta tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	22	3,536,554	-
Sócmhainní eile	33	13,116	3,540,144
Réadmhaoín, innealra agus trealamh	30	-	1,008
Infheistíocht i bhfochuideacht	42	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní		3,598,802	3,590,211
Dlíteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	38	53,426	53,568
Dlíteanais eile	35	14,466	6,644
Iomlán na ndlíteanas		67,892	60,212
Cothromas			
Tuilleamh choinnithe	41	3,530,910	3,529,999
Gnáthscair iomlán		3,530,910	3,529,999
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		3,598,802	3,590,211

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Leasanna neamh-urlámhais Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2017		1,593,000	3,430,830	4,165	51,000	5,078,995
Coigeartú ar iarratas tosaigh ar IFRS 9, gan cáin san áireamh	41	-	147,697	-	-	147,697
Iarmhéid athshonraithe ag 1 Eanáir 2018		1,593,000	3,578,527	4,165	51,000	5,226,692
Brabús don bhliain	41	-	794,592	-	-	794,592
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i socmháinní airgeadais tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	40	-	-	(2,149)	-	(2,149)
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	17	-	-	(91)	-	(91)
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	794,592	(2,240)	-	792,352
Díbhínn díolta ar gnáthscaireanna B	41	-	(454)	-	-	(454)
Cúpón díolta ar fhobhanna	41	-	(83,856)	-	-	(83,856)
Athcheannach fobhanna	39, 41	(529,000)	(42,374)	-	-	(571,374)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2018		1,064,000	4,246,435	1,925	51,000	5,363,360

	Nóta	Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Leasanna neamh-urlámhais Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017		1,593,000	3,034,419	13,918	51,000	4,692,337
Brabús don bhliain	41	-	480,814	-	-	480,814
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste infhaighte	40	-	-	(8,739)	-	(8,739)
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	17	-	-	(1,014)	-	(1,014)
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	480,814	(9,753)	-	471,061
Díbhínn díolta ar gnáthscaireanna B	41	-	(547)	-	-	(547)
Cúpón íoctha ar fhobhannaí	41	-	(83,856)	-	-	(83,856)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2017		1,593,000	3,430,830	4,165	51,000	5,078,995

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

24 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas

Don bhlian airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	31 Nollaig 2018 Gníomhaireacht €'000	31 Nollaig 2017 Gníomhaireacht €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		3,529,999	3,313,676
Brabús don bhliain airgeadais	41	911	216,323
Ioncam cuimsitheach iomlán		911	216,323
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		3,530,910	3,529,999

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

25 Aibreán 2019



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

		Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Grúpa €'000
	Nóta		
Sreabhadh airgid ó oibriúcháin dhíreacha			
Iasachtaí Fhéichiúnaithe			
Fáltais ó iasachtaithe		2,997,700	2,536,429
Fáltais ó dhíorthaigh faighte		2,698	2,458
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe		(499,633)	(594,331)
Iasachtaí nua faighte		-	(18,000)
Gluaiseacht i gcistí i gcúrsa bailicháin		(1,665)	316
Ioncam táille		27,137	3,044
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí fhéichiúnaithe		2,526,237	1,929,916
Díorthaigh			
Glan-insreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	14	1,921,966	3,287,104
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	14	(1,925,265)	(3,265,603)
Glan- eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh eile		(502)	(488)
Airgead glan (úsáidte i)/soláthartha ag ngníomhaíochtaí díorthach		(3,801)	21,013
Sreabhha airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(71,473)	(84,868)
Cáin íoctha		(94,891)	(68,500)
Ús íoctha ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(5,676)	(3,026)
Díbhinn íoctha ar ghnáthscaireanna B	41	(454)	(547)
Cúpón íoctha ag ar fhofhiachas eisithe	41	(83,856)	(83,856)
Glan-insreabhadh ó méideanna geallta mar urrús comhthaobhach le GBCN	18	-	33,000
Cistí díolta le réadmahaoín trádála a fháil		(2,475)	(54,202)
Cistí faighte ar dhiúscairt réadmahaoín trádála		202,050	-
Ioncam cíosa faighte		13,653	12,333
Airgead glan úsáidte i gníomhaíochtaí oibriúcháin eile		(43,122)	(249,666)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		2,479,314	1,701,263

Réamhrá

Gníomhaíocht
DighlártaSoláthar Réadmhaoin
CónaitheSDZ Druaghailte
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GelleagrachAthbheithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid (ar lean)

Don bhlian airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Grúpa €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Us faighte ar bhannaí rialtais		21,970	21,970
Diúscairt infheistíochtaí i ionstraimí cothromais		13,247	-
Sealbhú infheistíochtaí i ionstraimí cothromais		(2,496)	(3,201)
Dáileacháin faighte ó ionstraimí cothromais	8	13,876	16,380
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		46,597	35,149
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fuascailt urrúis fhiachais sinsearaí	34	-	(2,590,000)
Athcheannach fobhanna		(569,567)	-
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(569,567)	(2,590,000)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag tús na bliana			
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin	18	733,470	1,587,789
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		2,479,314	1,701,263
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		46,597	35,149
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(569,567)	(2,590,000)
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	14	77	(731)
Iomlán an airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	18	2,689,891	733,470
Sócmhainní airgeadais agus comhthaobhacht airgid thirim			
Comhthaobhacht airgid thirim tugtha do GBCN	18	25,000	25,000
Bannaí rialtais/Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	19	470,746	495,097
Iomlán		3,185,637	1,253,567

Is páirt lárnach do na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí tionlacain.

Ráiteas Na Gníomhaireachta Ar shreabhadh airgid

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 Gníomhaireacht €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús bainc íoctha		(4)	(3)
Táillí Boird íoctha		(283)	(306)
Cíos íoctha		(2,436)	(2,803)
Aisíocaíocht ghlan ó BISN C.G.A. le haghaidh costas		2,796	3,059
Airgead glan soláthartha ag/(úsáidte i) ngníomhaíochtaí oibriúcháin		73	(53)
Airgead coinnithe ag tús na bliana airgeadais	18	59	112
Airgead glan soláthartha ag/(úsáidte i) ngníomhaíochtaí oibriúcháin		73	(53)
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	18	132	59

Is páirt lárnach do na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí tionlacain.

Réamhrá

Gníomhaíocht
DighlárthaSoláthar Réadmhaoinne
CónaitheSDZ Drughaile
Bhaile Átha CliathRannchuidiú Sóisialta
agus GeilleagrachAithreithniú
Airgeadais

Eagraíocht an GNBS

Rialachas

Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Tagairt na Nótaí

1.	Faisnéis ghinearálta	83
2.	Beartais chuntasaíochta shuntasacha	87
3.	Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla	98
4.	Glanghnóthachan ar iasachtaí féichiúnaí/idirchuideachta tomhasite ag luach cóir tríd bhrabús agus caillteanas	100
5.	Ioncam úis	100
6.	Costas úis agus a chosúil	101
7.	Ioncam táille	101
8.	Ioncam Eile	101
9.	(Caillteanais)/Gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	102
10.	Glanbhrabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí	103
11.	Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní readmhaoine	103
12.	Ioncam farasbairr	103
13.	Costais riaracháin	104
14.	Caillteanais airgeadra eachtrach	110
15.	Creidmheas bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	111
16.	Muirear cánach	112
17.	Cáin ioncain i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	113
18.	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaobhach	113
19.	Bannaí rialtais/Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	114
20.	Méideanna (dlite le)/ó Institiúidí Rannpháirteacha	114
21.	Ionstraimí airgeadais díorthaigh	114
22.	Iasachtaí féichiúnaithe /idirchuideachta tomhasite ag luach cóir tríd bhrabús agus caillteanas	116
23.	Iasachtaí féichiúnaithe tomhasite ag luach cóir tríd ioncam cuimsitheach eile	117
24.	Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnúchán)	117
25.	Fardail – réadmhaoín trádála	120
26.	Bainistíocht riosca	120
27.	Riosca creidmheasa	125
28.	Riosca leachtachta	131
29.	Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais	134
30.	Réadmhaoín, innealra agus trealamh	140
31.	Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	140
32.	Cáin iarchurtha	141
33.	Sócmhainní eile	142
34.	Urrús fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	142
35.	Dliteanais eile	143
36.	Cáin iníochta	143
37.	Tiomantais agus dliteanais theagmhasacha iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	144
38.	Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	145
39.	Gnáthscair eile	145
40.	Cúlchistí eile	146
41.	Réiteach cúlchistí agus ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí	147
42.	Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais ghrúpa	148
43.	Nochtadh páirtithe gaolmhara	149
44.	Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta	152
45.	Bainistíocht caipiteal	158
46.	Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe	158
47.	Faomhadh na ráiteas airgeadais	158

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (an Acht) i Samhain 2009.

Faoi Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais, i mí na Nollag 2009. Tá Bord GNBS agus na coistí uile arna mbunú ag Bord GNBS freagrach freisin as maoirseacht agus rialachas eintiteas uile Ghrúpa GNBS.

Is é GNBS máthair-eintiteas bunaidh neamh-mheánach Ghrúpa GNBS. Is é GNBS an grúpa is lú agus is mó dá bhfuil an Ghníomhaireacht ina ball agus dá n-ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ag an dáta tuairiscíú tá gach iasacht ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhainistiú ag GNBS agus Baint-Aontas Éireann. Ní sholathraíonn Link Asset Services ach seirbhísí riaracháin amháin.

Mar gheall ar chúiseanna bainistíocht inmheánach agus le Stráitéis an Bhoird and GBNS a ailíniú rinneadh trí aonad ghnó de bhun-punann GNBS: Deleverage, Dublin Docklands Strategic Development Zone (SDZ) agus Seachadh Cónaithe.

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS), Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BSN), Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN), Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN), National Asset North Quays D.A.C. (NANQ), Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT), Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (NAJVA), Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BRSN), Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SRCSN), Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC), Gabháltais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (faoi Leachtú Toilteanach) (GFSNT), RLHC Resort Lazer SGPS, SA (RLHC I) and RLHC Resort Lazer II SGPS, SA (RLHC II).

Ar 18 Nollaig 2014, rinne na baill den GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) an GFSNT a leachtú. Ós rud é go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus go bhfuil smacht aige anois ar GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus a fhochuideachtaí, ní dhéantar GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach), RLHC I agus RLHC II a chomhdhlúthú isteach i dtorthaí an GNBS ag dáta an tuairiscithe. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Nóta 42.4.

Tugtar achoimre ar an gaol idir aonáin de Ghrúpa an GNBS i gCairt 1 (leathanach 86).

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS)

Ionchorpraíodh GINBS ar an 27 Eanáir 2010. Is í GINBS an chuideachta trínar infheistíonn infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 51% de scaireanna na cuideachta ag an GNBS. Is ag infheisteoirí príobháideacha atá an 49% eile de scaireanna na cuideachta.

Tá E49m infheistigh ag an GNBS i GINBS, ag fáil 49 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna A. Infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51m eile sa GINBS, le sciar 51 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna B a fháil ag gach ceann acu. Faoi théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus na hinfeisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBS a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBS agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBS mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BSA)

Ionchorpraíodh BSN ar an 27 Eanáir 2010. Tá BSN freagrach as an fofhiachas agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas a eisiúint, a n-úsáidtear mar chomaoín in éadail sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Bhí urrúis fiachais arna ráthú ag an Rialtas eisithe ag BSN liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann go dtí a bhfuascailt iomlán i 2017.

Aistríodh na hionstraimí fofhiachais agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas chuig SGBSNT agus d'aistrigh SGBSN iad chuig BISN. D'úsáid BISN na hionstraimí fiachais seo mar pháirtcomaoín do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

Tá aon fhochuideachta déag ag BSN, sainmhínithe mar "Grúpa BSN" at an dáta tuairiscithe:

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN)

Gníomhaíonn SGBSN mar an chuideachta sealbhaíochta don deich bhfochuideacht dá cuid, BSN, BRSN, NAJVA, SBSN, SRCSN, GFSNT, NANQ, agus NALHL (i Leachtú Toilteanach), RLHC I agus RLHC II.

Ionchorpraíodh SGBSN ar an 27 Eanáir 2010. Faigheann SGBSN na hionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BSN faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus dá réir sin, cuirtear na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BSN faoi réir téarmaí comhchosúla. Tá SGBSN faoi lánúinéireacht BSN.

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN)

Ionchorpraíodh BISN ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BISN na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a choinneáil, agus a bhainistiú. Tá aon fhochuideacht nua ag BISN, is é sin NANQ.

3) National Asset North Quays D.A.C. (NANQ)

Rinneadh NANQ a ionchorprú ar an 8 Aibreán 2015. Is fochuideachta é NANQ atá faoi úinéireacht iomlán 100% den BISN (Bainistíocht Iasachtaí um Shócmhainní Náisiúnta C.G.A.) agus bunaíodh é chun na tailte a fuair an GNBS ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 i mí Feabhra 2015 a choimeád agus chun sruth ioncaim cíosa urraithe a shaothrú ó na tailte trí tháille ceadúnais. Bronnadh an ceadúnas ar thríú páirtí ar feadh thréimhse sé bliana chun forbairt an tsuimh a chumasú ar mhaithe le sochar tráchtála fadtéarmach. Chomh maith le sruth slán ioncaim, tá céatadán socruithe cíosa agus céatadán d'fháltais díolacháin aon fhorbairt tithíochta chríochnaithe a thógtar ar na tailte dlíthe le NANQ. Bhí fochuideacht amháin ag NANQ, sé sin NWPMC, a scoir de bheith ina fochuideacht agus ina eintiteas de GNBS ar 24 Bealtaine 2018.

4) Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SBSN)

Rinneadh SBSN a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Roimhe seo ba aonán neamhthrádála é SBSN, ach fuair SBSN scairsheilbh 20% i gcomhpháirtíocht ghinearálta gaolmhar leis an infheistíocht NAJVA i rith 2013.

5) Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (NAJV A)

Ar an 4 Iúil 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta, Sócmhainn Náisiúnta JV A. Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag SGBSN é NAJVA. Chuaigh GNBS i socraíocht le cuibhreannas trína bhfuarthas seilbh ar 20% ús i gcomhpháirtíocht theoranta, agus ba chun an idirbheart seo a éascú a bunaíodh NAJVA. Rinne NAJV A infheistiú i socraíocht eile tríú pairtithe óna corpú, áit ar ghlac sé ús mhionlach, leasanna gnáthscair neamh-urlámhais in institiúid infheistiúcháin le seachadadh réadmhaoin tráchtála agus eastát réadach a éascú.

6) Bainistíocht Réadmhaoin Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BRSN)

Rinneadh BRSN a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Is é an aidhm atá le BRSN úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní réadmhaoin nuair agus más gá.

Tá cúig fochuideachta ag BRSN, SRCSN, SNSCD, GRFSN, RLHC I agus RLHC II.

7) Seirbhísí Réadmhaoin Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SRCSN)

Ar an 18 Iúil 2012 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal SRCSN. Tá SRCSN ina fochuideachta faoi lánúinéireacht iomlán BRSN, agus bunaíodh í d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú agus ar deireadh í a dhíol le comhlachtaí tithíochta faofa chun críocha tithíochta sóisialta.

Sheachaid féichiúnaithe GNBS 2,481 (2017: 2,472) réadmhaoin chónaitheach d'earnáil na tithíochta sóisialta ina iomlán idir tráth a bunaithe agus an dáta tuairiscithe, 2,445 (2017: 2,335) a cu a bhí críochnaithe agus conraithe ar 36 (2017: 137) réadmhaoin eile (do dhíolachán díreach agus tríd SRCSN) malartaithe ag an dáta tuairiscithe. San áireamh le seachadtaí a cuireadh i gcrích ón mbunú tátá díolachán díreach 1,004 (2017: 932) réadmhaoin, díolacháin déanta ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí le comhlachtaí faofa tithíochta éagsúla agus/nó údaráis áitiúla, léasú díreach 89 (2017: 117) réadmhaoin ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí agus 1,352 (2017: 1,286) réadmhaoin faighte ag SRCSN le léasú le comhlachtaí faofa tithíochta.

8) Sócmhainn Náisiúnta Sarasota Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (SNSCDT)

Ar an 1 Lúnasa 2013 bhunaigh GNBS focuideachta sna Stáit Aontaithe, Sócmhainn Náisiúnta Sarasota Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (SNSCDT). Is focuideachta ar lánúinéireacht BRN é SNSCDT, a bunaíodh chun seilbh a fháil ar shócmhainní réadmhaoine atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe nuair agus má fhaightear iad tar éis próiseis dócmhainneachta. Fuair NASLLC seilbh ar dhá shócmhainn lonnaithe sna Stát Aontaithe óna sealbhú agus ansin díoladh ceann acu. Níl sé ar intinn and dara sócmhainn a dhíol.

9) Gabháiltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (in Voluntary Liquidation) (GRFSNT)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh an GNBS focuideachta dar teideal Gabháiltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (GRFSNT) (i Leachtú Toilteanach). Is focuideachta ar lánúinéireacht BRN é GRFSNT (i Leachtú Toilteanach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC I agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoine Portaingéalacha. I ndiaidh an t-athstruchtúrú dlíthiúil a chur i gcrích, cuireadh an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoi leachtú ar 18 Nollaig 2014. Tá smacht an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoin leachtaitheoir a dhéanfaidh sócmhainní an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) a réadú.

10 agus 11) RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I), RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)

Ar 5 Feabhra 2014, bhunaigh an GNBS dhá fhocuideachta nua, RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I) agus RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II). Is focuideachtaí iad an RLHC I agus an RLHC II atá faoi úinéireacht iomlán an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus fuair sé 90% agus 10% faoi seach den scairchaipiteal de líon na n-aonán Portaingéalach, i ndiaidh athstruchtúrú dlíthiúil na bhfiacha atá dlite ag na haonáin seo.


Lasmuigh den RLHC I agus an RLHC II, is é seoladh na hoifige cláraithe de gach cuideachta ag an dáta tuairiscithe Foirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach cuideachta ionchorpraithe agus lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, seachas an NASLLC (Cuideachta Sócmhainní Náisiúnta Sarasota faoi Dhliteanas Teoranta) atá ionchorpraithe agus lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus tá an RLHC I agus an RLHC II ionchorpraithe agus lonnaithe sa Phortaingéil. Seoladh na hoifige cláraithe den RLHC I agus den RLHC II is ea Rua Garrett, n.º 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

Cairt 1 "GRÚPA an GNBS"



2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 ar bhonn ghnóthais leanúnaigh mar go bhfuil an Bord sásta, tar éis na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar an nGrúpa agus ar an nGníomhaireacht a bhreithniú, go bhfuil sé in ann leanúint ar aghaidh leis an ngnó ar feadh na tréimhse measúnaithe. Is ionann an tréimhse measúnaithe a úsáideann an Bord agus dhá mhí dhéag ó dháta an tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo.

Ag dáta an tuairiscithe bhí caipiteal gnáthscaireanna agus cúlchistí ag an GNBS de €5,363m (2017: €5,079m). Ar an 31 Nollaig 2018 ag an nGrúpa tá airgead ar fáil, coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha de €3,186m (2017: €1,254m) agus dliteanais de €40m (2017: €30m), dá bhrí sin tá an Bord sásta gur féidir leis a dhliteanais reatha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Tá iasachtaí sinsireacha uile agus iasachtaíochtaí uile aisíochta ag an nGrúpa leis an Aire agus níl aon iasachtaíochtaí seachtracha eile aige.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, leachtachta, margaidh agus oibriúcháin Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na fachtóirí riosca seo agus ar an bhfaisnéis chuí chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach Déanann an Bord agus a Choistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach mar aon le hathbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla atá ag tacú lena straitéisí fadtréimhseacha.

Dá réir sin, creideann an Bord go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh tar éis an tátal a bhaint nach bhfuil aon éiginnteachtaí ábhartha ag baint le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar ábaltach na Gníomhaireachta leanúint mar ghnóthas leantach ar feadh na tréimhse measúnaithe.

2.2 Ráiteas géilliúlachta agus bunús tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Gníomhaireachta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach agus Acht GNBS 2009.

Ba de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil a ullmhaíodh na ráitis chomhdhlúite um shreafaí airgid agus ráitis airgeadais na Gníomhaireachta, cé is moite de na hionstraimí díorthaigh, ionstraimí cothromais, iasachtaí féichiúnaí, an iasacht idirchuideachta agus na bannaí rialtais atá tomhaiste ar luach cóir nuair is bainteach.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Gníomhaireachta curtha i láthair in euro (€), atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Sonraítear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i mílte €.

Cinntear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollfocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreabha airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa.

De réir IAS 1 *Léiriú Ráitis Airgeadais*, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

Tá iarmhéideanna áirithe ón bhliain roimhe athrangaithe chun go mbeidh siad ag teacht le cur i láthair na ráiteas airgeadais 2018.

2.3 Athruithe ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha

Chuir an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018 ar dtús. Tá roinnt caighdeán nua eile éifeachtach ón 1 Eanáir 2018 chomh maith ach níl tionchar ábhartha acu sin ar ráitis airgeadais an Ghrúpa. De réir mar a cheadaítear faoi IFRS 9, tá an Grúpa ag baint leas as an díolúine gan figiúirí comparáideacha na tréimhse roimhe sin a athlua agus, dá bhrí sin, aithníonn sé na difríochtaí atá le feiceáil idir suimeanna glanluacha CIC 39 agus suimeanna glanluacha IFRS 9 amhail an 1 Eanáir 2018 sa tuilleamh coimeáda tosaigh ar an dáta sin. Dá réir sin, ní ceanglais IFRS 9 ach ceanglais CIC 39 a léirítear leis an bhfaisnéis chomparáideach arna cur i láthair le haghaidh na bliana 2017.

a) An Tionchar ar Aicmiú agus Tomhas na Sócmhainní Airgeadais

Tá trí phríomhchatagóir aicmithe le haghaidh sócmhainní airgeadais in IFRS 9: costas amúchta, luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile (FVOCI) agus luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL). Tá aicmiú na sócmhainní airgeadais faoi IFRS 9 bunaithe ar an tsamhail ghnó ina ndéantar sócmhainn airgeadais a bhainistiú agus ar a tréithe sreafa airgid conarthachta. Trí bhíthin IFRS 9, cuirtear catagóirí CIC 39 - infheistíochtaí arna sealbhú go tráth aibíochta, iasachtaí agus earraí infhaighte agus sócmhainní atá ar fáil lena ndíol - a bhí ann roimhe seo as an áireamh. Leagtar amach aicmiú agus tomhas na sócmhainní airgeadais faoi IFRS 9 arís i Nóta 2.7.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.3 Athruithe ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha (ar lean)

a) An Tionchar ar Aicmiú agus Tomhas na Sócmhainní Airgeadais (ar lean)

Sa tábla thíos sonraítear tionchar an athraithe go IFRS 9 ar an mbunús aicmithe agus tomhais le haghaidh phríomhshócmhainní airgeadais an Ghrúpa amhail an 1 Eanáir 2018.

Sócmhainn Airgeadais CIC 39	Sócmhainn Airgeadais IFRS 9	CIC 39 Bunús Tomhais	IFRS 9 Bunús Tomhais	CIC 39 Luach Seilbhe 31 Nollaig 17 €'m	IFRS 9 Luach Seilbhe 01 Eanáir 18 €'m
Iasachtaí agus Earraí Infhaighte	Iasachtaí Féichiúnaithe ag FVTPL	Costas amúchta	FVTPL	2,994	3,163
Iasachtaí agus Earraí Infhaighte	Iasachtaí féichiúnaithe ag FVOCI	Costas amúchta	FVOCI	200	200
Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid	Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid	Costas amúchta	Costas amúchta	733	733
Airgead Tirim mar Chomhthaobhacht le GBCN	Airgead Tirim mar Chomhthaobhacht le GBCN	Costas amúchta	Costas amúchta	25	25
Sócmhainní Airgeadais atá Ar Fáil lena nDíol	Bannaí Rialtais	FVOCI	FVOCI	495	495
Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	Costas amúchta	Costas amúchta	20	20
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	FVTPL	FVTPL	18	18
Infheistíochtaí in Ionstraimí Cothromais	Infheistíochtaí in Ionstraimí Cothromais	FVTPL	FVTPL	66	66

Sa tábla thíos sonraítear tionchar an athraithe go IFRS 9 ar an mbunús aicmithe agus tomhais le haghaidh phríomhshócmhainní airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 1 Eanáir 2018.

Sócmhainn Airgeadais CIC 39	Sócmhainn Airgeadais IFRS 9	CIC 39 Bunús Tomhais	IFRS 9 Bunús Tomhais	CIC 39 Luach Seilbhe 31 Nollaig 17 €'m	IFRS 9 Luach Seilbhe 01 Eanáir 18 €'m
Ús infhaighte ar iasacht rannpháirtíochta brabúis le NAM	Iasachtaí ag FVTPL	Costas amúchta	FVTPL	3,535	3,535

b) An Tionchar ar Aicmiú agus Tomhas na nDlíteanas Airgeadais

Coinnítear na ceanglais a bhí ann cheana le CIC 39, maidir le dlíteanas airgeadais a aicmiú agus a thomhas, den chuid is mó le IFRS 9. Ní raibh tionchar ar bith ag cur chun feidhme IFRS 9 ar aicmiú agus tomhas dhlíteanas airgeadais an Ghrúpa nó na Gníomhaireachta. Leagtar amach aicmiú agus tomhas na ndlíteanas airgeadais faoi IFRS 9 arís i Nóta 2.8.

c) An Tionchar ar Lagú na Sócmhainní Airgeadais

Chun measúnú a dhéanamh ar lagú, tugtar isteach samhail um caillteanais chreidmheasa ionchasacha le IFRS 9 in ionad na samhla um chaillteanas tabhaithe a bhí ann le CIC 39. Tá feidhm ag an tsamhail lagaithe nua i leith sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta agus ag FVOCI. Ní caillteanais ábhartha atá sna caillteanais chreidmheasa ionchasacha bunaithe ar thréithe riosca creidmheasa na sócmhainní airgeadais a thagann faoi raon feidhme an lagaithe faoi IFRS 9. Ní dhearnadh coigeartú aistrithe ar bith maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha a aithint amhail an 1 Eanáir 2018.

d) Tionchar Cainníochtúil Foriomlán Chur i bhFeidhm IFRS 9

Is ionann an tionchar cainníochtúil atá ag cur chun feidhme IFRS 9 agus méadú dearfach ar thuilleamh coiméadta dar luach €148m tar éis cánach (€169m roimh cháin). Baineann sé sin go léir leis an athrú ar bhunús tomhais iasachtaí na bhféichiúnaithe, a bhí á dtomhas ag costas amúchta faoi CIC 39 ach a thomhaistear ag FVTPL aois de réir IFRS 9.

2.4 Caighdeán, leasuithe agus léirmhínithe IFRS a eisíodh ach nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill

Rinneadh roinnt caighdeán, leasuithe agus léirmhínithe nua a eisiúint ach níl siad curtha i bhfeidhm go fóill. Ní dhearna an Grúpa iad a ghlacadh go luath agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige. As na caighdeáin sin nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill, meastar go mbeidh tionchar suntasach ag IFRS 16 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa nuair a chuirfear i bhfeidhm ar dtús iad.

Léasanna IFRS 16

Eisíodh Léasanna IFRS 16 i mí Eanáir 2016 agus tá sé infheidhme le tréimhsí tuairiscithe bliantúla a thosóidh an 1 Eanáir 2019 nó ina dhiaidh sin. Le IFRS 16 tugtar faoi shainmhíniú léasa chomh maithe le aithint agus tomhas léasanna. Bunaítear prionsabail leis a bhfuil mar thoradh orthu go ndéanann léasaithe cuntasáíocht maidir le cuid is mó de na léasanna laistigh de raon feidhme an chaighdeáin ar bhealach atá cosúil leis an dóigh ina ndéantar cuntasáíocht i leith léasanna airgeadais faoi láthair faoi Léasanna IAS 17. Is é príomhathrú a eascraíonn ó IFRS 16 ná go ndéanfaidh léasaithe sócmhainn 'ceart úsáide' a aithint mar aon le dliteanas airgeadais chomhfhreagrach ar an ráiteas ar staid an airgeadais.

Tá léasanna oibriúcháin i seilbh an Ghrúpa. Amhail 31 Nollaig 2018, tá ceangaltais léasa oibriúcháin neamh- ag an nGrúpa (féach Nóta 37). Tá measúnú á dhéanamh ag an nGrúpa faoi láthair ar chineál agus méid iarmhairt an chaighdeáin. Léirítear le réamh-mheasúnú go gcomhlíonfar an sainmhíniú de léasa faoi IFRS 16 leis na léasanna sin, agus dá bhrí sin aithneoidh an Grúpa sócmhainn ceart úsáide agus dliteanas comhfhreagrach maidir leis na léasanna. Tiocfaidh athrú ar an gcineál costas a bheidh i gceist leis na léasanna sin anois mar aithneoidh an Grúpa táille dímheasa le haghaidh sócmhainní um cheart úsáide agus costas úis ar dhliteanas léasa.

Tá sé beartaithe ag an nGrúpa IFRS 16 a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019, agus leas á bhaint as an gcur chuige um theacht suas go carnach de réir mar a cheadaítear leis an gcaighdeán. Ní dhéantar faisnéis a athlua faoin gcur chuige um theacht suas go carnach. Aithníonn an Grúpa an éifeacht chomhach a bhaineann le IFRS a chur i bhfeidhm ar dtús mar choigeartú ar an iarmhéid tosaigh le haghaidh tuilleamh coimeáda ar an dáta a gcuirfear i bhfeidhm é. Bunaíthe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, measann an Grúpa go n-aithneoidh sé dliteanas léasa dar luach €18m agus sócmhainn ceart úsáide dar luach €16m an 1 Eanáir 2019.

Tá na meastacháin bunaithe ar roinnt toimhdí, breithiúnas agus measúnuithe eile a bheidh faoi réir athraithe go dtí go gcuirfidh an Grúpa a ráitis airgeadais i gcrích don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

2.5 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a fhochuideachtaí uile, seachas GRSNT (i Leachtú Toilteannach), RLHC I agus RLHC II. Féach notá 1.1 le haghaidh tuilleadh sonraí. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán a rialann sé. Tomhaistear gur baineadh amach rialú nuair sa chás

- go bhfuil cumhacht ag an Grúpa that an eintiteas;
- go bhfuil an Grúpa neamhchosanta ar, nó a bhfuil cearta aige ar, thuairisceáin inathraitheacha ó bhaint s'aige leis an eintiteas;
- go bhfuil sé in ann a cumhacht a úsáid lena thuairisceán a chuir i bhfeidhm.

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú in ráitis airgeadais ar leith an Ghníomhaíocht. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágтар idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágтар caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Soláthraítear sonraí na bhfochuideachtaí i Nóta 1.1.

2.6 Aistriú airgeadra coigríche

a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil gach aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.6 Aistriú airgeadra coigríche (ar lean)

b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó idirbhearta a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair nuair a socraíodh an luach cóir. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag luach cóir in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair nuair a socraíodh an luach cóir. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag rátaí malairte deireadh na bliana na sócmhainní agus dlíteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte i ngnóthachain agus caillteanais eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

2.7 Sócmhainní airgeadais

Aithint agus tomhas tosaigh

Aithníonn an Grúpa sócmhainní airgeadais i ráiteas an Ghrúpa ar a staid airgeadais nuair a bheidh an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthachta na hionstraime. Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas ar luach cóir ar dtús. Déantar costais idirbheart ar féidir iad a chur i leith sócmhainní airgeadais a fháil ag FVTPL a aithint láithreach mar bhrabús nó mar chaillteanas. I gcás sócmhainní arna dtomhas ar bhealach seachas FVTPL, déantar costais idirbheart a d'fhéadfaí a chur i leith sócmhainní airgeadais a fháil nó a eisiúint, a chur le luach cóir na sócmhainní airgeadais nó a bhaint uaidh sin, de réir mar is cuí, agus iad á n-aithint den chéad uair.

Aicmiú agus Tomhas

Tar éis í a aithint den chéad uair, déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú agus a thomhas ina dhiaidh sin ag

- (a) Costas amúchta
- (b) Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile (FVOCI)
- (c) Luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ag costas amúchta má chomhlíontar an dá choinníoll a leanas léi agus mura n-ainmnítear mar FVTPL í:

- Coinnítear an tsócmhainn laistigh de shamhail ghnó a bhfuil sé de chuspóir aici sócmhainní a choimeád chun sreafaí airgid thirim conarthachta a bhailiú; agus
- Tá téarmaí conarthachta na sócmhainne airgeadais ina gcúis le sreafaí airgid ar dhátaí sonraithe ar ionann iad agus íocaíochtaí na príomhshuime agus úis ar an bpríomhshuim atá amuigh amháin.

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ag FVOCI má chomhlíontar an dá choinníoll a leanas léi agus mura n-ainmnítear mar FVTPL í:

- Coinnítear an tsócmhainn laistigh de shamhail ghnó a bhfuil sé de chuspóir aici sócmhainní a choimeád chun sreafaí airgid thirim conarthachta a bhailiú; agus
- Tá téarmaí conarthachta na sócmhainne airgeadais ina gcúis le sreafaí airgid ar dhátaí sonraithe ar ionann iad agus íocaíochtaí na príomhshuime agus úis ar an bpríomhshuim atá amuigh amháin.

Nuair a aithnítear ionstraim chothromais den chéad uair d'fhéadfadh an Grúpa í a ainmniú go neamh-inchúlghairthe mar FVOCI. Déantar an rogha chun infheistíocht in ionstraim chothromais a ainmniú mar FVOCI de réir gach ionstraime ar leith.

I gcás aon sócmhainn airgeadais nach gcáilíonn lena tomhas ar chostas amúchta nó lena tomhas ag FVOCI, ní mór í a thomhas tar éis í a aithint den chéad uair ag FVTPL ach amháin sa chás gur infheistíocht in ionstraim chothromais í atá ainmnithe ag FVOCI. Féadfaidh an Grúpa cinneadh neamh-inchúlghairthe a ghlacadh chun sócmhainn airgeadais a ainmniú mar FVTPL nuair a aithnítear í ar dtús, más rud é go ndéantar neamhréir cuntasaióchta a dhíchur nó a laghdú go suntasach leis an ainmniú sin sa chás go gcruthófaí an neamhréir sin dá ndéanfaí an tsócmhainn airgeadais a thomhas ar chostais amúchta nó FVOCI.

Is íocaíochtaí príomhshuime agus measúnú úis amháin atá i sreafaí airgid thirim conarthachta

Chun críche íocaíochtaí na príomhshuime agus ús "SPPI" a mheasúnú, is ionann an phríomhshuim agus luach cóir na sócmhainne airgeadais agus é á haithint ar dtús. D'fhéadfadh athrú teacht ar mhéid na príomhshuime sin thar shaolré na sócmhainne airgeadais áfach. Is ionann ús agus comaoin i leith luach ama airgid, maidir leis an riosca creidmheasa a bhaineann leis an bpríomhshuim atá amuigh le linn tréimhse áirithe ama agus maidir le costais agus rioscaí iasachta bunúsacha eile, chomh maith le corrlach brabúis.

2.7 Sócmhainní airgeadais (ar lean)

Measúnú ar an tsamhail ghnó

Cinneann an Grúpa na samhlacha gnó ar leibhéal lena léirítear an chaoi a mbainistítear grúpaí sócmhainní airgeadais le chéile chun cuspóir gnó ar leith a bhaint amach. Le samhlacha gnó an Ghrúpa cinntear cibé an mbeidh sreafaí airgid ann de thoradh ar shreafaí airgid conarthachta a bhailiú, sócmhainní airgeadais a dhíol, nó an dá rud. Déanann an Grúpa an fhaisnéis seo a leanas a mheas agus measúnú na samhla gnó á dhéanamh aige:

- an chaoi a ndéantar meastóireacht ar fheidhmíocht na samhla gnó agus na sócmhainní airgeadais atá i seilbh laistigh den tsamhail ghnó sin agus tuairisciú ina leith chuig pearsanra bainistíochta riosca an eintitis; agus
- na rioscaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht na samhla gnó (agus na sócmhainní airgeadais atá i seilbh laistigh den tsamhail ghnó sin) agus, go háirithe, an chaoi a mbainistítear na rioscaí sin.

Nuair a aithnítear sócmhainn airgeadais den chéad uair, cinneann an Grúpa cibé an bhfuil sócmhainní airgeadais nua-aitheanta ina gcuid de shamhail ghnó atá ann cheana féin nó an léirítear leo go bhfuil tús curtha le samhail ghnó nua. Déanann an Grúpa athmheasúnú ar a chuid samhlacha gnó gach tréimhse tuairiscithe le cinneadh cibé ar tháinig athrú ar na samhlacha gnó ón tréimhse roimhe sin nó nár tháinig.

a) Costas Amúchta

Rinne an Grúpa airgead tirim agus coibhéisí airgid a aicmiú agus a thomhas, mar aon le hairgead tirim a socraíodh mar chomhthaobhacht le GBCN agus sócmhainní eile ar chostas amúchta lúide liúntas do chaillteanas creidmheasa ionchais.

b) Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile

I bhfianaise a dtréithe sreafa airgid agus na samhla gnó chun na sócmhainní a bhainistiú, rinne an Grúpa iasachtaí áirithe a aicmiú agus a thomhas nach bhfuil ina sheilbh go príomha chun luach comhthaobhachta a réadú agus lena sásaítear triail SPPI ag FVOCI. Déantar luach cóir a chinneadh ar an gcaoi a sonraítear i Nóta 2.28.

Déantar punann bhannaí Rialtas na hÉireann de chuid an Ghrúpa a aicmiú agus a thomhas ag FVOCI chomh maith. Déantar luach cóir a chinneadh ar an gcaoi a sonraítear i Nóta 2.28. Fuarthas na bannaí sin chun críocha leachtachta. Tá sé beartaithe iad a choinneáil ar feadh tréimhse éiginnte agus d'fhéadfaí iad a dhíol dá mbeadh gá le leachtacht nó athruithe ar rátaí úis nó rátaí malairte.

Déantar athruithe ar luach cóir sócmhainní airgeadais ag FVOCI a aithint in ioncam cuimsitheach eile laistigh den chúlchiste eile. Nuair a dhéantar sócmhainn airgeadais ag FVOCI a dhí-aithint, déantar an gnóthas/caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile a ath-aicmiú ó chothromas go dtí brabús nó caillteanas. Ní mór na sócmhainní airgeadais ag FVOCI a mheasúnú le haghaidh laige agus aon chaillteanais chreidmheasa ionchais a aithint sa ráiteas ioncaim. Aithnítear ús trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid. Déantar na hathruithe i suimeanna glanluacha na mbannaí rialtais de thoradh ar phríomhshuim a amúchadh i gcás ceannacháin a aithint in ioncam cuimsitheach eile.

c) Luach cóir trí bhrabús nó caillteanas

Rinne an Grúpa roinnt iasachtaí le féichiúnaithe a aicmiú agus a thomhas ag FVTPL ar an mbunús go bhfuil siad i seilbh acu chun luach comhthaobhachta gaolmhar a réadú trí dhiúscairt leanúnach iasachtaí, maoinne agus comhthaobhachta agus sa chás go mbailítear sreafaí airgid conarthachta ar bhonn teagmhasach. Déantar na sócmhainní sin a thomhas ar luach cóir, agus déantar aon ghnóthachain/caillteanais a bhíonn i gceist tar éis iad a thomhas athuair a aithint sa ráiteas ioncaim. Déantar luach cóir a chinneadh ar an gcaoi a sonraítear i Nóta 2.28.

Ar na hionstraimí airgeadais eile a aicmítear agus a thomhaistear ag FVTPL tá infheistíochtaí díorthacha agus cothromais.

Díorthaigh

Áirítear ioncam agus costas a eascraíonn ó shócmhainní i gnóthacháin agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite (seachas ar bhabhtálacha rátaí úis trasairgeadais). Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chothroim i ngnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh sa ráiteas ioncaim nó mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí sa chás go mbaineann siad le díorthaigh airgeadra. Aithnítear ús ar bhabhtálacha rátaí úis trasairgeadais mar chuid de bhrabús agus de chaillteanais chóra díorthaigh airgeadra.

Ionstraimí cothromais

Is éard atá i gceist le hionstraim cothromais ná conradh ar bith is cúis le leas iarmharach i sócmhainní aonáin tar éis a cuid dliteanais uile a asbhaint. Níl aon oibleagáid chonartha luaite le hionstraim cothromais airgead nó sócmhainn airgeadais ar bith eile a sheachadadh.

Déantar ionstraimí cothromais a thomhas ar luach cóir tríd bhrabús agus caillteanas. Déantar luach cóir na n-ionstraimí cothromais seo a thomhas bunaithe ar mhodhanna luachála a chuireann luach éilimh an Ghrúpa ar bhunsócmhainní an eintitis.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.8 Dlíteanais airgeadais

Tuairiscíonn an Grúpa dlíteanais airgeadais i ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Déantar dlíteanais airgeadais a thomhas de réir luacha choir ar dtús. Déanann an Grúpa a chuid dlíteanais airgeadais a rangú agus ina dhiaidh sin déanann sé iad a thomhas ag an gcostas amúchta cé is moite de díorthaigh atá aicmithe mar FVTPL, agus tuairiscítear aon éagsúlacht a bhíonn ann idir glanfháltais na gcostas idirbheartaíochta agus an luach fuascailte sa ráiteas ioncaim leis an modh úis éifeachtaigh. I gcásanna nach n-aicmítear dlíteanais airgeadais mar FVTPL, déantar gnóthachain agus caillteanais a tharlaíonn mar gheall ar athruithe ar luach cóir a tharlaíonn ina dhiaidh sin a thuairisciú go díreach sa ráiteas ioncaim. Áirítear faisnéis bhreise ar dhlíteanais díorthaigh i mbeartas cuntasaíochta 2.18.

2.9 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dlíteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair atá deireadh tagtha leis na cearta conarthacha sreafaí airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin. Déantar dlíteanas airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múcata ar shlí éigin eile.

2.10 Gnóthachain/caillteanais ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas

Áirítear le gnóthachain/(caillteanais) ar iasachtaí féichiúnaí ag luach cóir trí FVTPL na gnóthachain agus na caillteanais uile ó athruithe i luach cóir iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL. Tá an Grúpa tar éis cinneadh a dhéanamh an ghluaiseacht iomlán sa luach cóir ar an líne seo, agus an tionchar a bheidh aige sin ar ghlanbhailiúcháin airgid tirim sa tréimhse áirithe leis.

2.11 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile seachas iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim ag úsáid modh an ráta úis éifeachtach ("EIR").

Is éard is an EIR ná an ráta a dhéanann lascainíú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fáiltais mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim oll-luacha sócmhainne airgeadais nó costas amúchta an dlíteanais airgeadais.

Nuair atáthar ag déanamh amach an ráta úis éifeachtúil le haghaidh ionstraimí airgeadais seachas sócmhainní bearnaithe, déanann an Grúpa na sreafaí airgid tirim agus téarmaí conarthacha na hionstraime airgeadais á n-áireamh, ach gan na caillteanais chreidmheasa atá beartaithe a áireamh. Le haghaidh sócmhainní airgeadais ceannaithe nó bunaithe, déantar ráta úis éifeachtach coigeartaithe don chreidmheas amach le húsáid bainte as na sreafaí airgid tirim todhchaíoch atá beartaithe lena n-áirítear na caillteanais chreidmheasa atá beartaithe.

Agus ioncam úis agus costas úis á n-áireamh, cuirtear an ráta úis éifeachtach i bhfeidhm le hollsuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais le haghaidh sócmhainní airgeadais bearnaithe nó le costas amúchta an dlíteanais airgeadais. Le haghaidh sócmhainní airgeadais atá lagaithe tar éis dóibh a bheith tuairiscithe den chéad uair, déantar amach an t-ioncam úis tríd an ráta úis éifeachtach a chur i bhfeidhm i ndáil le costas amúchta na sócmhainne airgeadais. Más rud é nach bhfuil an tsócmhainn lagaithe go deo, mar sin déantar an t-ioncam úis a áireamh de réir an ollbhonn arís. Le haghaidh sócmhainní airgeadais a bhí lagaithe tar nuair a thuairiscítear iad den chéad uair, déantar amach an t-ioncam úis tríd an ráta úis éifeachtach a chur i bhfeidhm i ndáil le costas amúchta na sócmhainne. Ní dhéantar an áireamh chun an t-ioncam úis a dhéanamh amach de réir an ollbhonn arís, fiú más rud é go thagann feabhas ar an riosca creidmheasa a bhaineann leis an tsócmhainn.

2.12 Ioncam táille

Ioncam ó iasachtaí féichiúnaí atá gaolmhar le naisc féichiúnaithe nach n-áirítear mar laghdúchán ar oibleagáidí fiachais an féichiúnaí is ea an t-ioncam táille ó iasachtaí féichiúnaí. Aithnítear ioncam ó tháillí sa ráiteas ioncaim.

2.13 Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí

Ríomhtar brabús agus caillteanas ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32. Aithnítear brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí/réadmhaoine sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí nuair atá an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí measúnaithe bearnaithe infhaighte is déanaí, nó dá bhféadfadh bearnú sa nasc a tharlú sa todhchaí mar thoradh ar bhrabús ar dhiúscairt iasachtaí a aithint.

2.14 Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine

Ríomhtar brabús agus caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine mar an difríocht idir luach anonn réadmhaoine agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin, lúide costais idirbhearta a bhaineann leis. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an nGrúpa aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil. Tuairiscítear brabús agus caillteanas ó dhiúscairt réadmhaoine sa ráiteas ioncaim nuair tharlaíonn an t-idirbheart.

2.15 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Déanann an grúpa measúnú, ar bhonn rialta, ar laige sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta agus ar FVOCI ar bhonn chaillteanaís chreidmheasa bheartaithe (ECL). Déantar an ECL a thomhas ag féachaint do chur chuige trí chéime:

- **Céim 1:** nuair nach ndearnadh méadú suntasach i riosca creidmheasa maidir le hionstraimí airgeadais ón aitheantas tosaigh, aithnítear foráil do ECL 12 mhí, is é sin an ECL atá ina dtorthaí ó imeachtaí loicthe a d'fhéadfadh tarlú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe;
- **Céim 2:** nuair a rinneadh méadú suntasach i riosca creidmheasa maidir le hionstraimí airgeadais ón aitheantas tosaigh ach nuair nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú ann, aithnítear ECL saolré, is é sin an ECL atá ina thoradh ó imeachtaí loicthe féideartha uile a d'fhéadfadh tarlú thar shaolré na sócmhainne airgeadais;
- **Céim 3:** nuair a thaispeántar fianaise oibiachtúil ar bhearnú le sócmhainní airgeadais, aithnítear ECL saolré.

Tá éagsúlacht de bhealaí cur chuige a d'fhéadfá a úsáid chun meas má tá méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa a bhaineann le hionstraim airgeadais ón an a tuairiscíodh é don chéad uair. I gcásanna éagsúla, beidh faisnéis cháinníochtúil mhionsonraithe a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir athruithe a thagann ar riosca creidmheasa ar fáil faoin dóchúlacht atá ann go loicfear ionstraim airgeadais nó rátáil chreidmheasa foirmeálta. Déanann an Grúpa monatóireacht ar shócmhainní airgeadais atá faoi réir cheangaltas lagaithe chun meas más rud é go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ó tugadh faoi deara é den chéad uair ar bhonn rialta.

Déantar an liúntas caillteanaís a thomhas de réir luach láithreach na sreafaí airgid tirim atá beartaithe ó na sócmhainní airgeadais i gceist leis an ráta úis atá i bhfeidhm leis i ndáil leis an sócmhainn airgeadais.

Is ionann an modh ginearálta chun liúntas caillteanaís a thuairisciú agus a thomhas i ndáil le hionstraimí airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta agus leis na hionstraimí sin a thomhaistear ar FVOCI. Mar sin féin, murab ionann agus an costas amúchta, déantar an liúntas caillteanaís i ndáil le hionstraimí ag FVOCI a thuairisciú in ioncam cuimsitheach eile agus ní laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais sa ráiteas ar staid an airgeadais.

2.16 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreabha airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe sa chuntas brabúis nó caillteanas má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.17 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh, earlaisí éilimh agus nótaí státchiste. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach.

2.18 Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí chun críocha fálaíthe mar chuid de straitéis bainistíochta riosca an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa, ar luach cothrom, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh ar mhaithe le trádáil dílseánaigh.

Is é beartas an Ghrúpa fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach trí dhíorthaigh airgeadra a úsáid. Déantar riosca ráta úis ar fhiachas arna eisiúint ag an nGrúpa a fhálú ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Déantar babhtálacha ráta úis a fháightear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis a fhritháireamh.

Cuirtear díorthaigh ar fad chun cuntais ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas.

Díorthaigh iasachtaí

Tá díorthaigh iasachtaí comhdhéanta de dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a cuireadh i bhfeidhm ar dtús chun fáluíthe a chur ar fáil d'iasachtaithe ('díorthaigh iasachtaí'). Fuarthas na díorthaigh seo ó gach Institiúid Rannpháirteach mar chuid de neamhchosaint iasachtaí iomlán.

Déantar díorthaigh iasachtaí a thomhas ag luach cóir agus déantar gnóthachain agus caillteanas luach cóir a aithint sa ráiteas ioncam. Déantar díorthaigh iasachtaí a rangú mar thuillmheach agus neamhthuillmheach. Is é is brí le díorthach tuillmheach ná ceann atá ag comhlíonadh na n-íocaíochtaí conartha um shreabhadh airgid uile suas go dtí an dáta deiridh aisíocaíochta roimh dheireadh dháta an tuairiscithe. Déantar measúnú ar stádas tuillmheach na ndíorthach iasachtaí ag gach dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.18 Ionstraimí airgeadais díorthaigh (ar lean)

Díorthaigh GNBS

Cuimsíonn díorthaigh GNBS díorthaigh arna ndéanamh chun an nochtadh a fhálú i leith iasachtaí arna bhfáil agus urrúis fiachais ar eisiúint ('díorthaigh GNBS'). Airítear le díorthaigh GNBS babhtálacha rátaí úis agus airgeadraí.

Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Déantar díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas a aithint ar dtús ar luach cothrom ar an dáta ar a ndéantar nó ar a bhfaightear conradh díorthaigh agus déantar iad a thomhas arís níos déanaí ar luach cothrom.

Cinntear luach cothrom díorthach ag baint úsáide as teicníc luachála um marcáil ón margadh bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí leas a bhaint as ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair toraidh Euribor agus Libor, ar chomhchéim le rátaí malairte eachtraí agus úis.

Sna boinn tuisceana a úsáidtear do na teicnící luachála sin áirítear dóchúlacht agus uainiú ionchais shreabhach airgid na hionstraime amach anseo. Rialaítear na sreabhach airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhfuil gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha.

Luaitear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cothrom dearfach agus mar dhliteanas nuair atá an luach cothrom díúltach.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanas luachach cothrom sa ráiteas ioncaim. Sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaíthe áfach, braitheann an chaoi ina bpléitear leis na gnóthachain agus caillteanas ar luach cothrom ar nádúr na gaolmhaireachta fálaíthe.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas ar bhabhtálacha airgeadra sa ráiteas ioncaim mar chuid de na gnóthachain agus caillteanas i malairt eachtrach.

2.19 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola ag costas de réir liostaí IAS 2. Aithnítear iad ar dtús ar an ráiteas an staid airgeadais ag an pointe ag ar síneadh an conradh ceannaithe leis an díoltóir. I ndiaidh an chéad aitheantas, luaitear í agus glanluach inréadaíthe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaíthe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh. Aithnítear athbhreithnithe ar luach anonn na maoine trádála mar a leanas:

- (i) i gcás aonaid chonraithe a aithnítear ar ráiteas staid an airgeadais, déantar athbhreithnithe ar NRV (glanluach inréadaíthe) a fhritháireamh i gcoinne iasachtaí, agus
- (ii) i gcás maoine trádála arna gcur i gcrích, aithnítear athbhreithnithe ar luach anonn sa ráiteas ioncaim.

Aithnítear brabús agus caillteanas ó dhiúscairt maoine trádála sa ráiteas ioncaim nuair tharlaíonn an t-idirbheart.

2.20 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin ioncaim reatha ná an cháin ionchais atá iníoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá iníoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin ioncaim reatha atá iníoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin ioncaim atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanas seo a úsáid ina leith.

Ní dhéanfaidh aonán sócmhainní cánacha reatha agus dliteanas chánacha reatha a fhritháireamh ach amháin:

- má tá ceart infhorfheidhmithe le dlí ag an aonán na méideanna aitheanta a fhritháireamh; agus
- má tá sé i gceist ag an aonán socrú ar bhonn glan, nó an sócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna.

2.20 Cánachas (ar lean)

(b) Cáin ioncaim iarchurtha

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dliteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlannfar an dliteanas cáin ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncaim nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le FVOCI a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear í ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite mar aon leis an gcaillteanas nó gnóthachan iarchurtha.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dliteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonáin inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

Déanann an Ghrúpa measúnú, ar bhun blianitiúil amháin, ar cháin iarchurtha bainteach le caillteanas cánach nach bhfuil in úsáid.

2.21 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí ar éilimh dhlíthiúla nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide.

Dlíteanais theagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

2.22 Méideanna dlite le agus ó Institiúidí Rannpháirteacha

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

Déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha cuntais rótharraingte a mhaoiniú agus bailíonn siad aisíocaíochtaí in airgead tirim ar chuntais rótharraingte ar son an GNBS. Aithnítear na méideanna a mhaoiníonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha sa ráiteas faoin staid airgeadais mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha agus aithnítear na méideanna a bhailítear mar mhéideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha. Cuirtear an glanmhéid atá dlite le/ó Institiúidí Rannpháirteacha i bhfeidhm i leith iarmhéid na n-infháltas agus na n-iasachtaí gan.

2.23 Scairchaipiteal

(a) Díbhinní ar ghnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní ar ghnáthscaireanna i gcothromas sa tréimhse ina bhfaomhann scairshealbhóirí an Ghrúpa iad. Pléitear le díbhinní don tréimhse a fhógraítear tar éis dáta an ráitis chomhdhlúite faoin staid airgeadais i Nóta 46, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe.

(b) Cúpón ar ionstraim chothromais eile

Déantar íocaíochtaí cúpón ar fhobhannaí a rangáítear mar gnáthscaireanna a léiriú go díreach i gnáthscaireanna, nuair a fhograitítear iad.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.24 Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN

Éilítear ar an nGrúpa urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) arna aontú idir GBCN agus an GNBS. Is í GBCN an contrapháirtí i leith díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd a ngnóthaítear ó iasachtaithe). Ní mór go dtabharfaí airgead tirim mar urrús comhthaobhach do GBCN d'fhonn a cuid nochta don Ghrúpa i ndáil lena staideanna díorthach a laghdú. Braitheann an méid urrúis chomhthaobhach ar measúnú den riosca creidmheasa curtha i gcrích ag GBCN.

Déantar airgead tirim a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh mar urrús comhthaobhach le GBCN sa ráiteas ar an staid airgeadais. Déantar aon ús iníoctha nó infhála ag eascairt ón méid a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh sa chaiteachas úis nó san ioncam úis faoi seach.

2.25 Réadmhaoin, innealra agus trealamh

Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais as spás oifige ar léas a fheistiú. Déantar costais a thabhaítear a chaipitliú sa ráiteas faoin staid airgeadais mar réadmhaoin, innealra agus trealamh de réir IAS 16. Déantar an tsócmhainn aitheanta a dhímheas ar thar saol an sócmhainn, ag comhlíonadh IAS 16.

2.26 Léasanna oibriúcháin

Is comhaontú é léas trína dtugann an léasóir cead don léasaí, mar thoradh ar íocaíocht nó sraith íocaíochtaí, an ceart chun sócmhainn a úsáid do thréimhse ama comhaontaithe. Tá an cinneadh maidir le cibé arb ionann socrú agus léasa, nó socrú ina bhfuil léasa, bunaithe ar shubstaint an tsocraithe agus teastaíonn measúnú uaidh sin maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil comhlíonadh an tsocraithe ag brath ar úsáid sócmhainne ar leith nó cibé an dtugtar ceart úsáide i leith na sócmhainne leis an socrú. Rangaítear léas mar léas oibriúcháin mura n-aistríonn sé go substaintiúil gach riosca agus gach luach saothair a ghabhann le húinéireacht. Aithnítear an tsócmhainn léasaithe ar an ráiteas maidir le staid airgeadais an léasóra.

Aithnítear réadmhaoin faighte ag SRCSN chun críocha tithíocht shóisialta mar fhardail de réir IAS 2.

Is de réir méid chothrom a dhéantar cuntas ar ioncam ó chíos ó léasanna oibriúcháin ar réadmhaoin fardail thar théarma an léasa. Aithnítear íocaíochtaí cíosa mar speansais sa ráiteas iocam ar bhunús méid cothrom thar téarma an léasa.

2.27 Leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí

Is é atá i gceist le leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí ná gnáth-scairchaipiteal agus/nó cothromas eile i bhfochuideachtaí nach féidir a chur i leith an mháthair-aonáin, go díreach nó go hindíreach.

Féadfar brabús a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe de réir an toraidh is fearr ar infheistíocht a d'fhéadfaí a íoc leis na hinfheisteoirí seachtracha. Déantar cailteanas a bhíonn i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe suas go dtí luach an leasa neamh-rialaithe sa Ghrúpa amháin, mar glacann an GNBS beagnach tairbhí agus rioscaí eacnamaíochta uile an Ghrúpa.

2.28 Luach cothrom a chinneadh

Tomhaiseann an Ghrúpa luach cothrom de réir IFRS 13 a sainmhíoníonn luach cothrom agus an praghas a bheadh ar fáil dá ndíolfaí sócmhainn nó dá n-íocfaí as dlíteanas a aistriú mar idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ag an dáta tomhais sa phríomh margadh, nó dá éagmais, an margadh is mó tairbhe a bhfuil rochtain ag an nGrúpa air ag an dáta sin, cé acu má tá an praghas sin inbhraite go díreach nó measaithe ag úsáid teicnící luachála eile.

Is ag luach cothrom a aithnítear ionstraimí airgeadais ar dtús agus, ar leith ó shócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó cailteanas, déantar an tsuim ghlánluacha thosaigh a choigeartú do chostais dhíreacha agus incriminteachta idirbhirt. I ngnáthchúrsa gnó, is ionann an luach cothrom tosaigh agus praghas an idirbhirt (luach cothrom na comaoine tugtha nó faighte).

I ndiaidh aithint thosaigh, is trí úsáid a bhaint as teicnící luachála a chinntear luachanna cothroma. Déanann na teicnící seo iarracht an úsáid is fearr ar fáil go poiblí agus is féidir a bhaint as ionchuir inbhraite ábhartha agus go mbaintear a laghad úsáide agus is féidir as ionchuir neamh-inbhraite. San áireamh sna teicnící luachála a úsáideadh bhí fachtóirí a chreideann bainistíochta bheadh á gcur san áireamh ag rannpháirtithe margaidh agus idirbheart á phraghsáil. Is féidir go mbeadh úsáid a bhaint as idirbhirt ordúla a rinneadh le déanaí idir rannpháirtithe margaidh, tagairt d'ionstraimí cosúla eile, samhlacha praghsála i leith conradh céadrogha, anailís sreabhadh airgid lascainithe agus teicnící luachála eile a mbaineann rannpháirtithe margaidh úsáid astu go minic san áireamh sna teicnící luachála.

2.28 Luach cothrom a chinneadh (ar lean)

Teicnící luachála

I gcás iasachtaí féichiúnaí a thomhaistear ag FVTPL, déantar luach cóir na n-ionstraimí sin a mheas le hionchuir ón mbainisteoireacht trí shamplaí luachála a ghintear go himheánach bunaithe ar phointí sonraí margaidh in-chomparáide atá roghnaithe. Níl formhór den ionchur suntasach leis na samplaí seo inbhraiteach go héasca sa mhargadh agus mar sin is ó phraghsanna an mhargaidh i ndáil le sócmhainní eile dá macasamhail a dhéantar amach an t-ionchur, nó de réir meastacháin bunaithe ar toimhdí áirithe. Bíonn breithiúnas bainisteoireachta agus meastachán de dhíth chun ionchur príomhúil a úsáidtear a dhéanamh amach dála sreafaí airgid na sócmhainne atá beartaithe don todhchaí, agus srathú na punainne, chomh maith leis na rátaí lascaíne oiriúnacha.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála le haghaidh iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL ná na sreafaí airgid ionchais a mheas a ghinfidh an tsócmhainn airgeadais agus ansin na luachanna seo a lascaíniú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- cinneadh a dhéanamh ar an srathú oiriúnach don phunann chun sócmhainní a bhailiú le chéile i ngrúpaí ina bhfuil tréithe riosca cosúla;
- an dóchúlacht atá ann go mbeidh sreafaí todhchaíocha airgid agus an t-amú atá beartaithe leo; agus
- ráta lascaíne atá oiriúnach a roghnú le haghaidh sócmhainn airgeadais nó grúpa de shócmhainní airgeadais, bunaithe ar an meastóireacht a dhéanann an mbainisteoireacht ar shaintréithe an urrúis chomhthaobhaigh/an sreabhadh airgid agus faisnéis mhargaidh ábhartha.

I ndáil le díorthaigh thar an gcuntar, déantar luach cothrom a ríomh bunaithe ar theicnící luachála. Féadfar luach cothrom a mheas trí úsáid a bhaint as praghsanna luaite margaidh d'ionstraimí cosúla, coigeartaithe le haghaidh difríochtaí idir an ionstraim luaite agus an ionstraim a bhfuil luach á lua léi. Sa chás go ndéantar an luach cothrom a ríomh bunaithe ar anailís sreabhadh airgid lascaíne, is í an mhodheolaíocht atá ann, úsáid a bhaint, a mhéid agus is féidir, as sonraí margaidh atá inbhraite go díreach nó intuigthe ó phraghsanna ionstraimí, cosúil le cuair toraidh ráta úis, praghsanna cothromas agus tráchtarraí, raonta difríochta creidmheasa, luaineachtaí rogha agus rátaí airgeadra.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála na sreafaí airgid ionchais a ríomh faoi théarmaí gach conradh sonrach agus ansin na luachanna seo a lascaíniú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- Dóchúlacht agus uainiú ionchais sreafaí todhchaíocha airgid na hionstraime. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhféadfaí gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapáirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh sreafaí todhchaíocha airgid íogair do theagmhas imeachtaí todhchaí, athruithe ar rátaí margaidh san áireamh; agus
- Ráta lascaíne oiriúnach a roghnú don ionstraim, bunaithe ar na cuair toraidh ráta úis lena n-áirítear cinneadh maidir le raon oiriúnach difríochta don ionstraim don ráta saor ó riosca. Déantar an raon difríochta a choigeartú chun cuntas a dhéanamh de shainphróifíl riosca creidmheasa an nochta.

Tá na coigeartuithe i ríomh luach láithreach sreafaí todhchaíocha airgid bunaithe ar fhachtóirí a chreideann bainistíocht a chuirfeadh rannpháirtithe margaidh san áireamh agus an ionstraim airgeadais á praghsáil.

Féadfar ionstraimí airgeadais áirithe eile (sócmhainní agus dliteanais) a luacháil bunaithe ar theicnící luachála a bhfuil gné shuntasach margaidh amháin nó níos mó nach bhfuil inbhraite san áireamh iontu. Nuair a bhíonn teicníc luachála a bhfuil sonraí inbhraite luaite léi á cur i bhfeidhm, déantar meastacháin chun léargas a thabhairt ar neamhchinnteachtaí i luachanna cothroma a eascraíonn as easpa sonraí margaidh. I ndáil leis na hionstraimí seo, níl an tomhas luach cothrom chomh hiontaofa. Is dá nádúr go bhfuil luachálacha bunaithe ar shonraí neamh-inbhraite neamhchinnte mar nach bhfuil ach beagán nó nach bhfuil aon sonraí margaidh reatha ar fáil chun an praghas ag a dtarlódh idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh faoi na coinníollacha margaidh reatha a chinneadh.

D'fhéadfadh go mbeadh coigeartú aschur na teicníce luachála ag teastáil i ndáil le ríomh luach cothrom d'aon ionstraim airgeadais chun léargas a thabhairt ar chostas an riosca creidmheasa, dá mbeadh a leithéid curtha san áireamh ag rannpháirtithe margaidh, sa chás nach bhfuil siad neadaithe sna teicnící bunúsacha luachála.

2.29 Speansais riaracháin

Aithnítear speansais riaracháin ar bhunús fabhrú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnaís agus bíonn siad bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnaís nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar seo a leanas:

3.1 Measúnú ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailiteanas

Déantar an luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailiteanas (FVTPL) a mheas ag deireadh gach aon tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis an ionchur príomhúil don mheasúnú ar luach cóir réamhaisnéis ar shreafaí airgid, rátaí lascaine, toimhdí tráthúlachta agus breithiúnas maidir leis an mbainisteoireacht. Mar chuid de réamh-mheastachán an tsreafa airgid ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh lena n-áirítear toimhdí maidir le cúinsí eacnamaíocha áitiúla, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach na comhthaobhachta réadmhaoine bunúscha agus an stráitéis ar glacadh leis go deireanach don fhéichiúnaí sin. Féadfar difríocht a bheith ann idir na sreafaí airgid tirim iarbhrí, agus an t-am a tharlaíonn sé, ó na sreafaí airgid tirim formheasta chun na críche an luach cóir a mheas le haghaidh gach aon nasc féichiúnaí. Go hiondúil, bíonn na réamh-mheastacháin sreafaí airgid bunaithe ar an stráitéis ar ar tháinig ar comhaontas maidir leis is deireanaí i ndáil le gach aon féichiúnaí atá faoi réir athraithe.

Déantar na toimhdí a úsáidtear chun méid agus tráthú sreabha airgid na todhchaí a réamh-mheas d'fhéichiúnaithe aonair, maidir le srathú na punainne sócmhainní comhthaobhachta agus maidir leis na rátaí lascaine oiriúnacha le bheith curtha i bhfeidhm in áirimh ar shreafaí airgid lascainithe a athbhreithniú go tréimhsiúil ag an lucht bainistíochta. Is féidir le GNBS breithiúnas bainisteoireachta a fheidhmiú i ndáil le luachanna cóir atá ríomhairithe nó le hionchuir leis an ríomhaireacht um an luach cóir nuair a chreideann sé go léirítear leis sin luach cóir na sócmhainne ar bhealach níos cruinne.

Chun sainaitheantas a dhéanamh, rangáítear iasachtaí féichiúnaí le chéile ar bhonn nasc a dhéanamh. Is éard is nasc ná roinnt mhaith iasachtaí atá rangaithe le chéile agus atá eisithe chuig an iasachtaí céanna nó chuig grúpa d'iasachtaíthe atá nasctha ar bhonn eacnamaíochta.

Déantar an luach cóir a mheas le haghaidh gach aon cónasc tríd an luach láithreach den sreabhadh airgid atá formheasta le bheith ginte le gach aon nascadh a dhéanamh amach. Léirítear leis na sreafaí airgid meastachán is fearr an GNBS i ndáil le gach uile nascadh agus áirítear leo diúscairtí comhthaobhacht réadmhaoine agus sreafaí airgid neamh-diúscairte eile (ar nós ioncainm chíosa).

Tá beartas an Ghrúpa maidir le tomhas cóirluacha ar shócmhainní airgeadais leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.28.

Áirítear leis na meastacháin shuntasacha maidir le luach cóir iasachtaí féichiúnaithe an Ghrúpa an amú, fachtóirí lascainithe agus luach réaduithe luach na sócmhainní chomh maith leis na heis-sreafaí a bhaineann leo. Is ionann an luach tugtha anonn d'iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL a thomhaistear ar luach cóir amhail an 31 Nollaig 2018 agus €1,925m agus is ionann an t-athrú sa luach cóir le linn na bliana agus €605m.

Sa tábla thíos léirítear an tionchar a bhíonn ag athraithe i luachanna comhthaobhachta ar luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	+/-1% €m	+/-3% €m	+/-5% €m
Talamh agus Forbairt	+/- 13	+/- 40	+/- 67
Réadmhaoin Infheistíochta	+/- 7	+/- 21	+/- 35
Iomlán	+/- 20	+/- 61	+/- 102

Sa tábla thíos léirítear an tionchar a bhíonn ag athraithe i fachtóirí lascainithe ar luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	(5%) €m	(3%) €m	(1%) €m	+1% €m	+3% €m	+5% €m
Talamh agus Forbairt	94	55	18	(17)	(51)	(83)
Réadmhaoin Infheistíochta	43	25	8	(8)	(24)	(38)
Iomlán	137	80	26	(25)	(75)	(121)

3.1 Measúnú ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (ar lean)

Sa tábla thíos léirítear an tionchar a bhíonn ag athraithe i tráthúlacht sreafaí airgid ar luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	+3 mhí €m	(3) mhí €m
Talamh agus Forbairt	(32)	33
Réadmhaoin Infheistíochta	(14)	14
Iomlán	(46)	47

3.2 Breithiúnas agus meastacháin eile an luchta bainistíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, rinne an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí ag a bhfuil tionchar ar na méideanna a dhéantar a thuairisciú maidir le sócmhainní agus dliteanais ag dáta dheireadh na bliana. D'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Déantar meastacháin agus toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Is iad na breithiúnais shuntasacha arna ndéanamh ag an nGrúpa. Ach amháin iad sin ag baint le luach cothrom iasachtaí féichiúnaí chun na ráiteas airgeadais a ullmhú:

- fardail – maoine trádála, agus
- infheistíochtaí a rinneadh in ionstraimí cothromais.

Fardail – maoine trádála

(a) Breithiúnais arna ndéanamh

Fardail – déantar cuntasáíocht i leith maoine trádála faoi IAS 2 Fardail, i gcomórtas le IAS 40 Maoine Infheistíochta. Tá sócmhainní maoine agus sócmhainní eastát neamhréadach atá a choinneáil le haghaidh athdhíola san áireamh mar maoine trádála. Aithnítear iad ar dtús ar ráiteas staid an airgeadais ag an bpointe ar a ndéantar an Conradh Ceannaigh a shíniú leis an díoltóir, ar aon dul le beartas cuntasáíochta 2.19. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar maoine trádála a lua ag an gceann is íochtaráí de chostas agus glanluach inréadaithe. Tá costas bunaithe ar bhun aithint shainiúl de chostais aonair ag baint le gach sócmhainn.

(b) Meastacháin arna n-úsáid

Is ionann glanluach inréadaithe agus praghas díola measta le haghaidh maoine móide na costais chríochnaithe mheasta uile agus na costais atá riachtanach chun an díolachán a dhéanamh. Aithnítear athbhreithnithe ar luach anonn na maoine trádála mar a leanas; i) i gcás aonaid chonraithe a aithnítear ar ráiteas staid an airgeadais, déantar athbhreithnithe ar NRV a fhritháireamh i gcoinne iasachtaí, agus ii) i gcás maoine trádála arna gcur i gcrích, aithnítear athbhreithnithe ar luach anonn sa ráiteas ioncaim. Is ionann an t-athbhreithniú ar ghlanluacháil inréadaithe na maoine trádála agus meastachán bunaithe ar chéatadán chríochnaithe na maoine atá i mbéal forbartha nó bunaithe ar mheasúnú ar fhaisnéis ón margadh maidir le maoine trádála arna gcur i gcrích. Ós rud é gur meastachán cuntasáíochta an meastachán sin, tá sé faoi réir ag neamhchinnteacht.

Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais

Agus cóireáil chuntasáíochta iomchuí ar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais á gcinneadh, breithnítear eiseadh tionchair shuntasacha ar bhonn cás le cás, agus na táscairí a leanas á n-úsáid:

- ionadaíocht ar an mbord stiúrthóirí nó ar chomhlacht rialaithe coibhéiseach;
- rannpháirtíocht sa phróiseas ceaptha beartas;
- idirbhearta ábharacha idir an dá pháirtí;
- pearsanra bainistíochta a idirmhalartú;
- faisnéis theicniúil ríthábhachtach a sholáthar; agus
- cearta vótála ionchasacha.

Ag dáta an tuairiscithe, ní raibh aon infheistíochtaí ann in ionstraimí cothromais ina ndearna an Grúpa aon rialú nó tionchar suntasach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. GLANGHNÓTHACHAIN AR IASACHTAÍ FÉICHIÚNAÍ/IASACHTA IDIRCHUIDEACHTA TOMHAISTE AG FVTPL

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Gluaiseacht luacha cóir ar iasachtaí féichiúnaithe ar FBTPL	22	605,204	-

Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. Tá roinnt mhaith shuntasach de phunann iasachta an Ghrúpa, ar tuairiscíodh é mar 'iasachtaí agus infháltais' agus a dhéantar é a thomhas ag an gcostas amúchta roimh an 1 Eanáir 2018, aicmithe mar 'iasachtaí féichiúnaí arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas' de réir IFRS 9. Déantar athruithe ar an luach cothrom a thuairisciú sa ráiteas ioncaim de réir bheartas cuntasáiochta 2.10. Féach Nóta 22 le haghaidh tuilleadh sonraí ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL atá i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe. Áirítear le hiasachtaí arna dtomhas ag FVTPL iasachtaí féichiúnaí a sheilbhítear ó na hinstiúidí a ghlacann páirt, ó iasachtaí scairshealbhóra agus ó sreafaí ioncaim ráthaithe.

An Ghníomhaireacht	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam úis ar iasacht idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL	22	1,258	-

Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGníomhaireacht chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. De réir IFRS 9, táthar anois ag aicmiú an iasacht idirchuideachta le GNBS mar 'iasacht idirchuideachta a tomhaistear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas'. Déantar athruithe ar an luach cothrom a thuairisciú sa ráiteas ioncaim de réir bheartas cuntasáiochta 2.10. Féach Nóta 22 le haghaidh tuilleadh sonraí ar iasachtaí idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL atá i seilbh an Gníomhaireachta ag an dáta tuairiscithe.

Ghin foghnóthais Ghrúpa GNBS brabúis, a bheidh iníochta le BSN sa deireadh mar ioncam úis faoi shocruithe um iasachtaí le rannpháirtíocht sa bhrabús. Ina dhiaidh sin, tar éis úsáid aon chailleanas cánach a bhí ar fáil agus asbhaint an chostais úis ar a chuid urrús fofhiachais, más rud é go ngineann BSN brabúis incháinithe, is le GNBS an Gníomhaireacht a íoctar iad, mar ioncam úis.

5. IONCAM ÚIS

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Ús ar iasachtaí agus infháltais		6,474	248,238
Ús ar shócmhainní airgeadais ag FVOCI	23	2,020	-
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid		30	78
Ioncam úis iomlán		8,524	248,316

I 2017, ríomhadh ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais ag baint úsáide as modh cuntasáiochta EIR. Déanann an modh seo iarracht ioncam úis a aithint ag ráta seasmhach thar saolré na hiasachta agus beidh difríocht idir é agus an t-airgead tirim iarbhrí faighte agus méideanna arna aithint sna ráiteas airgeadais ar deireadh.

Ríomhtar ioncam úis ar shócmhainní airgeadais ag FVOCI ag baint úsáide as modh cuntasáiochta EIR.

Cuimsíonn ús ar airgead agus coibhéisí airgid ús tuillte ar airgead agus earlaisí gearrthréimhseacha coinnithe i rith na bliana.

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Ús ar iasacht chuig BSNT	-	216,629

Tar éis d'IFRS 9 a bheith curtha i bhfeidhm, áirítear an t-ioncam úis don bhliain 2018 sa gnóthachan ar luach cóir ar iasacht idirchuideachta a tomhaistear ag FVTPL. Féach Nóta 4 le haghaidh tuilleadh sonraí.

6. COSTAS ÚIS AGUS A CHOSÚIL

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Ús ar sócmhainní ar fáil le díol	-	231
Ús ar bhannaí rialtais	231	-
Ús ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	5,845	3,049
Costas iomlán úis	6,076	3,280

Is ús ar bhannaí gearrthéarmach rialtais coinnithe mar gheall ar aidhmeanna leachtacht é ús ar bhannaí rialtais/ús ar fáil ar sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol aithnithe ag úsáid modh EIR. Is ionann luach ainmniúil bannaí rialtais ag an dáta tuairiscithe agus €430m (2017: €430m).

Thabhaigh an Ghrúpa costais ús €5m (2017: €3m) ar airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim mar gheall ar ús dhiúltach le linn 2018.

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Costais Úis Diúltach ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	4	3

Mar gheall ar rátaí dhiúltach úis tá ús diúltach de €0.004m (2017: €0.003m) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

7. IONCAM TÁILLE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam táille ó iasachta agus infháltas	-	3,044
Ioncam táille ó iasachtaí féichiúnaithe	27,137	-
Ioncam táille iomlán	27,137	3,044

Ioncam atá gaolmhar le naisc féichiúnaithe nach n-áirítear mar laghdúchán ar oibleagáidí fiachais an féichiúnaí is ea an t-ioncam táille ó iasachtaí féichiúnaí. San ioncam táille a aithnítear sa bhliain féadfar táillí socruithe, táillí athstruchtúrtha, táillí imeachta, táillí feidhmiúcháin a áireamh, chomh maith le táillí idirbheartaithe ó dhíolacháin iasachtaí. Tá an leibhéal d'ioncam táille bunaithe ar an gcineál de hidirbhearta a tharlaíonn le linn na bliana.

8. IONCAM EILE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Dáileacháin ó ionstraim chothromais (a)	13,876	16,380
Caillteanas luach coir ar ionstraim chothromais (b)	(1,843)	(5,237)
Ioncam ó tháille ceadúnais (c)	-	549
Ioncam cíosa Léasa (d)	11,666	10,489
Athluacháil ar réadmhaoinne trádála (e)	(458)	-
Spéansais eile (f)	(10,554)	(483)
Ioncam eile (g)	27,347	-
Iomlán ioncam eile	40,034	21,698

(a) Fuair an Grúpa díbhinní dar luach €13.9m san iomlán (2017: €16.4m) ar a chuid infheistíochta i rith na tréimhse tuairiscithe.

(b) Tá luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS bunaithe ar ghlanluach sócmhainne an aonáin infheistíochta amhail an dáta tuairiscithe, agus déantar athruithe ar an luach cothrom a aithint sa ráiteas ioncaim de réir bheartas cuntasafóchta 2.7. Féach Nóta 31 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ionstraimí cothromais i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. IONCAM EILE (AR LEAN)

- (c) Le linn 2013, fuair GNBS tailte áirithe ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ina dhiaidh sin, chuaigh GNBS isteach i gcomhaontú comhroinnte ioncaim leis an suíomh a fhorbairt, rud a chuirfear sruth slán ioncaim ar fáil ó na tailte i bhfoirm tháille ceadúnais. Bronnadh an ceadúnas ar thríú páirtí ar feadh tréimhse sé bliana chun forbairt an tsuimh a chumasú ar mhaithe le sochar tráchtála fadtéarmach. Chomh maith leis an sruth slán ioncaim, tá céatadán socruithe cíosa agus céatadán d'fháltais díolacháin aon fhorbairt tithíochta chríochnaithe a thógtar ar na tailte dlite le NANQ. Aithníodh luach reatha aon chuid den sruth ioncaim urraithe i 2015. De réir IAS 39, rinneadh an lascaire ó luacha reatha a dhíchorn thar saol an chomhaontú. Rinneadh an sruth ioncaim ráthaithe a thomhas ar FVTPL nuair a cuireadh IFRS 9 i bhfeidhm.
- (d) Tuilltear ioncam cíosa léasa ó réadmhaoin cónaithe a léasú le comhlachtaí tithíochta faofa le haghaidh tithíochta sóisialta. Déantar é a chuntas ar bhonn líne díri thar théarma an léasa, de réir bheartas cuntasáiocha 2.26. Is mar gheall ar méadú gníomhaíocht léasa i rith na bliana an méadú sa bhliain.
- (e) I gcomhréir le beartas cuntasáiocha 2.19, déantar réadmhaoin trádála a thomhas ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ag an dáta tuairiscithe, d'aithin an Grúpa caillteanais athluachála €0.5m (2017: ní raibh aon caillteanais nó ghnóthachan athluachála) ar na sócmhainní seo. Féach Nóta 25 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le sócmhainní réadmhaoin.
- (f) Le speansais eile, áirítear táille conraithe de €1.9m (2017: €0.5m) a díoladh sa bhliain airgeadais tar éis ráta brabús ainmnithe ar infheistíocht cothromais a bhaint amach agus €8.7m le haghaidh díluchtú dliteanais réadmhaoin glacadóireachta (2017:€Nialas)
- (g) Rinne GNBS comhaontú le leachtaitheoir speisialta IBRC maidir le díbhinn i ndáil le héilimh neamhurratithe de €13.9m. In 2018, glanadh na suimeanna uile a bhí infhaighte ó na hinstiúidí a bhí ag glacadh leis agus a bhain le rótharraingtí. Tharla ioncam breise de €13.4m de thoradh an ghlanta sin.

Gníomhaireacht	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Costais cúitithe ón Ghrúpa NAMAI	13	43,496	40,970
Ioncam úis dhiúltach ó iasachtaí Idirghrúpa		142	131
Iomlán ioncam eile		43,638	41,101

Is mar gheall ar rátaí diúltach úis ar an iasacht idirghrúpa ón NALM atá ús diúltach ioncaim de €0.14m (2017: €0.13). Tá níos mó sonraí le fáil in Nóta 38.

9. (CAILLTEANAIS)/GNÓTHACHAIN AR IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Caillteanais ar dhíorthaigh gnóthaithe ó iasachtaithe	(8,549)	(2,112)
(Caillteanais)/Gnóthachain luacha cothrom ar dhíorthaigh eile	(121)	629
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh gnóthaithe	1,920	2,032
Ús speansais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh gnóthaithe eile	(501)	(492)
(Caillteanais)/Gnóthachain iomlána ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	(7,251)	57

Tá gluaiseachtaí luach cothrom ar dhíorthaigh á spreagadh ag gluaiseachtaí margaidh a tharla i gcaitheamh na bliana. Tá tionchar ar luach cothrom na mbabhtálacha seo ag athruithe i rátaí Euribor agus leibhéil feidhmíochta na ndíorthach iasachtaithe. Soláthraítear breis faisnéise ar ionstraimí airgeadais díorthaigh i Nóta 21.

Baineann ioncam úis ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte le hús faighte ar dhíorthaigh gnóthaithe ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí bainteach leis na hiasachtaí a gnóthaíodh.

Baineann costais ar aon ionstraimí airgeadais díorthacha eile leis an ús atá infoctha ar dhíorthaigh a chuirtear leis chun fálacht a dhéanamh in aghaidh neamhchosaint don riosca ráta úis.

Níl aon díorthaigh sa Ghníomhaireacht.

10. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT AGUS ATHMAOINIÚ IASACHTAÍ

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Glan brabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí	179,390	63,632

I rith na bliana airgeadais, dhiúscair an Grúpa suim iasachtaí féichiúnaithe chuig tríú páirtithe agus athmaoiniú iasachtaí eile. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt agus athmaoiniú a thomhas mar an difríocht idir fáiltais díolacháin faighte agus a luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas seo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús dar luach €179m (2017: €64m) ar iasachtaí a dhiúscairt agus a athmaoiniú. Thuill an Grúpa ollbhrabús de €181m (féach nóta 22 agus 23) (2017: €65m), agus nuair a chuirtear é sin in éineacht leis na costais diúscairthe de €1.4m (2017: €1m), b'ionann an glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí agus €179m.

Tugann an tábla thíos achoimre ar bhrabús ghlan foriomlán GNBS a aithníodh ar na hidirbhearta a bhaineann le diúscairt agus athmaoiniú bunchomhthaoibhachta agus iasachtaí i ndáil leis na blianta 2018 agus 2017:

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Brabús a aithníodh sa ráiteas ioncaim		179,390	63,632
Criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana	24	-	(15,229)
Iomlán		179,390	48,403

Baineann criostalú an tsoláthair bearnúcháin le hionramháil an cuntas faoi IAS 39 agus sheas sé don mhéid a aithníodh cheana den soláthar bearnúcháin atá curtha i leith diúscairt bunchomhthaoibhachta agus iasachtaí i 2017. Níor sheas sé do mhuirear ráiteas ioncaim i dtréimhse an chriostalaithe. Ina áit sin, tharla aitheantas an ráitis ioncaim nuair a taifeadadh an soláthar bearnúcháin cheana. In éineacht leis an 'Brabús a aithníodh sa ráiteas ioncaim', thug an criostalú brabús/(caillteanas) foriomlán maidir le diúscairt iasachtaí don tréimhse.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí a dhiúscairt.

11. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Glanfháltais ó dhiúscairt infheistíochtaí réadmhaoinne	192,039	15,584
Costas bainteach de shócmhainní réadmhaoinne a íocadh	(58,212)	(14,023)
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt agus athmaoiniú sócmhainní réadmhaoinne	133,827	1,561

Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoinne a thomhas mar an difríocht idir fáiltais díolacháin faighte agus luach anonn na sócmhainní réadmhaoinne sin lúise na costas díola atá gaolmhar leo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús de chuid €133.8m (2017: €1.6m) ar dhiúscairt na sócmhainní réadmhaoinne trádála sa bhliain airgeadais.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon aonaid réadmhaoinne a dhiúscairt.

12. IONCAM BARRACHAIS

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (sa bhreis ar luachanna anonn iasachtaí)	24	-	269,842

I gcás sócmhainní faighte áirithe, tá luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas sáraithe ag na fáiltais ó dhiúscairt na comhthaoibhachta bunaidh i nasc féichiúnaí. Tuairiscíodh an farasbarr seo sa ráiteas ioncaim mar bhrabúis réadaithe ar iasachtaí suas go dtí gur tháinig IFRS 9 isteach i bhfeidhm.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. COSTAIS RIARACHÁIN

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Costais in-aisíochta le GBCN	13.1	39,128	37,980
Táillí príomhsheirbhíseora	13.2	8,258	9,881
Táillí máistir-sheirbhíseora	13.3	1,727	1,600
Táillí bainistíochta punainne	13.4	2,822	2,417
Táillí dlí	13.5	9,118	6,534
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	13.6	6,005	4,602
Costais chíos agus áitíochta	13.7	6,326	2,636
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	13.8	717	751
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	13.9	904	634
Táillí agus costais an Bhord agus an Choiste	13.10	485	437
Iomlán na gcostas riaracháin		75,490	67,472

Gníomhaireacht	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Costais riaracháin			
Costais in-aisíochta le GBCN	13.1	39,128	37,980
Costais áitíochta agus cíosa	13.7	4,368	2,990
Táillí agus costais an bhoird agus coiste	13.10	485	434
Iomlán na gcostas riaracháin		43,981	41,404

Aithnítear na costais in-aisíochta le GBCN mar chostas don GNBS. Aisíocann Grúpa NAMAI na costais uile, seachas táillí Boird agus coiste agus costais tabhaithe ag an GNBS, leis an GNBS. Chúitigh Grúpa NAMAI costais iomlána de chuid €43.5m (2017: €41.0m) leis GNBS an Ghníomhaireacht.

Gníomhaireacht	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Costais in-aisíochta le NAMAI			
Costais in-aisíochta le GBCN	13.1	39,128	37,980
Costais áitíochta agus cíosa	13.7	4,368	2,990
Iomlán costais in-aisíochta le NAMAI		43,496	40,970

13.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN. Tá na costais san áireamh sna méideanna nochtaithe i ráitis airgeadais GNBS mar gheall ar am a ghlac sé ráitis airgeadais GNBS a chuir le chéile.

Cuimsítear costais ó costais foirne de €30.9m (2017: €30.3m) agus forchostais agus costais seirbhísí roinnte de €8.2m (2017: €7.7m).

Tabhaíonn GBCN costais indíreacha ar nós tuarastail, cíos, TF, seirbhísí oifige agus gnó. Ina theannta sin, soláthraíonn GBCN seirbhísí comhroinnte do GNBS, lena n-áirítear TF, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Ba ionann costas tuarastail fhostaithe leithdháilte GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) a sholáthraigh na seirbhísí sin do GNBS le linn 2018 agus €3.4m (2017: €3.4m).

D'aontaigh GNBS cuid coibhneasach de chostais forchostais seachtach tabhtah ag an GNBS a aisíoc ar bhun lárnach áit a deachaigh chun leasa GNBS go díreach nó go hindíreach tríd soláthar earraí agus seirbhísí gaolmhar. Tá costais teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí oifige agus gnó, chomh maith le dímheas in mar úsáid sócmhainn seasta agus forchostais lárnach eile san áireamh.

Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa NAMAI an Ghníomhaireacht a chúiteamh.

13.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN (ar lean)

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaímseartha i ngnó an GNBS a athmhúirearú ar an nGrúpa. Ba ionann an costas tuarastail iomlán lena n-áirítear costais pinsin don tréimhse tuairiscithe agus €30.9m (2017: €30.3m). Is gá na nochtaithe aisíochta a leanas faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Bailiúcháin cistí leasa foirne	2018 €m	2017 €m
Bunphá	22.0	23.2
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	1.0	-
Liúntas	0.2	0.3
<i>Sochar foirne gearr-théarmach</i>	23.2	23.5
Sochar foirceannaithe	1.9	0.9
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	2.5	2.4
Ranníocaíochtaí pinsin	3.3	3.5
Bailiúcháin cistí leasa foirne iomlán	30.9	30.3

Ba é líon na bhfostaithe de chuid an GBCN a bhí páirteach go díreach sa Ghrúpa ('Oifigigh GNBS') ag an dáta tuairiscithe ná 238 (2017: 264). Ó seo, áirítear ochtar dhéag eile (2017: 10 fostaí) ar saoire gharraíodóireachta mar chuid den Scéim Iomarcaíochta Deonaí ('VRS') i 2019.

Rinneadh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht de €1.0m le 107 baill foirne agus baineann siad leis an tréimhse 1 Iúil 2017 go 31 Nollaig 2018.

Aithníodh costais de €1.9m (2017: €0.9m) ag baint le sochair foirceannaithe (VRS agus saoire gharraíodóireachta san áireamh) in 2018, a raibh €0.9m (2017: €0.4m) de inchurtha i leith íocaíochtaí reachtúla agus íocaíochtaí iomarcaíochta eile, bhain €0.4m (2017: €0.2m) leis an "scéim choinneála"³, agus €0.6m (2017: €0.3m) le saoire gharraíodóireachta. Ní costas incriminteach don GNBS atá i gceist leis an tsaoire gharraíodóireachta, ach cuid den chostas foriomlán tuarastail a bheadh thabhairt ag GNBS cibé cinneadh a bheadh déanta maidir leis na baill foirne lena mbaineann a chur ar saoire gharraíodóireachta. Bhí oct ball foirne dhéag i dteideal saoire gharraíodóireachta trí mhí faoin VRS. Chomh maith leo siúd ar glacadh leo don VRS, cuireadh ceathrar ball foirne (2017: cúigear) ar saoire gharraíodóireachta le linn 2018. Ar an meán, mhair saoire gharraíodóireachta na ceathrar ball bhonn cás ar chás agus rinneadh measúnú, inter alia, ar ról an duine sin i GNBS agus fostóir nua an duine sin. Tarlóidh tuilleadh iomarcaíochta ar bhonn céimnithe gach bliain thar an chuid atá fágtha de ré GBNS.

Tá Oifigigh an GNBS ina mbaill de Scéim Pinsean Sochair Shainithe GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaithe úd. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsean seo a athmhúirearú ar an GNBS. Tá costas na ranníocaíochtaí pinsean le fáil i Nóta 43.

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	2018 €	2017 €
Tuarastal	413,377	400,079
Sochair incháinithe	21,638	22,728
	435,015	422,807

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinithe agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60% de thuarastal bliantúil. Is ionannsochar incháinithe agus sochar tuillte le linn an tréimhse tuarastála agus is féidir le árachas sláinte, carr cuideachta agus síntiús proifisiúnach bheith san áireamh. Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht don bhliain 2015 agus 2017, ach i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach ag tabhairt aghaidh ar an tír, tharscaoil sé a theidlíocht i ndáil leis an íocaíocht seo.

³ Ní bhaineann an scéim choinneála ach amháin i gcúnsí ina ndearnadh iomarcaíocht ar bhaill foirne, inar chomhlíon siad gach caighdeán agus inar fhan siad le GNBS don tréimhse riachtanach le sainordú reachtúil na Gníomhaireachta a chomhall.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

13.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN (ar lean)

Baineann na laghduithe pá a ndearnadh foráil dóibh san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2013, le hoifigigh GNBS. Rinneadh foráil san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015 d'aisiriú na laghduithe pá sin dóibh siúd uile a raibh tionchar ag reachtaíochta 2013 orthu. Cuireadh an chéad aisiriú faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015 chun feidhme in Aibreán 2017, agus rinneadh aon trian den laghdú a rinneadh ar thuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2013 a aisiriú mar thoradh. Cuireadh an darna aisiriú i bhfeidhm in Aibreán 2018.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí.

Is é POF GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh comhairliúcháin le Bord GNBS. Le comhairle á tabhairt maidir le luach saothair, soláthraítear faisnéis do Choiste Comhairleach GBCN ó dhearcthaí Choiste Luach Saothair GBCN amidir le dualgaís an Bhoird polasaí Rialtas a chuir i bhfeidhm ag baint leis an luach saothar seo.

Príomhphearsanra bainistíochta

Sainítear príomhphearsanra bainistíochta faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016 ('an Cód') mar na baill foirne sin a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá seacht gcinn (2017: naoi) tuarascáil bainistíochta díreach ag Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le linn 2018 agus ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leo, pá agus pá i gcoibhneas le feidhmíocht san áireamh, agus €1.4m de iomlán thuarastal €1.5m, €0.25m i sochair foirceannadh agus sochair de €0.03m. Tá sochair/liúntais tuillte sa tréimhse tuarastála san áireamh i sochair agus is féidir le árachas sláinte, liúntais cairr agus síntiús proifisiúnta san áireamh freisin.

Sochair Uile na bhFostaithe

Tá sochair uile na bhfostaithe, laistigh de bhandaí pá de €25,000 ó €50,000 suas ag 31 Nollaig 2018 agus 2017, leagtha amach sa tábla thíos.

Banda pá	Uimhir fostaithe 2018	Uimhir fostaithe 2017
Suas go €50,000	42	47
€50,001 - €75,000	45	56
€75,001 - €100,000	53	75
€100,001 - €125,000	43	47
€125,001 - €150,000	33	23
€150,001 - €175,000	13	7
€175,001 - €200,000	3	5
€200,001 - €225,000	-	1
€225,001 - €250,000	4	1
€250,001 - €275,000	1	1
€275,001 - €300,000	-	-
€300,001 - €325,000	-	-
€325,001 - €350,000	-	-
€350,001 - €375,000	-	-
€375,001 - €400,000	-	-
€400,001 - €425,000	-	1
€425,001 - €450,000	1	-
Iomlán	238	264

Áirítear leis an luach saothair iomlán an buntuarastal agus aon sochair inchánacha íoctha le fostaithe. Ní áirítear leis ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Tá feidhm ag asbhaint a bhaineann le pinsean na seirbhíse poiblí maidir le fostaithe GBCN.

13.1 Costais in-aisíoctha leis an GBCN (ar lean)

Caiteachas ar Fháilteachas

Mar is gá a nochtadh faoin gCód, tá an caiteachas ar fháilteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach thíos:

	2018 €	2017 €
Leas Foirne	10,830	12,456
Deonacháin Sport agus sóisialta	11,441	12,375
Imeachtaí foirne	10,127	12,323
Bláthanna	70	420
	32,468	37,574

Cuimsíonn an chuid is mó de chostas leasa na foirne costas scagthástálacha sláinte don hfoireann (2018: €9,000; 2017: €8,000) vacsaíní fliú (2018: €2,000; 2017: €2,000) agus ranganna agus léachtaí ag am lóin. Eagraíonn an GBCN iad sin agus tá foireann an GNBS incháilithe le leas a bhaint as na sochair sin.

Tá Coiste Spóirt agus Sóisialta curtha ar bun ag an GBCN don hfoireann uile, agus is féidir leo dul isteach ann ar bhonn deonach agus táillí ballraíochta a íoc. D'aontaigh an GNBS ranníocaíocht a dhéanamh le costais na ngníomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste sa chás ina mbaineann baill foirne GNBS leas as na gníomhaíochtaí. Thabhaigh an GNBS €11,000 le linn 2018 (2017: €12,000) i ndáil leis na gníomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste.

Rinneadh imeacht a réachtáil le haitheantas a thabhairt don chion oibre tábhachtach luachmhar déanta ag foireann an GNBS, idir na baill foirne a bhí ag fágáil faoi scéim iomarcaíochta deonaí 2018 agus na baill foirne a bhí ag fanacht ann, i dtaobh bhaint amach rathúil chuspóirí GNBS le linn na tréimhse ó thús 2010 go deireadh 2018. D'fhreastail tuairim is 250 (2017: 250) duine ag costas €7,692 (2017: €9,459). Cuimsíonn imeachtaí foirne eile go príomha scair an GNBS de na himeachtaí foirne eagraithe agus an GBCN chuig a dtugtar cuireadh do oifigí an GNBS.

Costais Taistil

Ba ionann na costais taistil iomlána a tabhaíodh le linn 2018 agus €58,000 (2017: €85,000), ar bhain €13,000 (2017: €23,000) de le taisteal idirnáisiúnta agus €45,000 (2017: €62,000) le taisteal intíre.

13.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íoctha le AIB agus Link Asset Services a sheirbhísiú. a riarann na hiasachtaí agus na hinfháiltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. chomh maith le bainistíocht cuntais reatha gearrtha. Tá na táillí Príomhsheirbhíseora bunaithe ar comhaontaithe seirbhísí leis na solathraí seirbhísí (Link Asset Services) agus aishghabháil costais le uasmhéad 10 bonnphointe d'iarmhéideanna iasachta parfhíachais arna riar (do AIB).

Tá na méideanna iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach sonraithe i Nóta 43, nochtadh páirtithe gaolmhara. Is €8.3m (2017: €9.9m). A bhí táillí príomhsheirbhíseora le linn na bliana airgeadais.

13.3 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íoctha leis an Máistir-Sheirbhíseoir, Link Asset Services. Soláthraíonn Link Asset Services seirbhísí riaracháin iasachtaí agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Is €1.7m (2017: €1.6m) na táillí máisistir-sheirbhíseora don chliain airgeadais.

13.4 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. San áireamh sna costais áirítear táillí luachála réadmhaoinne, cuardaigh sócmhainní agus clárlainne táillí, costais díolacháin iasachtaí agus costais árachais.

13.5 Táillí Dlí agus Cánach

San áireamh i dtáillí dlí tá táillí íoctha le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí i bainistíocht leanúnach agus tacaíocht féichiúnaithe. Is méadú gníomhaíochta dlí atá ag tiomáint méadú i dtáillí dlí. San áireamh i dtáillí dlí de €9.1 tá costais réiteach iomlán de €909,000.

13.6 Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta

Cuimsítear costais tabhaithe le linn na bliana ag baint le TE, comhairle úis agus costais riaracháin eile i gcostais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

13.7 Costais chíosa agus áitíochta

Áirítear i gcostais chíosa agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu.

Tá táille dímheasa ar na costais léas feistiú chaipitlithe €1,008,000 (2017: €336,000) san áireamh sna costais cíosa agus áitíochta.

Léasaigh an Gníomhaireacht an tríú hurlár dá háitreabh oifige reatha ó 2010 ar feadh tréimhse 10 mbliana. An chéad urlár dá háitreabh oifige reatha ó 2014 ar feadh tréimhse 15 mbliana agus forfhoirgneamh an chéad urláir dá háitreabh oifige reatha ar feadh tréimhse 12 bhliain agus 4 mhí ó 2013.

De réir na gcomhaontaithe léasú, bhí athbhreithniú le déanamh ar an chíos le linn 2017, le méadú sa chíos bhliantúil mar thoradh air. Ba 2015 an dáta éifeachtachdon méadú, agus íocfadh an cíos dlite le linn 2017. Léiríonn an tábla thíos na táillí cíosa ag 31 Nollaig:

Cíos Bliantúil (le CBL a áireamh) Gníomhaireacht	2018 €m	2017 €m
Tríú urlár	1.3	1.3
Chéad urlár	1.0	1.0
Ainnéacs an chéad urlár	0.1	0.1

Tá €1.2m (2017: €1.2m) atá cúitithe le GNBS ag GBCN ar son cíos agus áitíocht an chéad úrlár agus ainnéacs an chéad úrlár.

Tá an grúpa tar éis teacht ar aontas maidir le cinn téarmaí le GBCN maidir le léasa don áitreabh nua. Tá an comhaontas i bhfeidhm ó Bhealtaine 2018 le haghaidh téarma léasa 4 bliana. Is ionann táille don bhliain 2018 le haghaidh an áitribh nua seo agus €2.6m.

Tá breis eolais faoi léasanna i Nóta 37, tiomantais agus dliteanaís theagmhasacha.

Baineann an t-iarhméid atá fágtha le costais áitíochta. Tá foráil trochlaithé tuairiscithe ag an nGníomhaireacht lasmuigh de na costais áitíochta maidir leis an áitreabh atá aige faoi láthair, in 2018.

13.8 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúcháirí inmheánacha agus tuairiscíú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

13.9 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Iniúchadh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Ghrúpa GNBS agus fóchuideachtaí	424	400
Iniúchadh an Iniúcháir Reachtúil ar fhóchuideachtaí Grúpa GNBS	480	234
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	904	634

Ní chuireann an t-Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (mar iníochóir seachtrach) aon seirbhísí ráthaíochta, comhairle cánach nó seirbhísí neamhiniúchóireachta ar fáil go GNBS.

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Iniúcháir an GNBS i gcomhréir le hAlt 57 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

De bhun na gceanglas in Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear ar GNBS iniúcháir reachtúil a cheapadh ar leithligh i leith chuideachtaí laistigh de Ghrúpa an GINBST a meastar a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Ós rud é go bhfuil 51% den GNBS faoi úinéireacht phríobháideach agus go bhfeidhmíonn sé le díbhinní a thabhairt ar ais dá scairshealbhóirí meastar é a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Dá réir sin, ceapadh Mazars, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla agus Cuntasóirí Cairte, mar iniúcháirí reachtúla ar fhóchuideachtaí Ghrúpa GNBS i Meitheamh 2017. D'fhabhraigh GNBS €750 míle ar son chostas measta an Iniúchta Reachtúil ar Ghrúpa GNBS agus a fhóchuideachtaí i gcomhair dheireadh na bliana 2016. Ba é €390,000 (gan CBL san áireamh) an táille iniúchóireachta a comhaontaíodh. Áirítear le costas 2017 scaoileadh rófhabhru na bliana roimhe sin.

Le linn na bliana, chuir Mazars seirbhísí dócmhainneachta ar fáil inar cheap GNBS iad le gníomhú ar son féichiúnaithe GNBS a bhfuil dualgas cúraim orthu i leith GNBS de réir mar atá forordaithe sa dlí. Is iad féichiúnaithe GNBS faoi seach a íocfaidh na táillí de €1.0m a tabhaíodh le linn na bliana (2017: €1.2m) agus ní hionann iad agus costas oibríochtúil de chuid GNBS, agus dá bhrí sin níl siad léirithe i ráiteas ioncaim an Ghrúpa.

13.10 Táillí an Bhoird agus an Choiste GNBS

Tá táillí an Bhoird agus an Choiste GNBS leagtha amach faoi, agus iad faomhaithe and an Aire Airgeadais.

	2018 €	2017 €
Frank Daly (Cathaoirleach)	150,000	150,000
Oliver Ellingham	60,000	60,000
Brian McEnery (d'éirigh as 21 Nollaig 2018)	58,370	60,000
Mari Hurley	60,408	60,000
Willie Soffe (d'éirigh as 21 Nollaig 2018)	72,962	75,000
Eileen Maher (ceaptha 3 Iúil 2018)	27,609	-
Michael Wall (ceaptha 3 Iúil 2018)	27,609	-
Táillí Boird	456,958	405,000
Costais an bhoird	10,040	9,347
Costais Iomlán an Bhoird	466,998	414,347
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Alice Charles	5,000	5,000
Michael Wall	3,000	5,000
An Coiste Iniúcháireachta		
Jim Kelly	10,000	10,000
Táillí an Choiste	18,000	20,000
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	484,998	434,347

Ní fhaigheann Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS), mar bhaill ex-officio aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltaí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Tá costais iniúchta i leith an Bhoird agus bhaill Coiste leagtha amach thíos.

2018	Costais Taistil €	Lóistín agus Cothabháil €	Eile €	2018 Iomlán €	2017 Iomlán €
Frank Daly (Chairman) ⁴	255	571	325	1,151	1,691
Oliver Ellingham ⁴	3,288	1,381	-	4,669	4,164
Brian McEnery ⁴	3,620	600	-	4,220	3,492
	7,163	2,552	325	10,040	9,347

13.11 Táillí comhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta, de réir mar atá sainmhínithe sa Chód, an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don ghnó ach ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' arna seachfhoinsiú. Tá na costais chomhairleachta a leanas san áireamh leis na ceannteidil ábhartha sna costais riaracháin íoctha le linn na bliana:

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Táillí dlí	1,731	851
Costais airgeadais, chumarsáide agus teicneolaíochta	138	481
Costais chíosá agus áitíochta	-	33
Iomlán na dtáillí comhairleachta	1,869	1,365

San áireamh le hathmhuiareá GNBS, tá costas €0.5m (2017: €0.2m) le haghaidh táillí comhairleachta arna dtabhú ag GNBS agus arna n-athmhuiareá ag GNBS.

⁴ Tá suim de €2,059 san áireamh i speansas taistil agus cóiríochta agus cothaithe a léiríonn dliteanas cánach GNBS ar sochar comhchineáil i leith speansas bhoird díolta i 2018 (2017: €2,822).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. CAILLTEANAIS AIRGEADRA EACHTRAIGH

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Caillteanais airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais (a)	24	-	(20,999)
Gnóthachain airgeadra eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe ag FVTPL (a)	22	767	-
Gnóthachain airgeadra eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe ag FVOCI (a)	23	688	-
Caillteanais airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh (b)		(191)	(5,715)
(Caillteanais)/Gnóthachain airgeadra eachtrach réadaithe malairte ar ionstraimí airgeadais díorthaigh airgeadra		(3,299)	21,501
(Caillteanais)/Gnóthachain airgeadra eachtrach ar airgead tirim (c)		77	(731)
(Caillteanais)/Gnóthachain airgeadra eachtrach eile		182	(349)
Caillteanais iomlána ar airgeadra eachtrach		(1,776)	(6,293)

- (a) Eascaíonn gnóthachain um aistriú airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais/iasachtaí féichiúnaithe ar athluacháil iasachtaí agus infháltas airgeadra eachtrach ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtrach de réir bheartas 2.6.

Eascaíonn gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach ó ghluaiseachtaí margaidh a mbíonn tionchar acu ar luach na dtíorthach sa tréimhse tuairiscithe. Tá caillteanas de chuid €139m (2017: €137m) taifeadta ag an GNBS ar bhonn carntha ó 2010 i leith. Tá an glanchostas carntha seo comhaicmeach le costas "árachais" an GNBS a chosaint ó thionchar luaineachtaí sa ráta airgeadra eachtrach.

- (b) I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, ghlac an Grúpa páirt in idirbhearta airgeadaíochta d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí agus infháltais airgeadra eachtrach gnóthaithe. Cuimsíonn an gnóthachan nó caillteanas ar ionstraimí airgeadais díorthaigh gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe. Aithnítear gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.18. Mínítear díorthaigh airgeadaíochta ar bhonn níos mionsonraí i Nóta 21.
- (c) Eascaíonn gnóthachain airgeadra eachtraigh ar airgead tirim mar thoradh ar luaineacht i rátaí airgeadra eachtraigh sna hiarmhéideanna airgid éagsúla neamh-Euro

15. CREIDMHEAS BHEARNAITHE AR IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	1,405,783	1,560,929
Cur i bhfeidhm IFRS 9		
Athaicmiú fhoráil bearnaithe go iasachtaí féichiúnaithe ag FVTPL (nóta 22)	(1,405,783)	-
	(1,405,783)	-
Méadú i bhforáil sainsiúil	-	152,489
Scaoileadh forála sainsiúla	-	(307,635)
Gluaiseacht iomlán san fhoráil	(1,405,783)	(155,146)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	-	1,405,783
Aitheanta sa ráiteas ioncaim i gcoinne bearnú	-	(12,625)
Aitheanta i gcoinne iasachtaí agus infháltais (Notá 24)	-	(142,521)
Athaicmiú mar gheall ar IFRS 9	(1,405,783)	-
Iomlán gluaiseacht forála	(1,405,783)	(155,146)

Anois, tá punann iasachta an Ghrúpa, ar tuairscíodh é mar 'iasachtaí agus infháltais' agus a dhéantar é a thomhas ag an gcostas amúchta roimh an 1 Eanáir 2018, aicmithe mar 'iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas' nó 'iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile' de réir IFRS 9. Mar chuid den athaicmiú seo ar an dáta a ndearnadh an t-iarrratas, rinneadh an fhoráil bhearnúcháin ar iasachtaí agus ar infháltais a athaicmiú (féach Nóta 22).

Tharla scaoileadh na forála sainsiúla i 2017mar gheall ar mhéadú ar shreafaí airgid ionchais agus réadaithe lena n-áirítear sreafaí airgid a fuarthas níos luaithe. Baineann an scaoileadh de €143m san fhoráil shainsiúil aithnithe in aghaidh iasachtaí agus infháltais i 2017 le criostalú bearnúcháin a aithníodh roimhe sin in aghaidh iasachtaí a díoladh le linn na bliana agus conclúid na socrúcháin chomhréitigh fiachais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

16. MUIREAR CÁNACH

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Cáin reatha			
Cáin chorparáide Éireannach		(113,077)	(70,770)
Cáin iarchurtha			
Ar ghnóthachain luach cothrom ar ionstraimí cothromais		(93)	7,854
Ar choigeartuithe aistrithe IFRS 9		4,239	-
Cáin iarchurtha iomlán aitheanta sa ráiteas ioncaim	32	4,146	7,854
Muirear úis iomlán		(108,931)	(62,916)

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta corparáideach ábhartha na hÉireann i ndáil le muirear cánach iarbhir an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabúis

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Brabús roimh cánachas	903,523	543,730
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	225,881	135,933
Éifeacht:		
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-inchánach	(724)	(669)
Costais asbhainte	(18,767)	(34,078)
Caillteanais chánach nár úsáideadh tugtha anonn	4,390	308
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha dliteanas	(4,146)	(7,854)
Coigeartú an bhliain roimhe	974	312
Táille/(Aisíocaíocht) ar cáin a choimeád siar	1,844	(676)
Coigeartuithe idirthréimhseach	4,189	(49)
Cáin gearrtha i ndlíní eachtracha	2	-
Ioncam cáinithe ag ráta níos ísle	(104,712)	(30,311)
Muirear cánach	108,931	62,916

Eascraíonn muirear cánach corparáide Éireannach reatha de chuid €113m (2017: €71m) ar an mbrabús tuillte ag GINBS. Tá an Gníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá brabús formhór na cuideachtaí lastigh den Ghrúpa faoi réir cáin ag ráta 25%, ach amháin GINBST agus GINBST ag a bhfuil ráta cáin infheidhme cothrom le 12.5%.

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

17. CÁIN IONCAIM I NDÁIL LE COMHPHÁIRTEANNA UM IONCAM CUIMSITHEACH EILE

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	40	-	(8,739)
Gluaiseacht i sócmhsinní airgeadais tomhaiste ag FVOCI díolacháin roimh cánachas	40	(2,149)	-
Gluaiseacht iomlán		(2,149)	(8,739)
Muirear cánach iarchurtha (glan)	32	(91)	(1,014)
Cáin ioncaim iomlán bainteach le comhchodanna eile d'ioncam cuimsitheach		(91)	(1,014)

Is ionann an ghluaiseacht sna cúlchistí agus difríocht shealadach idir bonn na sócmhainní airgeadais agus a luach cothrom.

18. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AGUS URRÚS COMHTHAOBHACH

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	2,670,453	692,004
Iarmhéideanna le bainc eile	19,438	41,466
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	2,689,891	733,470
Airgead tugtha mar urrús comhthaoibhach do GBCN	25,000	25,000
Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis chomhthaoibhacha iomlána	2,714,891	758,470
	2018 €'000	2017 €'000
Gníomhaireacht		
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	132	59

Áirítear iarmhéideanna le Citibank, AIB, BNP agus BCP sna hiarmhéideanna le bainc eile.

Éilítear ar GNBS urrús comhthaoibhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaoibhachta (CPA) (arna leasú) a rinneadh in 2012. Tá GBCN mar an contrapháirtí i gcás díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd atá gnóthaithe ó iasachtaíthe. Éilíonn GBCN go dtabharfaí airgead tirim di mar urrús comhthaoibhachta d'fhonn a nochtadh don GNBS a laghdú i ndáil lena staideanna díorthach. Ar 31 Nollaig 2018, b'ionann is €3.3m (2017: €4.4m) neamhchosaint dliteanas díorthach GNBS mar a leagtar síos i Nóta 21.

Níor aithníodh aon caillteanas creidmheasa ionchais ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaoibhach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

19. BANNAÍ RIALTAIS/SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR FÁIL LE DÍOL

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Banní státhchiste gearrthéarma	470,746	495,097

Banní státhchiste Rialtas Éireann faighte ar son banisítiócht leachtú is iad sócmhainní airgeadais/bannaí rialtais ar fáil le díol. Ba €430m (2017: €430m) an luach fánach ar bannaí rialtais ar fáil le díolag 31 Nollaig 2018. Ag dáta iarratais an IFRS 9 athaicmiú sócmhainní airgeadais ar fáil le díol go sócmhainní airgeadais tomhaiste ag FVOCI.

Déantar anailís ar ghluaiseacht bhannaí rialtais mar a leanas:

	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Ag tús na bliana		495,097	519,378
Amúchadh biseach ar cheannachán		(22,202)	(22,201)
Athraithe ghlan i luach cóir	40	(2,149)	(2,080)
Iomlán bannaí rialtais/sócmhainní airgeadais ar díol ag deireadh na bliana		470,746	495,097

Níor aithníodh aon caillteanas creidmheasa ionchais ar bhannaí rialtais.

20. MÉIDEANNA DLITE LE/Ó INSTITIÚIDÍ RANPHÁIRTEACHA

Ghnóthaigh an ghrúpa cuntais rótharraingte gafa le cuntais iasachta féichiúnaithe in 2010 agus 2011. Bhain an t-iarmhéid ag 31 Nollaig 2017 le staid rótharraingthe neamhíoctha le Banc na hÉireann, i ndiaidh gur íocadh suimeanna ar fad infhaighte ó AIB le linn 2016. Glanadh na suimeanna uile a bhí infhaighte ó Bhanc na hÉireann le linn 2018.

Staideanna rótharraingte neamhghlanta	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2017	20,151	(10,686)
Gluaiseacht i gcuntais rótharraingte i rith na bliana airgeadais	(20,151)	10,686
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2018	-	-

21. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Mar chuid den phróiseas éadála iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a bhí gaolta le hiasachtaí bunúsacha.

Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díorthaigh chun a nochtadh ar riosca ráta úis agus malairte eachtraí a fhálú.

Tá beartais bunaithe ag an nGrúpa chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, beartais fálaithe san áireamh, a bhfuil míniú le fáil orthu i Nótaí 26, 27 agus 28.

Ní gá gurb ionann méideanna barúlacha cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais agus méideanna sreabha airgid amach anseo i gceist nó luach cothrom reatha na n-ionstraimí agus, dá réir sin, ní comhartha maith iad de nochtadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa nó margaidh. Deirtear go mbíonn ionstraimí díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dlíteanais) de thoradh luaineachtaí i rátaí úis margaidh nó malairte eachtraí i gcoibhneas lena dtéarmaí. Is féidir le luach cóir sócmhainní agus dlíteanais airgeadais dhíorthaigh luainiú go suntasach thar am.

Is ionann babhtálacha airgeadaíochta agus rátaí úis agus tiomantais sraith amháin de shreafaí airgid a bhabhtáil le sraith eile. Eascraíonn babhtálacha as malairt gheilleagrach airgeadraí nó rátaí úis (ráta seasta nó ráta comhlúthach, mar shampla) nó meascán díobh uile (mar shampla babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus costas poitéinsíuil conarthaí babhtála a ionadú má theipeann ar chontrapháirtí a oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar an riosca agus an luach cothrom reatha mar bhonn tagartha.

Tá na luachanna cothrom agus luachanna barúlach mar iad de ionstraimí airgeadais díorthaigh leagtha amacg thíos.

Grúpa 31 Nollaig 2018	Luachanna cothroma			
	Méid barúlach €'000	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	Glan €'000
<i>Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó cailteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	38,868	7,695	-	7,695
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	20,000	-	(2,808)	(2,808)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	44,996	31	(445)	(414)
Sócmhainní/(dlíteanais) iomlána díorthaigh	103,864	7,726	(3,253)	4,473

Grúpa 31 Nollaig 2017	Luachanna cothroma			
	Méid barúlach €'000	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	Glan €'000
<i>Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó cailteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	42,149	16,972	-	16,972
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	20,000	-	(2,687)	(2,687)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	421,554	1,465	(1,688)	(223)
Sócmhainní/(dlíteanais) iomlána díorthaigh	483,703	18,437	(4,375)	14,062

Gluaiseacht aitheanta sa ráiteas ioncaim

Léiríonn an tábla anseo thíos staid an luch cothrom glan ar dhíorthaigh ag 31 Nollaig 2018 agus 2017. Aithnítear an ioncam sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Grúpa	Nóta	Luachanna cothroma		
		2018 €'000	2017 €'000	Gluaiseacht 2018 €'000
<i>Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó cailteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe		7,695	16,972	(9,277)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile		(2,808)	(2,687)	(121)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	14	(414)	(223)	(191)
Glanghluaiseacht luach cothrom díorthaigh		4,473	14,062	(9,589)

Ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cothrom trí bhrabús nó cailteanas

B'ionann luach cothrom na ndíorthach faighte ó iasachtaithe (a bhain le hiasachtaí a fuarthas) ag deireadh na bliana agus €7.7m (2017: €17m). B'ionann gluaiseacht luach cothrom sa ráiteas ioncaim ar na díorthaigh seo sa bhliain agus cailteanas glan de €9.3m (2017: €2.4m).

An ghluaiseacht luacha chóir a aithníodh sa ráiteas ioncaim sa bhliain ar ionstraim airgeadais dhíorthach, ba ghlancailliúint é de €0.1m (2017: glanghnóthachan de €0.6m). Baineann sé seo le gluaiseachtaí luacha chóir ar dhíorthaigh a rinne an Grúpa chun ionstraim airgeadais dhíorthach a fuarthas ó iasachtaithe a fhálú nár deimhníodh iad i gcaidrimh.

Úsáideann GNBS díorthaigh aigeadra mar fhálú ar neamhchosaint airgeadra eachtraigh a d'eascair as aistriú iasachtaí airgeadra eachtraigh ó Institiúidí Rannpháirtíocha le hUrrúis GNBS ainmnithe in airgeadra an Euro. Úsáidtear na díorthaigh airgeadra eachtraigh chun a neamhchosaint a laghdú ar luaineacht sa ráta malairte a eascraíonn as iasachtaí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a fuarthas.

Ní raibh aon díorthaigh i seilbh na Gníomhaireachta ag an dáta tuairiscithe, agus níl aon fálú sreafa airgid a chur i bhfeidhm sa Gníomhaireacht.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

22. IASACHTAÍ FÉICHIÚNAÍ/IASACHTA IDIRCHUIDEACHTA TOMHAISTE AG FVTPL

Grúpa	2018 €'000
Iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	1,925,462

Léirítear sa méid atá leagtha amach thuas luach tugtha anonn na n-iasachtaí féichiúnaí amhail an dáta tuairiscithe atá aicmithe agus tomhaiste mar FVTPL. Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. Tá roinnt mhaith shuntasach de phunann iasachta an Ghrúpa, ar tuairiscíodh é mar 'iasachtaí agus infháltais' agus a dhéantar é a thomhas ag an gcostas amúchta roimh an 1 Eanáir 2018, aicmithe mar 'iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ar FVTPL' de réir IFRS 9. Áirítear leis an iarmhéid seo iasachtaí féichiúnaí a sheilbhítear ó na hinstiúidí a ghlacann páirt, ó iasachtaí scairshealbhóra agus ó sreafaí ioncaim ráthaithe.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL don tréimhse tuairiscithe.

Grúpa	Nóta	2018 €'000
Feidhmiú IFRS 9		
Luach anonn iasachtaí agus infháltas faoin IAS 39 roimh bearnaithe	24	4,399,498
Foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais de réir IAS 39	15	(1,405,783)
Coigeartú tar éis don IFRS 9 a bheith curtha i bhfeidhm den chéad uair	41	168,887
		3,162,602
Gluaiseacht sa bhliain		
Fáltais ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL		(2,560,702)
Réamhíocaíochtaí d'iasachtaithe		499,633
Gnóthachain malartán eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	14	767
Gluaiseachtaí eile ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL		38,135
Brabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí féichiúnaí ar FVTPL	10	179,823
Gnóthachain ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	4	605,204
Iasachtaí féichiúnaithe iomlán a thomhaistear ar FVTPL		1,925,462
An Ghníomhaireacht		
Iasachtaí idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL		3,536,554

Léirítear sa mhéid atá leagtha amach thuas luach tugtha anonn an iasacht bhrabúsbhiainteach le BSN amhail an dáta tuairiscithe atá aicmithe agus tomhaiste mar FVTPL. Tá an iasacht seo, ar tuairiscíodh é mar cheann d'iasachtaí agus infháltais' agus a dhéantar é a thomhas ag an gcostas amúchta roimh an 1 Eanáir 2018, aicmithe anois faoi 'iasacht idirchuideachta a tomhaistear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas' de réir IFRS 9.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL don tréimhse tuairiscithe.

An Ghníomhaireacht	Nóta	2018 €'000
Feidhmiú IFRS 9		
Ús infhaighte ar PPL le BASN mar a ath-aicmítear é de réir IFRS 9	33	3,535,296
Gluaiseacht sa bhliain		
Ioncam úis ar iasacht idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL	4	1,258
Iasacht idirchuideachta iomlán tomhaiste ag FVTPL		3,536,554

Más rud é gur ar éileamh atá an iasacht idirchuideachta seo, níl aon gnóthachan nó caillteanas ar luach cóir ag baint leis.

23. IASACHTAÍ FÉICHIÚNAITHE A THOMHAISTEAR AR FVOCI

Grúpa	2018 €'000
Iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile	-

Léirítear sa tábla atá leagtha amach thuas luach tugtha anonn na n-iasachtaí féichiúnaí amhail an dáta tuairiscithe atá aicmithe agus tomhaiste mar luach cóir trí ioncam cuimsitheach. Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. Iasachtaí airgeadais díoltóirí ab ea na hiasachtaí féichiúnaí a bhí aicmithe mar shócmhainní airgeadais ag FVOCI. Rinneadh na hiasachtaí a athmhaoiniú go huile is go hiomlán le linn 2018.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVOCI don tréimhse tuairiscithe.

Grúpa	Nóta	2018 €'000
Feidhmiú IFRS 9		
Luach anonn iasachtaí agus infháltas faoin IAS 39 tar éis bearnaithe	24	199,790
Gluaiseacht sa bhliain		
Fáltais ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVOCI		(203,532)
Gnóthachan malartán eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVOCI	14	688
Ús tuillte ar iasachtaí féichiúnaithe ar FVOCI	5	2,020
Brabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí féichiúnaí ar FVOCI	10	1,034
Iasachtaí féichiúnaithe iomlán a thomhaistear ar FVOCI		-

24. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (GLAN AR BHEARNÚ)

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Luach anonn iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe		-	4,599,288
Lúide: foráil le haghaidh muirir bearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	15	-	(1,405,783)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltais (glan ó bhearnaithe)		-	3,193,505

Tugtar léargas sa tábla thuas ar luach anonn iasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha, an méid a fuair an Grúpa na hiasachtaí lena aghaidh (ar lascaine i gcomhthéacs na méideanna conarthacha dlite faoi na comhaontuithe iasachta) san áireamh, mar aon le gluaiseachtaí iasachta tar éis éadála, lúide aon bhearnú breise eile a meastar a tharla i ndiaidh na héadála.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

24. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (GLAN AR BHEARNÚ) (AR LEAN)

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí agus infháltais don tréimshe tuairiscithe.

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh		4,599,288	5,496,080
Cur i bhfeidhm IFRS 9			
Iasachtaí agus infháltas athaicmithe go iasachtaí féichiúnaithe ag FVTPL	22	(4,399,498)	-
Iasachtaí agus infháltas athaicmithe go iasachtaí féichiúnaithe ag FVOCI	23	(199,790)	-
Iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh coigeartaithe fá choine cur i bhfeidhm IFRS 9		-	5,496,080
Iasachtaí nua faighte le linn na bliana	24.1	-	18,000
Fáltais ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe			
Ioncam neamh-diúscartha	24.2	-	(110,402)
Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas	24.3	-	(1,636,836)
Fáltais ó dhíolachán iasachtaí	24.4	-	(22,342)
Breithniú iarchurtha ar díol iasachtaí	24.5	-	(241,835)
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe		-	594,331
Cistí i gcúrsa bailiúcháin	24.6	-	(316)
Costais inghnóaithe ó iasachtaithe	24.7	-	3,292
Iomlán na bhfáltais ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe		-	(1,414,108)
Gluaiseachtaí eile iasachta			
Ioncam úis iasachta tuillte	5	-	248,238
Brabús ar dhíolachán iasachtaí	10	-	63,084
Ioncam farasbairr	12	-	269,842
Caillteanas airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais	14	-	(20,999)
Bearnú criostalaithe ó dhíolachán	15,24.8	-	(142,521)
Gluaiseacht i breithniú réadmhaoine trádála	24.9	-	98,664
Athrú iasacht scairsealbhora go cothromais	24.10	-	(12,243)
Eile		-	(4,749)
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta eile		-	499,316
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta		(4,599,288)	(896,792)
Iomlán na hiasachtaí agus infháltais roimh bhearnaithe		-	4,599,288
Bearnú iasachtaí agus infháltas	15	-	(1,405,783)
Iasachtaí agus infháltais ghlana i ndiaidh bearnaithe		-	3,193,505

Nuair a cuireadh IFRS 9 i bhfeidhm ar dtús, iarmhéid na n-iasachtaí agus na bhfáltais a ath-aicmiú mar iasachtaí féichiúnaí ar FVTPL agus mar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVOCI.

24.1 Iasachtaí nua faighte

Iasachtaí nua faighte ina measc tá iasachtaí €18m a fuarthas ó dhá institiúid i ndáil ar nasc féichiúnaí GNBS a bhí ann cheana i 2017.

24.2 Ioncam neamh-diúscartha

Ba ionann fáltais ioncain neamhdiúscartha a taifeadadh in aghaidh iasachtaí agus infháltais in 2017 agus €110m. D'áirigh ar an méid seo ioncam cíosa a fuarthas le linn na bliana den chuid is mó.

24.3 Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas agus aisíocaíochtaí iasachtaí eile

Léirigh fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas agus aisíocaíocht iasachtaí eile de €1.6bn i 2017 aon fháltais a bhaineann le diúscairt sócmhainní nó mar laghdú ar fhiachas an GNBS.

24.4 Comaoin iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí

Léirigh fáltais ó dhíolachán iasachtaí de €22bn fáltais a bhaineann le diúscairt iasachtaí agus infháltas an Ghrúpa.

24.5 Comaoin iarchurtha ar dhíolachán iasachtaí

Bhí comaoin iarchurtha aitheanta faoi Sócmhainní eile i 2017 (Nóta 33). Bhain sé sin le dhá dhíolachán iasachta a conraíodh i roimh deireadh na bliana, ach ní bhfuarthas torthaí iomlána an díolacháin go dtí tar éis deireadh na bliana.

24.6 Cistí atá á mbailiú

Cistí á mbailiú is ea idirbhearta a imíonn ó chuntas bainc i ndiaidh an dáta tuairiscithe ach a bhaineann le hidirbhearta a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe.

24.7 Costais in-aisghabhála ó iasachtaithe

Ba chostais in-aisghabhála ó lasachtaithe iad costais a thabhaigh GNBS a bhí in-aisghabhálach ón bhféichiúnaí agus a chuirtear le luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas.

24.8 Bearnúchán criostalaithe ó dhiúscairtí

Déantar forálacha bearnúcháin a chriostalú ar díol iasachtaí agus sócmhainní comhthaobhach nuair a aithníodh roimhe iad in éadan iasachtaí agus infháltas.

24.9 Gluaiseacht i gcomaoin maoine trádála

Cuimsítear le gluaiseacht i gcomaoin maoine trádála an ghluaiseacht i luachanna seilbhe sócmhainní maoine a fuarthas ar conradh lena gceannach ag GNBS ar an dáta tuairiscithe ach nach raibh curtha i gcrích go fóill. Cuireadh roinnt aonad tithíochta sóisialta a cheannaigh NARPS ó fhéichiúnaithe agus roinnt maoine a fuarthas ar gCrios Forbartha Straitéisí Dhugthailte Bhaile Átha Cliath san áireamh leis na sócmhainní maoine a fuarthas ar conradh. Glactar leis an gcomaoin i leith na maoine sin mar laghdú i bhfiachas gan íoc an fhéichiúnaí atá dlite do GNBS, agus méadú i maoine trádála de réir mar atá leagtha amach i Nóta 25, Fardail – Maoine trádála. Féadfaidh méaduithe nó laghduithe ar luachanna seilbhe a bheith le brath de thoradh ar luachálacha tréimhsiúla ar na sócmhainní ar conradh sin, agus beidh athruithe comhionanna agus contrártha le feiceáil in iasachtaí agus fáltas mar thoradh air sin.

24.10 Iasacht scairshealbhóirí a chomhshó go cothromas

San áireamh le 'lasacht scairshealbhóirí a chomhshó go cothromas' tá méideanna dar luach €12.2m in iomlán i 2017, a bhaineann le hiasacht scairshealbhóirí a chomhshó go hinfheistíocht chothromais in QIAIF atá i seilbh an Ghrúpa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

25. FARDAIL – IONAIÐ RÉADMHAOINE ARNA DTRÁDÁIL

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Ionad réadmhaoine arna dtrádáil	229,747	277,357

Aithnítear réadmhaoine de réir bheartas cuntasáíochta 2.19.

Baineann an ghluaiseacht i luachanna anonn i 2018 diúscairt aonad tithíochta cónaithe faighte roimhe agus athluacháil sócmhainní réadmhaoine ag an costas níos ísle nó glanluach indéanta.

26. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagoirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh, praghasriosca agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas

Tá bainistiú sócmhainní agus dliteanas an GNBS á chomhlíonadh trí straitéisí atá faofa ag an mBord a chur i bhfeidhm.

De thoradh iasachtaí agus díorthach a fháil, tá an GNBS nochta do rioscaí airgeadra agus ráta úis. Tagann riosca airgeadra eachtraigh i gceist tráth éadála iasachta nuair a eisítear na hurrúis ainmnithe in EUR mar chomaoin do shócmhainní iasachta in GBP nó airgeadraí eile, ar an tsíl sin, ag cruthú neamhréir airgeadra sócmhainní/dlitéanas don GNBS. Chomh maith leis sin, ní mór don GNBS dul i ngleic le rioscaí leanúnacha airgeadra i ndiaidh éadail iasachta de bhrí go ndéantar áiseanna neamh-euro a tharraingt anuas, a aisíoc nó a athsceidealú agus go ndéantar sócmhainní a dhiúscairt. Chomh maith leis sin, tá an GNBS nochta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú. Tá GNBS nochta freisin do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú.

Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtaí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúcháireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn sé ar neamhspleáchas agus ionrachas na bpróiseas iniúchta seachtraigh agus inmheánaigh, éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an GNBS, na próisis atá i bhfeidhm i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht soláthraithe seirbhíse na hiasachta lena gcuid oibleagáidí conarthacha don GNBS agus géilliúlacht an GNBS le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmilgthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo *inter alia* faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí/straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní/iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí le gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le hiarratais chreidmheasa sonracha faoi bhráid an Bhord sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí ina leith. Tá sé freagrach freisin as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche faomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntí creidmheasa suntasacha a ndéantar faoi bhun an leibhéil údaráis atá tarmilgthe ar an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar fhaisnéis bhainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Iníúchadh agus Riosca – Rannóg an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO)

Tá Iníúchadh agus Riosca mar aonad laistigh de rannóg CFO an GNBS agus é freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iníúchadh agus riosca inmheánach agus seachtrach. Tacaíonn an t-aonad le CFO an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil an GNBS ag feidhmiú laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca faofa an Bhoird. Tá Iníúchadh agus Riosca freagrach freisin as dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS. Soláthraíonn an t-aonad dúshlán agus measúnú neamhspleách d'fhóntacht na timpeallachta rialaithe, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí iníúchta inmheánacha agus seachtracha ar fud an GNBS, na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus Prríomh- agus Máistir-Sheirbhíseoir agus déanann sé monatóireacht agus tuairisciú don Choiste Iníúcháireachta agus don Bhoird i ndáil leis an dul chun cinn le haghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tugtha chun solais i dtorthaí iníúchta. Déanann an fhoireann Dearbhaíochta athbheithniú ar phunann sócmhainní GNBS go bhfeicfear an leibhéal comhréir le gach polasaí agus nós imeachta agus comhairle a chuir ar fáil áit ar feictear deiseanna smacht a fheabhsú.

Aonad Riosca an GBCN

Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht um riosca margaidh don Ghrúpa. Os a choinne sin, tá bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta margadh-gaolmhar (díorthaigh agus éarlaisí airgid thirim), ar aon dul le beartas an Bhoird, tarmilgthe do GBCN freisin.

26.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhiúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascaíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus infháltais, urrúis agus díorthaigh. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha geilleagrách nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá úsáid fairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, úsáidtear babhtálacha ráta úis chun neamhréireanna i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú.

26.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámháltas foriomlán riosca margaidh agus tarmilgeann sé an socrú teorann íseal-leibhéil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá bainistíocht phríomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (ar nós ráta úis agus riosca airgeadra eachtrach) láraithe laistigh d'aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na teorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca. Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht riosca margaidh.

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dliteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe dian i bhfeidhm a áiríonn raon sonracha táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa.

Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbheithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Ghrúpa trí chéile. Ina theannta sin, buaileann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, ina chuimsítear bainisteoirí sinsearach ó Rannóg CFO an GNBS agus aonad Riosca GBCN, le chéile go rialta chun athbheithniú a dhéanamh ar an staid riosca margaidh agus chun géilliúlacht a chinntiú le cinntí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta Riosca. San áireamh i dtuascáil sheachtainiúil a chuireann aonad Riosca GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid riosca shuntasach agus géilliúlacht le teorainneacha riosca.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

26. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

26.3 Tomhas Riosca Margaidh

26.3.1 Riosca Ráta Úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca rataí úis tríd gluasieachtaí sna rátaí úis atá sé neamhchosanta orthu. Tá córais éifeachtacha curtha i bhfeidhm leis na neamhchosanta seo a mhaolú.

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus athraithe ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, mar aon le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithe a athrú go hiasachtaí ráta sheasta (d'fhéichiúnaithe Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chásanna chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an ráta úis agus é a bhainistiú. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhrí ar luach cothrom a thabhdh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh.

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintráinsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphraghsáil chonarthaigh nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocráithe. Sonraítear ann, de réir uaintráinsithe, na sócmhainní agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athshocrú ráta úis. Is i bhfoirm méideanna barúlacha a thaispeántar ionstraimí airgeadais.

Riosca Ráta Úis Grúpa 2018	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,689,891	-	2,689,891
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	-	25,000
Bannaí rialtais	430,000	-	430,000
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	1,925,462	-	1,925,462
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	54,539	54,539
Sócmhainní eile	-	20,752	20,752
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	5,070,353	75,291	5,145,644
Dlíteanais airgeadais			
Dlíteanais eile	-	30,543	30,543
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	30,543	30,543
Riosca Ráta Úis Grúpa 2017	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	733,470	-	733,470
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GNBS	25,000	-	25,000
Sócmhainní Airgeadais le fáil ar díol	430,000	-	430,000
Iasachtaí agus infháltais	3,193,505	-	3,193,505
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	20,151	20,151
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	65,709	65,709
Sócmhainní eile	-	259,395	259,395
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	4,381,975	345,255	4,727,230
Dlíteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	10,686	10,686
Dlíteanais eile	-	14,201	14,201
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	24,887	24,887

26.3 Tomhas Riosca Margaidh (ar lean)

26.3.1 Riosca Ráta Úis (ar lean)

Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2018	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	132	-	132
Iasachtaí idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL	3,536,554	-	3,536,554
Sócmhainní eile	-	13,116	13,116
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	3,536,686	13,116	3,549,802
Dlíteanais airgeadais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,426	-	53,426
Dlíteanais eile	-	14,466	14,466
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	53,426	14,466	67,892
Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2017	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	59	-	59
Sócmhainní eile	-	3,540,144	3,540,144
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	59	3,540,144	3,540,203
Dlíteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,568	-	53,568
Dlíteanais eile	-	6,644	6,644
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	53,568	6,644	60,212

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht an ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe (bp) nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuair, faoi réir ráta úis íosta de chuid 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh, ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis le haghaidh gach airgeadra ar an 31 Nollaig 2018. Áirítear sna figiúirí seo éifeacht fálaíthe ionstraimí agus iasachtaí féichiúnaithe.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis

Grúpa	2018		2017	
	+50bp €'000	-50bp €'000	+50bp €'000	-50bp €'000
EUR	(1,937)	1,907	(3,073)	(3,053)
GBP	(28)	28	(423)	423
USD	(5)	5	(16)	16

Níl sócmhainní airgeadais nó dlíteanais airgeadais an Gníomhaireacht faoi réir rátaí úis.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

26. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

26.3 Tomhas Riosca Margaidh (ar lean)

26.3.2 Riosca malairte eachtraí

Mar chuid d'éadail iasachtaí agus díorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí ainmnithe in airgeadra eachtrach, GBP go príomha. Mar thoradh, tá an Grúpa nochta d'éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, i gcomhthéacs staid airgeadais agus sreabha airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus tá fáilithe bunaithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2018. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo ionstraimí fálaite a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

Grúpa 2018	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	274	2,074	2,348
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	6,222	27,013	33,235
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(6,987)	(38,009)	(44,996)
Nochtadh glan do riosca airgeadra eachtrach	(491)	(8,922)	(9,413)

Grúpa 2017	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	608	4,954	5,562
Iasachtaí agus infháiltais	17,043	402,424	419,467
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(19,178)	(402,376)	(421,554)
Nochtadh glan do riosca airgeadra eachtrach	(1,527)	5,002	3,475

Is in euro atá sócmhainní agus dliteanais uile na Gnómhachtaí sonracha. Dá réir sin, níl an Ghnómhachtaí nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

Nochtadh do riosca airgeadra eachtrach – anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2018 mar bhonn le cothromas agus brabús méadaithe na méideanna thíosluaite roimh cánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróa eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróa eile ar fad seasmhach.

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
GBP	811	(455)
USD	45	139

26.3.3 Praghasrioscaí eile

Tá an Grúpa nochta do phraghasriosca cothromais a eascraíonn as ionstraimí cothromais. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin infheistíochta ag an dáta tuairiscithe. Déantar monatóireacht ar phraghasrioscaí cothromais tríd meastóireacht sócmhainní glan, a sholátharaíonn na bainisteoirí ciste.

Anailís íogaireachta ar phraghsanna cothromais

Cinneadh an anailís íogaireachta thíos bunaithe ar an nochtadh do phraghasrioscaí cothromais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dá mbeadh na luachanna cothromais na ionstraimí cothromais 10% ní b'airde/ní b'ísle, thiocfadh méadú/laghdú €5.5m (2017: €6.6m) mar bhrabús roimh cháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, mar thoradh ar na hathruithe ar luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS, a ndéantar a aicmiú mar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, de réir bheartas cuntasáíochta 2.7.

Tá an Ghnómhachtaí cosanta ar phraghasrioscaí eile.

27. RIOSCA CREIDMHEASA

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chailleanas airgeadais a thabhtú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapháirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhríosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús. Tá neamhchosaint i gcoinne riosca comhdhlúite GNBS ag éirí ó neamhchosaint that a leabhar iasachta. Tá éifíocht ag comhdhlúite i bpunann ar leith, mar punann réadmhaoinne, ar foriomlán leibhéil rioscar creidmheasa.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann suntasach iasachtaí réadmhaoinne a fháil, san earnáil réadmhaoinne tráchtála agus chónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus ar bhonn nach bhfuil chomh suntasach i SAM agus sa chuid eile den domhan. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaí an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchill chuí dlí agus réadmhaoinne a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar an riosca creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca creidmheasa agus iasachtaí leanúnaí an Ghrúpa a mhaolú le Creat Nósanna Imeachta agus Beartaí Bainistíochta Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní an Ghrúpa.

Eascaíonn riosca creidmheasa i dhá rannán den Ghrúpa, eadhon Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní agus Soláthar Tithíochta, agus déantar é a bhainistiú go príomha sna rannáin sin.

Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní an GNBS

Cuireadh an Rannán um Bainistiú Sócmhainní agus Aisghabháil Sócmhainní i mbun in 2018 nuair a rinneadh an Rannán um Aisghabháil Sócmhainní agus an Rannán um Bainistiú Sócmhainní a chumasc. Tá sé freagrach as an méid a aisghabháiltear as iasachtaí ráthaithe leis an réadmhaoinne a uasmhéadú, trí dhlúthbhainistíocht agus trí dhíghiaráil cheimiúil. Chomh maith leis sin, bíonn sé ag obair in éineacht le féichiúnaithe, le glacadóirí agus le páirtithe comhfhiointair ionas go ndéanfar sócmhainní ráthaithe a shainaithe, a fhorbairt agus a bhainistiú nuair is féidir cur leis an luach agus an sreabhadh airgid todhchaíoch a fheabhsú, agus dá bharr sin go dtugfar tacaíocht chun cuspóirí leathana GNBS a bheith bainte amach.

Bíonn idirghníomhaíocht shuntasach le féichiúnaithe/cleachtóirí dócmhainneachta ann mar chuid den iarracht chun an aisghabháil a uasmhéadú agus éilíonn an fhreagracht seo dianbhainistíocht laethúil trí chur chuige nuálach agus réiteach-bhunaithe: straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu; costais féichiúnaithe, soláthraí seirbhíse agus ghlacadóirí a laghdú; ioncam a fháil agus a uasmhéadú; luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní; caiteachas caipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint; airgeadas díoltóirí agus díolacháin iasachtaí/punann a úsáid áit ar cuí; athbheithniú a dhéanamh go rialta ar dhíolachán sócmhainní in aghaidh roghanna coinneála sócmhainní, agus úsáid á baint inter alia as anailís lascainithe sreafa airgid.

Tá an rannán freagrach chomh maith as maoirseoireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na talún forbartha suntasaí atá i seilbh GNBS agus cleachtóirí dócmhainneachta, lena n-áirítear, an t-achar fairsing i gcrios forbartha straitéisí Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath (SDZ) agus Irish Glass Bottle (IGB) in An Rinn, a choinnítear mar urrús d'iasachtaí a bhaineann le naisc éagsúla atá faoi ghlacadóireacht. Tá an rannóg freagrach freisin as scairseilbh mhionlaigh GNBS i bhfeithiclí infheistíochta áirithe a bhainistiú, i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear infheistíochtaí i gCisté Infheistíochta Malartach Infheisteora Incháilithe (QIAIF) agus Feithiclí Bainistíochta Sócmhainní Comhchoiteann Éireannacha (ICAVs) áirithe (Féach Nóta 31).

Soláthar Tithíochta Cónaithe GNBS

Tar éis an chinneadh a rinneadh go déanach in 2015 maidir le cistiú a mhéadú d'fhorbairt tithíochta cónaithe inmharthana ó thaobh tráchtála de, leis an mbrabús ó shócmhainní forbartha faighte a uasmhéadú agus laghdú méadaithe ar fhiacha a éascú, cruthaíodh an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe. Tá próiseas Faofa Creidmheasa an Rannáin Soláthair Tithíochta Cónaithe mar chuid de Bheartas agus Creat Nós Imeachta reatha an Ghrúpa. Ina theannta sin, cruthaíodh Foireann Creidmheasa agus Riosca tiomanta ar leith chun maoirseacht bhreise a chur ar fáil ar fhorfheidhmiú threoirilínte iasachta, ar shárú baic inmharthanachta, agus ar chomhlíonadh foshuíomhanna sreafa airgid i dtaca le cistiú breise réamhíochta. Mar gheall ar phríomhrialtán sa réimse seo beidh ag an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe a chistiú do ghníomhaíocht foirgníochta a mhodhnú lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le líon iarbhrí na ndíolachán atá á mbaint amach. Anuas air sin, leanfaidh an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe ar aghaidh ag bainistiú agus ag díghiaráil in ord iasachtaí reatha féichiúnaithe trí dhíolachán leanúnach a sócmhainní neamhforbartha agus a sócmhainní forbartha má bhaineann.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

27. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

Creat Nósanna Imeachta agus Beartas

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartais agus Ralachas an Grúpa cúnma le comhshaoil smachta éifeachtach agus éifeachtúil a chuir i bhfeidhm agus a mhaoiniú.

Ar deireadh thiar, is é an Bord atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa curtha i bhfeidhm ag an dá roinn ábhartha leagtha amach thuas. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú don Bhord agus an Coiste Creidmheasa ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir athbhreithnithe bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha i ngrúpaí le chéile agus déantar iad a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Ní mór don Ghrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúrú iasachtaí nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó féichiúnaí/cleachtóir dócmhainn;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra ó féichiúnaí ina d'fhéadfadh spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha/tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Straitéis féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta a chuir i bhfeidhm sa thionscnamh;
- Togra bainistíochta sócmhainní do shócmhainní urrúis, m.sh. léasanna nua a cheadú;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann mar shampla institiúid neamh-rannpháirteach.

San áireamh le straitéisí oibriú amach ceadaíte ag GNBS líon féichiúnaithe tá socrúithe tráchtála féideartha a spreagtar nuair a bhaintear spriocanna uailmhianacha airgeadais agus oibriúcháin amach. I gcásanna áirithe, má bhaineann féichiúnaithe amach na cuspóirí uailmhianacha sin, féadfaidh siad cuid d'aon bharrachas a bhaintear amach os cionn na spriocleibhéil a choinneáil. Is í an chuspóir atá leis seo ná cinnte a dhéanamh go spreagtar féichiúnaithe chun an t-uasluach a bhaint as oibriú amach agus réadú a gcuid sócmhainní. Mar gheall ar an bhfeabhas láidir leanúnach ar choinníollacha an mhargaidh réadmhaoiné ó bhí deireadh 2013 ann, spreagadh íocaíochtaí nó gníomhaíochtaí socrúcháin i líon áirithe cásanna. Áit is ceart é, breithnítear íoc táillí bainistíochta ar bhunús cás ar chás mar phairt de maoiniú forbairt cónaithe feidhmiúl.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheas agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile a eascraíonn de thoradh ar ghnóthú iasachtaí an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach na n-iasachtaí sin.

27.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm:

Punann Iasachtaí – Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhiachais – an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, i. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74 billiún iomlán an parfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa. Is €23.1bn (2017: €25.8bn) iomlán an parfhiachais ag dáta na tuairiscithe.
- Neamhchosaint fiachais an GNBS – an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht, athraithe luach cothrom agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8 billiún an chomhaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas. Is €1.9bn (2017: €4.6bn) ollfhiachas gan íoc GNBS ag dáta na tuairiscithe.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird á tabhairt ar an bparfhiachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údarais Tarmilgthe íomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar neamhchosaint fiachais an GNBS agus Parfhiachais ar bhonn comhthreomhar agus baineann sí úsáid astu mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Punann na nDíorthach – Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

Chomh maith leis na hiasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa, gnóthaíodh roinnt ionstraimí airgeadais díorthaigh a bhí ceangailte le hiasachtaí féichiúnaithe a gnóthaíodh ó Institiúidí Rannpháirteach.

Ag am ar bith, tá neamhchosaint riosca creidmheasa an Ghrúpa teoranta do luach cothrom dearfach na n-ionstraimí díorthach seo (.i. sócmhainní le luach dearfach marc-go-margadh). Is iondúil nach bhfuil i gceist leis an luach marc-go-margadh seo ach cion beag den luach conartha (nó luach ainmniúil na n-ionstraimí gan íoc). Bá thrí ionstraim díorthach in iomlán a bhí fágtha ag an dáta tuairiscithe, le luach €7.7m (2017: €17m) gan íoc

Riosca comhchruinnithe

Bíonn riosca comhchruinnithe i gceist sa chás go bhfuil sé de chumas ag neamhchosaint aonair nó grúpa neamhchosaintí, bunaithe ar thréithe comhchoiteanna riosca, caillteanais a chruthú atá mór go leor i gcoibhneas chaipiteal, shócmhainní iomlána, thuilleamh nó leibhéal riosca foriomlán an Ghrúpa lena chumas a phríomhchuspóirí a chomhlíonadh a chur i mbaol.

Déanann an Grúpa a nochtadh do riosca a bhainistiú go cúramach trí ráiteas inghlacthachta riosca an Ghrúpa agus déanann sé monatóireacht ar neamhchosaintí chun an iomarca comhchruinnithe riosca a chosc. Déantar monatóireacht rialta ar riosca comhchruinnithe do rannóga agus earnálacha, agus ar ghluaiseachtaí sna comhchruinnithe sin, chun an iomarca comhchruinnithe riosca a chosc, agus chun luathrabhadh a thabhairt ar bharrachais fhéideartha. Leis na tomhais sin, is féidir comhchruinnithe laistigh den Ghrúpa a thomhas agus dá bhrí sin éascaítear gníomh bainistíochta agus cinnteoireacht iomchuí.

27.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar cumas aisíochta an fhéichiúnaí agus contrapháirtí agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Bhraith an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaoibh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Mar sin féin, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibh san áireamh i dtogra creidmheasa nua ar bith ó fhéichiúnaí. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

Is príomhchomaoin é, agus airgead nua á airleacan, ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil feabhsú luacha i gceist le togra creidmheasa an fhéichiúnaí ó thaobh a chumas féideartha acmhainneacht a uasmhéadú chun cumas laghdaithe fiachais a aisíoc seachas diúscairt sócmhainní "mar atá".

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

27.3 Rialú riosca creidmheasa

Tá an Grúpa tar éis Creat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní a shainiú a leagann amach leibhéil údaráis le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh.

Leagann an Creat Nósanna Imeachta agus Beartais na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta ceadaithe, mar shampla:

- Straitéisí oibriú amach Féichiúnaí agus Cleachtóirí Dócmhainneacht agus Athbheithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidlíú iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Iasachtaí/sócmhainní a dhíol;
- Riachtanais bhainistíochta sócmhainní agus réadmhaoinne;
- Costais féichiúnaí agus tríú páirtí riachtanach le straitéisí oibriú amach ceadaithe a chuir i bhfeidhm.

Déantar an leibhéal faofa atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a shocrú trí thagairt a dhéanamh do mhéid iomlán iarmhéid an fhéichiúnaí gan íoc.

Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Beartais Údaráis Tarmligthe Painéil A nó Painéil ;
- Bainisteoir Rannach Sinsearai;
- Ceannaire (nó Leascheannaire) Roinne;
- POF agus Ceannaire;
- An Coiste Creidmheasa;
- An Bord.

Déanann an Fhoireann um Bainistiú Ghnó, agus feidhm an iniúchta inmheánaigh maoirseacht ar an ngéillíúlacht leis an mBeartas Údaráis Tarmligthe.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fóraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc. Tá gá le infheictheacht iomlán ioncain ó chíos/trádál agus ioncain ó dhíolacháin sócmhainní, ioncain ó aonad cónaithe maoinithe ag GBNS san áireamh chomh maith.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

27. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

27.3 Rialú riosca creidmheasa (ar lean)

(b) Comhthaobhacht

Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe agus cleachtóirí dócmhainneachta a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta agus corparáideacha.

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta a ghlacadh maidir le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar éarlaisí bainc, le díol cuntais adhmháil do fhéichiúnaí a bhaineann úsáid as maoiniú forbairt cónaithe ceadaithe san áireamh.

(c) Díorthaigh

Faighítear an t-urrús le haghaidh díorthach a ghnóthaítear ón gcomhthaobhacht a ghnóthaítear leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas a íoctar ar ghnóthachan na hiasachta. Rinne an Grúpa díorthaigh a idirbheartú le GBCN chun neamhchosaintí airgeadra eachtraigh agus ráta úis a fháil.

Déantar neamhchosaint creidmheasa díorthach a ghnóthaítear, mar aon le neamhchosaintí féideartha de thoradh ar ghluaiseachtaí margaidh, a bhainistiú mar chuid de bhainistiú foriomlán neamhchosaintí na bhféichiúnaithe.

Maidir le díorthaigh ar chuaigh an Grúpa isteach iontu, is í GBCN an t-aon chontrapháirtí.

27.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla thíos leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo amhail ag 31 Nollaig 2018, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh. Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraeireachta a thuairiscítear i Ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	Nóta	Neamhchosaint uasta 2018 €'000	Neamhchosaint uasta 2017 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		2,689,891	733,470
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN		25,000	25,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol		-	495,097
Bannaí rialtas		470,746	-
Méideanna dlí ó Institiúidí Rannpháirteacha		-	20,151
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		7,726	18,437
Iasachtaí agus infhála			
Talamh agus forbairt		-	2,267,831
Réadmhaoin infheistíochta		-	2,331,457
Bearnú		-	(1,405,783)
Iasachtaí agus infhála (glan ó bhearnú)		-	3,193,505
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL		1,925,462	-
Sócmhainní eile		20,752	259,395
Infheistíocht i ionstraim cothromais		54,539	65,709
Iomlán na sócmhainní		5,194,116	4,810,764
Tiomantais iasachta	28.4	462,304	493,450
Neamhchosaint uasta iomlán		5,656,420	5,304,214

27.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireacht	Neamhchosaint uasta 2018 €'000	Neamhchosaint uasta 2017 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	132	59
Iasacht idirchuideachta ag FVTPL	3,536,554	-
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	49,000	49,000
Sócmhainní eile	13,116	3,540,144
Neamhchosaint uasta iomlán	3,598,802	3,589,203

27.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí éichiúnaí agus ionstraimí airgeadais eile

(a) Iasachtaí féichiúnaithe

Tá beartas grádaithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun próifíl riosca a sholáthar de phunanna n GNBS agus a bhaineann le féichiúnaithe uile. Déanann scála grád creidmheasa an GNBS iarracht tomhas den riosca a shannadh ar aisghabháil sócmhainn airgeadais agus tá sé bunaithe ar dhá ghné le naoi ngrád féideartha á léiriú mar chomhcheangal d'uimhir agus litir 1A, 3B s.r.l.

- Sa chéad ghné (scála 1, 2, 3) tomhaistear cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS.
- Sa dara gné (scála A, B, C) déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh trí phróiseas rannpháirteachais an fhéichiúnaí, a thomhas.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na torthaí gráid féideartha sna catagóirí a leanas:

- **Sásúil:** Breithnítear go bhfuil an nasc ag comhoibriú le GNBS agus go bhfuil na garspriocanna comhaontaithe bainte amach
- **Súil le bheith coimeádtá orthu:** Tá gá ann monatóireacht bhreise a dhéanamh ar an nasc agus tá fianaise ann go bhfuiltear ag ligean na garspriocanna imeacht siar, bíodh sé sin go hiarbhrí nó go bhfuil sé infhéideartha
- **Eile:** Tá an nasc ag ligean na garspriocanna imeacht siar le sruth agus/nó tá cleachtóir dócmhainneachta ceaptha leis

Sa tábla síos, tá an dáileachán d'iasachtaí féichiúnaí ar FVTPL leagtha amach de réir na 3 thoradh grád gur féidir a fháil ag deireadh bliana.

	2018 €'000
Sásúil	732,327
Breathnaigh	309,170
Eile	883,965
Iasachtaí féichiúnaithe	1,925,462

Tá an t-athrú ar luach cóir ar na hiasachtaí féichiúnaí inchurtha go príomhúil i leith athruithe sa riosca creidmheasa atá gaolmhar leis na bunfhéichiúnaithe agus an urrús comhthaobhach daingnithe.

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Méideanna ionstraimí airgeadais eile

Rinneadh cáilíocht chreidmheasa mhéideanna na n-ionstraimí airgeadais a leanas a ghrádú mar shásúil ar an dáta tuairiscithe.

- Airgead tirim agus coibhéisí airgid
- Bannaí rialtais
- Díorthaigh eile
- Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais
- Sócmhainní eile

Tá an caighdeán sochair de na díorthaigh a shealbhaítear nasctha le caighdeán sochair na n-iasachtaí féichiúnaí gaolmhara leo in Nóta 27.5(a).

Tarlaíonn loiceadh nuair nach éiríonn le contrapháirtí freastal ar a chuid oibleagáidí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

27. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

27.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí éichiúnaí agus ionstraimí airgeadais eile (ar lean)

(b) Méideanna ionstraimí airgeadais eile (ar lean)

Is éard a gcuimsítear le bannaí rialtais ná bannaí státchiste na hÉireann a choimeádtar le críocha bainistíochta leachtachta. Trádáiltear na bannaí i margadh gníomhach agus tá siad sodhiolta, agus éasca le malartú chun airgead tirim. Amhail an 31 Nollaig 2018, tá rátáil chreidmheasa A+/A2 ag na bannaí. Tá riosca creidmheasa an-íseal ann go loicfidh na bannaí seo nó go laghdófar iad ar bhonn luacha ar aon bhealach eile.

Tá an t-airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaobhach ar coimeád i mbainc cheannais agus i mbainc/le contrapháirtí eile a bhfuil riosca an-íseal ann go loicfear iad agus a bhfuil próifíl riosca creidmheasa íseal acu. Tá na bainc/contrapháirtí go léir rátáilte go léir mar ghrád infheistíochta ag na gníomhaireachtaí rátála amhail an 31 Nollaig 2018.

27.6 Tuairisciú geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí creidmheasa príomha an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar láthair iasachtaí na féichiúnaithe agus unfheistíochtaí i ionstraimí airgeadais comhthaobhachta.

Earnálacha geografacha 2018 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL				
– Talamh agus forbairt	1,255,208	11,938	2,118	1,269,264
– Réadmhaoin infheistíochta	612,875	14,826	28,497	656,198
Iomlán na n-iasachtaí féichiúnaithe	1,868,083	26,764	30,615	1,925,462
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,689,891	-	-	2,689,891
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	-	-	25,000
Bannaí rialtais	470,746	-	-	470,746
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	7,726	-	-	7,726
Sócmhainní eile	20,752	-	-	20,752
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	54,539	-	-	54,539
Iomlán na sócmhainní	5,136,737	26,764	30,615	5,194,116

27.6 Tuairisciú geografacha (ar lean)

Earnálacha geografacha 2017 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– GNBS Talamh agus forbairt	1,967,531	196,717	103,583	-	2,267,831
– Réadmhaoin infheistíochta	1,846,617	346,884	137,956	-	2,331,457
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(1,405,783)	(1,405,783)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	3,814,148	543,601	241,539	(1,405,783)	3,193,505
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	733,470	-	-	-	733,470
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	-	-	-	25,000
Sócmhainní airgeadais infhaighte	495,097	-	-	-	495,097
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18,437	-	-	-	18,437
Méideanna dlíte ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,151	-	-	-	20,151
Sócmhainní eile	259,395	-	-	-	259,395
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	51,611	-	14,098	-	65,709
Iomlán na sócmhainní	5,417,309	543,601	255,637	(1,405,783)	4,810,764

Sa ráiteas ar staid airgeadais na Gníomhaireachta, cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le cúiteamh na gcostas riarachán ón nGrúpa, dá réir sin tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Gníomhaireacht lonnaithe in Éirinn.

28. RIOSCA LEACHTACHTA

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlíte. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

28.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlíte: áirítear leo sin tiomantais iasachtaí na todhchaí, ús ar dhliteanais, breacadh comhthaobhachta, costais, táillí agus speansais oibriúcháin laethúla.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dlíteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora agus/nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlódh neamhréireanna, agus dá bhrí sin ag íoslaghdú tionchar eis-sreafaí leachtachta.

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann aonad Riosca GBCN réamh-mheastacháin leachtachta neamhspleácha ar fáil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca. Bíonn réamhaisnéis 'anásta' san áireamh sna réamh-mheastacháin go léir le freastal ar thréimhsí fada neamhchinnteachta. Is é túsphointe na réamh-mheastachán sin anailís a dhéanamh ar aibíocht chonartha na ndlíteanas airgeadais agus dáta aisíocaíochta ionchais na sócmhainní airgeadais.

I 2018, is socraíocht dlíteanas eile an príomhríosca leachtachta don Ghrúpa. Roimh 31 Nollaig 2017, ba príomhríosca leachtachta don Ghrúpa ná maoiniú na n-urrús fiachais sinsearach (urrúis) eisithe ag an GNBS mar chomaoín le haghaidh 95% de luach na sócmhainní a gnóthaíodh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

28. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

28.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreabha airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhliteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhslasainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 31 Nollaig 2018	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais		
Dlíteanais eile	30,380	30,380
Iomlán na ndlíteanas	30,380	30,380
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	3,185,637	3,185,637
Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 31 Nollaig 2017	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais		
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	10,686	10,686
Dlíteanais eile	14,037	14,037
Iomlán na ndlíteanas	24,723	24,723
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	1,253,567	1,253,567
Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 31 Nollaig 2018	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais		
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,426	53,426
Dlíteanais eile	14,466	14,466
Iomlán na ndlíteanas	67,892	67,892
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	132	132
Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 31 Nollaig 2017	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais		
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,568	53,568
Dlíteanais eile	6,644	6,644
Iomlán na ndlíteanas	60,212	60,212
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	59	59

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dlíteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais iasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus bannaí rialtais. Ní chuireann sócmhain ar son bainistíocht riosca leachta iarmhéid iasachtaí féichiúnaithe a bhfuil fáil orthu san áireamh.

28.3 Sreafaí airgid díorthaigh

(a) Díorthaigh socraithe ar bhonn glan

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan tá Díorthaigh ráta úis.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar dhliteanais airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 31 Nollaig 2018	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis	905	398	3,286	915	5,504

Grúpa 31 Nollaig 2017	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis	978	488	4,184	1,988	7,638

(b) Díorthaigh socraithe ar bhonn comhlán

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán tá:

- Díorthaigh malairte eachtraí: réamh-airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar ionstraimí airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 31 Nollaig 2018	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:		
– Eis-sreabhadh	(44,996)	(44,996)
– Insreabhadh	44,463	44,463
Eis-sreabhadh iomlán	(533)	(533)

Grúpa 31 Nollaig 2017	0-6 mhí €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:		
– Eis-sreabhadh	(421,554)	(421,554)
– Insreabhadh	420,274	420,274
Eis-sreabhadh iomlán	(1,280)	(1,280)

28.4 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas.

Grúpa Tiomantais go dtabharfar iasacht	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2018	297,215	160,362	4,727	462,304
31 Nollaig 2017	188,864	295,205	9,381	493,450

Níl aon tiomantais iasachta ag an nGníomhaireacht.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

29. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta.

Grúpa	2018 Luach anonn €'000	2018 Luach cothrom €'000	2017 Luach anonn €'000	2017 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,689,891	2,689,891	733,470	733,470
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	25,000	25,000	25,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	-	495,097	495,097
Bannaí rialtais	470,746	470,746	-	-
Méideanna dlíle ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	20,151	20,151
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	7,726	7,726	18,437	18,437
Iasachtaí agus infháiltais	-	-	3,193,505	3,345,456
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste af FVTPL	1,925,462	1,925,462	-	-
Sócmhainní eile	20,752	20,752	282,339	282,339
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	54,539	54,539	65,709	65,709
Iomlán na sócmhainní	5,194,116	5,194,116	4,833,708	4,985,659
Dlíteanas airgeadais				
Méideanna dlíle le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	10,686	10,686
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	3,253	3,253	4,375	4,375
Dlíteanas eile	30,543	30,543	14,201	14,201
Iomlán na ndliteanas	33,796	33,796	29,262	29,262
Gníomhaireacht				
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	132	132	59	59
Iasacht idirchuideachta ag FVTPL	3,536,554	3,536,554	-	-
Sócmhainní eile	13,116	13,116	3,540,144	3,540,144
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	49,000	49,000	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní	3,598,802	3,598,802	3,589,203	3,589,203
Dlíteanas airgeadais				
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,426	53,426	53,568	53,568
Dlíteanas eile	14,466	14,466	6,644	6,644
Iomlán na ndliteanas	67,892	67,892	60,212	60,212

Sócmhainní airgeadais agus dlíteanas nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dlíteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, tá na modhanna agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach cothrom na sócmhainní agus na ndlíteanas sin a ríomh leagtha amach thíos.

(i) airgead tirim agus iarmhéideanna le bainc

Is ionann luach cothrom airgead tirim agus luach carraeireachta mar gheall ar a nádúr gearrthéarmach.

(b) Ordilathas luacha chothroim

Sonraíonn IFRS 13, *Tomhas Cóirluacha ordilathas* trí leibhéil de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordilathas luacha chothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dlíteanas comhionann. Áirítear bannaí rilatis ar an leibhéal seo áit abhfuil praghsanna margaidh luaite.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dlíteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaiméadar ionchuir úsáid as an gcuair toraidh LIBOR caighdeánach.
- Leibhéal 3 – ionchur don sócmhainn nó don dlíteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (ionchur neamh-inbhraite). Áirítear leis an leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite iontu. Déantar luach cóir na n-infheistíochtaí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlánluach sócmhainní na gcuideachtaí bunúsacha. Is ó luach cóir na n-aonad réadmhaoine a dhéantar glánluachanna sócmhainní na gcuideachtaí bunúsacha go bunúsach. Déantar amach an luach cóir leis an gcur chuige luachála cónaithí agus le fianaise ar idirbhearta inchomparáide. Is é comhbhall suntasach dobhraite a úsáidtear le haghaidh an luacháil ná glánluach na sócmhainní. Áirítear leis an leibhéal seo iasachtaí féichiúnaithe arna dtomhas ar FVTPL chomh maith. Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála le haghaidh iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL ná na sreafaí airgid ionchais a mheas a ghinfidh an tsócmhainn airgeadais agus ansin na luachanna seo a lascaíniú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtiomhdí atá san áireamh sa teicníc seo tá:
 - cinneadh a dhéanamh ar an srathú oiriúnach don phunann chun sócmhainní a bhailiú le chéile i ngrúpaí ina bhfuil tréithe riosca cosúla (Ag dí-ghiaráil na maoine miondíoltóireachta; ag dí-ghiaráil an Talaimh & na Forbartha; ag dí-ghiaráil na Maoine Tráchtála, ag dí-ghiaráil an NRD; T&F Cór Gníomhach, T&F Talamh Neamhghníomhach);
 - An dóchúlacht atá ann go mbeidh sreafaí todhchaíocha airgid agus an t-amú atá beartaithe leo; agus
 - ráta lascaíne atá oiriúnach a roghnú le haghaidh sócmhainn airgeadais nó grúpa de shócmhainní airgeadais, bunaithe ar an meastóireacht a dhéanann an mbainisteoireacht ar shaintréithe na hionstraime agus faisnéis mhargaidh ábhartha. Tá na rátaí lascaíne sa raon 7% go dtí 12%.

Ní mór sonraí margaidh inbhraite a úsáid don ordilathas seo nuair atá siad ar fáil. Tugann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha agus inbhraite faoi deara ina chuid luachálacha nuair is féidir.

Ordilathas ar luacha cothrom le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas arna dtomhas ar luach cothrom

Grúpa 31 Nollaig 2018s	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	7,695	-	7,695
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	31	-	31
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	-	-	1,925,462	1,925,462
Bannaí rialtais	470,746	-	-	470,746
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	-	54,539	54,539
Iomlán na sócmhainní	470,746	7,726	1,980,001	2,458,473
Dlíteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	2,808	-	2,808
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	445	-	445
Iomlán na ndlíteanas	-	3,253	-	3,253

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

29. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Ordíathas luacha chothroim (ar lean)

Grúpa 31 Nollaig 2017	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	16,972	-	16,972
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	1,465	-	1,465
Sócmhainnó airgeadais ar fáil le díol	495,097	-	-	495,097
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	-	65,709	65,709
Iomlán na sócmhainní	495,097	18,437	65,709	579,243
Dlíteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	2,687	-	2,687
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	1,688	-	1,688
Iomlán na ndlíteanas	-	4,375	-	4,375
An Ghníomhaireacht 31 Nollaig 2018				
Sócmhainní				
Iasachtaí idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL	-	-	3,536,554	3,536,554
Iomlán na sócmhainní	-	-	3,536,554	3,536,554

I gcás sócmhainní agus dlíteanas a aithnítear sna ráitis airgeadais ar bhonn athfhillteach, cinneann an Grúpa cibé an ndearnadh aistriú idir leibhéil sa ghrádlathas trí athmheasúnú a dhéanamh ar catagóiríú (bunaithe ar an ionchur ar an leibhéal is ísle atá suntasach maidir le tomhas an luacha chóir mar iomlán ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe). Is é beartas an Ghrúpa aistriú isteach i leibhéil an ghrádlathais um luach cóir, agus amach uathu, ar dháta an imeachta, nó athrú ar imthosca a bhí ina chúis leis an aistriú, a aithint.

Ní raibh aon aistriú idir leibhéil céimlathas le linn 2018. Mar gheall ar IFRS 9 a bheith tagtha isteach i bhfeidhm, is ar luach cóir de réir bhrabúis nó chaillteanas nó ar luach cóir de réir ioncaim chuimsithigh a thomhaistear iasachtaí agus suimeanna infhaighte a bhí tomhaiste ar chostas amúchta roimhe sin.

De réir IFRS 13, i gcás sócmhainní agus dlíteanas airgeadais nach n-íompraítear ar luach cóir ach a nochtar luach cóir ina leith, ní mór iad a rangú laistigh de ghrádlathas an luacha chóir. Déantar sócmhainní agus dlíteanas airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta a rangú faoi Leibhéal 1.

Ní íompraítear ceann ar bith de shócmhainní ná dlíteanas na Gníomhaireachta ar luach cóir, ach amháin ón iasacht idirchuideachta tomhaiste ag luach cóir tríd brabús nó caillteanas.

Léirítear sa tábla seo a leanas réiteach méideanna oscailte agus dúnta sócmhainní airgeadais Leibhéal 3 atá taifeadta ag luach cóir.

Grúpa Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		65,709	55,500
Infheistíochtaí breise		3,215	15,446
Diúscairt infheistíochtaí		(12,542)	-
Gluaiseachtaí luacha cóir	8	(1,843)	(5,237)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		54,539	65,709

Áirítear leis na gluaiseachtaí sa luach cóir caillteanas réadaithe de €1.9m a thabhaíodh le linn na bliana airgeadais (2017: €Nialas).

Grúpa Íasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	2018 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,162,602
Fáltais ar íasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	(2,560,702)
Réamhiocaíochtaí d'íasachtaithe	499,633
Caillteanais mhalartáin eachtraigh ar íasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	767
Gluaiseachtaí eile ar íasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	38,135
Brabús ar dhíúscairt agus athmaoiniú íasachtaí féichiúnaí ar FVTPL	179,823
Gnóthachain ar luach cóir ar íasachtaí féichiúnaithe ar FVTPL	605,204
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	1,925,462
An Ghníomhaireacht Íasachtaí idirchuideachta ag FVTPL	2018 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,535,296
Ús tuillte	1,258
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	3,536,554

Eolas cainníochtúil faoi thomhais luach cothrom (Leibhéal 3)

Sócmhainní Leibhéal 3	Teicníc luachála	Oonchuir neamh- inbhraite	Luach cothrom	
			31 Nollaig 2018 €'000	31 Nollaig 2017 €'000
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	Cur chuige luachála um aonaid chónaitheacha	(1) Luach sócmhainní glan	54,539	65,709
Íasachtaí féichiúnaithe	Sreafaí airgid lascainithe	(1) Srathú Punainne (2) Amú sreafaí airgid (3) Rátaí lascaine	1,925,462	-

Tá an íasacht idirchuideachta iníochta ar éileamh agus is ionann a luach cóir agus a pharluach dá bharr sin.

Íogaireacht thomhais Leibhéal 3

Bíonn méid áirithe measraithe i gceist le teicnící luachála a chur chun feidhme. Rinneadh an anailís íogaireachta a chinneadh bunaithe ar an nochtadh do thiomhdí malartacha féideartha sa mhodheolaíocht luachála ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Meastar go gciallódh méadú 10% ar luach na nglansócmhainní instraimí cothromais go mbeadh méadú 10% le feiceáil ar an luach cóir.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

29. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Ordilathas luacha chothroim (ar lean)

Íogaireacht thomhais Leibhéal 3 (ar lean)

Tá anailís íogaireacht do iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL leagtha maach thíos.

Léiríonn an tábla thíos tionchar athraithe i luachanna comhthaobhachta ar luach cothrom ar iasachtaí féichiúnaithe.

Earnáil	+/-1% €m	+/-3% €m	+/-5% €m
Talamh agus Forbairt	+/- 13	+/- 40	+/- 67
Readmhaoine Infheistíochta	+/- 7	+/- 21	+/- 35
Iomlán	+/- 20	+/- 61	+/- 102

Léiríonn an tábla thíos tionchar athraithe i bhfactóirí lascaine ar luach cothrom ar iasachtaí féichiúnaithe.

Earnáil	(5%) €m	(3%) €m	(1%) €m	+1% €m	+3% €m	+5% €m
Talamh agus Forbairt	94	55	18	(17)	(51)	(83)
Readmhaoine Infheistíochta	43	25	8	(8)	(24)	(38)
Iomlán	137	80	26	(25)	(75)	(121)

Léiríonn an tábla thíos tionchar athraithe i dtráthúlacht sreafa airgid ar luach cothrom ar iasachtaí féichiúnaithe.

Earnáil	+3 mhí €m	(3) mhí €m
Talamh agus Forbairt	(32)	33
Readmhaoine Infheistíochta	(14)	14
Iomlán	(46)	47

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Déantar dliteanas agus sócmhainní airgeadais a chatagóiriú i gcomhréir le IFRS 9 sa chaoi seo a leanas:

- Costas amúchta
- Luach cothrom tríd bhrabús agus cailteannas (FVTPL)
- Luach cothrom tríd ioncam cuimsitheach eile (FVOCI)

Sócmhainní Airgeadais

Grúpa

31 Nollaig 2018

	Costas amúchta €'000	FVTPL €'000	FVOCI €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,689,891	-	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	-	-
Bannaí rialtais	-	-	470,746
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	7,726	-
Iasachtaí féichiúnaithe	-	1,925,462	-
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	54,539	-
Sócmhainní eile	20,752	-	-

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais (ar lean)

Dlíteanais Airgeadais Grúpa 31 Nollaig 2018		Costas amúchta €'000	FVTPL €'000
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha		-	3,253
Dlíteanais eile		30,543	-

Sócmhainní Airgeadais Grúpa 31 Nollaig 2017	Íasachtaí agus infháiltais €'000	FVTPL €'000	AFS €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	733,470	-	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	-	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	-	-	495,097
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,151	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	18,437	-
Íasachtaí agus infháiltais	3,193,505	-	-
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	65,709	-
Sócmhainní eile	259,395	-	-

Dlíteanais Airgeadais Grúpa 31 Nollaig 2017		Costas amúchta €'000	FVTPL €'000
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha		10,686	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		-	4,375
Dlíteanais eile		14,201	-

In 2018, is ag an gcostas amúchta a rangáítear airgead tirim agus coibhéis airgead tirim agus sócmhainní eile san Gníomhaireacht. Tomhaistear an íasacht idirchuideachta ag luach cóir trí bhrabús nó cailteanas Rangaítear íasachtaí le úis orthu agus íasachtaí agus dlíteanais eile san Gníomhaireacht mar chostas amúchta.

In 2017, rangáíodh airgead tirim agus coibhéis airgead tirim agus sócmhainní eile sa Ghníomhaireacht mar íasachtaí agus infháil. Rangáíodh íasachtaí le úis orthu agus íasachtaí agus dlíteanais eile sa Ghníomhaireacht mar dlíteanais tomhaiste ag costas amúchta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

30. RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Grúpa agus Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Costas		
Iarmhéid ag 1 Eanáir	2,546	2,546
Dímheas		
Dímheas carntha ag 1 Eanáir	(1,538)	(1,202)
Muirear dímheasa don bhliain	(1,008)	(336)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	(2,546)	(1,538)
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig	-	1,008

Áiríonn réadmhaoín, innealta agus trealamh costais feistithe léasa tabhaithe go dtí seo. Déantar costais feistithe léasa caipitlithe a dhímheas ar an méid atá fágtha da ré ag ráta de chuid 10% sa bhliain i gcomhréir le beartas cuntasáíochta 2.25. Bhí na costais feistithe léasa iomlán dímheasta ag deireadh 2018 mar go deachaigh an Ghrúpa i mbun comhaontú ar son áitreabh nua i 2018.

31. INFHEISTÍOCHTAÍ IN IONSTRAIMÍ COTHROMAIS

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas	54,539	65,709

D'éadfaidh an Ghrúpa infhéistiú in ionstraim gnáthscaire le luach a uasmhéadú agus seachadadh éifeachtach forbairt tráchdála agus cónaithe a éascú.

Is ionann an ghluaiseacht in infheistíochtaí i gluaiseachtaí ionstraimí cothromais, fáltas agus diúscairtí. Tiománann gluaiseachtaí i luach glan sócmhainne cistí bunúsach gluaiseachtaí luach cothromais ar a bhfuil tionachar ag dáileacháindéanta le linn na bliana.

Ní raibh aoin infheistíochtaí ag an Gníomhaireacht in ionstraimí cothromais.

32. CÁIN IARCHURTHA

Déantar sócmhainní agus dliteanais ioncam iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach reatha agus nuair a bhaineann na cánacha ioncam iarchurtha leis an údarás fioscach céanna.

Tá dliteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

Grúpa	Cáin iarchurtha		Cáin iarchurtha ar IFRS trasdula coigeartaithe €'000	Iomlán €'000
	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000		
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2018	1,967	(5,420)	-	(3,453)
Gluaiseacht sa bhliain	(618)	434	(16,951)	(17,135)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2018	1,349	(4,986)	(16,951)	(20,588)
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017	1,091	(11,384)	-	(10,293)
Gluaiseacht sa bhliain	876	5,964	-	6,840
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2017	1,967	(5,420)	-	(3,453)

Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta sa ráiteas ioncaim (gan trasdula coigeartaithe IFRS 9 san áireamh)	16	(93)	7,854
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	17,40	(91)	(1,014)
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta in tuilleamh coinnithe ar son trasdula coigeartaithe IFRS 9	41	(21,190)	-
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta sa ráiteas ioncam ar son trasdula coigeartaithe IFRS 9	16	4,239	-
Gluaiseacht iomlán i gcáin iarchurtha sa bhliain		(17,135)	6,840

Níl aon dliteanais nó sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Aithníodh glandliteanas cánach iarchurtha de €20.6m (2017 €3.5m) maidir le díorthaigh, infheistíochtaí cothromais, coigeartuithe idirthrémhseacha agus sócmhainní airgeadais tomhaiste ag FVOCL. De réir na gcaighdeán cuntasáíochta, aithnítear cáin iarchurtha sa chás go bhfuil cuntas ar an iontráil chomhfhreagrach. i. sa ráiteas ioncaim nó in ioncam cuimsitheach eile. Le héifeacht ón 1 Iúil 2017, ní bheidh aon ghluaiseachtaí luacha chóir neamhréadaithe sna hinfeistíochtaí cothromais agus díorthaigh atá á gcoinneáil ar chuntas trádála faoi réir cháin iarchurtha a thuilleadh mar beidh an cur chuige cánach i gcomhréir leis an gcur chuige cuntasáíochta. Tabharfar coigeartuithe idirthrémhseacha a bhaineann le gluaiseachtaí luacha chóir neamhréadaithe roimhe seo isteach sa mhuirear i leith cánach thar thréimhse 5 bliana (nó níos luaithe más cuí) ag tosú sa bhliain roimhe. Táthar tar éis coigeartú idirthrémhseach a thuairisciú ar an gcoigeartú ar luach cóir atá curtha leis an mbrabús coinnithe tar éis don Ghrúpa glacadh le IFRS 9. Tuairisceofar an coigeartú idirthrémhseach mar muirear ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse cúig bliana tar éis IFRS 9 a bheith glactha le den chéad uair.

Tá muirear cánach iarchurtha de chuid €0.1m (2017: €1m) aitheanta in ioncam cuimsitheach eile i ndáil le cáin iarchurtha ar na sócmhainní airgeadais atá tomhaiste ag FVOCL nó atá le díol.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

33. SÓCMHAINNÍ EILE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Ús babhtála tabhaithe infhála	780	830
Breithniú iarchurtha infhála ó díolacháin iasachtaí	-	242,894
Cáin réamhdhíolta	-	22,944
Sócmhainní eile	19,972	15,671
Iomlán sócmhainní eile	20,752	282,339

Baineann ús babhtála tabhaithe leis an ús tabhaithe ar dhíorthaigh faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Baineann comaoin iarchurtha le díolacháin iasachta a conraítear roimh deireadh na bliana agus fuarthas na fáлтаis iomlám tar éis deireadh na bliana.

Tá suim infhála €1.9m (2017: €3.4m) san áiream i sócmhainní eile ag baint leis an Tionscnamh Iocaíocht Iarchurtha.

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Costais in-aisíoctha ó NALML	12,507	4,239
Ús infhaighte ó bhrabús iasacht rannpháirteach le BSN	-	3,535,296
Infháлтаis eile	609	609
Iomlán	13,116	3,540,144

Nuair a glacadh le IFRS 9, rinneadh an t-ús infhaighte ar iasacht rannpháirteach brabúis a athrangú mar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailteanas.

Is sócmhainní reatha gach sócmhainn eile sa Ghrúpa agus Ghníomhaireacht.

34. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana airgeadais	-	2,590,000
Fuascailte i rith na bliana airgeadais	-	(2,590,000)
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	-	-

Téarmaí nótaí eisithe do fháлтаs iasachtaí ag BISN C.G.A.

Is ionann iomlán na n-urrús féich gan íoc a eisíodh i leith gnóthú bunaidh iasachtaí BISNT agus €2.59bn. Díoladh iad ina iomláine i 2017. Is Nótaí Rátaí Chomhlúthaigh arna ráthú ag an rialtas iad na hurrúis fiachais uile, nótaí a d'eisigh BSN agus a aistríodh go SGBSN faoi shaoráid iasachta rannpháirteach bhrabúis agus ansin ar aghaidh go BISN. D'úsáid BISN na hurrúis sin mar chomaoin (95%) don phunann iasachta a gnóthaíodh ó gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Athruithe i dliteanais ag éirí ó gníomhaíochtaí airgeadais

Grúpa	Urrús fiacha Sinsearacha 2018 €'000	Urrús fiacha Sinsearacha 2017 €'000
Ag tús na bliana	-	2,590,000
Sreabhagh airgid		
– Fuascailt urrús fiacha sinsearacha	-	(2,590,000)
Athruite neamhairgid	-	-
Ag deireadh na bliana	-	-

Le linn na bliana a chríochnaigh 31 Nollaig 2018 is €niallas (2017: €niallas) an suim ó athruithe neamhairgid sa Gníomhaireacht ar dhliteanais ag éirí ó gníomhaíochtaí airgeadais.

35. DLITEANAIS EILE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Ús babhtála fabhráithe iníoctha ar dhíorthaigh eile	163	164
Ús iníoctha ar aigead tirim agus comhluachanna in airgead tirim	581	310
Costais fhabhráithe	22,050	8,381
CBL iníoctha	5,017	4,482
Dlíteanais eile	2,732	864
Iomlán na ndlíteanas eile	30,543	14,201

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Méideanna dlite don GBCN	6,634	1,726
Méideanna dlite le haonáin an Ghrúpa	6,449	4,475
Dlíteanais eile	1,383	443
Iomlán na ndlíteanas eile	14,466	6,644

Is dlíteanais reatha gach dlíteanais eile sa Ghrúpa agus Ghníomhaireacht.

36. CÁIN INÍOCTHA

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla agus cánacha eile iníoctha	885	363
Cáin chorparáide iníoctha	5,234	-
Cáin iomlán iníoctha	6,119	363

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

37. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

(a) Dliteanais theagmhasacha

Ar 26 Feabhra 2010 cheadaigh an Coimisiún Eorpach (an 'Comisiún') bunú GNBS faoi rialacha maidir le státhabhair an AE. Chuir an Comisiún in iúl go raibh sé sásta go raibh an scéim de réir treoirlínte faoiseamh sócmhainn bhearnaithe do bhancanna a lig do státhabhair a bhí deartha le cuir isteach dromchúiseach in eacnamaíocht Ballstát a leigheas agus go gcuideodh sé dul i ngleic le ceist caighdeán sócmhainne i gcóras banc na hÉireann agus cuir chun cinn filleadh ar margadh gnáth feidhmiú.

Rinneadh gearán leis an gCoimisiún in raibh líomhain de bhronnadh státhabhair neamhúdairithe tríd oibríochtaí agus gníomhaíochtaí GNBS. Tá a chinneadh déanta ag an gCoimisiún ar an ábhar sin, agus chinn sé go raibh na bearta líomhnaithe (a) "ann cheana féin" agus nach ionann iad agus cúnamh nua ná neamhdhleathach, maidir le cuid de na hábhair, agus (b) nach ionann iad agus cúnamh Stáit, maidir leis na líomhaintí eile a rinne na gearánaigh. Ní léir é an mbeidh na gearánaigh ag iarraidh gníomh breise a ghlacadh i gcoinne chinneadh an Choimisiúin.

Scartha ó thuas, ag dáta tuairiscithe, tá NAMA mar pháirtí i méid airithe cásanna dlí a leanann mar pháirt dá gnáth cúrsa gnóithe. Ní féidir brath ar meastachán den eis-sreabhadh acmhainní eacnamaíoch sna cásanna seo mar a aithníonn an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

Tá ráthaíochtaí eisithe ag an nGrúpa agus litreacha suaimhnis faoin dáta tuairiscithe ach, ós rud é nach bhfuiltear in ann na heis-sreabhadh acmhainní eacnamaíoch a mheas go hiontaobhach, níltear ag déanamh aon nochtadh breise.

(b) Tiomantais

Tá Tiomantais íasachta neamhtharraingthe an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe leagtha amach i Nóta 28.4.

Tá léas oibriúcháin ag an nGrúpa i ndáil leis an tríú hurlár agus cuid den chéad urlár dá oifig cláraithe, Foirgneamh an Státhchiste. Ag an dáta tuairiscithe, tréimhse bliain amháin agus 10 mí atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir i ndáil leis an tríú urlár. Is 1.5 bliana atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir i ndáil leis ainneacs an chéad úrlár agus 1.75 bliana i ndáil leis an chéad urlár.

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí sa tábla seo a leanas:

Grúpa agus Gíomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Comhlán (roimh aisíocaíochta)		
Níos lú ná 1 bhliain amháin	2,383	2,357
Idir bliain amháin agus cúig bliana	1,922	4,123
Iomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	4,305	6,480
Aisíocaíocht		
Níos lú ná 1 bhliain amháin	467	890
Iomlán íocaíochtaí na todhchaí	467	890
Glan (tar éis aisíocaíochta)		
Níos lú ná 1 bhliain amháin	1,916	1,467
Idir bliain amháin agus cúig bliana	1,922	4,123
Glaníomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	3,838	5,590

Tar éis laghdú ar riachtanais áitíochta an Ghrúpa in 2017, tá cuid den chéad urlár agus an fortheach ar an gcéad urlár in úsáid ag gníomhaireachtaí eile de chuid GBCN. Áirítear le gealltanais léasa íosta na todhchaí nochta thuas aisíocaíocht mheasta de €0.5m (2017: €0.9m) a gheobhfar ó ghníomhaíochtaí GBCN don spás a bhfuil siad ag baint úsáide as go dtí go mbogann GBCN go háitíocht nua i 2019.

Tá an grúpa tar éis teacht ar aontas maidir le cinn téarmaí le GBCN haghaidh gabháltas an áitribh nua agus téarma cheithre bhliain i bhfeidhm air. Tabharfar an socrú chun críche in 2019 agus tá na híocaíochtaí léasa íosta todhchaíoch (lena n-áirítear an cíos, an fearas agus an TFC) leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Grúpa	2018 €'000
Níos lú ná 1 bhliain amháin	12,539
Idir bliain amháin agus cúig bliana	5,336
Iomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	17,875

Íocaíochtaí léasa eile

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí a bhaineann le réadmhaoine trádála ag an Ghrúpa sa tábla seo a leanas:

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Níos lú ná 1 bhliain amháin	12,140	11,614
Idir bliain amháin agus cúig bliana	48,561	46,382
Níos mó ná cúig bliana	160,175	158,813
Iomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	220,876	216,809

Áirítear le fáiltais ó léasa oibriúcháin na léasanna atá i seilbh NARPS (2017: NARPS agus NAPM).

Baineann léasanna oibriúcháin in NARPS leis an maoine trádála atá faoi úinéireacht na Cuideachta agus lena mbainfidh téarma léasa 20 bliain agus 9 mí. Tá sé de rogha ag léasaithe áirithe na haonaid mhaoine a cheannach ar mhargadhluach oscailte na maoine, agus lascaine 10% ag baint leo ar feadh tréimhse 6 mhí, ag tosú an 14ú bliain de théarma an léasa.

Bain an léas oibriúcháin le maoin trádála a bhí faoi úinéireacht na Cuideachta a díoladh i 2018 agus a bhí ar léas ag tríú páirtí.

Níl aon íosfháltais chiosa oibriúcháin ag an nGníomhaireacht.

38. IASACHTAÍOCHT AGUS IASACHTAÍ ÚSMHARA

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Iasacht dlite le BISN agus ús gaolmhar	53,426	53,568

Ar an 25 Feabhra 2011, d'eisigh BISNT, aonán an Ghrúpa, iasacht úsmhar de chuid €52m leis an GNBS. Ba é cuspóir na hiasachta maoiniú a sholáthar ón nGrúpa don GNBS chun iasacht de chuid €49m agus ús tabhaithe a aisíoc leis an Lárchiste. Tá ús bunaithe ar rata 6 mhí Euribor. Déantar an iasacht a shíneadh ar bhonn bliantúil ar an 25 Feabhra mura gcuirtear deireadh leis faoi mar atá aontaithe ag na páirtithe. Níl aon iasachtaí nó iasachtaíochtaí seachtracha ag an nGrúpa.

Aithníodh ráta diúltach úis €0.14m (2017: €0.13m) ar an iasacht mar gheall ar rátaí diúltach Euribor le linn na bliana (Réach Nóta 8).

39. GNÁTHSCAIR EILE

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
I mbun eisiúna ag 1 Eanáir	1,593,000	1,593,000
Athcheannaithe le linn na bliana	(529,000)	-
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	1,064,000	1,593,000

Is ionann an méid thuasluaite agus Fobhannaí Ráta Seasta Inghlaoite a d'eisigh BSN agus a aistríodh chuig SGBSN faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis agus a d'aistrigh SGBSNT chuig BISNT.

D'úsáid BISN na hurrúis seo mar chomaoín (5%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Is ionann an ráta úis ar na hionstraimí agus ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag dáta an chéad eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag fáiltas seasta 5.264%. Is ar bhonn bliantúil a íoctar ús, ach is de rogha an eisitheora a dhearbhaítear an cúpón. Ní bheidh cúpón a dhearbhaítear in aon bhliain ag carnadh. Dhíol GNBS an cúpón cliantúil de €83.86m ar a fhófiach ó Márta 2014. Díoladh cáin shiarchoinneálach €0.3m (2017: €0.7m) leis na Coimisinéirí Ioncaim mar díolacháin cúpón i 2018.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

39. GNÁTHSCAIR EILE (AR LEAN)

Ainneoin na mbannaí a bheith suthain de nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir na bannaí a “ghairm” (.i. a fhuascailt) ar an gcéad dáta gairme (atá 10 mbliana i ndiaidh an dáta eisiúna), agus gach dáta íocaíochta úis ina dhiaidh sin (beag beann ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ús le híoc).

Faoi IAS 32, is ionann é agus bunús an chomhaontú conarthach um ionstraim airgeadais, seachas a fhoirm dlí, a bhfuil a rangú á rialú aige. Ó tharla nach bhfuil aon oibleagáid chonarthach sna nótaí fofhiachais aon íocaíochtaí a dhéanamh (ús nó príomha) sa chás nach mian leis an nGrúpa aon íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32 tá an fofhiachas rangaithe mar ghnáthscair sa ráiteas ar staid an airgeadais, agus aon íocaíochtaí cúpóin á rangú mar íocaíochtaí díbhinne (Nóta 41).

I 2018, athcheannaíodh bannaí le luach ainmniúl de €529m ar chomaoin iomlán €571m.

40. CÚLCHISTÍ EILE

Grúpa	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Ar fáil le díol/sócmhainní airgeadais tomhaiste ag cúlchiste FVOCI			
Ag 1 Eanáir		4,165	13,918
Coigeartú eile		-	(6,659)
Aithrithe i luach cóir	19	(2,149)	(2,080)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste roimh cánachas	17	(2,149)	(8,739)
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	17,32	(91)	(1,014)
Ag 31 Nollaig		1,925	4,165
Iomlán na gcúlchistí eile		1,925	4,165

Cuimsíonn cúlchistí eile an cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin i 2017 agus na sócmhainní airgeadais tomhaiste ag luach cóir tríd cúlchiste ioncaim cuimsithe eile i 2018.

Rangaíodh bannaí rialtais mar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin de réir IAS 39 aus ar cur i bhfeidhm IFRS 9 mar sócmhainní airgeadais tomhaiste ag luach cóir tríd cúlchiste ioncaim cuimsithe eile. Aithnítear athruithe ar luach cothrom i gcúlchistí. Níor fuarthas aon bannaí rialtas breise le linn an bhliain airgeadais.

Ba é an ghluaiseacht i gcúlchistí eile roimh chánach don bhliain agus laghdú de €2m (2017: €9m), lena léirítear an ghluaiseacht i luach cóir na bannaí rialtas.

41. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Tuilleamh choinnithe		
Ag 1 Eanáir	3,430,830	3,034,419
Coigeartú ag tosach cur i bhfeidhm IFRS 9 (glan ó cháin)	147,697	-
Ag 1 Eanáir (athshonraithe ag tús cur i bhfeidhm IFRS 9)	3,578,527	3,034,419
Brabús don bhliain airgeadais	794,592	480,814
Dibhínn íolta ar ghnáthscaireanna B	(454)	(547)
Cúpón íoctha ar fhobhannaí	(83,856)	(83,856)
Biseach ar athcheannach fobhannaí	(42,374)	-
Ag 31 Nollaig	4,246,435	3,430,830
Leasanna neamh-urlámhais		
Brabús don bhliain airgeadais	-	-
Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
Tuilleamh choinnithe		
Ag 1 Eanáir	3,529,999	3,313,676
Brabús don bhliain airgeadais	911	216,323
Ag 31 Nollaig	3,530,910	3,529,999

I Márta 2017, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord GINBS íocaíocht díbhinne in aghaidh na scaire bunaithe ar thoradh bannaí rialtais deich mbliana na hÉireann amhail an 31 Márta 2018. Íocadh an díbhinn le sealbhóirí gnáthscaireanna B de chuid GINBS amháin, na hinfheisteoirí príobháideacha, a bhfuil 51% den Chuideachta faoina n-úinéireacht. Níor íocadh díbhinn ar bith le gnáth-scairshealbhoirí A, an GNBS an Gníomhaireacht, a bhfuil úinéireacht 49% den Chuideachta aici. Ba €0.00.891 (2017: €0.01072 gach scar) in aghaidh na scaire an íocaíocht díbhinne agus b'ionann é agus €0.45m (2017: €0.55m) in iomlán.

I Feabhra 2018, chinn Bord BSN gur chuí, i gcomhthéacs fheidhmíocht airgeadais fhoriomlán chomhiomlán GNBS agus a cuspóirí, go n-íocfaí an cúpón bliantúil ar na bannaí tánaisteacha €83.86m (2017: €83.86m) a bhí dlite ar an 1 Márta 2017. Déantar na bannaí tánaisteacha a aicmiú mar chothromas sa ráiteas ar an staid airgeadais, agus dá bhrí sin aithnítear na híocaíochtaí cúpóin gaolmhara sa chothromas. Féach Nóta 39 Le haghaidh tuilleadh sonraí.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, tá IFRS 9, gurb é an caighdeán cuntasáíochta a cuireadh isteach in ionad IAS 39, glactha ag an nGrúpa. Déanann an Gníomhaireacht tar éis aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn a bhainistiú. De thoradh an mheasúnuithe seo agus de thoradh an aistrithe chun cuntasáíocht ar luach cóir le haghaidh iasachtaí féichiúnaí, tá an Grúpa tar éis tuairiscíú go bhfuil coigeartú glactha sa bhrabús coinnithe de €169m, roimh €21m de cháin, amhail an 1 Eanáir 2018 (féach Nóta 32).

Rinneadh fobhannaí lena mbaineann luach ainmniúil de €529m a athcheannach ar chomaoin iomlán de €571m in 2018. Tá cuntas ar chostas na n-idirbhearta sin, in éineacht le haon chostais idirbhirt incriminteacha, tuairiscithe sa chothromas.

Is ionann ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí agus gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach bhfuil inchurtha go díreach nó go neamhdhíreach don mháthair-aonán. I gcomhthéacs an Ghrúpa is ionann é seo agus infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha i ngnáth-scairchaipiteal GINBS.

D'infheistigh an GNBS, i dteannta infheisteoirí príobháideacha, in GINBS. Tá 49% de scairchaipiteal eisithe GINBS i seilbh an GNBS agus is i seilbh infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile den scairchaipiteal.

Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhoirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBS a chrosadh.

Faoin gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil faoi Airteagail Chomhlachais GINBS.

De bhua an rialaithe seo atá ag an GNBS ar GINBS, tá GINBS agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

42. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA

Tá €100m scairchaipiteal ag GINBS agus €49 milliún infheistithe ag an GNBS in GINBS, agus fuair sí 49 milliún gnáthscair A ar a shon. B'infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51 milliún eile in GINBS, agus fuair gach infheisteoir díobh comhscair de 51 milliún gnáthscair B. Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBSmar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

42.1 Fochuideachtaí

Tá cur síos déanta ar struchtúr Ghrúpa an GNBS i Nóta 1. Seo a leanas gnóthais fochuideachta agus úinéireacht céatadán an GNBS sna fochuideachtaí sin:

Grúpa Stádas Cosanta	Céadtadán úinéireacht	Céadtadán cearta vótála	Príomhghníomhaíocht	Tír ionchorpraithe
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A.	49%	100%	Cuideachta shealbhaíochta agus iasachtú	Éire
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Eisiúint fiachais	Éire
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní na cuideachta sealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Sócmhainn Náisiúnta Cé Thuaidh C.G.A.	49%	100%	Gnóthú sócmhainní réadmhaoine áirithe mar ghlanadh fiachais dlithe le GNBS	Éire
Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Eastát réadach	Éire
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Cuideachta sealbhaíochta mar scairsheilbhe i gcomhairtíocht ginearálta	Éire
Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A.	49%	100%	Infheistíochtaí	Éire
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Soláthar na réadmhaoine cónaithí chun críocha na tithíochta sóisialta	Éire
National Asset Sarasota Limited Liability Company	49%	100%	Gnóthú sócmhainní réadmhaoine áirithe lonnaithe sna Stáit Aontaithe mar ghlanadh fiachais dlite don GNBS	US
Gabháltais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta(faoi Leachtú Toilteannach)	49%	100%	Neamh-thrádála	Éire
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil

Ag an dáta tuairisthe bhí oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí ar fad i Áras an Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Atha Cliath 2 ach amháin RLHC agus RLHC II. Tá oifig cláraithe RLHC agus RLHC II i Rua Garrett, n.º 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

42.2 Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Gníomhaireacht	2018 €'000	2017 €'000
49,000,000 scair i GINBST	49,000	49,000

In 2010 rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht de chuid €49m i GINBS. Mheas an Ghníomhaireacht an raibh bearnúchán dá infheistíochtaí i GINBST faoi IAS 36 Bearnúchán Sócmhainní. Tá an Gníomhaireacht sásta nach bhfuil comhartha do bhearnúchán.

42.3 Sonraí fochuideachtaí nach ar lán-úinéireacht ina bhfuil ús neamhrialaithe ag an GNBS

Tá an 51% eile de na fochuideachtaí atá liostaithe i 42.1 faoi úinéireacht ag infheisteoirí príobháideacha, de bhua a n-úinéireacht 51% den GNBS.

Íocadh díbhinn de luach €0.45m (2017: €0.55m) leis na hinfheisteoirí príobháideacha le linn na bliana. Níl aon leas breise ag na hinfheisteoirí príobháideacha i ngníomhaíochtaí nó sreabhadh airgid an ghrúpa. Ba ionann an t-ús neamhrialaithe carnta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus €51m (2017: €51m).

Faoi gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil ag 10% den ús cothromais faoi Airteagail Chomhlachais GINBS.

Féadfar brabúis a eascróidh a leithdháileadh don ús neamhrialaithe de réir bheartas cuntasáíochta 2.27.

42.4 Sonraí maidir le fochuideachtaí neamh-chomhdhlúite

National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh GNBS fochuideachta nua, National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach) (NALHL). Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid NAPM é NALHL (faoi Leachtú Deonach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoinne Portaingéalacha. Tar éis don athstruchtúrú dlíthiúil a bheith curtha i gcrích, cuireadh NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi leachtú ar an 18 Nollaig 2014. Tá NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi rialú an leachtaitheora, agus is é an té sin a dhéanfaidh réadú ar shócmhainní na Cuideachta. Ní raibh aon athrú i stádas NALHL (faoi Leachtú Deonach) le linn 2017.

Toisc go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus gurb é an té sin a rialaíonn NALHL (faoi Leachtú Deonach) araon anois, níl NALHL (faoi Leachtú Deonach) agus a chuid fochuideachtaí, RLHC I agus RLHC II, comhdhlúite i dtorthaí an Ghrúpa GNBS.

Féach Nóta 44.6 i gcomhair sonraí maidir leis na sócmhainní arna sealbhú ag na cuideachtaí sin.

43. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Seo a leanas páirtithe gaolmhara an Ghrúpa:

Fochuideachtaí

Tá sonraí maidir leis an ús i seilbh fochuideachtaí an GNBS luaite i Nóta 42.1 agus Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

GBCN

Soláthraíonn GBCN seirbhísí foirne, airgeadais, cumarsáide, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) ar bhúnús fhíorchostas agus agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc. Is €39.1m (2017: €38.0m) iomlán na costais don bhliain, le hiarmhéid deiridh €6.6m ag deireadh 2017 (2017: €1.7m) iníochta. Tásonraí na gcostas gearrtha ar an nGrúpa le fáil i Nóta 13. Is í GBCN an contrapháirtí le haghaidh staideanna díorthaigh an GNBS i gcomhthéacs a cuid bainistíochta ar mhalairt eachtrach agus nochtheadh ráta úis. Éilítear ar an GNBS urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) d'fhonn nochtheadh GBCN do dhíorthaigh an GNBS. Tá infheistíochtaí nóta Stáitchiste agus Bannaí Gearrthréimhseacha an Chisteáin, eisithe ag GBCN, i seilbh an GNBS. Fuair GNBS seilbh ar nótaí úis Stáitchiste a d'eisigh GBNS. Níor choinnigh GNBS aon nótaí Stáitchiste (2017: €niallas) ag an dáta tuairisiciú ar caitheadh leo mar airgead tirim agus coibhéis airgead tirim (féach Nóta 18).

Le linn na bliana, thabhaigh GNBS costais €1,500 (2017: €4,000) ar chostais árachas iníochta leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Is €Niallas (2017: €Niallas) an tiarmhéid iníochta leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag deireadh 2018.

Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN

Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí le Scéim Pinsean Shochair Shainithe GBCN thar ceann na bhfostaithe cuí. Tá an scéim pinsean á rialú agus á bainistiú ag iontaobhaithe neamhspleácha ceaptha ag GBCN. Mar chuid den chomhaoin i ndáil leis an soláthar foirne tá íocaíocht de chuid €3.3m (2017: €3.5m), déanta ag an nGrúpa, ag léiriú aisíoc ranníocaíocht GBCN dom scéim pinsean i ndáil leis na hOifigigh seo de chuid an GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

43. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Aire Airgeadais

Bhunaigh an tAire GNBS faoi Acht GNBS 2009. De réir Alt 13 agus 14 den Acht tá cumhachtaí áirithe ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Forálann Alt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint don GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aird a thabhairt ar a leithéid sin de threoirlínte agus a feidhmeanna á comhlíonadh. Forálann Alt 14 go bhféadfaidh an tAire treoracha a eisiúint don GNBS maidir le cur i gcrích chuspóirí an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aon treoir dá leithéid sin a chomhlíonadh.

Is é éifeacht na bhforálacha reachtúla seo ná go bhfuil de chumhacht ag an Aire Airgeadais tionchar suntasach a bheith aige ar an GNBS.

Institiúidí Rannpháirteacha

I rith 2010, achtaíodh roinnt beart reachtach a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais thar institiúidí airgeadais ar leith i ndáil le ceistanna éagsúla úinéireachta, comhdhéanamh an bhoird, éadail nó díolachán fochuideachtaí, gníomhaíocht gnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht baincéireachta. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha dul i gcomhairle leis an Aire roimh aon ghníomhaíocht ábhartha a d'fhéadfadh leas a bheith ag an bpobal inti a chur i gcrích.

Is institiúidí creidmheasa iad Institiúidí Rannpháirteacha atá ainmnithe ag an Aire mar Institiúid Rannpháirteach, faoi Alt 67 den Acht. Tá sócmhainní iasachta aistrithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS ar an dáta tuairiscithe, AIB c.p.t. (ag ionchorprú EBS), Banc na hÉireann agus IBRC.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearach agus fo-urrúis agus d'aistrigh sé iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha in áit sócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais go príomha faoi Nóta 22, Iasachtaí Féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL, Nóta 24, Iasachtaí agus Infháltais, Nóta 20, Méideanna dlite do agus ó Institiúidí Rannpháirteacha agus nótaí gaolmhara an Ráitis Ioncaim. Níor díoladh aon iasachtaí le hInstitiúidí Rannpháirteacha le linn 2017 nó 2018.

Tá cuntas oibriúcháin ag an nGrúpa le AIB c.p.t. ina raibh iarmhéid de chuid €16m (2017: €26m) ag an dáta tuairiscithe. I rith na bliana bhí an meán-iarmhéid dúnta laethúil cothrom le €19m (2017: €22m).

I gcaitheamh na bliana níor chuir an Grúpa airgead i dtaisce le AIB c.p.t. B'ionann an meán a cuireadh i dtaisce leis an bhanc agus €niallas (2017: €23m).

Seo a leanas na táillí iníoctha leis an hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta tabhaithe i rith na bliana:

Institiúidí Rannpháirteacha	2018 €'000	2017 €'000
AIB, c.p.t.	2,516	2,823
Banc na hÉireann	271	357
	2,787	3,180

New Ireland Assurance Co p.l.c.

Tá scair 17% de scairchaipiteal GINBS, fochuideachta den GNBS (a fhreagraíonn do 17 milliún den 51 milliún scair B eisithe ag GINBS chuig infheisteoirí príobháideacha) an ceann i seilbh New Ireland Assurance Co p.l.c, fochuideachta de Bhanc na hÉireann. Nochtar íocaíochtaí díbhinne a rinneadh le hinfeistitheoirí príobháideacha i Nóta 41.

Príomhphearsanra bainistíochta

Tá an Ghníomhaireacht á rialú ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus an Bord. Is comhalta ex-officio den Bhord é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN. Tá údarás ag an POF agus ag an mBord i ndáil le gníomhaíochtaí an GNBS agus a fochuideachtaí a phleanáil, a stiúradh agus a rialú agus tá siad freagrach as an méid sin agus mar sin, is príomhphearsanra bainistíochta de chuid an GNBS iad. Nochtar táillí íoctha le comhaltaí Boird i Nóta 13. Rinne GBNS íocaíocht €18,000 (2017: €18,000) a bhain le tobach pinsin ar thaillí an Bhoird. Níl fostaí ar bith ag an nGrúpa.

Sainítear Príomhphearsanra Bainistíochta faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016) mar bhainistíocht a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ag an dáta tuairiscithe, tá cúigear ball bainistíochta ag an GNBS a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach saothair comhiomlán na príomhphearsanra bainistíochta sin nochta i Nóta 13.

Idirbhearta le haonáin an Ghrúpa

Seo a leanas na méideanna atá dlite do agus ó pháirtithe leasmhara ag an dáta tuairiscithe. Is ar bhonn praghas fad láimhe a dhéantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara.

	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam úis:		
<i>Gníomhaireacht</i>		
Ús ar iasacht le NAM	-	216,629
Gnóthacháin ar iasacht idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL		
Ús ar iasacht le NAM	1,258	-
Speansais eile:		
<i>Gníomhaireacht</i>		
Costais athcúitihte ó Ghrúpa NAMA	43,496	40,970
Gnóthacháin ar iasacht idirchuideachta tomhaiste ag FVTPL		
Ús infhaighte ó iasacht rannpháirteach brabúis ó NAM	3,536,554	-
Sócmhainní eile:		
<i>Gníomhaireacht</i>		
Costais athcúitihte ó Ghrúpa BISNT	12,507	4,239
Ús infhaighte ó iasacht rannpháirteach brabúis ó NAM	-	3,535,296
	12,507	3,539,535
Dlíteanais eile:		
<i>Gníomhaireacht</i>		
Méideanna dlite le aonán de chuid an Ghrúpa	6,449	4,475

Iasacht dlite le BISNT

Réamhíocadh iasacht úis de luach €52 milliún ó BISNT leis an nGníomhaireacht. Tuilltear ús ar an iasacht seo ag ráta sé mhí EURIBOR. B'ionann an t-ús tuillte ar an iasacht seo don bhliain €0.14m (2017: €0.13m). Ba €53m (2017: €54m) an tiarmhéid aisíoctha ag deireadh 2018.

Comhaontuithe iasachta idirghrúpa

Chuaigh an Ghrúpa i mbun méid gcomhaontaithe iasacht rannpháirteach brabúis agus comhaontaithe idirghrúpa mar atá leagtha amh sa tábla thíos:

	2018 €'000	2017 €'000
Comhaontaithe iasacht rannpháirteach brabúis		
BSN le SGBSN (i mbun i 2010)	4,467,313	5,072,137
SGBSN le NAJVA (i mbun i 2013)	27,709	22,230

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

43. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Comhaontuithe iasachta idirghrúpa (ar lean)

Comhaontaithe iasachta idirghrúpa	2018 €'000	2017 €'000
GINBS le BSN (i mbun i 2010)	104,110	105,259
SGBSN le BSN (i mbun i 2010, leasaithe i 2017)	4,439,612	5,064,288
BISN le SRCN (i mbun i 2012)	218,155	214,779
BISN le BRSN (i mbun i 2012)	85,293	66,153
BISN le NASLLC (i mbun i 2013)	2,198	2,051
BISN le NANQ (i mbun i 2015)	81,732	32,135
BISN le NAJVA (i mbun i 2017)	31,482	27,607
BRSN le NALHL(faoi Leachtú Deonach) (i mbun i 2014)	100	100

Le linn 2017, thogh BISN réimeas roinn 110 a fhágail. Leasú a aontú iasachtach rannpháiteach brabúis le NAMGS le hAontú Áis Fórlíontach agus áis iasachtach leasaithe agus athsonraithe le NAMGS, mar a ceadú Bord BISN.

44. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA

D'fhoill a cuspóirí a chomhlíonadh, tá aonáin shainchuspóireacha bunaithe ag an GNBS mar atá sonraithe i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann na haonáin seo ráitis airgeadais ar leith i láthair. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus gach aonán den Ghrúpa.

44.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach na táillí riaracháin tabhaithe ag Grúpa an GNBS i Nóta 13.

Léirítear na costais i ndáil le gach aonán GNBS sna táblaí anseo thíos.

Áiríonn costais BISNT agus BRSN le chéile athmhúirearú de chuid €9.1m (2017: €38.0m) i ndáil le costais GBCN tabhaithe ag an nGníomhaireacht. Áirítear na costais seo sna cuntais chomhdhlúite freisin.

Bainistíocht iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. Cineál costais	Nóta	2018 €'000	2017 €'000
Costais in-aisíoctha le GBCN	13.1	38,879	37,677
Táillí príomhsheirbhíseora	13.2	8,258	9,881
Táillí máistir- sheirbhíseora	13.3	1,727	1,600
Costais aistrithe punainne	13.4	2,363	2,170
Táillí dlí	13.5	8,737	5,686
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	13.6	5,942	4,517
Costais chíosá agus áitíochta	13.7	6,326	2,636
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	13.8	717	751
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	13.9	904	634
Iomlán na gcostas riaracháin BISN		73,853	65,552

44.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

Bainistíocht Réadmhaoinne Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. Cineál costais	<i>Nóta</i>	2018 €'000	2017 €'000
Costais in-aisíochta le GBCN	13.1	249	304
Táillí bainistíochta punainne		77	51
Táillí dlí		(24)	280
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		39	6
Iomlán na gcostas riaracháin BRSN		341	641
Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Táillí bainistíochta punainne		147	-
Táillí dlí		11	54
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		15	6
Iomlán na gcostas riaracháin SNSLLC		173	60
Seirbhísí Réadmhaoinne Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Táillí bainistíochta punainne		47	-
Táillí dlí		55	270
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		2	59
Total NASLLC administration expenses		104	329
Seirbhísí Réadmhaoinne Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Táillí bainistíochta punainne		123	178
Táillí dlí		24	101
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		3	4
Iomlán na gcostas riaracháin SRCSNT		150	283
NANQ Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Táillí bainistíochta punainne		65	19
Táillí dlí		315	142
Táillí bainistíochta		-	12
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		4	-
Iomlán na gcostas riaracháin NANQ		384	173
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I) Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Seirbhísí proifisiúnta		721	242
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC I⁵		721	242
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II) Cineál costais		2018 €'000	2017 €'000
Seirbhísí proifisiúnta		87	107
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC II⁵		87	107

⁵ Meastar na méideanna seo bunaithe ar chuntais neamhniúchta an 30 Meán Fómhair 2017, go dtí go mbeidh cuntais iniúchta deireadh na bliana 2018 críochnaithe ar fáil. Bunaíodh comparáideanna 2017 ar cuntais neamhniúchóirthe 31 Nollaig 2016. Mar atá leagtha amach i Nóta 42.4, níl na hinfheistíochtaí seo comhdhlúite i ráitis airgeadais Ghrúpa GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

44. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

44.2 Urrúis féich eisithe chun críocha an Acha

Grúpa	2018 €'000	2017 €'000
Fofhiach eisithe ag BSN	1,064,000	1,593,000
Iomlán	1,064,000	1,593,000

44.3 Urrúis fiachais fuascailte le hInstitiúdaí Airgeadais sa tréimhse airgeadais

44.3.1 Urrúis féich sinsearacha ráthaithe ag an Rialtas

Fuasclaíodh iomlán na urrúis féich sinsearacha ráthaithe ag an rialtas go hiomlán i 2017.

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 17 € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 17 € '000
AIB	1,805,000	(1,805,000)	-
BOI	454,000	(454,000)	-
Permanent TSB (IL&P roimh seo)	248,000	(248,000)	-
Banc Ceannais na hÉireann	83,000	(83,000)	-
Iomlán	2,590,000	(2,590,000)	-

44.3.2 Urrúis fófhiacha sealbhaithe

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 2017 € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 18 € '000
AIB	417,000	-	417,000
BOI	281,000	(211,000)	70,000
Nótashealbhóirí Eile	875,000	(318,000)	557,000
EBS	20,000	-	20,000
Iomlán	1,593,000	(529,000)	1,064,000

44.4 Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain

Ní raibh aon réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain.

44.5 Réamhíocaíochtaí déanta ag an GNBS le féichiúnaithe trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

Institiúid Rannpháirteach	Méid réamhíoctha 2018 €'000	Méid réamhíoctha 2017 €'000
AIB	460,026	452,182
Link Asset Services	33,091	120,031
Iomlán	493,117	572,213

44.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Tá léargas le fáil anseo thíos ar na sócmhainní i seilbh an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS. San áireamh sna sócmhainní seo tá sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteacha brabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

Ní raibh NWPMC ina eintiteas de chuid Ghrúpa GNBS in 2017. Le linn 2018, scoir sé ó bheith ina eintiteas de chuid Ghrúpa GNBS, agus níor cuireadh san áireamh é i gcuntas airgeadais comhdhlúite 2018 le haghaidh Ghrúpa GNBS.

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GNBS)	2018 €'000	2017 €'000
Infheistíocht sa GINBST	49,000	49,000
Airgead tirim agus cóibhéisí	132	59
Ús infhaighte ón iasacht le BSN	3,536,554	3,535,296
Infháltas idirghrúpa	12,507	4,239
Infháltais eile	609	609
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	-	1,008
Iomlán	3,598,802	3,590,211
An Gníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS)	2018 €'000	2017 €'000
Iasacht le BSNT	99,900	99,900
Ús ar iasacht idirghrúpa	4,210	5,359
Airgead tirim agus cóibhéisí	251	251
Iomlán	104,361	105,510
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.(BSN)	2018 €'000	2017 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le SGBSNT	997,678	1,593,000
Ús ar iasacht rannpháirteach brabús	3,469,635	3,477,879
Infháltas idir-ghrúpa	-	278,068
Réamhiocaíochtaí Cánach	2,000	-
Iomlán	4,469,313	5,348,947
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN)	2018 €'000	2017 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le BISN	1,005,271	1,605,177
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le NAJVA	8,624	4,040
Ús infhaighte ar iasachtaí	3,453,425	3,429,859
Infháltas idirghrúpa	22	267,098
Iomlán	4,467,342	5,306,174

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

44. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

44.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN)	2018 €'000	2017 €'000
Airgead tirim agus cóibhéisí	2,569,748	712,823
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	25,000	25,000
Infhála ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	20,151
Bannaí rialtais/Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	470,746	495,097
Ionstraim airgeadais dlíte	7,726	18,437
Iasachtaí féichiúnaithe/Iasachtaí agus infháltais	1,891,630	3,165,776
Infháltas idir-ghrúpa	478,129	690,104
Ús fabhraithe infhála	780	830
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	18,573	36,068
Fardail – Réadmhaoine trádála	1,266	1,300
Sócmhainní eile	18,276	294,215
Iomlán	5,481,874	5,459,801

NANQ	2018 €'000	2017 €'000
Airgead tirim agus cóibhéisí	35,880	2,406
Iasachtaí féichiúnaithe/Iasachtaí agus infháltais	5,903	8,937
Fardail – Réadmhaoine trádála	15,423	21,750
Sócmhainní idir-ghrúpa	24,627	-
Sócmhainní eile	3	3
Iomlán	81,836	33,096

BRSN	2018 €'000	2017 €'000
Airgead tirim agus cóibhéisí	81,364	3,398
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	-	534
Fardail – Réadmhaoine trádála	100	49,382
Infháltas idir-ghrúpa	98	100
Sócmhainní eile	-	9,983
Iomlán	81,562	63,397

SRCSN	2018 €'000	2017 €'000
Airgead tirim agus cóibhéisí	2,167	11,255
Fardail – Réadmhaoine trádála	211,644	203,486
Sócmhainní eile	989	473
Iomlán	214,800	215,214

44.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

	2018 €'000	2017 €'000
Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (NAJVA)		
Airgead tirim agus cóibhéisí	349	3,278
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	35,967	29,641
lasachtaí féichiúnaithe/lasachtaí agus infháltais	27,929	18,792
Iomlán	64,245	51,711
Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC)		
Fardail – Réadmhaoinne trádála	1,314	1,739
National Asset Leisure Holdings Ltd (i Leachtú Toillteanach) (NALHL)		
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí ⁶	4,137	39,363
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC)		
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí ⁶	3,705	35,398
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)		
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí ⁶	432	3,965

44.7 Bearta tacaíochta an rialtais, lena náirítear ráthaíochtaí, faighte ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Aonán	Cur Síos	Méid eisithe an 31 Nollaig 2018 €'000	Méid eisithe an 31 Nollaig 2017 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta	Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Nótaí Sinsearachais eisithe ag an GNBS mar atá foráilte faoi Alt 48 den Acht fán GNBS 2010. Is é €51.3 billiún an phríomhshuim chomhiomlán uasta Nótaí Sinsearachais le heisiúint ag aon am ar leith.	-	-
		-	-

Féach Nóta 34 ar son níos mó sonraí.

⁶ Meastar na méideanna seo bunaithe ar chuntais neamhniúchta an 30 Meán Fómhair 2017, go dtí go mbeidh cuntais iniúchta deireadh na bliana 2018 críochnaithe curtha ar fáil. Bunaíodh comparáideanna 2017 cuntais neamhniúchóirtha 31 Nollaig 2016. Mar atá leagtha amach i Nóta 42.4, níl na hinfeistíochtaí seo comhdhlúite i ráitis airgeadais Ghrúpa GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

45. BAINISTIÚ CAIPITIL

Déanann an Grúpa a struchtúr caipitil a bhainistiú agus déanann sé coigeartuithe air de réir athruithe i gcúinsí eacnamaíocha agus thréithe riosca a chuid gníomhaíochtaí. Is iad seo a leanas cuspóirí an Ghrúpa agus caipiteal á bhainistiú aige ina ráiteas ar staid airgeadais:

- Cumas an grúpa leanúint mar ghnóthas leantach a chosaint, i dtreo is go mbeidh sé in ann leanúint d'fháltais a sholáthar do scairshealbhóirí agus tairbhí a sholáthar do scairshealbhóirí eile;
- Bonn caipitil láidir a choinneáil chun tacú le forbairt a ghnó;
- Aon bharrachas a dháileadh don Státchiste ó am go ham.

Cuimsítear Scairchaipiteal (Nóta 42) agus Cothromas Eile (Nóta 39) i mbonn caipitil an Ghrúpa. Níl an Grúpa faoi réir aon riachtanais chaipitil arna ngearradh go seachtrach.

46. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN DÁTA TUAIRISCITHE

a) Díbhinn

Ar an 14 Márta 2019, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBS íocaíocht díbhinne €bunaithe ar thoradh bhanna rialtas deich bliana ag 31 Márta 2019. Is le sealbhóirí gnáthscaireanna B NAMAI amháin an íocadh an díbhinn seo. B'ionann an íocaíocht díbhinne agus €0.00534 in aghaidh na scaire, dar luach €0.27m in iomlán.

b) Cúpón ar Fhofhiachas

Ar an 1 Márta 2019, rinne an GNBS íocaíocht chúpóin de €56.01m as ús ar an bhfofhiachas a sheirbhísiú. Le haghaidh breis eolais faoin bhfofhiachas, féach Nóta 39, Gnáthscair eile.

c) Eintitis nua Ghrúpa GNBS

Ar an 5 Aibreán 2018, rinneadh dhá entiteas nua de chuid GNBS a ionchorprú. Ba iad Pembroke Beach D.A.C agus Pembroke West Homes D.A.C. na entiteas nua. Is fóchuideachtaí 100% de GNBS ias an dá entiteas.

Ní raibh aon imeachtaí eile tar éis an dáta tuairiscithe ar fiú iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

47. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomhaigh an Bord na ráiteas airgeadais agus ceadaíodh a n-eisiúint ar 24 Aibreán 2019.

Gluais na Dtéarmaí

Comhthaobhacht Geall iasachtaí réadmhaoín shonrach d'iasachtóir, le forghéilleadh i gcomhthéacs mainneachtana.

Contrapháirtí An páirtí lena bhfuil Conradh nó idirbheart airgeadais á sheirbheáil.

Babhtáil Trasaígeadra Comhaontú chun sreabha airgid a bhabhtáil le hiasachtaí den mhéid agus de réir na dtéarmaí céanna ach ainmnithe in airgeadraí difriúla. Úsáideann an Grúpa seo na comhaontuithe seo chun costas Euro idirbheart ainmnithe in airgeadra eachtrach a shocrú.

Luach Margaidh Reatha An méid measta a bheadh i gceist le malartú réadmhaoine idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar bhonn praghas fad láimhe.

Féichiúnaí Iasachtaí, a bhfuil iasachtaí incháilithe luaite leis agus a bhfuil na hiasachtaí seo aistrithe chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann nasc féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá nasctha le féichiúnaí.

Pleananna gnó féichiúnaí Pleananna gnó curtha i dtoll a chéile ag gach féichiúnaí ina sonraítear an bealach atá beartaithe acu le fiachas a aisíoc agus an plean atá acu chun an aisíocaíocht fiachais a chinntiú. Déantar pleananna gnó féichiúnaí a athbhreithniú go neamhspleách agus a fhaomhadh idir an GNBS agus an féichiúnaí.

Tionscnamh um íocaíocht iarchurtha Seoladh an tionscnamh um íocaíocht iarchurtha maidir le morgáistí ar mhaoín chónaithe 80:20 in 2012 chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire agus úinéirí-áititheoirí eile ar mian leo maoín a cheannach agus gníomhaíocht sa mhargadh tithíochta a spreagadh. Rinneadh cosaint phraghaís theoranta a thairiscint do cheannaitheoirí ar feadh tréimhse cúig bliana. Níl na maoine faoi úinéireacht GNBS agus ní eisíonn sí na morgáistí. Bhí trí cinn de na bainc Éireannacha rannpháirteach sa scéim.

Díorthach Is ionstraim airgeadais é díorthach a dtagann a luach as mír bhunúsach mar sampla rátaí úis nó airgeadra, agus is féidir é a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

Ráta Lascaíne An ráta a úsáidtear chun sreabha airgid amach anseo a lascaíniú go dtí a luachanna reatha.

Dícheall Cuí Breithmheas cuimsitheach ar ghnó agus é mar aidhm go háirithe luach a shócmhainní agus dliteanas a bhunú. Déanann an Grúpa dhá chineál dícheall chuí, dícheall cuí Dí agus dícheall cuí Réadmhaoine.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Imeachtaí a bhfuil sé mar bhonn leo comhlíonadh le conarthaí dlí a chinntiú.

Euribor Is é Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro an ráta a dtairgeann príomhbhanc amháin éarlaisí idirbhainc euro le banc eile atá laistigh de limistéar an Euro.

Ráta Comhlúthach Ráta úis a athraíonn go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe air i gconarthaí.

Díorthach Malairte Eachtraí/Babhtáil Trasaígeadra Conradh airgeadais ina gcomhaontaíonn an ceannaitheoir agus an díoltóir sreabha airgid chomhlúthacha a bhabhtáil idir dhá airgeadra dhifriúla, i rith tréimhse sonraithe ama.

Babhtáil FX Is ionann Babhtáil FX agus ceannach agus díolachán comhuaineach méideanna comhionanna airgeadra amháin le hairgeadra eile a bhfuil dá dhátha luacha difriúil acu (spota ar aghaidh de ghnáth).

Fálú Páirt a ghlacadh i gcomhaontú chun riosca athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanas a bhainistiú.

Iasacht Bhearnaithe Déantar iasacht a bhearnú sa chás nach bhfuil an chuma ar an scéal go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

Babhtáil Ráta Úis Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreabha airgid le sruth sreabha airgid páirtí eile bunaithe ar phríomh-mhéid sonraithe. Áirítear anseo, de ghnáth, babhtáil sreabha airgid atá coibhéiseach le híocaíochtaí úis athraitheacha do shreabha airgid coibhéiseach le híocaíochtaí úis seasta ar an bpríomh-mhéid céanna.

Fardail Réadmhaoín faighte ag an GNBS agus coimeáda ar a ráiteas ar staid an airgeadais.

Comhfheithiclí Bainistíochta Sócmhainne na hÉireann (ICAVanna) Is é seo feithicil cistiúcháin a fhéadtar a úsáid chun UCITS agus cistí infheistíochta malartacha a bhunú.

Iasachtaí talún agus forbatha Áirítear in iasachtaí talún agus forbatha iasachtaí ar thalamh atá ceannaithe chun críche forbatha, agus iasachtaí atá faighte ar thalamh páirtfhorbatha.

Tiomantais iasachta Iarmhéid creidmheasa atá tiomanta ag BISN a sholáthar dá custaiméirí.

Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) An luach cinnte ag an GNBS de réir an Acht, gur féidir a bheith ag súil, go réasúnta, le sócmhainn a bhaint amach i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bhíonn na coinníollacha géarchéime atá i bhfeidhm tráth aithithe an Acha feabhsúcháin agus, i gcás réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine amach anseo comhsheasmhach le hionchais réasúnta ag féachaint do mheán stairiúil fadtréimhseach.

Luach Marcáil ón Margadh Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach reatha margaidh seachas a luach de réir na leabhar.

OTC Thar an gCuntar Ag tagairt do dhíorthaigh nach bhfuil á dtrádáil ar mhalartú aitheanta.

Gluais na Dtéarmaí (ar lean)

Institiúid Rannpháirteach Institiúid Creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire faoi Alt 67 den Acht mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon fhochuideachtaí nach bhfuil curtha as an áireamh faoin alt sin.

Luach Reatha Luach ar dháta áirithe ar íocaíocht amach anseo nó sraith íocaíochtaí amach anseo, lascainithe chun léargas a thabhairt ar amluach airgid agus fachtóirí eile dála riosca infheistíochta.

Príomhsheirbhíseoir Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS laistigh de theorainneacha údaráis faofa ag an Bhord.

Iasacht Rannpháirteach Brabúis Iasacht a sholáthraíonn an t-iasachtóir a bhfuil a thoradh ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an iasachtaí.

Réamhíocaíocht Cháilitheach Réamhíocaíocht déanta ag Institiúid Rannpháirteach le hiasachtóir (ar sócmhainní incháilithe a iasachtaí) i ndiaidh don Aire Airgeadais an GNBS a fhógairt ar an 7 Aibreán 2009. Ní bhíonn an réamhíocaíocht cáilitheach ach amháin má rinneadh é mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála. Ní raibh lascaine ar bith i gceist ar na réamhíocaíochtaí seo.

Slándáil (a) Muirear, (b) ráthaíocht, slánaíocht nó urra, (c) ceart fritháirimh, (d) bintiúr, (e) bille malairte, (f) nóta gealltanais, (g) comhthaobhacht, (h) aon mhodh eile chun na nithe seo a leanas a chinntiú—(i) íoc fiachais, nó (ii) urscaoileadh feidhmíocht oibleagáide nó dliteanais, agus (i) aon chomhaontú nó socrú eile a bhfuil éifeacht chosúil aige.

Bannaí stáitchiste gearrthréimhseacha Bannaí stáitchiste rialtas na hÉireann faighte do bhainistíocht leachtachta.

Aonán Sainchuspóireach Aonán dlí cruthaithe chun cuspóir dea-shainithe cúng, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

Fofhiachas Fiachas atá in-aisíoctha i ndiaidh na bhfiachas eile a bheith aisíoctha. Íocann an GNBS 5% de phraghas ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann sé i bhfoirm fobhannaí.

Tráinse Grúpa iasachtaí ó fhéichiúnaithe difriúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe ama ar leith. Is i bhfoirm tráinsí a aistrítear sócmhainní ó na hInstiti.



**Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní**

**Gníomhaireacht Náisiúnta um
Bhainistíocht Sócmhainní**
Áras an Chisteáin, Sráid na Canála Móire,
Baile Átha Cliath 2, D02 XN96, Éire

T +353 1 664 0800
+353 1 665 0000
F +353 1 664 0890

www.nama.ie